



**Ollscoil  
Mhá Nuad**  
Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

**Scéal Cathrach:  
Léirithe ar ghnéithe den saol uirbeach in úrscéalta  
Gaeilge ar leith sa tréimhse  
1910-2015**

Lorcán Ó Treasaigh

77108809

Tráchtas

M. LITT sa Nua-Ghaeilge

Ollscoil Mhá Nuad

Ceann Roinne: An tOllamh Fionntán de Brún

Stiúrthóir: An Dr Aisling Ní Dhonnchadha

Deireadh Fómhair 2018

# Clár

**Scéal Cathrach:  
Léirithe ar ghnéithe den saol uirbeach in úrscéalta  
Gaeilge ar leith sa tréimhse  
1910-2015.**

<b>Coimriú</b>	i
<b>Buíochas</b>	ii
<b>Réamhrá</b>	iii
<b>Caibidil 1: Tús an scéil</b>	
Réamhrá	1
1.1 Deoraíocht	1
1.2 Mo Dhá Róisín	11
1.3 Lucht Ceoil	20
Conclúid	28
<b>Caibidil 2: Polaitíocht na cathrach ó thuaidh agus ó dheas</b>	
Réamhrá	29
2.1 Tonn Tuile	29
2.2 Máire Nic Artáin	40
2.3 An Dá Thrá	50
Conclúid	56

### ***Caibidl 3: Úrscéalaíocht Bhreandáin Uí Eithir***

Réamhrá	58
3.1 Saoirse agus neamhspleáchas an bpríomhcharachtar	58
3.2 An réaltacht agus an réaltacht fhíorúil	69
Conclúid	76

### ***Caibidil 4: An tÚrscéal Pobail***

Réamhrá	77
4.1 <i>Nead na gCreabhar</i>	77
4.2 <i>Sceon na Mara</i>	82
4.3 <i>Scáil an Phríosúin</i>	89
Conclúid	97

<b><i>Conclúid</i></b>	98
------------------------	----

<b>Bunfhoinsí</b>	104
-------------------	-----

<b>Leabharliosta</b>	105
----------------------	-----

## Dearbhú

Dearbhaím gurb é mo shaothar féin atá sa tráchtas seo. Áit ar bith ar bhain mé leas as sleachta saothair daoine eile, tá mé éis a leithéid a chur in iúl go soiléir.

## Coimriú

Tá sé de chuspóir ag an tráchtas seo anailís a dhéanamh ar na léirithe a thugtar ar ghnéithe áirithe den saol uirbeach in úrscéalta Gaeilge ar leith le linn tréimhsí éagsúla idir 1910-2015, agus sa chomhthéacs sin díritear ar na dearcthaí a léirítear i leith an tsaoil uirbigh agus tionchar an tsaoil sin ar phríomhcharachtair na n-úrscéalta a ndéantar anailís orthu. I gcaibidil 1, pléitear *Deoraíocht* (1910), *Mo Dhá Róisín* (1921) agus *Lucht Ceoil* (1932). Tugtar suntas don léiriú a thugtar ar an tionchar atá ag an gcóras caipitlíoch ar shaol na cathrach sna húrscéalta sin. Díritear ar thionchar ghnéithe de pholaitíocht na cathrach ar mhianta pearsanta na bpríomhcharachtar faoi mar a léirítear é in *Tonn Tuile* (1947), *Máire Nic Artáin* (1959) agus *An Dá Thrá* (1952) I gCaibidil 2. Déantar scagadh ar thionchar na polaitíochta sin ar mhianta pearsanta phríomhcharachtair na n-úrscéalta, ach go háirithe. Úrscéalaíocht Bhreandáin Uí Eithir atá á plé i gCaibidil 3. Féachtar ar an tslí ina gcuirtear an tsaoirse phearsanta chun cinn sa chomhthéacs uirbeach in *Lig Sinn i gCathú* (1976) agus in *Sionnach ar mo dhuán* (1989). Sonraítear, leis, an tslí ina dtéitear i ngleic le ceist an réalachais in úrscéalaíocht uirbeach na Gaeilge, in *Sionnach ar mo dhuán*, ach go háirithe. Is é seánra n-úrscéil phobail is ábhar do Chaibidil 4, agus sa chomhthéacs sin, díritear ar shamplaí d'úrscéalaíocht bhleachtairachta na Gaeilge. Pléitear gnéithe áirithe den seánra sin agus sonraítear an tslí ina ndéanann na húdair a gcuid féin den seánra, i gcás *Nead na gCreabhar* (1976), *Sceon na Mara* (2010) agus *Scáil an Phríosúin* (2015). Tuairimítear gur tuar dóchais d'úrscéalaíocht na Gaeilge é an bborradh atá faoi úrscéal pobail na Gaeilge, go háirithe sa tslí ina nglactar leis an saol uirbeach mar shuíomh nádúrtha réalach san úrscéalaíocht sin.

## **Buíochas**

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dr Aisling Ní Dhonnchadha as gach comhairle a chuir sí orm, leis an Dr Brian Ó Catháin as gach cabhair a thug sé dom, agus leis an Dr Eoghan Ó Raghallaigh as gach treoir a thug sé dom.

## Réamhrá

Tá sé de chuspóir ag an tráchtas seo anailís a dhéanamh ar an léiriú a thugtar ar ghnéithe den saol uirbeach in úrscéalta Gaeilge ar leith sa tréimhse 1910-2015 agus tá sé i gceist a chruthú go dtugtar léiriú éifeachtach ar shaol na cathrach sna húrscéalta sin. Sa chomhthéacs sin, díreofar ar na pointí seo a leanas; réimse na ndearccháí a léirítear i leith an tsaoil uirbigh agus an tionchar atá ag an saol sin ar príomhcharachtair na n-úrscéalta. Is iad Londain, cathair Bhaile Átha Cliath, cathair Bhéal Feirste agus cathair na Gaillimhe a thagann i gceist sna húrscéalta a ndéanfar anailís orthu sa tráchtas seo.

I gCaibidil 1, déanfar scrúdú ar *Deoraíocht* (1910) le Pádraic Ó Conaire, *Mo Dhá Róisín* (1921) le Séamus Ó Grianna agus *Lucht Ceoil* (1932) le Barra Ó Caochlaigh, ainm cleite Airt Uí Riain. Is é Londain an chéad chathair a bheidh á hiniúchadh agus déanfar anailís ar an dearcadh a léirítear i leith na cathrach sin in úrscéal Uí Chonaire agus Uí Chaochlaigh. Taispeánfar gur gné thábhachtach de na húrscéalta sin go ndírítear iontu ar thionchar ghnéithe éagsúla den chóras caipitlíoch ar shaol uirbeach London, mar a fheictear do na húdair iad. Féachfar, chomh maith ar an tionchar atá ag an gcóras céanna ar na príomhcharachtair sna húrscéalta sin. Léireofar, leis, an tionchar atá ag dearcadh polaitiúil príomhcharachtar *Mo Dhá Róisín* ar an gcur i láthair a dhéantar san úrscéal sin ar chathair Bhaile Átha Cliath. Is é príomhaidhm na caibidile ná anailís a dhéanamh ar an dearcadh sochpholaitiúil a léirítear i leith an tsaoil uirbigh sna trí úrscéal a ndéanfar staidéar orthu.

Is iad na húrscéalta *Tonn Tuile* (1947) agus *Máire Nic Artáin* (1959) le Séamus Ó Néill; agus *An Dá Thrá* (1952) le Tarlach Ó hUid, na húrscéalta a ndéanfar grinnstaidéar orthu i gCaibidil 2. I gcás úrscéalta Uí Néill, áiteofar gurb iad gnéithe áirithe de pholaitíocht na cathrach, an mheánaicme i gcás Bhaile Átha Cliath agus an seicteachas i gcás Bhéal Feirste, príomhfhócas an údair, go háirithe faoi mar a thagann na gnéithe sin salach ar chaidreamh pearsanta na bpríomhcharachtar sa saol pósta. Déanfar an nochtadh a dhéantar ar thionchar an tseicteachais ar chaidreamh pearsanta na bpríomhcharachtar a mheas in *An Dá Thrá*. Is é príomhaidhm na caibidile seo ná scagadh a dhéanamh ar an nochtadh a dhéantar ar thionchar struchtúir shóisialta na cathrach ar chaidreamh pearsanta príomhcharachtair na n-úrscéalta a bheidh faoi chaibidil.

Úrscéalaíocht Bhreandáin Uí Eithir a bheidh á scagadh i gCaibidil 3. Scrúdófar an dearcadh a léirítear ar mheánaicme bhuirgíseach chathair na Gaillimhe, mar a fheictear do príomhcharachtar *Lig Sinn i gCathú* (1976) í. Taispeánfar faoi mar a athraíonn an bhéim ó chás institiúid an phósta go cás an duine aonair sa saol uirbeach in úrscéalaíocht Uí Eithir agus faoi mar a thugtar tosaíocht don iarracht a dhéanann príomhcharachtair *Lig Sinn i gCathú* agus *Sionnach ar mo Dhuán* (1989) ar an tsaoirse phearsanta a bhaint amach sa chathair. Déanfar plé, leis, ar cheist na teanga agus an réalachais uirbigh

faoi mar a tháinig siad i gceist i gcás *Sionnach ar mo Dhuán*, ach go háirithe. Beidh sé de chuspóir ag an gcaibidil seo iniúchadh a dhéanamh ar chumas an duine aonair a shaoirse phearsanta a bhaint i dtimpeallacht na cathrach.

I gCaibidil 4, tabharfar aghaidh ar shamplaí den úrscéal bleachtairreachta, ar mhaithe le léiriú a thabhairt ar an úrscéal pobail sa Ghaeilge. Breathnófar ar *Nead na gCreabhar* (1977) le hAnnraoi Ó Liatháin, *Sceon na Mara* (2010) le Liam Ó Muirthile, agus *Scáil an Phríosúin* (2015) le hAnna Heussaff. Pléifear gnéithe d'fhoirmlí an úrscéil bhleachtairreachta agus leagfar béim ar roinnt slite ina ndéanann na húdair éagsúla a gcuid féin de na foirmlí sin. I gcás úrscéal Uí Liatháin, taispeánfar faoi mar a chuirtear an chathair i láthair mar chúlra an scéil agus i gcás *Sceon na Mara* agus *Scáil an Phríosúin*, déanfar an tslí ina gcuirtear téamaí a bhaineann le saol na cathrach comhaimseartha os comhair an léitheora a mheas. Scrúdófar gnéithe den dearcadh a thagann chun cinn i leith an tsaoil uirbigh in úrscéal pobail na Gaeilge.

Sa chonclúid ag deireadh an tráchtais seo, tráchtfar ar scéal cathrach na n-úrscéalta a ndearnadh anailís orthu agus ar réimse na bpeirspictíochtaí éagsúla i leith an tsaoil uirbigh a tháinig i gceist sna húrscéalta céanna. Tabharfar le chéile na dearcthaí éagsúla a léiríodh i dtaobh thionchar fórsaí éagsúla na cathrach ar na príomhcharachtair agus díreofar aird ar an tslí a gcuireann úrscéal pobail na Gaeilge gnéithe éagsúla den saol uirbeach comhaimseartha i láthair léitheoirí Gaeilge an lae inniu.



# Caibidil 1

## Tús an Scéil

### Réamhrá

Pléifear trí úrscéal sa chaibidil seo, *Deoraíocht* (1910) le Pádraic Ó Conaire, *Mo Dhá Róisín* (1921) le Séamus Ó Grianna agus *Lucht Ceoil* (1932) le Barra Ó Caochlaigh. Is é cuspóir na caibidile ná anailís a dhéanamh ar an léiriú a thugtar ar an saol uirbeach i ngach úrscéal acu sin, agus sa chomhthéacs sin díreofar ar na pointí seo a leanas: an dearcadh sochpholaitiúil a thagann chun cinn i leith shaol na cathrach agus an tionchar a bhíonn ag an saol uirbeach ar phríomhcharachtair na n-úrscéalta thuasluaite. Léireoidh an anailís gur gné shuntasach de chur i láthair na cathrach gur i dtéarmaí thionchar an chórais chaipitlíoch ar an saol uirbeach a chuirtear an chathair i láthair.

### 1.1 *Deoraíocht*

Is i gcathair Londan atá formhór úrscéal Uí Chonaire suite. Ag am a scríofa, ba é Londain, ‘cathair na hImpireachta’, an chathair ba mhó ar domhan. Sa trácht a dhéanann sé ar chás chathair Londan go luath san fhichiú haois, luann Peter Ackroyd go raibh 364,000 oibrí ag cur fúthu sa chathair. Deir sé fúthu:

So arrived those great waves of City workers who indeed might have been dwelling beneath the sea; they came to work in the darkness of a winter morning, and departed in the evening without once seeing the sun. So London helped to instigate one of the great disasters for the human spirit.<sup>1</sup>

I measc na n-oibríthe sin, bhí na mílte Gael, ar a dtugann F.S.L. Lyons ‘the uncounted thousands’<sup>2</sup>, a chuaigh ar imirce go dtí an Bhreatain Mhór i ndiaidh an Ghorta Mhóir. Chomh luath leis an mbliain 1852, bhí suas le ceathrú milliún duine a rugadh in Éirinn ag cur fúthu sa Bhreatain Mhór. Deir Lyons fúthu:

These emigrants, or refugees as they might well be called, were mostly very poor, they encountered great difficulty in establishing themselves in their new environments, and all too often they gravitated to the bottom of the social and economic scale.<sup>3</sup>

Is féidir gnéithe de chás phríomhcharachtair *Deoraíocht* a aithint sa chur síos sin, go háirithe sa tslí a dtiteann sé go bun an scála shóisialta agus eacnamaíoch. In alt dá cuid, áitíonn Angela Bourke go raibh máchail ar na Gaeil a chuaigh go Londain ag lorg oibre go luath san fhichiú haois, ‘membership of a

---

<sup>1</sup> Ackroyd, Peter (2000) *London the biography*, London: Chatto & Windus, 718.

<sup>2</sup> Lyons, F.S.L. (1989) *Ireland since the Famine*, London: Fontana Press, 44.

<sup>3</sup> *Ibid.*, 123.

despised race, religion or language community, is that experienced by the colonized Irish seeking work in the early twentieth century.<sup>4</sup> Dar le Ackroyd, ba chathair é Londain a thug suntas ar leith do thábhacht an airgid: ‘Late nineteenth-century London was established upon money.’<sup>5</sup> Dá réir sin, ní haon ionadh, mar a phléifear, go dtugtar suntas ar leith ó thús deireadh shaothar Uí Chonaire, do thionchar an airgid ar shaol an duine i gcathair a dtugann Ackroyd an cur síos seo uirthi:

In a city based upon money and power, those who are moneyless and powerless are peculiarly oppressed. In London, of all cities, they are literally degraded, stripped of all human decency by the operations of a city that has no other purpose except greed.<sup>6</sup>

Is iomaí saothar a bhí ar fáil ag an am faoi shaol bhochtáin Londain agus *Deoraíocht* á chur i dtoll a chéile ag Ó Conaire, leithéidí *The Bitter Cry of Outcast London* (1883) le Andrew Mearns agus William C. Preston; agus *The People of the Abyss* (1903) le Jack London. Tugtar cur síos i leabhar Jack London ar chúinsí saoil bhochtáin Londain agus na háiteanna cónaithe a bhí acu, leithéidí na ‘doss houses’<sup>7</sup>, a mheabhródh duit ‘an teach’ a raibh príomhcharachtar Uí Chonaire ina chónaí go sealadach ann.<sup>8</sup> Is geall le díbeartach sa chathair é príomhcharachtar *Deoraíocht*, Micil Ó Maoláin, ar dhuine de dhuibheagán na cathrach i ndeireadh an úrscéil é. Is é coincheap na deoraíochta príomhfhócas an úrscéil faoi mar a thugann teideal an tsaothair le fios. Is trí shúile an deoraí a chuirtear Londain i láthair. Tugann Tomás Ó Broin suntas don phointe céanna nuair a deir sé: ‘In *Deoraíocht* táimid ag éisteacht le dírbheathaisnéis Mhicil Uí Mhaoláin’.<sup>9</sup> Tugann an téarma ‘dírbheathaisnéis’ le fios, áfach, gur scéal shaol an reacaire atá i gceist. Cé go n-insíonn Micil scéal a shaoil, is ar an gcuid sin dá shaol agus é ar deoraíocht a leagtar béim. I dtaca leis an idirdhealú sin, tugann Ó Broin suntas d’uillíochas théama na deoraíochta nuair a áitíonn sé faoi Mhicil, ‘má thugaim an Deoraí air, is fearr a léireoidh sé sin an pháirt atá aige sa scéal’.<sup>10</sup> Sa tslí sin, cuireann an t-údar roimhe léiriú a thabhairt ar théama na deoraíochta trí shúile an reacaire, seachas scéal shaol an reacaire a insint. Leagtar béim, leis, ar uillíochas an tsaoil uirbigh faoi mar a luann Ó Broin, ‘da bhfágfaí an t-ainm Londain ar lár, d’fhéadfadh suíomh an scéil a bheith i gcathair ar bith ar domhan’.<sup>11</sup> I gcéad alt an úrscéil, tugtar léiriú ar ghné thábhachtach de scéal seo na deoraíochta, gur in aghaidh a thola atá an deoraí sa chathair, ‘ní mórán achair eile a d’fhanfainn

---

<sup>4</sup> Bourke, Angela (2003) ‘Legless in London: Pádraic Ó Conaire and Éamonn a Búrc’, *Éire-Ireland*, volume 38, number 3&4, fóimhar/geimhreadh/Fall/Winter 2003, 66. [Ar line ag <http://doi.org/oi.1353/eir.2003.003>, Ceadaithe ar 22/1/2019].

<sup>5</sup> Ackroyd, Peter *London the biography*, 717.

<sup>6</sup> *Ibid.*, 709.

<sup>7</sup> Féach Jack London (2013) *The people of the Abyss*, Cambridge, Cambridge University Press, 242-48 [e-leabhar ar line ag <http://www.cambridge.org/core>. Ceadaithe ar 17/10/2018, foilsithe den chéad uair 1903].

<sup>8</sup> Féach Pádraic Ó Conaire (1973) *Deoraíocht*, Baile Átha Cliath: Cló Talbóid, 9. [Foilsíodh den chéad uair 1910].

<sup>9</sup> Ó Broin, Tomás (1984) *Saoirse anama Uí Chonaire*, Gaillimh: Officina Typographica, 2.

<sup>10</sup> Ó Broin, Tomás *Saoirse anama Uí Chonaire*, 2.

<sup>11</sup> *Ibid.*, 3.

ann dá mbeadh – sea, caithfear a rá – dá mbeadh an oiread agam is a bhéarfadh abhaile mé'.<sup>12</sup> Nochtann Micil an tuairim chéanna i dtreo dheireadh an tsaothair nuair a deir sé: 'Ó, dá bhféadfainn an chathair mhallaithe a fhágáil!'<sup>13</sup> Cé go dtugtar deis dó an chathair a fhágáil nuair a fhaigheann sé cúiteamh airgid as timpiste a bhain dó i dtús an úrscéil, ní thapaíonn sé an deis chéanna. Léiriú é sin ar thionchar síceolaíoch thaithí na deoraíochta ar an deoraí nach féidir leis an chathair a fhágáil. Sainghné eile den deoraíocht ná go n-airíonn an deoraí gur strainséir sa chathair é. Is áit aduain stráinséartha dó i gcónaí í. Is geall le meafar é an ceo a thiteann ar an gcathair ar dhearcadh an deoraí i leith na cathrach:

Tá ceo ann. Ceo trom a rachadh isteach i do bhéal, agus síos i do scornach; ceo a chuirfeadh do shúile ag sileadh deor; ceo a thagfadh isteach an doras, agus isteach trí na fuinneoga, cuma cén dúnadh a bheadh orthu. Tá an chathair mhór i bhfolach faoina brat iontach ceomhar [...] Ach má bhí an chathair féin i bhfolach chloisfeá fuaimeanna na cathrach. Duine ag béiceach i bhfogas duit. Scream traenach tamall uait. Bonnán na soitheach ar an abhainn. Na mílte fuaimeanna eile nach mbeadh a fhios agat cé as ar tháingadar nó cá ndeachadar, ach gur meascadh ar na fuaimeanna eile iad agus rinneadh aon tormán mór amháin díobh uile.<sup>14</sup>

Tá léiriú san alt thuas, leis, ar ghné stíle a mbaintear feidhm aisti ó thús deireadh an tsaothair. Tugann úsaid an dara pearsa uatha le fios gur ag caint leis an léitheoir atá reacaire an scéil. Labhraítear go díreach leis an léitheoir ar bhealach atá geall le bheith comhráiteach. Leagtar béim ar mhothúcháin an reacaire sa chaidreamh a dhéantar leis an léitheoir sa tslí is go dtugtar an léitheoir isteach sa scéal. Músclaítear suim an léitheora de thoradh na stíle sin, stíl a bhí úr, mealltach i bprós-scríbhneoireacht ré na hAthbheochana. Áit éiginnte í an chathair a bhfuil an deoraí scoite amach uaithe faoi mar atá an léitheoir féin. Áitíonn Tomás Ó Broin gur de bharr gur saothar Eispreisiúnach é *Deoraíocht* atá an dearcadh i leith na cathrach amhlaidh:

...is é an saol inmheánach an t-aon mhianach réadach amháin, agus ní thagann an saol seachtrach i gceist ach mar ghléas le cuidiú leis an meon-nochtadh: ciallaíonn sé sin gur féidir sa litríocht Eispreisiúnach an saol seachtrach a chur as a riocht nádúrtha.<sup>15</sup>

Tá de bhuntáiste ag dearcadh Uí Bhroin i leith an deoraí go dtugann sé cur síos ar an teannas a bhraitheann an deoraí idir é féin agus an chathair. Tá mistéir agus uafás ag baint leis an gcathair a chuirtear 'as a riocht nádúrtha'. Déantar pearsantú uirthi. Is neach aislingeach san oíche í:

An chathair mhór ina tost, ach go gcloisfeá fuaim anois is arís, agus nach mbeadh a fhios agat cé as ar tháinig sé, ach go gceapfá go raibh an fhuaim sin an-achar uait – go gceapfá go raibh sí na mílte míle uait, da n-abraíteá í.<sup>16</sup>

Uair eile, is geall le fathach amplach í:

---

<sup>12</sup> Ó Conaire, Pádraic *Deoraíocht*, 1.

<sup>13</sup> *Ibid.*, 126.

<sup>14</sup> *Ibid.*, 14-15.

<sup>15</sup> Ó Broin, Tomás *Saoirse anama Uí Chonaire*, 5.

<sup>16</sup> Ó Conaire, Pádraic, *Deoraíocht*, 26.

Londain arís! An chathair mhór uafásach úd atá ag síorshíneadh na ngéag leis na daoine atá i bhfoisceacht na gcéadta míle di a tharraingt chuici dá mbuíochas, agus lena ndéanamh ina cosúlacht féin, lena slogadh, lena n-alpadh, lena n-athchumadh...<sup>17</sup>

Tugtar suntas do chúinne de cheann de pháirceanna poiblí na cathrach, lá grianmhar, ach:

Níor chuir an cúinne seo den pháirc aon ní i gcuimhne dom ach fathach mór fuafar a mbeadh galar gránna brocach air – galar millteach a bhí ag lobhadh a chuid feola, agus á ithe go cnámh, agus a bhí le feiceáil ina spotaí móra dubha ag teacht amach tríd an gcráiceann.<sup>18</sup>

Suíonn Micil síos ar bhinse cois na habhann agus deir sé: ‘...táim róthuirseach, rólag leis an abhainn mhór dhubh atá ag sleamhnú tharam mar ollphéist fhuafar a thabhairt faoi deara.’<sup>19</sup> Radharcanna iad sin a shamhlófaí, b’fhéidir, le cathair Londan, an chathair faoi bhrat na hoíche, an chathair thionsclaíoch, na páirceanna poiblí agus abhainn an *Thames*, ach go gcuirtear as riocht iad mar gheall ar shuaitheadh intinne an deoraí. Dar le Pádraigín Riggs, is féidir an teannas sin i bpearsantacht an deoraí a aithint sa chodarsnacht idir an ‘dá Mhicil’, a bhfuil sé ‘ina síorchomhrac eatarthu...Micil/Seoirse Coff, uafás agus feic saolta an Taispeántais agus Micil idéalach, pearsa atá bunaithe ar an Micil a bhí ann roimh an tionóisc.’<sup>20</sup> Tugtar léiriú ar an gcodarsnacht sin nuair a théann an ‘Taispeántas’ ar camchuart siar go Gaillimh.<sup>21</sup> De réir mar a thagann daoine isteach leis ‘an [bh]feic saolta’ a fheiceáil, déanann Micil machnamh ar a chás. Cuireann sé an milleán ar Mháire Ní Laoi sa chéad áit: ‘Tú ba chionsiocair leis an uile thubaiste a bhuail i mo threo ó shin, a Mháire, dá mbeadh a fhios agat é.’<sup>22</sup> Admhaíonn sé ina dhiaidh sin go bhfuil an locht air féin: ‘Mé féin agus mé féin amháin ba chiontach lenar tharla dom.’<sup>23</sup> Samhlaíonn sé ‘pictiúr’ de shaol idéalach ‘ar imeall coille craobhaí’,<sup>24</sup> áit a bhfuil clann air le Máire, ach tuigtear dó nach bhfuil ann ‘ach aisling bhréagach’<sup>25</sup> agus nach bhfuil aige ‘ach na smaointe; smaointe dobróin agus náire’.<sup>26</sup> Socraíonn sé ‘bualadh amach faoin aer’<sup>27</sup> agus tugtar cur síos fada ar an iarracht a dhéanann sé ar a bheith istigh leis an dúlra agus é ina luí ‘ar an talamh tirim cois sceiche ar imeall na páirce’<sup>28</sup>, cur síos atá i gcodarsnacht lom leis an gcur síos a thugann sé ar chúinne pháirc na cathrach, a luadh.

Léiríonn stíl sin an údair, sa chodarsnacht shoiléir a dhéanann sé idir an saol idéalach faoin tuath agus saol aduain na cathrach, an teannas a bhraitheann Micil ann féin. Measann Philip O’Leary gur d’aon

---

<sup>17</sup> Ó Conaire, Pádraic, *Deoraíocht*, 59.

<sup>18</sup> *Ibid.*, 69-70.

<sup>19</sup> *Ibid.*, 74.

<sup>20</sup> Riggs, Pádraigín (1994) *Pádraic Ó Conaire, Deoraí*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 118.

<sup>21</sup> Ó Conaire, Pádraic, *Deoraíocht*, 35-40.

<sup>22</sup> *Ibid.*, 38.

<sup>23</sup> *Ibid.*, 39.

<sup>24</sup> *Ibid.*

<sup>25</sup> *Ibid.*, 40.

<sup>26</sup> *Ibid.*

<sup>27</sup> *Ibid.*

<sup>28</sup> *Ibid.*, 41.

ghnó a chuireann an t-údar an chathair as riocht: 'Ó Conaire is trying to make the city unrecognisable...this vagueness contributes to his character's uneasiness and alienation.'<sup>29</sup> Dá réir sin, is coimhthíoch sa chathair é an deoraí ar féidir tréithe an choimhthís a aithint air. In aiste dá chuid, tugann Breandán Ó Doibhlin sainmhíniú ar an gcoimhthíos:

Nóisean is ea an coimhthíos a d'éascair i bhfealsúnacht thús an 19ú chéad, cé nach gciallaíonn an bunfhocal laidneach ach scaoileadh le sealúchas, go háirithe sealúchas eaglasta. Is í an bhrí nua a tháinig isteach sa téarma staid spioradálta lena n-airíonn an duine é féin ina eachtrannach, é cailte, scaipthe, ar seachrán i measc na rudaí ábhartha, agus na rudaí sin a bheith á stathadh óna inmheánacht féin sa dóigh go mbrathann sé nach bhfuil seilbh aige air féin ná ar a choinsiasacht féin níos mó.'<sup>30</sup>

Is mar sin do Mhicil atá ar seachrán sa chathair. I dtús an úrscéil, feictear Micil agus sráideanna na cathrach á siúl aige, é ina bhacach mar thoradh ar an timpiste a tharla dó. Is geall le meafar dá intinn shuaite é a chás agus é ar a dhícheall ag iarraidh 'gluaiseacht' leis. Luascann a aigne ó mhothúchán go mothúchán amhail duine 'nach bhfuil seilbh aige air féin'. Tá lúcháir air go bhfuil siúl aige, ionadh air ina dhiaidh sin, imní, áthas, féintrua, cuthach agus mar sin de.<sup>31</sup> Creideann Declan Kiberd, i gcás Mhicil, go bhfuil 'fadhb an choimhthís agus cailliúint na pearsantachta le feiceáil go minic ar shráideanna Londen.' Dar le Kiberd: 'Is cosúil gur cailliúint na pearsantachta féin is buntéama don úrscéal neamhchoitianta seo.'<sup>32</sup> Gné lárnach de shaol Mhicil é 'cailliúint na pearsantachta' agus é ag dul ó eachtra go heachtra, agus *ennui* an choimhthís, nó leimhe an tsaoil, i ngreim air. Míníonn Ó Doibhlin, i gcás an eiseachais, gur 'cineál creimeadh fó thalamh a chuireann an bheith ó mhaith agus a bhfuil baint aige leis an *Angst* nó *angoisse* nó anbhuaín'<sup>33</sup> atá sa choimhthíos céanna. Luann sé 'an dealú idir aigne agus domhan' atá le sonrú ar *Deoraíocht* 'mar a dtagann ciorrú coirp agus aigne ar an phearsain láir.'<sup>34</sup> Is féidir a rá, mar sin, gur gné shuntasach de phearsantacht Mhicil é an coimhthíos a bhraitheann sé agus é i ngleic le saol na cathrach agus le saol an chláirínigh.

Luann Ó Doibhlin go bhfuil tábhacht ar leith ag téama an choimhthís i bhfealsúnacht Karl Marx:

Cuid tábhachtach é ar ndóighe de smaoineamh Karl Marx agus a lucht leanúna agus dá réir siúd, bíonn an coimhthíos ann nuair nach bhfuil de choibhneas idir an duine agus na rudaí ach an tseilbh.'<sup>35</sup>

---

<sup>29</sup> O' Leary, Philip (1994) *The prose literature of the Gaelic Revival, 1881-1921*, Pennsylvania: Pennsylvania University Press, 423-4.

<sup>30</sup> Ó Doibhlin, Breandán (1974) 'An Coimhthíos i nualitricht na Gaeilge', *Aistí Critice agus Cultúir*, Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 178-9.

<sup>31</sup> Féach Pádraig Ó Conaire, *Deoraíocht*, 1-2.

<sup>32</sup> Kiberd, Declan (1993) 'Pádraig Ó Conaire agus cearta an duine', *Idir dhá chultúr*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 147.

<sup>33</sup> Ó Doibhlin, Breandán 'An Coimhthíos i nualitricht na Gaeilge', 179.

<sup>34</sup> *Ibid.*, 191.

<sup>35</sup> *Ibid.*, 179.

Ag trácht ar an gcóras caipitlíoch atá Marx, agus an tionchar a bhíonn aige ar an duine. Sa chás sin, is é an córas céanna is cúis leis an gcoimhthíos. Luann Kiberd gur chreid Ó Conaire sa tuairim sin: 'Dar leis nach ar an gcathair inti féin a bhí an locht, ach ar an gcóras caipitlíoch.'<sup>36</sup> Áitíonn sé ina dhiaidh sin gur 'chreid sé go ndearna an córas caipitlíoch praiseach de chearta an duine, go ndearna sé an duine a *dhíphearsanú*.<sup>37</sup> Tugtar léiriú ar theoiric Marx nuair a bhailíonn Micil an cúiteamh atá ag dul dó, i bhfoirm óir seachas nótaí, ón mbanc. Deir sé:

Níor mhothaíos aon cheo ach an t-ór. Níor chualas ach a fhuaim. Ní fhacas ach a dhath. Ní raibh cuimhne agam ar aon rud ach go raibh an t-ór ann, má bhí cuimhne agam air sin féin.<sup>38</sup>

Agus é ag trácht ar an radharc céanna, síleann Kiberd go bhfuil 'pearsantacht ildaithe ilghnéitheach ag na sabhrain nach raibh ag an deoraí féin riamh.'<sup>39</sup> Dar leis, tá an tuairim sin ag teacht le tuairim Marx, a mhaígh faoin gCaipitleachas, 'de réir mar a chailleann an duine a phearsantacht féin sa chóras seo, bronnar pearsantacht dhoshéanta, dhosmachtaithe dá chuid féin ar an airgead.'<sup>40</sup> De réir mar a ghluaiseann an scéal ar aghaidh, bíonn páirt lárnach ag an airgead i saol Mhicil. Creideann sé gur féidir leis cairde 'a cheannach' leis an airgead, tá sé sásta 'feic saolta' a dhéanamh de féin sa sorcas ar mhaithe le hairgead a ghnóthú, agus, ar ndóigh, is é an easpa airgid a d'fhág nach raibh ar a chumas cleamhnas a dhéanamh, a thug go Londain sa chéad áit é.

Luann Kiberd go raibh 'an soiscéal Marxach á chraobhscaoileadh go forleathan'<sup>41</sup> nuair a scríobhadh *Deoraíocht* agus gur féidir dá réir sin tionchar an tsoiscéil sin a aithint ar an saothar céanna. Ba sna cathracha móra ba mhó a bhí an soiscéal sin á scaipeadh agus, mar gheall air sin, d'fhéadfaí a rá gur gné den dearcadh i leith an tsaoil uirbigh é an soiscéal sin in *Deoraíocht*. Luann Kiberd léamh Uí Chonaire ar theoiric Marx i leith an lucht oibre:

Seilbh agus stiúradh gach ábhar maoiné dá bhfuil ann – sin é ceart an lucht oibre, mar is iad agus is iad amháin a sholáthraíonn gach ollmhian agus saibhreas dá bhfuil ann.<sup>42</sup>

Dar le Kiberd, is féidir tuairim Uí Chonaire a aithint ar eachtra an tí mhóir déantúis ag dul trí thine.<sup>43</sup> Tugann Micil cur síos ar ar tharla agus ar thionchar an dóiteáin ar shaol oibre na mban a bhíodh ag obair ann. Deir sé go raibh áthas ar chuid acu toisc gur caitheadh go dona leo sa teach déantúis, brón ar chuid eile toisc gur cailleadh poist a bheadh de thoradh an dóiteáin, ach nach mbeadh úinéir an tí thíos leis, mar gheall ar an gcúiteamh a bhí le fáil ó lucht árachais aige. Seasann Micil leis na mná. "Tá

<sup>36</sup> Kiberd, Declan 'Pádraic Ó Conaire agus cearta an duine', 137.

<sup>37</sup> Ibid., 147.

<sup>38</sup> Ó Conaire, Pádraig *Deoraíocht*, 3.

<sup>39</sup> Kiberd, Declan 'Pádraic Ó Conaire agus cearta an duine', 148.

<sup>40</sup> Ibid.

<sup>41</sup> Ibid., 137.

<sup>42</sup> Ibid., 148.

<sup>43</sup> Féach Pádraig Ó Conaire *Deoraíocht*, 82-85.

beithíoch céasta na mban ar lár”,<sup>44</sup> a deir sé á ngríosadh. Deir sé ar deireadh gur fhan na mná ‘ag canadh amhrán in onóir domsa go raibh sé ina lá.’<sup>45</sup> Dealraíonn sé go dtapaíonn Ó Conaire an deis san eachtra sin lena thuairimí i leith an chórais chaipitlíoch a chur abhaile ar an léitheoir, faoi mar a áitíonn Ó Broin faoin eachtra chéanna: ‘Tá glór an tSóisialachais – agus go deimhin modh bolscaireachta an tSóisialachais le cloisteáil go follasach anseo.’<sup>46</sup> Tugann Ó Broin léiriú, leis, ar eachtra ‘Ghiolla na Scauibe’, seanfhear a raibh de phost aige scioból a scuabadh.<sup>47</sup> Feictear do Ó Broin, gur ‘sclábhaí dúthrachtach é.’<sup>48</sup> Tagann an tSiúir Eibhlín Ní Chionnaith le tuairim Uí Bhroin agus Kiberd nuair a áitíonn sí gur chuir Ó Conaire roimhe ‘an treascairt a bhí á dhéanamh ar na bochtáin a léiriú agus luacha bréige a iniúchadh.’<sup>49</sup> Ar a shon sin, ní mór a chur san áireamh gur léamh ar theoiricí Marx atá i sóisialachas an úrscéil agus go mb’fhéidir gur léamh cúng atá ann mar a léiríonn Riggs a mhaíonn go mbaineann idéalachas saonta ‘le sóisialachas Uí Chonaire.’<sup>50</sup> Ina choinne sin, áitíonn Alan Titley gur ar thaithí saoil an údair atá an léamh céanna bunaithe seachas ‘samhlaíocht aerach neamhphearsanta neamhstairiúil éigin.’<sup>51</sup> Ní amháin sin, ach tá Titley sásta go bhfuil *Deoraíocht* ‘bunaithe ar bheatha Phádraic Uí Chonaire agus ar an mbráca síceolaíoch ar ghabh sé tríd as a óige.’<sup>52</sup> Seans go dtagann léamh Titley le trácht Chris Yuill ar dhearcadh na socheolaíochta i leith an Mharxachais, a dhíríonn isteach ar an indibhid seachas ar an gcóras agus ar thábhacht na suibiachtúlachta. Sa chás sin, is é an ‘critical realism’ a léiríonn dearcadh Mhicil. Tuigtear, i gcás an réalachais chriticiúil, go bhfuil srathú i gceist sa saol sóisialta agus sa nádúr: ‘...phenomena that occur on the “surface” empirical level emerge out of deeper causal mechanisms situated below the surface at the level of what Bhaskar defines as the ‘real’.’<sup>53</sup>

Dá réir sin, is é taithí saoil Mhicil is cúis lena dhearcadh i leith na cathrach. Ceistíonn Aindrias Ó Cathasaigh tuairim Kiberd gur úrscéal sóisialach é *Deoraíocht* nuair a deir sé: ‘Faonoscailt amháin a thugtar dúinn ar streachailt na haicme oibre: an sásamh a bhaineann cuid de na hoibrithe as dó na monarchan.’<sup>54</sup> Creideann Ó Cathasaigh, mar sin féin, go bhfuil ‘dearcadh frithchaipitlíoch le fáil go láidir

---

<sup>44</sup> Ó Conaire, Pádraic, *Deoraíocht*, 84.

<sup>45</sup> *Ibid.*, 85.

<sup>46</sup> Ó Broin, Tomás, *Saoirse anama Uí Chonaire*, 19.

<sup>47</sup> Ó Conaire, Pádraic, *Deoraíocht*, 77-78.

<sup>48</sup> Ó Broin, Tomás, *Saoirse anama Uí Chonaire*, 18.

<sup>49</sup> Ní Chionnaith, an tSr. Eibhlín (1995) *Pádraic Ó Conaire: scéal a bheatha*, Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht, 350.

<sup>50</sup> Riggs, Pádraigín *Pádraic Ó Conaire, Deoraí*, 56.

<sup>51</sup> Titley, Alan (1991) *An tÚrscéal Gaeilge*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 216.

<sup>52</sup> *Ibid.*, 215-16.

<sup>53</sup> Yuill, Chris (2011) ‘Forgetting and remembering Alienation Theory’, *History of the Human Sciences*, April, vol. 24 issue 2. 103-119, 114. [Ar líne ag <https://doi.org/10.1177/0952695111400525>, ceadaithe ar 2/4/17].

<sup>54</sup> Ó Cathasaigh, Aindreas (2002) ‘Athmhachnamh ar Shóisialachas Uí Chonaire’, *Bliainiris*, 48.

in *Deoraíocht*.<sup>55</sup> Is léiriú é sóisialachas an úrscéil ar dhearcadh sochpholaitiúil Uí Chonaire ar ghné den saol uirbeach a bhí go mór i mbéal phobal na cathrach ag am scríofa an úrscéil atá faoi chaibidil.

Agus muid ag díriú ar an tslí a chuirtear an chathair i láthair in *Deoraíocht*, ábhar suime chomh casta is atá ceist an réalachais san úrscéal mar is léir ó thuairimí léirmheastóirí éagsúla. Dar le Seosamh Mac Grianna: 'Má tá *realism* dáiríre i scríbhneoireacht ar bith, is i gcárta madaidh nó i bhfoirm urrúis atá sé. Scéal cinnte nach bhfuil sé in *Deoraíocht*.'<sup>56</sup> Sa léirmheas a rinne Caoilfhionn Nic Pháidín ar *Sionnach ar mo dhuán* (1989), úrscéal cathrach eile a bheidh á phlé i gCaibidil a Trí, dúirt sí gur 'úrscéal réadúil' é *Deoraíocht* agus gur: 'Chreid Ó Conaire, agus Máirtín Ó Cadhain ina dhiaidh, gurbh é saothrú an phróis réadúil an chloch bhoinn ar a gcaithfí scríbhneoireacht na Gaeilge a thógáil.'<sup>57</sup> Áitíonn Caoimhín Mac Giolla Léith nach úrscéal réalach é *Deoraíocht* agus gur 'cathair aduain, uafar an tromluí é Londain.'<sup>58</sup> Cé gur 'ó pheirspictíocht an phobail imeallaithe a fheictear an chathair ó thús deireadh in *Deoraíocht*'<sup>59</sup> mar a chreideann Máirín Nic Eoin, ní gá, ar ndóigh, gurb ionann sin agus cruth an réalachais a bheith ar an saothar, mar a léiríonn Mac Giolla Léith. Mar a luadh cheana, i bhfianaise téamaí an choimhthís agus an díphearsanaithe atá go láidir san úrscéal, is féidir a rá go gcuirtear réalachas na cathrach as riocht. Eisceacht sa chathair aduain é an ceantar ina gcuireann Micil faoi i dtreo dheireadh *Deoraíocht*: 'Éire bheag a thugadh an Sasanach air.'<sup>60</sup> Luann Andrew Gothard go n-aithníonn Pádraigín Riggs ceantair Kilburn, Cricklewood agus Camden Town i dtuaisceart Londain, sa léiriú a thugtar ar 'Éire bheag' Uí Chonaire.<sup>61</sup> Is geall le tearmann sa chathair do Mhicil é an ceantar céanna:

B'as an Mumhain a raibh ann, ach fíor-chorrdhuine. Bhí daoine ann a raibh oidhreacht na bhfilí agus na mbard acu. Ní raibh duine ar bith ann nár aithnigh na comharsana agus ní hé amháin gur aithníodh é féin, ach bhí togha eolais acu cé na daoine ar díobh é. B'as aon limistéir amháin iad fré chéile. Bhíodh an scoraíocht ann san oíche, bhí an veidhleadóir agus an píobaire agus fear na fideoige le fáil ina measc.<sup>62</sup>

Tugann Micil suntas do leabhar staire Chéitinn a thug duine den chomhluadar go Londain leis agus feictear go dtéitear i muinín an leabhair chéanna i gcás conspóide faoi cheist staire. Síleann Gothard go mbronnar stádas cultúrtha ar shaothar Chéitinn toisc go léiríonn úsáid an tsaothair 'the essence of

---

<sup>55</sup> Ó Cathasaigh, Aindreas, 'Athmhachnamh ar Shóisialachas Uí Chonaire, 47.

<sup>56</sup> Mac Grianna, Seosamh (1969) *Pádraic Ó Conaire agus aistí eile*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 25-6.

<sup>57</sup> Nic Pháidín, Caoilfhionn (1989) 'Sháraigh Ó hEithir na geasa', *Comhar*, Márta, 23.

<sup>58</sup> Mac Giolla Léith, Caoimhín (1991) 'Is cuma faoin scéal', *Léachtaí Cholm Cille XXI*, Má Nuad: An Sagart, 22.

<sup>59</sup> Nic Eoin, Máirín (2005) *Trén bhfearann breac*, Baile Átha Cliath: Cois Life, 127.

<sup>60</sup> Ó Conaire, Pádraic *Deoraíocht*, 89.

<sup>61</sup> Gothard, Andrew (2016) 'That Thing on the Shelf: The Book as Artifact in Novels by Patrick MacGill and Pádraic Ó Conaire' *New Hibernia Review* vol. 20, no.1, 110. [Ar líne ag <http://muse.jhu.edu.jproxy.nuim.ie/article/614306>, ceadaithe ar 9/1/17.]

<sup>62</sup> Ó Conaire, Pádraic *Deoraíocht*, 89.



historical practices for a particular national group living abroad.’<sup>63</sup> Leagann Micil béim ar an gcultúr Gaelach a shamhlaíonn sé le muintir ‘Éire bheag’:

Na béasa agus na gnáis a chleacht Clanna Gael ar bhánta agus ar shléibhte na Fódla leis na céadta bliain chleacht an pobal beag seo iad i gcathair choimhthíoch. An oidhreacht Ghael a lig Gaeil an tsaibhris uathu le haithris a dhéanamh ar an eachtrannach a chuirfeadh go tóin na farraige móire iad dá bhféadfadh sé, choinnigh na daoine bochta seo iad mar a choinneofá seoid uasal.<sup>64</sup>

Ábhar suntais go luaitear an ‘chathair choimhthíoch’, mar gur mar sin a chaitear leis an gcathair cé is moite den cheantar Gaelach. Ar a shon sin, cé go gcaitheann Micil trí mhí i dteach lóistín sa cheantar céanna agus post aige i dteach ósta ann, tagann an coimhthíos a bhraitheann sé i leith na cathrach céanna ar ais chuige:

Na sráideanna beaga suaracha gránna! An saol gránna fealltach a nochtar gach lá os comhair mo shúil! An crá agus an brón agus an tuirse croí agus an gátar! An bhochtaineacht atá os a gcionn, ina scamall mór, an galar colainne agus anama is uafásaí dá bhfuil ann!<sup>65</sup>

Léiriú é sin ar an *ennui*, nó lagar spride ar gné lárnach den choimhthíos é, mar a luadh. Tugtar cur síos ar oíche Shathairn sa cheantar ‘agus an rí rá agus rúille búille ar siúl.’<sup>66</sup> Radharc sceirdiúil é ar dhaoine bochta ólta a thugann chun cuimhne pictiúr cáiliúil an ealaíontóra William Hogarth, ‘Gin Lane’, atá ar crochadh i Músaem na Breataine agus a tharraing Hogarth i 1751 ar mhaithe le tacú le hAcht na Biotáille a achtaíodh sa Bhreatain i 1751. Íomhá sceirdiúil de thionchar ól na biotáille ar bhochtáin na cathrach atá sa phictiúr céanna<sup>67</sup> ina léirítear saol na mbochtán ina chior thuathail faoi thionchar an óil faoi mar a léiríonn an radharc seo a tharraingíonn Ó Conaire:

Tá daoine, idir fhear agus bhean, á gcaitheamh amach as na tithe ósta. Iad ag eascaine agus ag tabhairt na seacht mionn déag céard tá fúthu a dhéanamh. Focail gháirsiúla ag gabháil tríd an aer, ó dhuine go duine, mar spréacha tine ó bhéala deamhan. Glórtha boga binne na bpáistí. Glórtha arda na mban ag scréachaíl. Glórtha borba fíochmhara na bhfear ag troid.<sup>68</sup>

Tugann an radharc sin le fios go bhfuil bochtáin na cathrach á milleadh ag an gcóras caipitlíoch agus d’fhéadfaí a áitiú gur ar mhaithe le treise a chur ar dhearcadh frithchaipitlíoch an údair a thugtar cur síos ar an iarracht a dhéanann duine de na bochtáin ar a bhean agus naíonán nuabheirithe a mharú le hord ar shráid: ‘Sráid bheag bhrocach. An sneachta ina phuiteach faoi chosa na ndaoine. Dath liathghlas air.’<sup>69</sup> Cuireann an radharc sceoin ar Mhicil. Feictear leanbh ag titim chun báis as baclainn na máthar i

---

<sup>63</sup> Gothard, Andrew ‘That Thing on the Shelf’, 111.

<sup>64</sup> Ó Conaire, Pádraic *Deoraíocht*, 89.

<sup>65</sup> *Ibid.*, 103.

<sup>66</sup> *Ibid.*, 115.

<sup>67</sup> Hogarth, William (1697-1764) féach ‘Beer Street and Gin Lane’ [Ar líne ag [ps://en.m.wikipedia.org](https://en.m.wikipedia.org), ceadaithe ar 23/8/2018]

<sup>68</sup> Ó Conaire, Pádraic *Deoraíocht*, 115.

<sup>69</sup> *Ibid.*, 124.

bpictiúr Hogarth ar mhaithe le sceon a chur ar an lucht féachana. Déantar pearsantú ar an gcathair in athuair agus sceoin Mhicil ag bailiú nirt. Ní fathach amplach anois í ach ainmhí míthrócaireach: ‘...shíleas féin go mba gheall le súile ainmhí oilc nár thaitnigh an cine daonna leis na fuinneoga faoina gcuid soilse a bhí sna tithe beaga dubha ar gach taobh.’<sup>70</sup> Sin é an radharc deireanach ar shráideanna suaracha na cathrach agus is féidir a rá dá réir sin gur léiriú é ar dhearcadh gruama Mhicil i leith shaol bhochtáin na cathrach. Imíonn sé leis go dtí an pháirc phoiblí ‘go mba fathach galrach an chuid di a mbíodh na truáin ina luí ann.’<sup>71</sup> Síleann Ó Broin, faoi Mhicil, gur áit í an pháirc phoiblí ‘a dtig leis teagmháil a dhéanamh leis an saol nádúrtha, tearmann ó ghránnacht na cathrach.’<sup>72</sup> Faoi chrann darach sa pháirc chéanna a fuarthas Micil marbh tar éis don bhFear Buí é a shá. Áitíonn Ó Broin gur féidir ‘dhá leibhéal tuisceana’<sup>73</sup> a bhualadh ar bhás Mhicil. Ar lámh amháin ‘ba bhocht an saol é agus ba shuarach an bás é’<sup>74</sup>, ach ar an lámh eile, ‘ar an léibhéal meafrach, is é slánú an anama níos mó ná slánú an choirp atá ag déanamh imní don Deoraí, agus throid sé go bás ar a shon.’<sup>75</sup> Tagann Brian Ó Conchubhair leis an tuairim sin agus comparáid á déanamh aige idir an t-úrscéal *Lord Jim* (1899) agus *Deoraíocht* nuair a mhaíonn sé gur faoiseamh do Mhicil agus do Jewel Jim é an bás: ‘Sa deireadh ar fad tá siad beirt sásta dul i ngleic leis an mbás mar is ann atá suaimhneas agus sos ón saol ainnis atá á chaitheamh acu.’<sup>76</sup> Léamh eile a d’fhéadfaí a dhéanamh ar bhás foréigneach Mhicil ná nach bhfuil slánú ar bith ar fáil sa chathair dó. Deir Micil nach dtagann chuige ach ‘smaointe dubha duaiseacha agus meisce an ocras’<sup>77</sup> ach go bhfuil áthas air an lá seo toisc gur shaothraigh sé ‘cúpla pingin inné as ucht capall a choinneáil. Cheannaíos ruainne cáise agus blúire aráin. D’ólas gloine leanna.’<sup>78</sup> Macalla é sin ar thábhacht an airgid i dtéarmaí an choimhthís Mharxaigh a léiríodh i dtús an úrscéil, mar a luadh, ach go bhfuil géire sa bhreis ag baint leis toisc go gcuireann ‘cúpla pingin’ seachas na ‘sabhrain’ lúcháir ar Mhicil. Is duine de thruáin na cathrach é féin ar aon dul leo siúd ar thug sé cur síos orthu i dtús an tsaothair agus é á dtabhairt go caifé le béile a cheannach dóibh: ‘Bhíodar lom tanaí. Bhí féachaint i súile cuid díobh ar fheiceáil an bhia dóibh mar a bheadh i súile tógair.’<sup>79</sup>

Dá réir sin, ní hé an saol a loic ar an deoraí mar a shamhlaíonn an té a tháinig ar a chorpán, ach an chathair féin, mar a loiceann sí ar na bochtáin i gcoitinne. Mar a luadh, chreid Ó Conaire nach ar an

---

<sup>70</sup> Ó Conaire, Pádraic *Deoraíocht*, 124.

<sup>71</sup> *Ibid.*, 126.

<sup>72</sup> Ó Broin, Tomás *Saoirse anama Uí Chonaire*, 44.

<sup>73</sup> *Ibid.*, 45.

<sup>74</sup> *Ibid.*

<sup>75</sup> *Ibid.*, 45-6.

<sup>76</sup> Ó Conchubhair, Brian (1997) ‘*Lord Jim* mar fhoinsé do *Deoraíocht* Phádraic Uí Chonaire’, *Comhar*, Eanáir, 27.

<sup>77</sup> Ó Conaire, Pádraic, *Deoraíocht*, 130.

<sup>78</sup> *Ibid.*

<sup>79</sup> *Ibid.*, 23.

gcathair a bhí an locht go raibh na bochtáin thíos leis an saol ann, ach an córas caipitlíoch a d'imir cos ar bolg orthu inti. I bhfianaise na scine a fuarthas le taobh Mhicil, tugtar nod gurb é Alf Trott a dhúnmharaigh é. Is caipitlí é Trott a thagann i dtír ar mhíchumas Mhicil agus atá sásta leis an gcleamhnas idir a iníon agus Micil toisc go gcuirfidh sé leis an 'Taispeántas'. Léamh eile a d'fhéadfaí a chur ar chríoch an úrscéil ná gurb é an córas caipitlíoch a mharaigh Micil. Is é an córas sin a dhéanann díphearsanú ar Mhicil agus a fhágann ina choimhthíoch i 'gcathair an tromluí' é. Dá réir sin, is féidir a rá gur gné shuntasach den dearcadh a léirítear i leith an tsaol uirbigh in *Deoraíocht* gur timpeallacht í an chathair ina bhfuil an córas caipitlíoch i mbarr a réime agus go bhfuil saol chosmhuintir na cathrach á mhilleadh ag an gcóras míthrócaireach céanna.

## 1.2 *Mo Dhá Róisín*

Foilsíodh *Mo Dhá Róisín* i 1921. Síníodh An Conradh Angla-Éireannach ar 6 Nollaig na bliana céanna, rud a chuir tús le 'The Great Divide' mar a thugann an staraí F.S.L. Lyons air.<sup>80</sup> Bhí Cogadh na gCarad ar tí tosú, cogadh a bhí ar cheann de na coimhlintí ba mhó a tharla i stair na tíre seo, faoi mar a deir Lyons, 'the conflict which, as Cathal Brugha had prophesied, would split Ireland from top to bottom.'<sup>81</sup> Suitear príomhimeachtaí an úrscéil san am sin nuair a bhí an poblachtachas ag bailiú nirt roimh Éirí Amach na Cásca 1916 agus is le linn Sheachtain na Cásca 1916 a thiteann imeachtaí deireanacha an úrscéil amach. Is féidir a rá mar sin gur aimsir an-chorraitheach i stair na tíre é comhthéacs an ama a cumadh agus a foilsíodh *Mo Dhá Róisín*. Téama láidir sa saothar é dearcadh polaitiúil an náisiúnachais chultúrtha a chuirtear chun cinn ann, téama a thugann toise polaitiúil don úrscéal, go háirithe sa bhliain sin inar foilsíodh é. D'fhéadfaí a rá gurb é an náisiúnachas céanna comhthéacs polaitiúil agus liteartha an úrscéil faoi mar a thugann an tagairt don amhrán cáiliúil náisiúnach, 'Róisín Dubh' i dteideal an tsaothair, le fios. Luaitear Pádraig Mac Piarais san úrscéal agus áitítear go raibh slánú na tíre ag brath ar an náisiúnachas a bhí á chur chun cinn aige. Agus é ag trácht ar dhán cáiliúil an Phiarsaigh, 'Fornocht do chonac thú', deir Declan Kiberd:

Pearse was a prototype of the revolutionary ascetic who renounces love, family ties and all sensual gratification: and it is this power over himself which gives the ascetic power over others.<sup>82</sup>

Mar a phléifear thíos, is é an t-aiséiteach sin a thugann ar Róise an tírghrá a roghnú thar ghrá Labhrais. Cuireann sí ina luí ar Labhras gur dual dó féin an t-aiséiteach céanna a roghnú agus soiscéal an Phiarsaigh a leanacht. Deir Kiberd faoin soiscéal sin:

---

<sup>80</sup> Lyons, F.S.L. (1989) *Ireland since the Famine*, London: Fontana Press, 439. [Foilsíodh den chéad uair 1971]

<sup>81</sup> *Ibid.*, 438.

<sup>82</sup> Kiberd, Declan (1996) *Inventing Ireland: The literature of the modern nation*, London: Vintage, 209.

Pearse took Irish asceticism out of the monasteries and made it active in the political world: and his followers were repeatedly told that they were the elect, chosen for this redemptive task.<sup>83</sup>

Tuigtear, mar sin, gur i gcomhthéacs liteartha agus polaitiúil an náisiúnachais chultúrtha a cumadh *Mo Dhá Róisín*. Gné den náisiúnachas sin é saol idéalach na Gaeilge agus i dtús úrscéal Uí Ghrianna, cuirtear béim ar shuíl Cheann Dubhrann, ceantar Gaeltachta i dTír Chonaill, idir dhúlra, chultúr agus theanga: ‘Rannaidhe mhór ard fhada atá inntí, í sínte amach i lár na fairrge, Gaoth Beara ar thaobh amháin díthe agus Gaoth Dobhair ar an taobh eile.’<sup>84</sup>

Ábhar suime an cur síos a dhéantar ar an nGaeltacht chéanna, nár cheantar oifigiúil í ag am a scríofa, mar a luann Conchúr Ó Giollagáin:

Cé go raibh an téarma ‘Gaeltacht’ in úsáid go forleathan roimhe sin, ba é Coimisiún na Gaeltachta, a bunaíodh i 1925, a rinne an chéad iarracht an téarma sin a shainiú de réir líon na gcainteoirí agus de réir na réigiún a bhí i gceist.<sup>85</sup>

Luaitear ‘an caoineadh-sídhe’<sup>86</sup> agus gnéithe eile de bhéaloideas an cheantair. Tá an teanga ar maos i nathanna dúchasacha an cheantair. Deirtear linn faoi ‘ghasraí’ an cheantair:

Níor bh’eagal daobhtha go mbeirfidhe goirid orthu an trathnóna seo, cé gur luath san lá é, dá mhéad is bhí sé i n-a gceann gur chóir daobhtha a gcuid eallaigh a chruinniú go breágh luath agus a bheith glan ath-sgartha aníos ó’n roilig sul a dtéigheadh sé ‘chailleadh an tsoluis.’<sup>87</sup>

Is áit niamhrach é Ceann Dubhrann agus an lá ag dul ó sholas:

Bhí sé ag druidim anonn le luighe gréine agus loinnir bhuidhe ar bhártaibh na gcnoc a bhí ‘n-a seasamh ar ghuaillneacha a chéile i gcúl Cheann Dubhrann. Bhí gach seort suaimhneach anois.<sup>88</sup>

Duine de mhuintir an cheantair, Máire Ní Dhomhnaill, a insíonn an scéal, bean atá ag dul in aois, ach ar cuid den pheannphictiúr a tharraingítear den cheantar í:

Thóg mé féin mo chuid uisge agus d’imigh ‘na bhaile. Chuaidh an ghrian a luighe. Tháinig suaimhneas agus dorchadas na h-oídhche ar Cheann Dubhrann.’<sup>89</sup>

---

<sup>83</sup> Kiberd, Declan *Inventing Ireland: The literature of the modern nation*, 210.

<sup>84</sup> Ó Grianna, Séamus (1942) *Mo Dhá Róisín*, Baile Átha Cliath: faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal, 1.[Foilsíodh den chéad uair 1921].

<sup>85</sup> Ó Giollagáin, Conchúr et al (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuairisc Chríochnúil*: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2. [Ar line ag <http://www.chg.gov.ie/.../ceadaithe> ar 22/8/2018]

<sup>86</sup> Ó Grianna, Séamus *Mo Dhá Róisín*, 2.

<sup>87</sup> Ibid.

<sup>88</sup> Ibid., 5.

<sup>89</sup> Ibid.

Agus Máire ar tí an scéal a ríomh, meabhraíonn sí do ‘uaisle Gaedheal a léighfeas an scéilín seo’<sup>90</sup> go raibh an t-am ann nach raibh Éire saor, agus go bhfuil fúithi scéal a insint faoin ‘chath a throid siad [Róise agus Labhras Óg] araon ar son na hÉireann agus na Gaedhilge.’<sup>91</sup> Dar le Mairín Nic Eoin:

Tá frith-Shasanachas an údair agus náisiúnachas rómánsúil a linne le haireachtáil tríd síos i MDR, an logántacht agus an stair fite fuaite le chéile in úrscéal atá neamhdhóichiúil amach is amach in áiteanna.<sup>92</sup>

Scéal thairis anseo, b’fhéidir, an ceangal idir ‘náisiúnachas rómánsúil’ agus náisiúnachas cultúrtha, ach is cinnte go raibh an náisiúnachas go mór chun tosaigh nuair a foilsíodh *Mo Dhá Róisín* faoi mar a thugann an léirmheas a scríobh Tomás Ua Concheanainn le fios. Deir sé faoi Labhras Óg:

Liostáil sé ins na hÓglaigh i mBaile Átha Cliath, le beannacht Róisín Donn, agus nuair a ghlaodh An Píarsach ar na laochraoi laochda sin chun seasamh i mbeárna an bhaoghail Domhnach Cásga 1916, bhí Labhras Óg Ó Baoghail i láthair leis an mbeárna a tugadh dó féin a chosaint, agus do rinne sé sin go curata, agus go calma.<sup>93</sup>

Cuirtear idéal na Gaeltachta os comhair an léitheora ó thús, gné den náisiúnachas cultúrtha atá le brath ar an litríocht réigiúnach. Áitíonn Nic Eoin faoin litríocht chéanna gur:

...cuireadh béim faoi leith ar an rud traidisiúnta, ar shaol na tuaithe agus ar chreideamh ár sean, agus cuireadh na rudaí seo i gcomparáid leis an tslí bheatha thruaillithe is na smaointe salacha a bhain le saol na cathrach.<sup>94</sup>

Is cosúil gur ar mhaithe leis an gcomparáid sin a léiriú a thugtar cur síos idéalach ar cheantar dúchais Labhrais Óig. Creideann Nic Eoin, mar gheall ar an mbéim sin, gur féidir dearcadh i leith mhuintir na Gaeltachta a aithint ar an litríocht réigiúnach: ‘Rinneadh idéalú [orthu] mar ba leo fós oidhreacht ár sean agus ár sinsear- an teanga agus an béaloideas.’<sup>95</sup> Tá gach eolas ag Labhras ar an Rúraíocht agus ar an Fhiannaíocht ó bhéaloideas a mhuintire.<sup>96</sup> Sa trácht á dhéanann sé ar údar *Mo Dhá Róisín*, luann Nollaig Mac Congáil tuairim an Phiarsaigh nach bhféadfaí an litríocht bheo chomhaimseartha a thógáil ar an mbéaloideas: ‘The folktale is an echo of old mythologies...literature is a deliberate criticism of actual life.’<sup>97</sup> Áitíonn Ó Grianna, áfach, gur gné lárnach de chultúr a cheantair dhúchais iad scéalta na miotaseolaíochta toisc go bhfuil ‘stair, feallsamhnacht agus litrídheacht iontasan.’<sup>98</sup> Is léir, dá réir sin, gur chreid Ó Grianna nár mhacalla den seansaol é an béaloideas ach gné thábhachtach de shaol

---

<sup>90</sup> Ó Grianna, Séamus *Mo Dhá Róisín*, 7.

<sup>91</sup> Ibid.

<sup>92</sup> Nic Eoin, Máirín (1982) *An Litríocht Réigiúnach*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 182.

<sup>93</sup> Ua Concheanainn, Tomás (1922) ‘Teagasg na Máthardha. Le Seumas Ua Créag, *Mo Dhá Róisín*. Máire a sgríobh’, *Studies: An Irish quarterly Review*, Vol. 11, No. 43 (Sep. 1922), 478.

<sup>94</sup> Nic Eoin, Máirín *An Litríocht Réigiúnach*, 15.

<sup>95</sup> Ibid.

<sup>96</sup> Féach Séamus Ó Grianna *Mo Dhá Róisín*, 9.

<sup>97</sup> Mac Congáil, Nollaig (1983) *Scríbhneoirí Thír Chonaill*, Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 16.

<sup>98</sup> Ibid., 22.

comhaimseartha a cheantair dhúchais. Ní haon iontas, mar sin, go mbeadh tionchar ag an mbéaloideas céanna ar phearsantacht agus ar fhealsúnacht charachtair Ghaeltachta de chuid Uí Ghrianna.

Gné shuntasach eile den chomparáid a dhéantar idir saol na cathrach agus saol na Gaeltachta ná an dearcadh a léirítear i leith stádas teanga na Gaeilge. Síleann Riona Nic Congáil gur d'aon ghnó atá *Mo Dhá Róisín* ar maos i nathanna agus i bhfoclóir Ghaeilge Thír Chonaill. Dar léi, tugann teanga Uí Ghrianna le fios go bhfuil cumas teanga ag an gcainteoir dúchais nach bhféadfadh a bheith ag an bhfoghlaiméir agus gur ar mhaithe le haird a tharraingt ar 'the versatility and wealth of Donegal Irish'<sup>99</sup>, atá sí amhlaidh. Cé go leagtar béim ar an teanga sin, leagtar béim leis, ar easpa stádais na teanga céanna, go háirithe agus Labhras ag iarraidh a bheith mór leis an mBaile Átha Cliathach, Róise: 'Ach bhí sé cailte 'thaobh eile. Ní rabh de Bhéarla aige acht an beagán a chruinnigh sé na cúpla bliadhain a chaith sé ar an sgoil.'<sup>100</sup>

Tugtar le fios go mbraitheann Labhras Óg go bhfuil easpa stádais sa saol aige toisc nach bhfuil Béarla ar a thoil aige. Nuair a chastar Róise den chéad uair air, deir sé leis féin: "'Duine de uaisle na coláiste thú, agus goidé bheadh iasgair bocht sgifleogach mar mise a dhéanamh ag caint leat.'<sup>101</sup> Tá Gaeilge á foghlaim ag Róise agus fiafraíonn sí de Labhras Óg: 'Táimid ag dul-dul-how do you say 'boating?'<sup>102</sup> Tagann an comhrá a bhí aige le Róise idir é agus codladh na hoíche. Goilleann sé air 'nach rabh Béarla aige le n-a chomhrádh a dhéanamh léithe.'<sup>103</sup> Deir sé ina dhiaidh sin nach raibh aon mhaithe ann dó mar gheall ar an difríocht idir stádas na beirte: 'Cailín as Baile Átha Cliath agus buachaill as Ceann Dubhrann.'<sup>104</sup> Díol suntais é go ndéantar ceangal ansin idir stádas na teanga agus stádas an duine. Cé go bhfuil Labhras sásta scríobh na Gaeilge a fhoghlaim de réir scéim Róise, a bhfuil sé i gceist aici go rachaidh Labhras leis an múinteoireacht ar mhaithe leis an nGaeilge a mhúineadh do lucht Chonradh na Gaeilge i gcathair Bhaile Átha Cliath, meabhraíonn sé ar stádas an Bhéarla ina cheantar dúchais:

I mBéarla a ghníodh an sagart seanmóir Dia Dómhnaigh. I mBéarla a labhairfeadh an t-Easboc nuair a thigeadh sé thart. Béarla a bhí ag máighistir na sgoile agus an dochtúir. Gan fiú fear an tsiopa nach raibh claonadh i n-aice an Bhéarla cionn's gallach sgadán dearg agus bosca snaoisín a bheith san fhuinneog aige. Ní rabh Gaedhilig dá labhairt ag duine ná ag daoíní ar bith ach ag na h-iasgairí bochta.<sup>105</sup>

---

<sup>99</sup> Nic Congáil, Riona, 'The changing face of Irish Ireland: Séamus Ó Grianna's and Éilís Ní Dhuibhne's fictions of the Donegal Gaeltacht', *Irish University Review*, vol. 44, issue 2, 363. [Ar líne ag <http://doi.org/10.3366/iur.2014.0129>, ceadaithe ar 5/1/17]

<sup>100</sup> Ó Grianna, Séamus, *Mo Dhá Róisín*, 9.

<sup>101</sup> *Ibid.*, 10.

<sup>102</sup> *Ibid.*, 12.

<sup>103</sup> *Ibid.*

<sup>104</sup> *Ibid.*, 13.

<sup>105</sup> *Ibid.*, 32.

Cuireann Róise tábhacht na Gaeilge ina luí ar Labhras nuair a luann sí tuairim an Phiarsaigh leis: ‘Tír gan anam tír gan teangaidh.’<sup>106</sup> Dar léi, tá slánú na tíre ag brath ar athbheochan na Gaeilge: ‘Agus má bheir rud ar bith spiorad na náisiúntachta ar ais, ‘sí an Ghaeidhilg a dhéanfas é.’<sup>107</sup> Gné lárnach den náisiúnachas cultúrtha í an Ghaeilge, ar ndóigh, agus díol suime mar a mhealltar Labhras i dtreo an náisiúnachais sin agus é ar tí bogadh isteach sa chathair ar mhaithe leis an nGaeilge a chur chun cinn inti. Is i gcathair Bhaile Átha Cliath atá an cath le cur, agus dá réir sin, tugtar léiriú náisiúnach ar chathair na réabhlóide agus ar Éirí Amach na Cásca atá ar tí tarlú.

Is maith le Róise go bhfuil dul chun cinn déanta ag Labhras i bhfoghlaim scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla agus é á réiteach féin do shaol an choláiste agus saol na cathrach:

Bhí athrú ar a chuma agus ar a chuid éididh. Ní raibh a choiscéim chomh fada ná chomh trom agus bhí sí anuraidh. I n-áit a ghruaig a bheáradh lom ach an dos a bheadh ar chlár a éadain, leig sé díthe fás go measardha fada agus chíor í ar leath-thaobh a chinn. Agus an bríste deireanach a fuair se déanta ag Aodh Tharlaigh Nóran, bhí sé cumhang os cionn béal na bróige.<sup>108</sup>

Tá gach iarracht á dhéanamh ag Labhras ar íomhá an ‘iascaire bhoicht scifleogaigh’ a chur de sula dtugann sé aghaidh ar an gcathair. Luaitear Séamus Mac Loinnsigh, ar éirigh leis post a fháil tar éis dó freastal ar an gcoláiste, ina chigire ‘ag bórd na scoltach.’<sup>109</sup> Nochtar dearcadh i leith leithéidí Shéamuis, a thagann go dtí an Ghaeltacht ar mhaithe le Gaeilge a fhoghlaim, ‘chan i mhaithe leis an teangaidh sin, ach ba mhaith leis an chigireacht a fhagháil.’<sup>110</sup> Deirtear linn go raibh ‘gach seort aige a rabh a dhíth ar chigire, daille intinne agus díoghbháil fearamhlachta’.<sup>111</sup> Sna scoileanna faoina chúram: ‘Bhí stair na Sasana ag na páistí ní b’fhearr ná bhí a n-urnaighe aca.’<sup>112</sup> Toisc go bhfuil sé anois ina chigire: ‘Bhí sé anois os cionn a bheith ag foghlaim Gaedhilge. Bhí a chuid aráin fuinte gan í.’<sup>113</sup> Cuireann an léiriú sin ar chigire de chuid an Chórais Oideachais ina luí ar an léitheoir go mbítí ag teacht i dtír ar an nGaeilge ar mhaithe le dul chun cinn a dhéanamh sa chóras céanna. Samhlaíonn Séamus go mbeidh Róise tógtha leis mar gheall ar an stádas atá aige: ‘Chan achan mhaighistreas scoile a gcuirfeadh Cigire ceileabhar uirthi!’<sup>114</sup> Áitíonn Ríona Nic Congáil go bhféadfaí a mhaíomh gurb é *Mo Dhá Róisín* an chéad iarracht liteartha a scrúdaíonn ‘the hierarchies and inferiority complexes that emerged between language learners and native speakers’.<sup>115</sup> Sampla den iniúchadh sin é an chomparáid a dhéantar idir Labhras

---

<sup>106</sup> Ó Grianna, Séamus *Mo Dhá Róisín*, 29.

<sup>107</sup> *Ibid.*

<sup>108</sup> *Ibid.*, 35.

<sup>109</sup> *Ibid.*, 36.

<sup>110</sup> *Ibid.*

<sup>111</sup> *Ibid.*

<sup>112</sup> *Ibid.*

<sup>113</sup> *Ibid.*

<sup>114</sup> *Ibid.*, 37.

<sup>115</sup> Nic Congáil, Ríona, ‘The changing face of Irish Ireland’, 363.

agus Séamus. Tagann an t-iniúchadh céanna i gceist in athuair nuair a bhogann Labhras isteach sa chathair. Is strainséir sa chathair ar dtús é agus tugann an dearcadh atá aige ar lucht na cathrach chun cuimhne an aduaine a bhraitheann Micil, príomhcharachtar *Deoraíocht*, agus é ag siúl na sráide:

Tháinig dóigheanna na cathrach achrannach chuig Labhras ar tús. Bhí sé i n-aimhréidhtighe in gach rud, agus dar leis go rabh gach duine ag coimhead air- gur sin uile a rabh ar a n-intinn, ag breathnú goidé ghníodh sé nó deireadh sé.<sup>116</sup>

Ar aon dul le Micil, tá uaigneas air sa chathair. Buailéann cumha é agus é ina aonar sa teach lóistín: 'Is minic agus é i dteach an lóistín 'n-a shuidhe leis féin a bhuaileadh cumhaidh é, nuair a smaoiteadh sé ar theach bheag cheann-toigheadh amuigh thíos adaí i gcúl na gcnoc, ar bhruach na trágha.'<sup>117</sup>

Déantar codarsnacht ghéar idir chás Labhrais sa Ghaeltacht agus i mBaile Átha Cliath:

Bhí an Ghaedhealtacht maith go leor le theacht ar cuairt ann ins an tSamhradh. Bhí an cainnteóir dúthchais maith go leór le tamall cuartaideachta nó áirneáil a dhéanamh aige, ach i mBaile Átha Cliath, ba dheacair gan gáire a dhéanamh faoi. An úthairt bhocht aimlighe, cad chuige nach mbíonn sé géar-chúiseach agus Béarla labhairt mar dhuine eile?<sup>118</sup>

Tugann Alan Titley suntas don tuairim chéanna nuair a deir sé gur ar mhaithe leis an teanga amháin a chuir foghlaimeoirí na Gaeilge suim sa Ghaeltacht, 'idéal teanga amháin a bhí sa dlúthphobal ainnis cailte, agus ní idéal sóisialta, ná cultúir (sa chéill is leithne), ná slí mhaireachtana, ná saoil.'<sup>119</sup> In úrscéal Uí Ghrianna, is beag suim a chuireann lucht an Chonartha i Labhras, ach gur múinteoir le Gaeilge é. Tugann Labhras faoi deara an t-uaigneas a bhraitheann sé tráthnóna báistí nuair a 'd'imigh sé leis fríd an chathair.'<sup>120</sup> Seasann sé isteach ón mbáisteach agus féachann amach ar an tsráid:

Bhí tuilteacha de uisge shalach 'n-a rith ar na sráideannaí. Bhí cuma bhocht aimlighe ar gach rud. Ní thig fearthain don bhaile mhór mar thig sí don tír. Fóireann sí do na cuibhrinn agus do na crannaibh agus do na blátha.<sup>121</sup>

Is é pobal a cheantair dhúchais is mó a airíonn Labhras uaidh sa chathair nuair a deir sé le Róise go bhfuil sé i gceist aige dul 'na bhaile ag iasgaireacht...Ní rabh ciall leis ó thús deireadh...'<sup>122</sup> Tugtar nod don léitheoir sa radharc céanna, áfach, go bhfuil slánú na cathrach agus slánú an uaignis le fáil san Éirí Amach atá geallta, nuair a thugann Labhras faoi deara go bhfuil 'péire de shaighdiúirí dearga fá n-a gcuid clogad dubh ar gárda'<sup>123</sup> taobh amuigh de Theach na Parlaiminte, áit 'ar cheart Dáil na h-Éireann

---

<sup>116</sup> Ó Grianna, Séamus, *Mo Dhá Róisín*, 42.

<sup>117</sup> Ibid. 43.

<sup>118</sup> Ibid., 42.

<sup>119</sup> Titley, Alan, *An tÚrscéal Gaeilge*, 267.

<sup>120</sup> Ó Grianna, Séamus, *Mo Dhá Róisín*, 44.

<sup>121</sup> Ibid.

<sup>122</sup> Ibid.

<sup>123</sup> Ibid.



a bheith 'n-a suidhe ann.'<sup>124</sup> Mar atá áitithe ag Nic Congáil, tagann athrú ar dhearcadh Labhrais i leith na cathrach nuair a chloiseann sé caint an Phiarsaigh, 'he forgets his loneliness and concentrates on the physical fight for Ireland's independence.'<sup>125</sup>

D'fhéadfaí a mhaíomh go soláthraíonn an troid chéanna pobal nua do Labhras, de réir theoiric Benedict Anderson. Creideann Anderson gur pobal samhlaíthe é an náisiún agus dá réir sin, cruthaíonn an náisiúnachas náisiúin nuair nach ann dóibh.<sup>126</sup> Míníonn Anderson gur tháinig borradh faoin náisiúnachas le fás an Chaipitleachais toisc gur chuir an Caipitleachas céanna an fearas ar fáil le teangacha dúchais a chur i gcló. Ba sna teangacha áitiúla sin a cuireadh an náisiúnachas chun cinn.<sup>127</sup> I gcás na tíre seo, ba í an Ghaeilge teanga áitiúil idéalach an náisiúnachais agus ba i gcathair Bhaile Átha Cliath a sroicheadh buaic-chéim an náisiúnachais le hÉirí Amach 1916. Sa tslí sin, tairgeann léamh Anderson ar fhás an náisiúnachais léamh eile ar an gceangal idir an córas caipitlíoch agus saol na cathrach, murab ionann agus an dearcadh a léirítear in *Deoraíocht*. Sa chás seo, is freagra ar an gcóras caipitlíoch é an náisiúnachas cultúrtha atá á fhógairt ag an bPiarsach. Mar a deir Anderson:

What I am proposing is that nationalism has to be understood by aligning it, not with self-consciously held political ideologies, but with the large cultural systems that preceded it, out of which – as well as against which – it came into being.<sup>128</sup>

Sa chaint a thugann an Piarsach sa 'Pháirc' tráthnóna an Domhnaigh agus Labhras agus Róise sa slua ag éisteacht leis, deirtear linn gur: 'Chan sé tamall mór fada i nGaedhilg'.<sup>129</sup> Dearbhaíonn an Piarsach go bhfuil sé de cheart ag a lucht leanúna éirí amach: 'Níl aon líne, ó tháinig an Sasanach chun ár dtíre, nár níghtheadh an náisiún, nár folcadh é le fuil Gaedheal'.<sup>130</sup> Meallann Róise Labhras i dtreo náisiúnachas an Phiarsaigh agus creideann Labhras sa mhíotas a bhaineann leis an náisiúnachas céanna: 'Dearc ar a bhfuair bás ar a son [Éire] le corradh agus seacht gcéad bliadhan'.<sup>131</sup> Dar le Róise, is laoch de chuid an náisiúnachais é an Piarsach. Rinne Eoghan Ó Tuairisc iniúchadh ar an laoch céanna san úrsceal *Dé Luain* (1966). Scríobh Ó Tuairisc faoin laoch, gur 'duine é a bhfuil dúnghaois aige agus a leanann an dúnghaois sin go deireadh'.<sup>132</sup> Is 'faoi gheasa go deo' atá an Piarsach agus aghaidh á tabhairt aige ar an gcinniúint i ndeireadh *Dé Luain*:

---

<sup>124</sup> Ó Grianna, Séamus *Mo Dhá Róisín*, 44.

<sup>125</sup> Nic Congáil, Ríona, 'The changing face of Irish Ireland', 373.

<sup>126</sup> Anderson, Benedict (1991) *Imagined Communities*, London New York: Verso. [Foilsíodh den chéad uair 1983], 6.

<sup>127</sup> *Ibid.*, 139.

<sup>128</sup> *Ibid.*, 12.

<sup>129</sup> Ó Grianna, Séamus, *Mo Dhá Róisín*, 48.

<sup>130</sup> *Ibid.*, 49.

<sup>131</sup> *Ibid.*, 46.

<sup>132</sup> Luaite in Máirín Nic Eoin (1991) 'An litríocht mar athscríobh na staire' *Léachtaí Cholm Cille XXI*, Má Nuad: An Sagart, 65.

Is mé a d'éignigh an suaimhneas trí ghrá di. Éire, A shiúr an gréine gile. Tréigeann sí mé. Ní fhanann ach na macalla. Thou art not conquered. An dá theanga i gcomhlúí ag soilbhrú a chéile. A focal m'fhocal, Go deireadh.<sup>133</sup>

Luaitear an chinniúint atá roimh an bPíarsach in *Mo Dhá Róisín* nuair a deir sé: 'Caithfear an fhuil a dhórtadh leis an chathair a nighe agus an tír a shaoradh.'<sup>134</sup> Cathair na réabhlóide í an chathair as sin amach. Rinne Pádraic Ó Conaire ceiliúradh ar chathair réabhlóide Bhaile Átha Cliath nuair a foilsíodh a chnuasach gearrscéalta *Seacht mBuaidh an Éirghe-Amach* i 1918. Sa ghearrscéal 'Anam an Easpaig', ríomhtar faoi mar a tháinig an t-easpag ar a mhalairt de thuairim faoin Éirí Amach nuair a chuala sé 'pléascadh mór' agus é ag féachaint amach ar an gcathair ó 'Chnoc na hEaglaise'. Is geall le claochlú é an t-athrú intinne a thagann ar an easpag: 'Bhris rud éigin i gcroí an Easpaig. Líonadh a chroí agus a anam le solas mór [...] 'Dá mbeadh gunnaí againn...' arsa an t-ógánach. 'Dá mbeadh...' arsa an t-easpag, agus chrom sé a cheann.'<sup>135</sup> In aiste dá chuid, deir Cathal Ó Háinle faoin ngearrscéal céanna: 'An chaoi a bhféadfadh athrú mar sin a tharlú, sin é an rud ata á scrúdú ag Ó Conaire sa scéal.'<sup>136</sup> Glacann an t-easpag leis gur gá an dóirteadh fola faoi mar a ghlacann an Píarsach thuas agus Labhras, a shocraíonn dul sna hÓglaigh. Ní cheistítear an doirteadh fola céanna agus cathair na réabhlóide á cur i láthair. Ní amháin sin, ach tugann a pháirt san Éirí Amach aidhm nua do Labhras. Níl uaigneas na cathrach ag cur as dó a thuilleadh toisc gur cuid de phobal samhlaíthe an náisiúnachais chultúrtha é: 'Níl dóigh ar bith le buadh fhághail ar bhuaireamh intinne níos fearr ná neart oibre a bheith le déanamh ag duine.'<sup>137</sup> Á réiteach féin don Éirí Amach atá Labhras agus is é íomhá na cathrach i rith Sheachtain na Cásca 1916, a thagann chun cinn. Oíche Dhomhnach na Cásca agus Labhras ag smaoineamh ar an lá a bhí roimhe: 'Bhí an oidhche deas ciúin agus an chuid eile de mhuintir na cathrach fa chómhnuidhe.'<sup>138</sup> Deirtear faoi lucht na cathrach: 'Is beag a shílfeadh an té nach mbeadh fhios aige a dhath, ach siubhal síos an tsráid go mbrisí roimh ceithre n-uair fichead ar an tsuaimhneas sin.'<sup>139</sup> Luaitear Clanna Gaedheal 'a bhí ag dul 'na sráide ar maidin le n-a dtír dhúchais a shlánú le fuil a gcroidhe.'<sup>140</sup> Tugtar léiriú ar lár na cathrach maidin Luain Chásca:

Ar maidin Dia Luain bhí cathair Bhaile Átha Cliath mar ba ghnáthach leithi. Bhí na daoine ag siubhal agus ag síor-shiubhal, agus gan fhios cá rabh a leath ag dul. Ainnsiúd agus annseo bhí péas le feiceáil, cuid a bhí ag spaisteoracht thart go spadánta agus cuid eile a bhí ag baint taca as na ballaí. Nuair a tháinig an dó-dhéag agus bhuaill cluig an uair, bhain bunádh na bhfear a

<sup>133</sup> Ó Tuairisc, Eoghan (1966) *Dé Luain*, Bhaile Átha Cliath: Allen Figgis & Co. Ltd., 224.

<sup>134</sup> Ó Grianna, Séamus *Mo Dhá Róisín*, 48.

<sup>135</sup> Ó Conaire, Pádraig (2010) *Seacht mBua an Éirí Amach*, Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht, 120.[Foilsíodh den chéad uair 1918]

<sup>136</sup> Ó Háinle, Cathal (1978) *Promhadh Pinn*, Má Nuad: An Sagart, 173.

<sup>137</sup> Ó Grianna, Séamus *Mo Dhá Róisín*, 76.

<sup>138</sup> *Ibid.*, 83.

<sup>139</sup> *Ibid.*

<sup>140</sup> *Ibid.*

bhí ar na sráideannaídh, bhain siad daobhtha a gcuid ceannphort, choisrioc iad féin agus dubhairt, “Fáilte an Aingil”.<sup>141</sup>

Radharc suaimhneach é sin ar lár na cathrach, maidin lá saoire bainc, nach bhfuil mórán ag tarlú ann, mar a thugann an bheirt ‘phéas’ dhíomhaoine le fios. Tugtar cur síos ina dhiaidh sin ar an scrios a rinne Éirí Amach na Cásca ar an gcathair chéanna. Deirtear go raibh an chathair lán le taibhsí oíche Luain Chásca: ‘Slóighte na marbh a d’imthigh ‘na síoruidheachta gach am le seacht gcéad go leith bliain, cé leis a dtig a rádh nach rabh siad i mBaile Átha Cliath seachtmhain na Cásg?’<sup>142</sup>

Ríomhtar stair na seachtaine agus is é Ard-Oifig an Phoist á dhó go talamh an radharc deireanach: ‘An ghliúrascnach a bhí ag an adhmad dhóighte ag tuitim isteach fríd an teach, bhí sé sgáthmhar.’<sup>143</sup> Is í cathair na réabhlóide an radharc deireanach a fhaightear ar chathair Bhaile Átha Cliath. Luann Nic Congáil gur áit ghruama mhínadúrtha í an chathair a chuirtear le hais léirithe rómánsacha de shaol na tuaithe in *Mo Dhá Róisín*.<sup>144</sup> Nuair a thugtar corpán Labhrais abhaile ar mhaithe len é a chur i reilig a mhuintire, gabhann athair Labhrais buíochas le Róise as gan é a fhágáil ‘n-a luighe i measg na gcoimhghitheach’<sup>145</sup>, i mBaile Átha Cliath. I bhfianaise an léirithe a thugtar ar rómánsachas an náisiúnachais chultúrtha, áfach, go háirithe i gcás an tseasaimh dheiridh in Ard-Oifig an Phoist,<sup>146</sup> d’fhéadfaí a mhaíomh gur léiriú rómánsach ar chathair Bhaile Átha Cliath, cathair na réabhlóide, seachas cathair na gruaimhe a chuirtear chun cinn sa deireadh. Gné spéisiúil den rómánsachas sin ná gur bunaithe ar an náisiúnachas chultúrtha atá sé. Ní haon ionadh, ar ndóigh, go mbeadh an náisiúnachas sin á chur chun cinn i litríocht na Gaeilge a bhfuil toise polaitiúil ann faoi mar atá i saothar Uí Ghrianna, nuair a chuirtear san áireamh gurb í an Ghaeilge teanga idéalach an náisiúnachais chéanna. Sa tslí sin, is féidir a rá gur úrscéal a linne é *Mo Dhá Róisín* agus nach locht air é an dearcadh polaitiúil atá ann. Mar gheall ar an mbéim a chuirtear ar ghnéithe éagsúla an náisiúnachais chultúrtha ann, is féidir a rá, chomh maith, gur beag forbairt a thagann ar phríomhcharachtair an tsaothair, Labhras agus Róise, toisc gur ar mhaithe le suáilcí an náisiúnachais a chur abhaile ar an léitheoir a ríomhtar an scéal, faoi mar a mheabhraíonn reacaire an scéil ó thús:

Stadagaidh dh’imirt bomaite go gcluindh sibh sgéal beag fá’n tsean-mhnaoi atá ag gol ar an uaigh, fá’n fhear a bhfuil a chnámha ‘n-a luighe ag bun an teampaill, agus fá’n chath a throid siad araon ar son na hÉireann agus na Gaedhilge.<sup>147</sup>

---

<sup>141</sup> Ó Grianna, Séamus *Mo Dhá Róisín*, 84.

<sup>142</sup> *Ibid.*, 85.

<sup>143</sup> *Ibid.*, 88.

<sup>144</sup> Nic Congáil, Ríona, ‘The changing face of Irish Ireland’, 372.

<sup>145</sup> Ó Grianna, Séamus, *Mo Dhá Róisín*, 100.

<sup>146</sup> Féach *ibid.*, 87-8.

<sup>147</sup> *Ibid.*, 7.

Ní mór a chur san áireamh, leis, go nochtar saibhreas Ghaeilge Thír Chonaill sa saothar, gné den saothar ar thug Tomás Ua Concheanainn suntas dó nuair a mhol sé ‘do gach Gaedhilgeoir an leabhar a cheannach’:

Má ghníonn, gheobhaidh sé luach a chuid airgid do Ghaeidhilde mhaith Thír Chonaill innti, agus ní furasta Gaedhilge Thír Chonaill a bhualadh nuair a thagann sí ó bharr chleite an té sin atá cliste ar an gcleite a chasadh mar atá úghdar “*Mo Dhá Róisín.*”<sup>148</sup>

I gcás an léirithe a thugtar ar an saol uirbeach sa saothar, is i dtéarmaí chathair na réabhlóide a chuirtear cathair Bhaile Átha Cliath i láthair go príomhdha.

### 1.3 *Lucht Ceoil*

Ba é an Gúm a d’fhoilsigh *Lucht Ceoil* i 1932. Barra Ó Caochlaigh an t-ainm cleite a d’úsáid Art Ó Riain, scríbhneoir a rugadh i nDúrlas Éile i 1893, ach a raibh cónaí air i mBaile Átha Cliath ó 1899 gur bád é agus é ag snámh in aice le Dún Beag, Co. an Chláir i 1968. Ba leis an ngearrscéal a chuaigh sé i dtosach agus bhain cnuasach beag, *An Tost*, duais Oireachtais i 1924. Foilsíodh cnuasach gearrscéalta leis, *An Tost agus scéalta eile*, faoin ainm cleite Barra Ó Caochlaigh i 1927.<sup>149</sup> Sa léirmheas a rinne sé ar an gcnuasach sin, mhol P. de B. tréith amháin, ach go háirithe: ‘Sé rud é ná feallsamhnacht Chatoiliceach a bheith fighte isteach ins na scéalta ar nós go raghaidh siad chun fóghnaimh dá léitheoirí.’<sup>150</sup> Tréith í sin a bhfilltear uirthi in *Lucht Ceoil*, go háirithe i dtéarmaí dhearcadh an údair i leith ábharachas an chórais chaipitiloch, mar a phléifear. Sa phlé a dhéanann sí ar ghearrscéalta Uí Riain, deir Aisling Ní Dhonnchadha:

Is i *Lucht Ceoil* a aimseofar an sampla is téagartha de chumas scríbhneoireachta an údair seo. San úrscéal sin agus sna scéalta trí chéile bhí a bheagán féin de litríocht na cathrach á shaothrú go stuama ag an údar.<sup>151</sup>

Sular foilsíodh an saothar, bhain *Lucht Ceoil* duais £150 ón nGúm ar chomórtas d’úrscéal nuachumtha, duais a roinneadh le húrscéal Sheáin Uí Ruadháin, *Pádraic Mháire Bhán* i 1931. Chuir an tOllamh le Gaeilge, Tadhg Ó Donnchadha *Lucht Ceoil* ar chúrsa Gaeilge na chéad bhliana in Ollscoil Chorcaí i 1933, rud a léirigh suim na hOllscoile céanna i gcur chun cinn nualitríocht na Gaeilge, dar le Philip O’Leary.<sup>152</sup> Is léir, leis, go raibh éileamh ar an saothar i measc lucht léitheoireachta na Gaeilge, faoi mar a léiríonn litir ó oifigeach foilseacháin an Ghúim i 1936, ag gabháil buíochas leis an gclódoir as an dara heagrán a chur ar fáil agus litir eile arís i 1942, inar ordaigh Seán Mac Lellan, oifigeach foilseacháin an Ghúim,

<sup>148</sup> Ua Concheanainn, Tomás ‘*Teagasg na Máthardha* le Seumas Ua Créag, *Mo Dhá Róisín*. Máire a sgríobh’, 478.

<sup>149</sup> Féach Art Ó Riain ar line ag <https://ainm.ie>, ceadaithe 5/10/2018.

<sup>150</sup> De P. B. (1928) ‘*An Tost agus Scéalta Eile*’ *Irisleabhar Mhá Nuad*, Má Nuad: An Sagart, 97.

<sup>151</sup> Ní Dhonnchadha, Aisling *An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898-1940*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 257.

<sup>152</sup> Féach Philip O’Leary (2004) *Gaelic Prose in the Irish Free State, 1922-1939*, Baile Átha Cliath: preas Choláiste Bhaile Átha Cliath, 18.

1,000 cóip eile.<sup>153</sup> Ábhar spéise é sin nuair a chuirtear san áireamh gur úrscéal cathrach é *Lucht Ceoil* agus go léiríonn an t-éileamh a bhí air go raibh éileamh ar úrscéal cathrach i measc lucht léitheoireachta na Gaeilge ag am a scríofa. Ní raibh idir mholtóirí agus léitheoirí an Ghúim ar aon fhocal faoi bhuanna an úrscéil chéanna, áfach. Thug moltóir amháin an tuairisc seo air:

Scéal breágh deachumtha agus deighinnsint air. Is mór an pléisiúr do Ghaodhal é. Tá an Ghaeidhilg féin go maith agus go cruinn bíodh nach mór maisiughadh agus atharrúchán a dhéanamh thall is abhfus. Níl éinphioc amhrais orm ná gur fiú an duais an iarracht so.<sup>154</sup>

Ní raibh moltóir eile, M. Breathnach, ar aon fhocal leis an gcéad mholtóir. Cháin sé ‘a lán cainteanna ann agus dul agus leagan an Bhéarla orthu’. Mhaígh sé nach raibh ‘aon tsaibhreas focal ná cor cainte’ ag an údar’ agus dar leis: ‘Is beag le rádh Barra Ó Caochlaigh mar *hero*’.<sup>155</sup> Díol suime go raibh an bheirt mholtóirí ar a mhalairt de thuairim i dtaobh fiúntas teanga an tsaothair. Mar fhocal scoir dúirt Breathnach: ‘Déarfainn go mb’fhiú an leabhar a chur i gcló ach is ar éigin más fiú é chur i gcomórtas na duaise’.<sup>156</sup> I gcomhfhreagras le Seán Mac Lellan, cháin D. Mac Grianna an saothar ar chúiseanna éagsúla. Dar leis, ba é Barra, príomhcharachtar an úrscéil,

...an duine is lugha suim sa scéal. Níl aon nídh ann a tharraingeochadh ard-mheas ná ard-fhuath air. Níl sé an-láidir, an-mhisneamhal, an-fhiadhain, an-‘rud -ar-bith’. Tá sé do-chreidte go dtuitfeadh sé i ngrádh i gcionn a hocht mbliadhan déag [...] le leanbh shé mbliadhan nach bhfaca sé ariamh ach seal chúpla bomaite.<sup>157</sup>

Locht eile ar an saothar, dar le Mac Grianna, go raibh ‘a lán Béarlachais ann.’<sup>158</sup> Mar sin féin, bhí Mícheál Ó Donnchadha, duine de léitheoirí an Ghúim, den tuairim ‘go bhfuil gá le n-a leithéid san am atá anois ann. Ní litríocht mhór atá ann cinnte, ar ndó, ach mar sin féin is taitneamhach an iarracht é.’<sup>159</sup> D’aontaigh Seoirse Mac Niocaill, léitheoir eile de chuid an Ghúim, le Ó Donnchadha nuair a dúirt sé faoin saothar: ‘Innsint mhaith ar an scéal ó thosach deire gan aon leadránacht ag baint leis, stíl ghlan shoiléir ag an údar agus Gaeilge mhaith aige tríd síos.’<sup>160</sup> Dar leis an Seabhac, áfach:

Maidir le *Novel* ní mór le rádh é an leabhar so, Níl aon *genius* ann ach go ndéanfaidh sé ábhar léitheoireachta. Dá mba ná beadh ceapadóireacht chomh gann san níorbh fhiú é seo a chur i gcló.<sup>161</sup>

<sup>153</sup> Féach doiciméad GAEL/AN GÚM N299 i gCartlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>154</sup> Féach Fiachra (ní féidir an sloinne a dhéanamh amach), tuairisc lámhscríofa gan dáta, GAEL/AN GÚM N 299.

<sup>155</sup> Féach M. Breathnach, ‘Tuairisc an mholtóra’, 14/11/1930, GAEL/AN GÚM N 299.

<sup>156</sup> Ibid.

<sup>157</sup> Féach D. Mac Grianna, litir chuig Seán Mac Lellan, oifigeach foilseacháin an Ghúim, 29/11-1930. GAEL/AN GÚM N 299.

<sup>158</sup> Ibid.

<sup>159</sup> Féach Mícheál Ó Donnchadha (1930) litir chuig Seán Mac Lellan, GAEL/AN GÚM N 299.

<sup>160</sup> Féach Seoirse Mac Niocaill (1930) litir chuig Seán Mac Lellan, GAEL/AN GÚM N299.

<sup>161</sup> Féach Pádraig Ó Siochfhradha, (an Seabhac) litir chuig Seán Mac Lellan, 13/6/31, GAEL/AN GÚM N299.

Is é an tátal is féidir a bhaint as na tuairimí éagsúla a nochtadh faoi *Lucht Ceoil* ná gur glacadh leis mar ‘litríocht ghinearálta’ nó úrscéal pobail, seánra a phléifear i gcaibidil 4. I litir a sheol Seán Mac Lellan chuig rialtóir oifig an tSoláthair, luaigh sé gur sa chomhthéacs sin a bhí an t-úrscéal le foilsiú, ‘printing and publication as a work of General Literature.’<sup>162</sup> Rinneadh tagairt don duais a ghnóthaigh an t-úrscéal sa léirmheas a scríobh C. Ua D. air in *Scéala Éireann* agus sa léirmheas gan ainm a scríobhadh air in *The Irish Times*. Dar le C. Ua D: ‘Tá ealadha na ceapadóireachta go maith ag Barra Ó Caochlaigh agus, dar ndóigh, tá a rian san ar an scéal’.<sup>163</sup> Agus tagairt á déanamh ag léirmheastóir *The Irish Times* don duais a roinn Ó Caochlaigh le Ó Ruadháin, dúirt sé:

*Lucht Ceoil* is much the better of the two. It is an interesting and original story of a young Irishman and his spiritual and mental development in the by no means improbable adventures in London and Ireland.[...] It would be rash to hope that here we have a Pádraic Ó Conaire in the making, but it is not too much to say that in Ó Caochlaigh we have quite definite promise of better to follow.<sup>164</sup>

Tugtar le fios sa léirmheas céanna gurb é an scéal agus an eachtraíocht atá le moladh san úrscéal seachas litríocht a bheadh ar aon leibhéal le scéalta ficin Phádraic Uí Chonaire. Foilsíodh cnuasach gearrscéalta, *Muilte Dé agus Scéalta Eile*, le Ó Riain i 1945, agus dar le Ní Dhonnchadha,

...ba léir nach raibh aon fhorbairt shuntasach tagtha ar bhua scéalaíochta an údair. Airítear an malltriall is an righneas san insint agus an tseanlé leis an scéal eachtraíochta is lorgaireachta.<sup>165</sup>

Áitíonn Ní Dhonnchadha go bhfuil ‘cumas’ níos fearr in *Lucht Ceoil*, ach is léir ó chodanna de scéal fada an úrscéil chéanna, leithéidí páirt an fhrith-laoich Athanasius, a ndúirt D. Mac Grianna faoi go raibh ‘na heachtraí a dtéigheann sé tríothu ró-amaideach, ró-áiféiseach ar fad’,<sup>166</sup> gur féidir rian ‘an tseanlé leis an scéal eachtraíochta is lorgaireachta’ a aithint ar *Lucht Ceoil* chomh maith.

Is ar thrá an Bhaile Bhreac, láimh le Cill Iníon Léinín i ndeisceart chathair Bhaile Átha Cliath a chastar Barra Ó Caochlaigh orainn i dtús an úrscéil. Ar saoire ó Londain atá Barra. Caitheann sé a chuid ama ar an trá sula mbíonn air fillleadh ar Londain. Ar fhilleadh go Londain dó, tugtar cur síos ar an radharc atá aige ón traein a thugann chun cuimhne cur síos Uí Chonaire ar cheo na cathrach:

D’fhéachas amach agus bhí tighthe le feiscint faid mo radhairc. Tighthe beaga suaracha agus iad, ba dhóigh leat, ag satailt ar a chéile. Fo-thigh annso agus annsúd ní ba mhó ná a chéile

<sup>162</sup> Féach Seán Mac Lellan, litir chuig an Rialtóir, Oifig an tSoláthair, 20/10/1931, GAEL/AN GÚM N299.

<sup>163</sup> Ua D.C. Léirmheas ar *Lucht Ceoil*, *Scéala Éireann*, 13/2/33.

<sup>164</sup> Gan ainm, léirmheas ar *Lucht Ceoil*, *The Irish Times*, 17/12/32.

<sup>165</sup> Ní Dhonnchadha, Aisling *An Gearrscéal sa Ghaeilge* 1898-1940, 255.

<sup>166</sup> Féach D. Mac Grianna, litir chuig Seán Mac Lellan.

agus slat chearnógach d'fhéar ag gabháil leo, a dtugtí gáirdín air. Smúit agus ceo agus deatach ag foiliú na spéire. Bhí deireadh leis an saoire.<sup>167</sup>

Ag obair in oifig i Londain atá Barra agus ríomhtar mar a chaitheann sé lá oibre:

'Go deimhin, ba chumhang an saoghal a bhí agam san oifig gach lá óna naoi go dtí a sé, nó níos déannaighe uaireanta; sa bhaile ag Clapham annsan an chuid eile de'n trathnóna chúig lá de'n tseachtmhainn.'<sup>168</sup>

Luann Philip O' Leary léirmheas a rinneadh ar *Lucht Ceoil* in *Irisleabhar Mhá Nuad* a mhaíonn gur: 'Úrscéal é seo nach bhfuil mórán dá shórt againn sa nGaedhilg. Saoghal na cathrach agus saoghal na ndaoine ann. An té a bhfuil uaidh eolas a chur ar an saoghal sin, seo é an leabhar chuige.'<sup>169</sup>

Tugtar cur síos ar ghnáth-shaol an chléirigh i Londain, cathair a raibh de cháil uirthi chomh fada siar le deireadh na naoú haoise déag gur chathair lán de chléirigh í, faoi mar a léiríodh san úrscéal grinn, *The Diary of a Nobody* (1892) le George agus Weedon Grossmith.<sup>170</sup> Ní fada go gcuireann ceo na cathrach as do shláinte Bharra, áfach, agus ar chomhairle a charad, an t-Athair Ó Donnabháin, socraíonn sé Londain a fhágáil. Tapaíonn an t-Athair Ó Donnabháin an deis le saol mhuintir London a dhamnú:

Is leamh agus is gránna an saoghal é ag formhór mór na ndaoine, agus rud is measa ná san, is mí-nádúrtha agus is págánta an saoghal é. Do bhí saoghal págánta ann fadó, ach, má bhí, bhí uaisleacht agus áilneacht éigin ag baint leis mar shaoghal. Annsan do tháinig Mac Dé, moladh go deo Leis, agus an fhaid do leanamar dílis dá theagasc do bhí fírinne agus áilneacht againn. Ach ó thainig an nua-phágántacht so, ó dhúnamar ár súile ar an Solus Síorruidhe, níl so ná súd againn. Tá an chathair seo Lonnduin chomh lobhtha 'na croidhe agus 'na béasa is bhí an tseana-Róimh ach gan aon chuid de bhuaidha na sean-Róimhe aici, agus ar ndóigh, gan an t-aineolas mar leath-scéal aici. Tá an creideamh mar a bheadh sé ag fulaing iomshuidhe ar gach taobh. Má théann tú amach sa tsráid, is baoghal duit do shúile d'ardú sul a dtiocfadh an peaca gan náire tríothu.<sup>171</sup>

Mar fhocal scoir, deir sé le Barra:

Éireannach tusa do fuair an creideamh mar oighreacht uasal ó do shinnsir. Tá a fhios agat an méid d'fhulaingeadar san chun an creideamh san do choimeád. Bíodh meas agat-sa air dá réir – ní headh, ach bí mórdhálach as.<sup>172</sup>

Luann O'Leary léirmheastóir gan ainm a mhol *Lucht Ceoil* mar gheall ar 'fíor-Chaitoiliceacht agus fíor-chreideamh...úrsgéal slán folláin.'<sup>173</sup> Sa chodarsnacht sin a dhéantar idir muintir London agus muintir na hÉireann, is féidir an 'fíor-Chaitoiliceacht' a aithint. Cathair é Londain a bhfuil 'an nua-phágántacht'

<sup>167</sup> Ó Caochlaigh, Barra (1932) *Lucht Ceoil*, Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 11. (Ainm cleite Airt Uí Riain é Barra Ó Caochlaigh).

<sup>168</sup> Ó Caochlaigh, Barra *Lucht Ceoil*, 18.

<sup>169</sup> O'Leary, Philip (2004) *Gaelic Prose in the Irish Free State, 1922-1939*, Baile Átha Cliath, Preas Choláiste Bhaile Átha Cliath, 227-8.

<sup>170</sup> Féach Peter Ackroyd *London: the biography*, 718.

<sup>171</sup> Ó Caochlaigh, Barra, *Lucht Ceoil*, 26.

<sup>172</sup> *Ibid.*, 27.

<sup>173</sup> O'Leary, Philip, *Gaelic Prose in the Irish Free State 1922-39*, 546.

i mbarr a réime ann. Níos faide anonn sa saothar, mar a phléifear thíos, tugtar le fios gur gné den Chaipitleachas é an ‘nua-phágántacht’, a bhfuil béim ann ar an ábharachas. Léamh é sin ar chathair Londen ar ‘chathair an airigid’ í, mar a luadh, a thugann chun cuimhne an léamh a dhéantar ar an gcathair chéanna in *Deoraíocht*. Tá de chomparáid idir an dá léamh, áfach, gur i dtéarmaí an Mharxachais a dhéantar an léamh sin in *Deoraíocht*, ach gurb é an Caitliceachas a sheasann i gcoinne an chórais chaipitlíoch in *Lucht Ceoil*. Mar sin féin, tá de nasc idir an dá úrscéal go gcuirtear cathair Londen i láthair i dtéarmaí an tionchair atá ag an gcóras caipitlíoch ar an saol uirbeach. Tugtar le fios sa dá shaothar go bhfuil de chumas ag an gcóras céanna saol mhuintir na cathrach sin a mhilleadh.

I gcodarsnacht ghlan le Londain, tugtar léiriú fileata ar chuan Bhaile Átha Cliath: ‘N’fheadar an bhfuil cuan ar domhan is áilne radharc ná cuan Bhaile Átha Cliath i súilibh an taistealuidhe.’<sup>174</sup> Déantar pearsantú ar an tírdhreach nuair ‘a shíneann an tír a dhá lámh amach ag fáiltiú roimh an luing.’<sup>175</sup> Tá comhbhá an dúlra sa chur síos: ‘Bhí an ghrian ag druidim siar agus bhí lasair chorcra laistiar de na cnuic.’<sup>176</sup> Meabhraítear an t-amhrán ‘Bán Chnoic Éireann Óighe’ don phríomhcharachtar agus é mar a bheadh imirceach ag filleadh ar an tseantír. Murab ionann agus muintir Londen, deir sé faoin dream a bhí ag fanacht leis an long i gcaladh chuan Dhún Laoghaire, ‘do bhraitheas mar a bheadh gach aoinne ag fáiltiú romham.’<sup>177</sup> Téann an chodarsnacht chéanna thar fóir nuair a shamhlaítear do Bharra gurb iad sin a mhuintir féin murab ionann agus muintir Londen:

Ní raibh na daoine seo ag brostú thar a chéile mar a bhítí i Lonnduin; do thugadar uain dóibh féin chun féachaint ar a gcomhursain agus chun focal caradais do rádh leis, dá mba ná beadh ann ach beannu dá chéile, Agus an blas breágh bog Gaedhealach – ba chuma nó ceol im chluasaibh é. “Seadh,” arsa mise liom féin,” is annso is dual dom lonnú, annso i dtír mo shinsear.<sup>178</sup>

Léirítear dearcadh rómánsach arís ar cheantar Dheilginse, áit a bhfuil sé ar lóistín le muintir Chéilleachair ar ‘Bhóthar an Chalaídh’, gur dócha gur Bóthar an Chalaídh Mhóir atá i gceist, bóthar chois farraige idir baile Dheilginse soir go Caladh Mhór Dheilginse: ‘An rud ba mhó a thaitin liom, go raibh radharc breágh ar an bhfarraige ó’n bhfuinneog.’<sup>179</sup> Léirítear dearcadh fileata i leith an cheantair a thugann chun cuimhne dearcadh fileata Uí Ghrianna ar Cheann Dubhrann, a deir ‘[nach] dtiocfaidh leat áit fhágháil ní ba dheise ná Ceann Dubhrann’.<sup>180</sup> Tá macalla de chur síos Uí Chaochlaigh ar cheantar Dheilginse le fáil, leis, san úrscéal bleachtairachta *Sceon Na Mara* (2010) le Liam Ó Muirthile, a

<sup>174</sup> Ó Caochlaigh, Barra, *Lucht Ceoil*, 29.

<sup>175</sup> *Ibid.*, 29.

<sup>176</sup> *Ibid.*

<sup>177</sup> *Ibid.* 30.

<sup>178</sup> *Ibid.*

<sup>179</sup> *Ibid.*, 31.

<sup>180</sup> Ó Grianna, Séamus, *Mo Dhá Róisín*, 1.



phléifear i gcaibidil 4. Díol spéise go ndéanann an dá údar iarracht ar chruth fileata a chur ar an gceantar céanna agus geall le hochtó bliain idir foilsiú an dá leabhar. Deir Barra faoi Bhá Chill Iníon Léinín:

...dá mbeadh filí an domhain 'ghá mholadh i n-aoinfheacht ní fhéadfaidís, dar liom a cheart a thabhairt dó – an cuan maordha, an tráigh ghléigeal, sléibhte Chualann agus an Beannach Mór laisteas, agus gleann beag aoibhinn Shean-Chonach laistiar.<sup>181</sup>

Ar aon dul leis an gcur síos fileata sin, deir Ó Muirthile faoin mbá céanna: 'Má bhí Bá Amalfi ar chósta na hÉireann ba é seo é. Shín an talamh ar chuma corráin anuas ó na hailte arda faoi aiteann agus chrainn, ar feadh na trá, agus anuas arís go Ceann Bhré.<sup>182</sup> Is í áilleacht thírdhreach an cheantair, mar a shamhlaítear don dá údar é, a théann i bhfeidhm orthu araon. Tugann Barra cur síos spéisiúil ar na siúlóidí ar a dtéadh sé agus luaitear ceantair éagsúla ar bruachbhailte na cathrach a bhformhór anois, ach ar shráidbhailte go leor acu ag am a scríofa. Deir sé gur shiúil sé 'go Tigh Lorcan. As sin siar liom go Dún Droma; deiseal annsan, i gcoinnibh an aoird, gur shroiseas an crosaire ag Tigh an Chnuic.'<sup>183</sup> Ligeann sé a scíth ar 'an Sliabh Rua', Binn Trí Charraig, b'fhéidir, láimh le Tigh an Chnoic, áit a bhfuil radharc aige ar chuan Dhún Laoghaire. Cuireann liosta na logainmneacha le réalachas na hinsinte agus caithfidh gur thaitin sin le léitheoirí na linne. Castar ar an teanga fhileata in athuair sa chur síos a thugtar ar an radharc céanna agus déantar comparáid idir lá saoire a bhí i Londain aige ' i mball éigin de Surrey nó i nEssex'<sup>184</sup> a bhíodh plódaithe le daoine, agus lá saoire i gceantar sléibhtiúil dheisceart Bhaile Átha Cliath. I bhfianaise an radhairc atá os a chomhair deir sé: 'Do líon mo chroidhe d'áthas agus de bhuidheachas.'<sup>185</sup>

Nuair a fhilleann Barra ar Londain, tar éis dó téarma príosúnachta a chur de as gadaíocht nach ndearna sé, téann sé ag lorg oibre, ach leanann a cháil é agus téann sé deacair air obair a fháil. Ar aon dul le Micil Ó Maoláin in *Deoraíocht*, cuireann cás Bharra béim ar a dhearcadh diúltach i leith na cathrach, nuair a fhágann an easpa oibre agus easpa ceangail leis an gcathair ar an imeall é: 'Do tháinig an ghráin dearg agam ar Lonnduin agus ar a shráideanna agus a mhuintir'.<sup>186</sup> Deir sé gur chaith sé dhá mhí ag cuartú oibre ' go dtí go raibh na buinn imthithe ó'm bhróga agus an fhoighne tráighte ó'm chroidhe.'<sup>187</sup> Luann sé 'na sráideanna gránna suaracha úd agus na tighthe gránna suaracha ar a bhfuaid!'<sup>188</sup> mar a luaigh Micil roimhe agus an coimhthíos i leith na cathrach céanna ag bailiú nirt ann: 'Na sráideanna beaga suaracha gránna! An saol gránna fealltach a nochtar gach lá ós comhair mo shúil!'<sup>189</sup> Baintear

<sup>181</sup> Ó Caochlaigh, Barra, *Lucht Ceoil*, 33.

<sup>182</sup> Ó Muirthile, Liam (2010) *Sceon na Mara*, Baile Átha Cliath: Cois Life, 28.

<sup>183</sup> Ó Caochlaigh, Barra, *Lucht Ceoil*, 34.

<sup>184</sup> *Ibid.*, 35.

<sup>185</sup> *Ibid.*

<sup>186</sup> *Ibid.*, 140.

<sup>187</sup> *Ibid.*

<sup>188</sup> *Ibid.*

<sup>189</sup> Ó Conaire, Pádraic, *Deoraíocht*, 103.

leas in athuair as comhbhá an dúlra agus a chás á ríomh ag Barra: 'Agus dá olcas iad fuacht agus doicheall na haimsire, ba mheasa ná iad fuaire agus doicheall na ndaoine romham.'<sup>190</sup> Mar gheall ar a chás, is strainséir sa slua é, 'na mílte míle a bhíodh ag brostú tharam sa tsráid, ba chuma leo ann nó as mé.'<sup>191</sup> Tagann freagra chuige faoi dheireadh ar iarratas a dhéanann sé ar phost a fháil, ach go dtéann sé amú sa cheo ar a bhealach go Uxbridge. Gné shuimiúil den eachtra céanna ná go dtugtar le fios gur tearmann sa chathair dó an 'eaglais Chatoilicidhe' a dtéann sé isteach inti, agus nuair a fhágann sé ina dhiaidh sin í: 'Bhí an ceo imthithe [...] agus na réalta go lonnrach sa spéir.'<sup>192</sup> Tugann an radharc céanna an gearrscéal 'Nóra Mharcais Bhig' le Pádraic Ó Conaire chun cuimhne. Is tearmann é an séipéal i gcathair Londan do Nóra, leis. Deirtear linn go raibh 'dídean' á lorg ag Nóra agus gur 'tháinig a hóige ar ais chuici', agus í sa séipéal. Castar 'seansagart' uirthi sa séipéal, a chuireann comhairle uirthi dul abhaile go Ros Dhá Loch, agus sa tslí sin, is í an Eaglais a thagann i gcabhair uirthi.<sup>193</sup> Luann O'Leary sliocht as gearrscéal de chuid Uí Riain, *Radharc na Finne*, ina léiríonn an t-údar tábhacht an Chaitliceachais: 'Is Dó [Dia] a cantar ceol na cruinne, agus éisteann reanna neimhe nuair árduigheann sé a Lámh.'<sup>194</sup> Is geall le macalla den dearcadh céanna an eachtra thuas sa chaoi is go dtugann a chreideamh faoiseamh intinne agus dídean do Bharra sa chathair: "'Féach, fanann fírinne Dé ann i gcomhnuidhe cé gur minic dá cheilt í ag an saoghal so.'" <sup>195</sup>

Tugtar faoi chaipitleachas na cathrach arís sa taithí oibre a bhíonn ag Barra le Mr. Julius Smith: 'Bhí snas air ó bhun barr, ar a ghruaig slíomtha agus ar a bhóna ard agus ar a chuid iongan agus ar a bhróga, agus ar an slabhra trom óir a bhí treasna a bhrollaigh aige.'<sup>196</sup> Is caipitlí é Smith a thagann i dtír ar dhaoine ar mhaithe leis an airgead, ar aon dul le Trott in *Deoraíocht*. Míníonn comhleacaí le Barra an scéim atá ag Smith le hairgead a bhaint de bhaintreacha a bhfágtar airgead le huacht acu, agus cuireann dúshaothrú na scéime déistean ar Bharra. Admhaíonn Barra 'gur náireach an rud dom bheith páirteach 'na leithéid de ghnó'.<sup>197</sup> Codarsnacht iomlán le Smith é Athanasius, 'bhí folt fada fionn aige ag tuitim síos chomh fada le n-a shlinneáin, agus féasóg de'n dath céadna.'<sup>198</sup> Áitíonn O'Leary go gcáineann Ó Riain ábharachas agus neamhchráifeacht a linne agus gur minic é ag dul níos faide leis an gcáineadh céanna ná 'traditional condemnation of urban alienation and corruption.'<sup>199</sup> Is féidir an cáineadh sin a

---

<sup>190</sup> Ó Caochlaigh, Barra, *Lucht Ceoil*, 140.

<sup>191</sup> Ibid.

<sup>192</sup> Ibid., 143.

<sup>193</sup> Féach Pádraic Ó Conaire (1984) 'Nóra Mharcais Bhig' in *Scothscéalta*, Tomás de Bhaldraithe (eag.), Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh, 92-93. [foilsíodh den chéad uair 1956]

<sup>194</sup> O'Leary, Philip, *Gaelic Prose in the Irish Free State*, 577n.

<sup>195</sup> Ó Caochlaigh, Barra, *Lucht Ceoil*, 143.

<sup>196</sup> Ibid., 148.

<sup>197</sup> Ibid., 155.

<sup>198</sup> Ibid., 166.

<sup>199</sup> O'Leary, Philip, *Gaelic Prose in the Irish Free State*, 228.

aithint sa chodarsnacht idir Smith agus Athanasius, a n-éiríonn leis an lámh in uachtar a fháil ar Smith.<sup>200</sup> Nochtann Athanasius a chuid tuairimí i leith an bhorraidh atá, dar leis, ag teacht faoin ábharachas sa chomhrá a bhíonn aige le Barra. Dar le O’Leary is ionann fealsúnacht Athanasius, ‘the counter-cultural champion’<sup>201</sup>, agus fealsúnacht an údair. Creideann Athanasius nach ndéanann aon duine ‘machtnamh dá chuid féin fé láthair.’<sup>202</sup> Áitíonn sé faoin duine sa tsochaí: ‘Deireann na nuachtáin leis na tuairimí is ceart dó a bheith aige’.<sup>203</sup> Dar leis, is ar mhaithe leis na húdaráis atá na nuachtáin chéanna atá ag imirt cos ar bolg ar an duine. Ní amháin sin, ach tá deireadh le ré an cheardaí a raibh ‘pearsantacht éigin ag baint le toradh a shaothair’.<sup>204</sup> Is i Londain, an chathair thionsclaíoch, a thugann Athanasius faoi deara gur ‘tuigsionaighe abhfad an t-inneall ná an t-oibridhe.’<sup>205</sup> Dá réir sin, d’fhéadfaí a mhaíomh gur léiriú é fealsúnacht Athanasius ar an díphearsanú a bhí á dhéanamh ag an ábharachas agus ag an gcóras caipitlíoch ar lucht oibre na cathrach faoi mar a léiríodh in *Deoraíocht*. Deir Barra ar fhilleadh go Dún Laoghaire arís dó gur bhreá leis ‘Baile Átha Cliath tar éis Lonnduin’.<sup>206</sup> Tuairimíonn sé faoi mhuintir Bhaile Átha Cliath: ‘Níor bhraitheas fé sna daoine an fuadar buile a bhíodh thall, agus cheapas gur chuala níos mó grinn agus gáire laistigh de’n leath-uair a chluig sin ná chuala i Lonnduin le cúig bhliadhna.’<sup>207</sup> Is i Londain is mó atá tionchar an ábharachais le tabhairt faoi deara. Agus a mhachnamh á dhéanamh ag Barra ar an dífríocht idir an dá chathair, deir sé:

Dubhairt liom féin gur daoine iad na Gaedhil ná fulaingeachadh iad do thiomáint, agus pé rud eile a thabharfaí ortha ná tabharfaí caoire ortha, murab ionann is na slóighte thall ar a gcaitheadh Athanasius dí-mheas.<sup>208</sup>

Dearcadh rómánsach ar chathair Bhaile Átha Cliath é sin, a thagann chun cinn in *Lucht Ceoil* mar gheall ar an gcomparáid a dhéantar idir í agus cathair Londan, áit a shamhlaítear do Bharra go bhfuil an t-ábharachas go mór chun tosaigh ann. Téann an scéal chun áiféise nuair a shocraíonn Barra Oileán Dheilginse a cheannach d’Athanasius a dtugann sé cuireadh dó aistriú siar go Baile Átha Cliath. Deirtear linn gur ‘fearadh fíor-chaoin fáilte roimis ag an bpobul i gcoitichian’<sup>209</sup> agus gur aistrigh sé féin agus a theaghlach amach go dtí an t-oileán céanna. Cé go luaitear Londain i mbuile scoir an úrscéil agus Barra agus Gobnait ar mhí na meala: ‘Chuamar go Lonnduin agus chualamar ceol breágh ann’,<sup>210</sup> is cathair é, a bhfuil an t-ábharachas agus an córas caipitlíoch i réim ann. Ina choinne sin, is cathair é Baile Átha

<sup>200</sup> Ó Caochlaigh, Barra, *Lucht Ceoil*, 186-7.

<sup>201</sup> O’Leary, Philip, *Gaelic Prose in the Irish Free State*, 228.

<sup>202</sup> Ó Caochlaigh, Barra, *Lucht Ceoil*, 192.

<sup>203</sup> *Ibid.*, 192.

<sup>204</sup> *Ibid.*, 193.

<sup>205</sup> *Ibid.*

<sup>206</sup> *Ibid.*, 232.

<sup>207</sup> *Ibid.*

<sup>208</sup> *Ibid.*

<sup>209</sup> *Ibid.*, 284.

<sup>210</sup> *Ibid.*, 298.

Cliath nach bhfuil ‘an fuadar buile’ faoi na daoine ann. Dá réir sin, is féidir a rá gur dearcadh deimhneach, rómánsach, b’fhéidir, i leith chathair Bhaile Átha Cliath a chuirtear chun cinn in *Lucht Ceoil*, go háirithe i gcás cheantar Dheilginse. Is cinnte gur féidir macalláí de dhearcadh Uí Chonaire i leith Londan a aithint sa saothar go háirithe i gcás thionchar an chórais chaipitlíoch ar an gcathair chéanna.

## **Conclúid**

Bhí sé de chuspóir ag an gcaibidil seo scrúdú a dhéanamh ar na húrscéalta *Deoraíocht*, *Mo Dhá Róisín* agus *Lucht Ceoil*, ar mhaithe le léiriú a thabhairt ar an dearcadh sochpholaitiúil a thagann chun cinn iontu i leith an tsaol uirbigh. Sa chomhthéacs sin, díriodh ar na léirithe ar thionchar ghnéithe den chóras caipitlíoch ar shaol na cathrach agus ar na príomhcharachtair a nochtar sna húrscéalta sin. In *Deoraíocht*, léiríodh faoi mar a tháinig an córas sin i dtír ar chosmhuintir na cathrach agus faoi mar a chúisigh sé bás an phríomhcharachtair. Is i dtéarmaí an náisiúnachais chultúrtha, a bhféadfaí a rá faoi gur eascair sé as an gcoimhlint leis an gcóras caipitlíoch, a léiríodh tionchar an chórais sin ar an bpríomhcharachtar a thug a shaol ar son idéal an náisiúnachais sin in *Mo Dhá Róisín*. Leagadh béim ar ábharachas an chórais chaipitlíoch agus ar an tionchar diúltach atá ag an ábharachas sin ar an saol uirbeach in *Lucht Ceoil*, gné a thug ar an bpríomhcharachtar cathair Londan a thréigean. Dearcadh níos dearfa, níos rómánsaí agus níos suimiúla a tugadh ar shaol Bhaile Átha Cliath, go háirithe saol agus tírdhreach oirdheisceart na cathrach, gné den saothar a thaitneodh le lucht léitheoireacht na Gaeilge ag am a scríofa, faoi mar a thugann an tóir a bhí ar an úrscéal le fios.

## Caibidil 2

### Polaitíocht na cathrach ó thuaidh agus ó dheas

#### Réamhrá

Pléifear trí úrscéal sa chaibidil seo, *Tonn Tuile* (1947) agus *Máire Nic Artáin* (1959) le Séamus Ó Néill, agus *An Dá Thrá* (1952) le Tarlach Ó hUid. Is é cuspóir na caibidile ná anailís a dhéanamh ar an léiriú a thugtar ar thionchar fhórsaí éagsúla shochaí na cathrach ar phríomhcharachtair na n-úrscéalta sin agus sa chomhthéacs sin díreofar ar na pointí seo a leanas: an léiriú a thugtar ar ghnéithe d'aicmí socheacnamaíocha na cathrach agus tionchar na ngnéithe sin ar chaidreamh pearsanta na bpríomhcharachtar. Cruthófar faoi dheireadh na caibidile gur fórsaí sochpholaitiúla iad na gnéithe céanna nach bhfuil de chumas ag an gcaidreamh pearsanta, i gcás institiúid an phósta, an ceann is fearr a fháil orthu.

#### 2.1 *Tonn Tuile*

'Ba é *Tonn Tuile* an chéad leabhar a d'fhoilsigh Sháirséal agus Dill, úrscéal nua-aimseartha le Séamus Ó Néill, Ultach óg a chaith tamall ina eagarthóir ar *Comhar*,<sup>211</sup> a deir Cian Ó hÉigearthaigh agus Aoileann Nic Gearailt. Tugann Ó hÉigearthaigh agus Nic Gearailt cur síos spéisiúil ar fhoilsiú an úrscéil chéanna agus ar an gcomhthéacs inar foilsíodh é.<sup>212</sup> Deirtear linn: 'Cuireadh 3,500 cóip de *Tonn Tuile* i gcló, cé nár ceanglaíodh ar an gcéad iarracht ach 2,500. Gearradh praghas seacht scilling agus réal air, praghas a bheadh inchurtha le idir dhá euro déag agus cúig euro déag.'<sup>213</sup> Díol suime go luaitear go mbíodh leabhair Ghaeilge an Ghúim á ndíol ar scilling nó scilling go leith ag an am céanna. Is cosúil gur ag tagairt do na haistriúcháin éagsúla a bhí á ndíol ag an nGúm a bhí an *Irish School Weekly* a dúirt faoi *Tonn Tuile*: 'Has no competitors...worth a whole donkey-load of translations.'<sup>214</sup> Maíodh faoi úrscéal Uí Néill sa chiorclán fógraíochta gur: 'Úrscéal fá shaol na cathrach sa lá atá inniu ann atá ina leabhar nua, is tá sé scríofa i nGaeilge ghlan dhírigh atá saor ó shean-aimsireacht.'<sup>215</sup> Luaitear sa chiorclán céanna gurb é 'príomhchuspóir' Sháirséal agus Dill 'litríocht na Gaeilge a chur chun cinn' agus gurb é *Tonn Tuile* 'tús'

---

<sup>211</sup> Ó hÉigearthaigh, Cian agus Aoileann Nic Gearailt (2014) *Sáirséal agus Dill 1947-1981*, Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht.

<sup>212</sup> Féach *ibid.*, 21-26.

<sup>213</sup> *Ibid.*, 22.

<sup>214</sup> *Ibid.*, 23.

<sup>215</sup> *Ibid.*

an dul chun chinn chéanna.<sup>216</sup> Ní luaitear céard a bhí i gceist le ‘sean-aimsireacht’ ná le ‘Gaeilge ghlan dhírig’, ach is cinnte gur féidir a rá ó thaobh ‘sean-aimsireacht’ na teanga de nach bhfuil *Tonn Tuile* ar maos i nathanna dúchasacha mar atá leithéid *Mo Dhá Róisín*, mar a pléadh i gCaibidil 1. Is féidir a rá, leis, go bhfuil cuma fheidhmiúil ar an teanga, is é sin, go seachnaítear an nath dúchasach ar mhaithe le ‘Gaeilge ghlan dhírig’. Tóg, mar shampla an dá alt seo, an chéad alt as *Mo Dhá Róisín* agus an dara halt as *Tonn Tuile*.

Tráthnóna an lá thar na bhárach, agus gan istuigh ach mé féin agus an leanbh a bhí san chliabhán, buailtear an chomhla go h-éadrom; agus le sin dalltar an doras. Amharcaim féin síos agus tchím ‘n-a seasamh ar bhun an urláir an bhean chéadna a chonnaic mé san roilig aréir roimhe sin. Bhí cuma uasal uirthi, leagadh maránta, agus gnúis chineálta, agus ar dhóigh inteacht théigh mo chroidhe léithe chomh luath agus tháinig sí ‘un toighe.<sup>217</sup>

Tá cuma an-dúchasach ar an gcur síos san alt sin, go háirithe sa tslí ina ndéantar cur síos ar an mbean ag teacht isteach sa teach, ‘dalltar an doras’, agus i ndearcadh an scéalaí ina leith, ‘ar dhóigh inteacht théigh mo chroidhe léithe’. Tá an-chodarsnacht idir sin agus an stíl fheidhmiúil atá le brath ar an alt seo a leanas as *Tonn Tuile*:

Fuair mé litir ó mo dheirfiúr. Bhí mo mháthair ag fanacht aici, agus dúirt sí go raibh sí ag éileamh. Dhá lá ina dhiaidh sin tháinig Eibhlín aníos an staeire agus bhí sreang-scéal léi. Thóg mé uaithi é, agus dhearc go gasta ar an gclúdach gan a fhoscladh. Dhearc mé ar Eibhlín. Bhí ruicíneacha doimhine ina héadan. D’fhoscail mé an clúdach, agus léigh mé an drochscéala. Bhí mo mháthair i ndiaidh bás a fháil. Shín mé an sreang-scéal chuig Eibhlín, agus chuir mé mo cheann ‘mo chamas. Níor chaoin mé, ach bhí pian an bhróin a mo chriatharú. Mhothaigh mé lámha Eibhlín thart orm.<sup>218</sup>

Is léir ón dá shliocht thuas a éagsúlá is atá stíl an dá údar. Luadh i gCaibidil 1 gur chuir Ó Grianna roimhe Gaeilge shaibhir Thír Chonaill a chur ar pár, agus is cinnte go ndeachaigh an Ghaeilge in *Mo Dhá Róisín* (1921) agus *Caisleáin Óir* (1924) i bhfeidhm go mór ar lucht léitheoireachta na Gaeilge. Tháinig borradh faoi shaothair Ghaeltachta le foilsíú leithéidí *an tOileánach* (1927), *Fiche Bliain ag Fás* (1933) agus, ar ndóigh, *Peig* i 1936. Seans gur shíl foilsitheoirí *Tonn Tuile* gur dul chun cinn a bhí i saothar Uí Néill toisc nár bhain sé le litríocht ‘thraidisiúnta’ na Gaeltachta. Ní hé saol tuaithe a bhí á nochtadh ag Ó Néill ach an saol uirbeach comhaimseartha. Ábhar spéise go luafaí cineál áirithe Gaeilge leis an saol comhaimseartha céanna. Luadh cheana an Béarlachas a cuireadh i leith shaothar Airt Uí Riain agus seans gur measadh sa bhliain 1947 go raibh dul an Bhéarla ar chuid de phrós Uí Néill. Féach, mar shampla, abairt dheireanach an ailt thuas. Ar a shon sin, gné shuntasach den chiorclán fógraíochta a cuireadh amach le foilsíú *Tonn Tuile* gur tarraingíodh aird ar an gcineál Gaeilge a bhí ann, amhail is gur dul chun cinn inmholta a bhí i dteanga agus in ábhar an úrscéil. D’fhéadfaí a áitiú leis, ar ndóigh, gur

<sup>216</sup> Ó hÉigearthaigh, Cian agus Aoileann Nic Gearailt *Sáirséal agus Dill 1947-1981*, 23.

<sup>217</sup> Ó Grianna, Séamus (1942) *Mo Dhá Róisín*, Baile Átha Cliath: Faoi chomhartha na dtrí gcoinneal, 5. [Foilsíodh den chéad uair 1921]

<sup>218</sup> Ó Néill, Séamus, *Tonn Tuile* (1974), Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 94. [Foilsíodh den chéad uair 1947]

díríte ar an léitheoir, arbh í an Ghaeilge a dhara teanga, a bhí teachtaireacht an chiorcláin sin, agus go rabhthas ag tabhairt le fios don léitheoir, nach gcuirfeadh léamh *Tonn Tuile* an oiread dua air is a chuirfeadh saothar scríbhneora Gaeltachta.

Ní hionann sin is a rá, áfach, nach bhfuil saibhreas teanga le tabhairt faoi deara in úrscéal nua-aoiseach Uí Néill. Is féidir, mar shampla, macalla den chur síos rómánsach a dhéantar ar an dúlra i dtús *Mo Dhá Róisín* a aithint ar thús *Tonn Tuile*. Tugann Ó Grianna cuntas ar áilleacht agus ar uaigneas an cheantair, agus a gcuid eallaigh á gcruinniú ag na fir i ndeireadh an lae ‘sul a dtéigheadh sé ‘chailleadh an tsoluis.’<sup>219</sup> Is féidir an t-atmaisféar céanna a aithint in *Tonn Tuile* sa chur síos a dhéantar ar ‘na dea-dhaoine ag tabhairt aire do na finiúna ar thaobhanna grianúra na gcnoc mar a rinne a seacht sinsir rompu.’<sup>220</sup> Tugadh suntas do chomhaimsearacht *Tonn Tuile* in *Scéala Éireann* a dúirt go raibh ann ‘a genuine quest for the values that underline our present-day lives.’<sup>221</sup> Cuireadh amach ciorclán fógraíochta eile mar chuid den mhargaíocht a rinneadh ar *Tonn Tuile* inar tugadh suntas do na moltaí éagsúla a tugadh don úrscéal sna nuachtáin agus sna hirísí éagsúla. Cuireadh béim ar nuaíocht an úrscéil. Bhí *An Ciarraíoch* ag teacht le *The Irish Independent* a mhaigh nach raibh ‘a leithéid i litríocht na hÉireann’, nuair a dúradh ann go raibh ‘clais nua treafa ag Séamus Ó Néill sa leabhar seo.’ Dar le *Indiu*, ba é *Tonn Tuile* an leabhar ba thábhachtaí ‘le fiche bliain’ agus áitíodh in *The Evening Herald*: ‘If Gaelic literature is to survive, it must produce more of such stories.’<sup>222</sup> Luann Ó hÉigeartaigh agus Nic Gearailt gur díoladh 1,300 den úrscéal i 1947, a bhformhór ‘trí na cumainn’ rud a chuir tús leis an gClub Leabhar i 1948, trínar díoladh 780 cóip eile ar leathphraghas le baill an chlub. Cuireadh fógra in *The Irish Times* ar 11/12/1948 a mhaigh gurbh é *Tonn Tuile* ‘the year’s best seller’. Faoin mbliain 1964, díoladh 2,100 cóip. B’fhéidir nach líon mór é sin, ach mar a deir Ó hÉigeartaigh agus Nic Gearailt: ‘Go dtí an lá atá inniu ann, d’aireofaí gur díolachán maith ar úrscéal Gaeilge 2,100.’<sup>223</sup> Cuireadh athchló ar an saothar i 1974 ‘ar iarratas ó scoileanna agus ó ollscoileanna’. Ba sa seanchló Gaelach a rinneadh an t-athchló sin, seachas an deis a thapú leis an gcló Rómhánach a bhualadh air, rud a chuirfeadh béim, b’fhéidir, ar chomhaimsearacht an úrscéil.

Ó thaobh ábhair de, díritear ar mheánaicme chathair Bhaile Átha Cliath, faoi mar a bhí sí ag teacht chun cinn in aimsir an Dara Cogadh Domhanda agus léirítear an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag gnéithe de mheon agus de chur chuige na haicme céanna ar an gcaidreamh pearsanta idir Liam de Faoite agus a bhean, Eibhlín, agus iad ag tosú amach ar a saol pósta. Sa léirmheas a rinne sé ar *Tonn Tuile* in *The*

---

<sup>219</sup> Ó Grianna, Séamus *Mo Dhá Róisín*, 2.

<sup>220</sup> Ó Néill, Séamus *Tonn Tuile*, 1-2.

<sup>221</sup> Ó hÉigeartaigh, Cian agus Aoileann Nic Gearailt, *Sáirséal agus Dill 1947-1981*, 23.

<sup>222</sup> *Ibid.*, 24.

<sup>223</sup> *Ibid.*, 26.

*Dublin Magazine*, chreid Liam Ó Briain gur tarraingíodh ‘a very realistic picture of middle-class Irish-Ireland Dublin’<sup>224</sup> san úrscéal céanna. Tháinig David Greene, sa léirmheas a rinne sé in *The Irish Times*, le tuairim Uí Bhriain nuair a mhaígh sé gur tarraingíodh pictiúr dílis den ‘nascent bourgeoisie’ in *Tonn Tuile*. Thairis sin, áfach, ba bheag moladh a thug Greene don úrscéal:

It is impossible to take seriously this insurance agent from the North, with his journalism and his ill-defined literary ambitions while his wife, who slips so easily and happily into the role of a suburban matron, is a mere foil.<sup>225</sup>

Seans nár thug Greene faoi deara sa léirmheas sin go bhféadfaí á áitiú gurbh é sin go díreach a bhí i gceist ag Ó Néill, nár cheart don léitheoir glacadh le Liam mar phearsa ‘dháiríre’ toisc go raibh sé á aoradh ó thús deireadh an tsaothair. Dar le Greene, áfach, bhí Ó Néill róthógtha le ‘social and political problems to allow his characters to develop any real personalities.’<sup>226</sup> Cheistigh Greene struchtúr an úrscéil, chomh maith:

As for construction, could anything be more novelettish than the hero’s *passade* with an old flame and the death of his daughter, all compressed into four pages, after which the book comes to a sudden stop from sheer inanition?<sup>227</sup>

D’fhoilsigh *The Irish Times* litir ó Madeleine Dempsey, go gairid i ndiaidh léirmheas Greene inar thug Dempsey freagra ar an léirmheas a bhí, dar léi, ‘flippant’:

To say, as your reviewer does, that it is “novelettish” is as unfair as it is lacking in understanding. The whole point of the story lies in the clash of personalities between husband and wife in the early years of married life and in the hero’s struggle to reconcile the dream and reality, and not the minor episode between husband and “old flame” which is only a frame, as it were, in which to fit the larger drama.<sup>228</sup>

Ábhar suime é litir Dempsey mar gur dhuine de lucht léitheoireachta na Gaeilge í a thug ‘a full-grown novel from the Galltacht’ ar *Tonn Tuile*, agus a raibh seoladh aici ar ‘Waterloo Road’, ceantar meánaicmeach i mBaile Átha Cliath 4. D’fhéadfaí a rá gur léitheoir í Dempsey ar a raibh saothar Uí Néill dírithe. Sa chomhthéacs sin, díol suime go ndúirt sí faoi charachtair Uí Néill: ‘Most of his people seem to have stepped out of the pages of life, and speak the language of our homes.’<sup>229</sup> Dar le Seán Ó Tuama, áfach:

Is dócha gurb é an t-úrscéal ag Séamus Ó Néill, *Tonn Tuile* (1947) an chéad iarracht ceardúil ar shaol nua-aimseartha na cathrach a léiriú trí mheán na Gaeilge [...] Is deacracht mhór í [...]

---

<sup>224</sup> Luaite in Philip O’Leary (2011) *Writing beyond the revival, facing the future in Gaelic prose 1940-57*, Dublin: University College Dublin Press, 147.

<sup>225</sup> Greene, David ‘An Irish novelist’, *The Irish Times* 10/4/1948.

<sup>226</sup> Ibid.

<sup>227</sup> Ibid.

<sup>228</sup> Dempsey, Madeleine, litir chuig an eagarthóir, *The Irish Times*, 15/4/1948.

<sup>229</sup> Ibid.



saol agus meanma na cathrach a chruthú i dteanga nach teanga phobail í in aon chathair [...] Fágann seo go léir na príomhphearsana is na príomhimeachtaí seirgthe, gan anam.<sup>230</sup>

Fillfear ar an bpointe sochtheangeolaíoch a luann Ó Tuama faoin nGaeilge san úrscéal uirbeach i gCaibidil 3. Tugann léirmheastóirí eile suntas don choimhlint a thagann chun cinn sa phósadh mar gheall ar thionchar ghnéithe áirithe de mheon na meánaicme ar phearsantacht Liam, an fhéinspéis agus an stádas ach go háirithe. Sa léirmheas a rinne sé in *Feasta*, mheas Tomás Ó Muircheartaigh gurbh é pearsantacht na beirte faoi ndear an choimhlint:

Is é bunús na coinbhliochta san úrscéal seo pearsantacht na príomh-bheirte...agus is coinbhliocht í, an difir idir a saol pósta fé mar bheartaíodar go mbeadh sé agus fé mar a bheir cora saoil a linne dóibh, agus a gcaidreamh ar a chéile, a chaitheamh<sup>231</sup>

Ar mhí na meala sa Ghearmáin don lánúin i dtús an leabhair, tugtar nod faoin gcoimhlint sin nuair a luann Liam nach raibh Gearmáinis ar bith ag Eibhlín ‘agus d’fhág sin í go mór i dtuilleamuí ormsa.’<sup>232</sup> Mar gheall ar an mbéim a chuirtear ar fhéinspéis Liam i rith an úrscéil, is féidir a rá gur gné den léiriú a thugtar ar mheánaicme na cathrach í an fhéinspéis chéanna. Cé go bhfuil post oifige aige, tá sé i gceist ag Liam dul le scríbhneoireacht: ‘Leis an fhírinne a rá bhí mé cinnte go scríobhfainn leabhar a d’fhágfadh mé ar phríomh-scríbhneoirí na linne seo, agus go mbeinn in ann éirí as an oifig ar fad. Sin an cuspóir a bhí romham.’<sup>233</sup> Tá blas láidir na hioróine le haireachtáil ansin, gné de stíl an údair a thugann an-éifeacht don aoradh atá á dhéanamh ar luachanna na meánaicme. Toisc go dteastaíonn uaidh dul go lán-aimseartha leis an scríbhneoireacht, deir Liam nach raibh brón air ‘gur chuir tuar an chogaidh isteach ar mhí na meala.’<sup>234</sup> Is féidir bua grinn an údair a aireachtáil sa tslí go gcreideann Liam gur chun sochair dó é ‘tuar’ an Dara Cogadh Domhanda. Ní amháin sin, ach tháinig mí na meala idir é agus a mhian. Tugtar nod don léitheoir ansin nach mbeidh gealladh faoin bpósadh agus gur mar gheall ar dhearcadh Liam i leith an phósta a bheidh sé amhlaidh. In alt critice dá chuid, deir Mícheál Ó Duibhir gur ‘duine intleachtúil’ é Liam, ‘braitheann sé go bhfuil caighdeán áirithe le coimeád aige.’<sup>235</sup> Cuirtear ina luí ar an léitheoir, áfach, gur carachtar bréagintleachtúil den mheánaicme nua nó an ‘nascent bourgeoisie’ é an ‘duine intleachtúil’ sin. Tugann Philip O’Leary suntas don duine céanna nuair a deir sé: ‘Liam de Faoite...an insufferable intellectual snob and a prig – judgemental, selfish, and sexist.’<sup>236</sup> Ina choinne sin, sa léirmheas a rinne sé ar *Máire Nic Artáin* (1959), dúirt Seán Mac Réamoinn gur ‘mór idir phearsain shimplí an scéil seo agus na daoine sofaisticiúla a casadh orainn in *Tonn Tuile*.’<sup>237</sup> Maidir

<sup>230</sup> Ó Tuama, Seán (1981) ‘Úrscéalta agus fáisnéisí beatha na Gaeilge: na buaicphointí’ *Scríobh* 5, 158.

<sup>231</sup> Ó Muircheartaigh, Tomás (1948) ‘Léirmheas ar *Tonn Tuile*, *Feasta*, Aibreán, 11.

<sup>232</sup> Ó Néill, Séamus *Tonn Tuile*, 2.

<sup>233</sup> *Ibid.*, 6.

<sup>234</sup> *Ibid.*

<sup>235</sup> Ó Duibhir, Mícheál (1968) ‘Lucht na Cathrach’, *Irisleabhar Mhá Nuad*, 26.

<sup>236</sup> O’Leary, Philip, *Writing beyond the revival*, 50.

<sup>237</sup> Mac Réamoinn, Seán (1960) ‘Saothraí leanúnach’ *Comhar*, Iúil, 22.

leis na tuairimí éagsúla a nocht idir léirmheastóirí agus lucht critice, is ait le scríbhfeoir an tráchtais seo nach bhfaca go leor acu chomh láidir is atá gné na haoire san úrscéal. Chreid Tomás de Bhaldraithe, áfach, gur d'aonghnó a cruthaíodh pearsa dhéisteanach Liam: 'T de B believed that O'Neill deliberately created his narrator as a repellent egoist.'<sup>238</sup> Measann de Bhaldraithe go dtugtar 'léiriú ar mheon agus ar aigne an tsuaracháin seo ar chuma a chuireann scanradh, nach mór, ar an léitheoir.'<sup>239</sup> Dá réir sin, is féidir a rá go dtugann carachtar Liam léargas dúinn ar thréithe áirithe a shamhlaítear go rialta le lucht mheánaicme na cathrach. Agus é ag siúl amach le hEibhlín, is maith leis a cheapadh go bhfuil féith na hintleachta aici. Tugann sí le fios dó nach bhfuil sí go maith ag cócaireacht. Taitníonn sin leis mar: 'Ní fhacthas domh go rabh mórán agra chinn ag na mná a bhí iontach maith i mbun toighe.'<sup>240</sup> Admhaíonn sé ina dhiaidh sin go dtuigeann sé 'anois nach maith le bean ar bith dá intleachtaí í tú droch-chócaireacht a chur síos di.'<sup>241</sup> Tugtar an-léiriú ar an mbréagintleachtúlachas nuair a thugann Liam agus Eibhlín cuairt ar mhuintir Liam. Deir Liam nach raibh 'ábhar cainte' acu beirt lena mhuintir: 'Níor thrácht siad ar litríocht nó ar an dráma, agus chuir sé sin mío-shásamh orainn.'<sup>242</sup>

Dar le Alan Titley:

In ainneoin a raibh d'úrscéalta Gaeilge scríofa faoi shuíomh cathrach roimh *Tonn Tuile*, mar sin, tá dealramh réasúin le hionad faoi leith a thabhairt dó de bharr an chuntais a thugann sé dúinn ar chúraimí na meánaicme agus ar an saol leamh bréagchultúrtha a bhí á chaitheamh acu.<sup>243</sup>

Is gné de na cúraimí sin an dúil sna healaíona, mar a fheictear do Liam í. Sa chuairt sin ar a mhuintir, deir sé gur iarr a mháthair ar cheoltóir na 'Liebestraume' a sheinm mar gur 'maith léi a thaisbeaint go rabh eolas aici ar a leithéid.'<sup>244</sup> Is cruthú ar dhúil a mháthar sna healaíona gur chuala Liam 'í ag rá "Lord Ullin's Daughter" nó ag ceol "Underneath the Gaslights' Glitter."<sup>245</sup> Is dán maoithneach leis an bhfile Albanach, James Campbell é 'Lord Ullin's Daughter' agus is líne as an amhrán grá maoithneach 'Won't you buy my pretty flowers' le Arthur W. French agus George W. Persley é 'Underneath the Gaslights' Glitter'. Léiríonn na tagairtí sin mar atá dúil Liam sna healaíona á haoradh, go háirithe nuair nach bhfuil teideal an amhráin aige. Gné eile de na cúraimí sin is ea an dúil san airgead a léirítear nuair a cheannaíonn an lánúin teach i Ráth gCearr, ceantar i ndeisceart na cathrach, a raibh an-tóir air thart ar aimsir an chogaidh, mar a luadh in alt a foilsíodh in *The Irish Times* i dtús 1947.<sup>246</sup> Luadh san alt gur díoladh teach amháin, a raibh £320 air nuair a tógadh é, ar £1,825. Thug Liam agus Eibhlín £900 ar

<sup>238</sup> O'Leary, Philip, *Writing beyond the revival*, 150.

<sup>239</sup> Luaite in Philip O'Leary, *Writing beyond the revival*, 150.

<sup>240</sup> Ó Néill, Séamus, *Tonn Tuile*, 10.

<sup>241</sup> *Ibid.*,

<sup>242</sup> *Ibid.*, 14.

<sup>243</sup> Titley, Alan, (1991) *An tÚrscéal Gaeilge*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 174.

<sup>244</sup> Ó Néill, Séamus, *Tonn Tuile*, 15.

<sup>245</sup> *Ibid.*

<sup>246</sup> Féach: *The Irish Times*, 'From the archives' 3/1/2011.

theach ann. Luann Liam costas an troscáin agus deir sé faoi chostas an tí: ‘Mheasamar go bhfuairéamar saor é ar naoi gcéad punta.’<sup>247</sup> Creideann Liam gur duine intleachtúil é, ach mar sin féin, is maith leis go mbeadh a fhios againn cén luach atá ar an sealúchas atá aige. Is duine íogair freisin é, a théann ag siúl i bhFaiche Stiabhna agus a thugann suntas do: ‘Na tiúlaipí go maordha galánta,’<sup>248</sup> a fhad is atá a bhean ag súil le breith san ospidéal. ‘Fear nua-aimseartha’ é a théann isteach go ‘toigh Reon’ lena bhean le gúna nua a cheannach léi mar: ‘Bhí meas aici ar mo bharúlca, mar níor náir liom suim a chur in éadaí ban.’<sup>249</sup> Baineann Eibhlín triail as trí ghúna, ach is fearr le Liam an gúna dubh toisc go samhlaítear dó go bhfuil Eibhlín cosúil ‘le bean a chasfaí ort in úrscéal le Jane Austen,’<sup>250</sup> sa ghúna sin. Tá tábhacht ag baint leis na ‘comharsana cearta’ a bheith aige, leis:

Ba dheas an péire iad. Agus cé go rabh cúram toighe is cloinne ar Nórainn níodh sí cuid mhór léitheoireachta. Ba chéimí ollscoile í, agus is ag teagasc a bhí sí sul má pósadh í. Ba thuairisceoir ar an “Independent” a fear, cé nár thaitin dearcadh an pháipéir leis.<sup>251</sup>

I dtuairim Liam, locht beag ar na comharsana gur leis an “*Independent*” a bhíonn fear Nóra ag obair, seachas an “*Times*”, rogha nuachtáin Liam.

Chreid Tomás Ó Muircheartaigh gur locht ar an leabhar é gur trí shúile an phríomhcharachtair a ríomhtar an scéal. Dar leis: ‘Is minic an léitheoir in amhras an iad tuairimí an údair nó tuairimí fir inste an scéil a bhíos á léamh aige. Tá an easpa sin na daonnachta le brath ar fuaid an úrscéil.’<sup>252</sup>

Is d’aon ghnó, áfach, atá an ‘easpa daonnachta le brath ar fuaid an úrscéil’ ar mhaithe le léiriú a thabhairt ar thábhacht an stádais i gcás lucht na meánaicme. In aiste dá cuid faoi shaothar Uí Néill, feictear do Mháiréad Ní Shé ‘go léirítear tuairimí an údair ar cheisteanna sóisialta agus polaitiúla trí mheán an phríomhcharachtair.’<sup>253</sup> De réir an léimh sin, is féidir a rá gurb é dearcadh an údair i leith meánaicme na cathrach atá á léiriú ‘trí mheán an phríomhcharachtair’. Maíonn Ní Shé gur bhraith Ó Néill féin ‘an cúngachas agus dearcadh caomhnach duairc na meánaicme ag brú isteach air ó gach taobh.’<sup>254</sup> Is é an dearcadh céanna a thagann idir Liam agus a chaidreamh pearsanta le hEibhlín. Creideann Ó Muircheartaigh gur locht ar phearsantacht Liam easpa ‘féith an ghrinn’<sup>255</sup> a bheith ann, ach b’fhéidir gur san aoradh a dhéantar ar chúraimí mheánaicme an cathrach trí mheán an phríomhcharachtair atá ‘féith an ghrinn’ le haithint. Is féidir an greann sin a aithint sa sotal a chuirtear

---

<sup>247</sup> Ó Néill, Séamus, *Tonn Tuile*, 16.

<sup>248</sup> *Ibid.*, 18.

<sup>249</sup> *Ibid.*, 105.

<sup>250</sup> *Ibid.*

<sup>251</sup> *Ibid.*, 20.

<sup>252</sup> Ó Muircheartaigh, Tomás, *Léirmheas ar Tonn Tuile*, 11.

<sup>253</sup> Ní Shé, Mairéad (1987) ‘Séamus Ó Néill, saol agus saothar’, *Irisleabhar Mhá Nuad*, 72.

<sup>254</sup> *Ibid.*, 72.

<sup>255</sup> Ó Muircheartaigh, Tomás, *Léirmheas ar Tonn Tuile*, 11.

i leith an phríomhcharachtair. Nuair a sheolann Emer Ní Bhriain litir chuige ag lorg comhairle faoi chúrsaí cleamhnais, ní amháin gur maith leis go ndéanfadh Emer amhlaidh, ach tapaíonn sé an deis lena dhearcadh i leith páirt Eibhlín sa phósadh aige féin a chur abhaile ar an léitheoir:

Eibhlín a thóg an litir, agus a thug domh í. Níor chuir sí ceist orm cé uaidh a tháinig sí, agus níor dhúirt mé focal léi fá dtaobh di. Ba sin socrú a rinne muid ar tús. Bhí saoirse le bheith againn. Ní bean tubáin a bheadh in Eibhlín. Bhí deireadh le n-a leithéid sin. Deireadh leis an am nuair a b'ionann pósadh agus bráideanas agus sclábhaíocht ag an bhean, nuair nárbh eol di aon-rud taobh amuigh de bhallaí an toighe, nuair nár léigh sí ach an leabhar urnaí ar an Domhnach, nuair a d'aontaigh sí le n-a chéile fir in achan ní. Bhí a athrach sin le bheith againn. Bheadh an bheirt againn in ann forbairt ar ár ndóigh féin. Bheadh suim againn in achan rud. Go háirithe i dtaca le hEibhlín de, dhéanfaimis cinnte de nach gcuirfeadh an pósadh deireadh le feidhmiú a h-intleachta. Bheadh am aici le léitheoireacht a dhéanamh, le dhul chuig an amharclann, chuig na taisbeántais ealaíon.<sup>256</sup>

Léiriú maith é an t-alt sin ar stíl aorach an údair. Dá léifí an t-alt gan gné na haoire a thabhairt faoi deara ann, is cinnte go gcuirfeadh uirísleacht Liam i leith a chéile déistean ar an léitheoir. Ní thabharfadh an léitheoir céanna brí an ailt leis, áfach. Is é an t-aoradh atá á dhéanamh ar thuairimí Liam i leith pháirt a chéile sa phósadh príomhghné an ailt. Deir Liam i dtús an ailt go bhfuil 'saoirse' le bheith acu beirt sa phósadh. Tugann sé cur síos ina dhiaidh sin ar an bpáirt a bheidh ag Eibhlín sa phósadh amhail is gur cuid de thurgnamh sóisialta í, turgnamh a bheidh á stiúradh aige féin agus a mbeidh an cultúr a shamhlaíonn sé leis an meánaicme ina théarma tagartha aige. Cuirtear le géire na haoire i dtreo dheireadh an ailt nuair a deir Liam go ndéanfaidh siad cinnte de 'nach gcuirfeadh an pósadh deireadh le feidhmiú na h-intleachta', 'go háirithe i dtaca le hEibhlín de'. Seachnaítear an searbhas, áfach, agus nuair a luann Liam 'an amharclann' agus 'taisbeántais ealaíon', tugtar cuireadh don léitheoir seasamh siar ón bpríomhcharachtar, a thabhairt faoi deara gur ag magadh faoin gcarachtar céanna atá an t-údar agus gur aoir éadrom atá san alt, seachas cáineadh searbhasach. Is í an ghné sin de stíl an údair a thugann éifeacht don nochtadh géarchúiseach a dhéantar ar bhréagluachanna na meánaicme. De réir mar a théann Liam i ngleic le saol an fhir phósta, tugtar léargas don léitheoir ar an tslí a dteipeann ar an bpósadh céanna mar gheall ar an seasamh a ghlacann Liam faoin gcultúr a shamhlaíonn sé leis an meánaicme. Is mór le Liam an cairdeas a fhásann idir Eibhlín agus bean de chuid na gcomharsan 'nach rabh aon-oideachas aici.'<sup>257</sup> Tá faitíos air go gcuirfeadh deireadh leis an bplean a bhí aige d'Eibhlín:

Dar liom go bhfaca mé ansin í 'na suí cois na teine í ag cleiteáil nó ag fuáil, agus gan í in ann labhairt ar aon-rud ach ar chleiteáil agus ar fhuáil nó ar níochán, agus gan í in ann smaoineadh ar aon-rud ach ar chleiteáil, agus ar fhuáil agus ar níochán, agus í ag éirí reamhar agus gránna.<sup>258</sup>

Is féidir bua grinn an údair a bhrath ansin san athrá a dhéantar ar 'chleiteáil' 'fuáil' agus 'níochán', poisínteachtaí tí a chuireann alltacht ar Liam toisc go n-éireoidh Eibhlín 'reamhar agus gránna' agus í i

<sup>256</sup> Ó Néill, Séamus, *Tonn Tuile*, 83.

<sup>257</sup> *Ibid.*, 85.

<sup>258</sup> *Ibid.*, 86.

mbun na bpoisínteachtaí sin. Agus é ag trácht ar charachtar Liam, measann Ó Muircheartaigh: ‘Thuigfeá do Goering agus an fonn a thagadh air breith ar ghunnán gach uair dá gcloisfeadh sé an focal cultúr, ach caint agus smaointe an fhir seo ar an gcultúr a léamh.’<sup>259</sup> Is léiriú é tuairim Uí Mhuircheartaigh ar an mbealach a n-éiríonn le *Tonn Tuile* tuairim an údair i leith mheánaicme na cathrach a chur abhaile ar an léitheoir. De réir a chéile, tugtar le fios gur tábhachtaí an stádas ná an caidreamh pearsanta sa phósadh seo agus sa tslí sin, is léiriú é an pósadh idir Liam agus Eibhlín ar thionchar choincheap na haicme ar an gcaidreamh pearsanta. Creideann Áine Nic Liagha ‘dá ndéanfadh an t-údar póirseáil isteach in intinn na mná mar a rinne sé in intinn a fir, giota litríochta iontach a bheadh sa scéal.’<sup>260</sup> Cé gur fíor nach mbactar mórán le hintinn na mná a iniúchadh, is féidir a rá gur ar mhaithe le róthábhacht an stádais i bpearsantacht Liam a léiriú atá Eibhlín amhlaidh agus go gcuireann an easpa ‘póirseála’ leis an léiriú sin. Nuair a luann Liam a mhíshástacht i leith an chairdis idir Eibhlín agus Bean Uí Cheallaigh, bristear ar fhoighid Eibhlín, a thugann freagra searbhasach ar cheist Liam faoin mbean chéanna:

“ An dtig léi labhairt ar rud ar bith diomaite d’fho-éadaigh na bpáistí?”

“Níl sin cliste ar chor ar bith. Síleann tusa gur genius tú féin, ach ní fhuair muid aon-dearbhu ar sin go fóill.”<sup>261</sup>

Molann Mac Uí Raithbheartaigh, bainisteoir oifig Liam, d’Eibhlín aire mhaith a thabhairt do Liam mar ‘nach ionann na geniuses seo, agus an chuid eile againn.’<sup>262</sup> Tá Liam i bhfad róleitheadach le tabhairt faoi deara go mb’fhéidir gur ag magadh faoi atá bainisteoir na hoifige. Ina áit sin, taitníonn an moladh leis agus deir sé: “‘Is beag atá cosúil leat,’ arsa mise liom féin.”<sup>263</sup> Ní hamhlaidh d’Eibhlín, áfach: ‘Níor dhúirt sí ach an t-aonfhocal amháin, gan dearcadh thart. “Genius!”’<sup>264</sup> Agus í ag trácht ar stíl Uí Néill, measann Ní Shé gur:

Scríobh Séamus go fírinneach faoin saol agus faoi na daoine a raibh aithne aige orthu. Ní dhéanann sé leatrom ar aon taobh. Ní ag bolscaireacht nó ag teagasc, ag clamhsán ná ag tromaíocht a bhíonn sé.’<sup>265</sup>

Sa tslí sin, tugtar léargas ar thionchar thréithe áirithe de chuid na meánaicme ar institiúid an phósta agus fágtar faoin léitheoir é an tionchar céanna a mheas. Áitíonn Ní Shé go bhfuil carachtair Uí Néill ar aon dul le ‘muintir an tsaoil’. Dar léi: ‘Tá siad ag iarraidh a bpearsantacht a léiriú.’<sup>266</sup> I gcás Liam, cuirtear béim ar thréithe meánaicmeacha a phearsantachta. Agus an phearsantacht sin á meas ag Tomás de Bhaldraithe, deir sé: ‘Níl aon bhaothrómansaíocht ann, tá an fhírinne ann agus tá a fhios ag an saoghal

<sup>259</sup> Ó Muircheartaigh, Tomás, Léirmheas ar *Tonn Tuile*, 11.

<sup>260</sup> Luaite in Philip O’Leary, *Writing after the revival*, 149.

<sup>261</sup> Ó Néill, Séamus, *Tonn Tuile*, 119.

<sup>262</sup> *Ibid.*, 153.

<sup>263</sup> *Ibid.*

<sup>264</sup> *Ibid.*, 154.

<sup>265</sup> Ní Shé, Mairéad, ‘Séamus Ó Néil, saol agus saothar’, 99.

<sup>266</sup> *Ibid.*, 99.

go mbíonn an fhírinne searbh.<sup>267</sup> Is í an fhírinne sin ná gur tabhachtaí do Liam stádas na meánaicme ná a chaidreamh pearsanta le hEibhlín. Is é an dúil sa stádas sin faoi ndear a fhéinspéis, a dhúil sna healaíona agus a dhúil san airgead. Déantar aoradh, leis, ar thuairim Liam i leith na clainne atá, dar leis, le bheith air féin agus ar Eibhlín:

Bheadh páistí againn, ach ní bheadh barraíocht. Agus ní leigfimis dóibh sin ár saol féin a ghoid uainn. B'fhearr iad dá bharr sin. B'fhearr muidinne fosta. Níor bhféidir don mháthair a bhí i gcomhnaí crom le hobair an toighe tógáil cheart chultúra a thabhairt dá cloinn.<sup>268</sup>

Creideann an fealsamh Alain de Botton gur féidir le buairt stádais (*status anxiety*) teacht salach ar chaidreamh pearsanta an duine. Dar leis, ní ionann grá rómánsach agus stádas an ghrá. Iad siúd a thairgeann stádas an ghrá do dhuine, bíonn cúis eile acu leis níos minicí ná a chéile.<sup>269</sup> I dtuairim an léitheora seo, léirítear in *Tonn Tuile* gurb é stádas na meánaicme cúis eile Liam, agus mar gheall air sin, teipeann air dul chun cinn a dhéanamh sa chaidreamh pearsanta atá aige le hEibhlín. Tuairimíonn O'Leary go dtugtar léiriú síceolaíoch ar an gcaidreamh céanna sa leabhar.<sup>270</sup> Is é an cultúr a shamhlaíonn Liam le meánaicme na cathrach a thagann idir é agus Eibhlín. Tá ionadh air gur cara le hEibhlín í Bean Uí Cheallaigh nach dóigh leis 'gur léigh sí leabhar ariamh.'<sup>271</sup> Cuireann a chuid tuairimí isteach ar Eibhlín a bhéiceann air an teach a fhágáil agus gan teacht 'arais go deo'.<sup>272</sup> Mar gheall ar a fhéinspéis féin, imíonn Liam leis 'isteach i gcaifé bheag i sráid Dasoin',<sup>273</sup> ar mhaithe lena mhachnamh a dhéanamh ar an bpósadh: 'Ní oireann an pósadh do chuid de na daoine. Ar bhféidir d'athrach mar sin theacht ar Eibhlín. Laige na mban! Rabh a leithéid ann go fíor?'<sup>274</sup> Lámh le Sráid Grafton, ar ndóigh, atá 'sráid Dasoin', ceantar 'faiseanta' i ndeisceart na cathrach. Luadh cheana go ndeachaigh Liam ag siúl i bhFaiche Stiabhna agus is cliste mar a thugtar le fios gurb é ceantar Shráid Grafton an ceantar cathrach is ansa le Liam agus le hEibhlín.

Ba mhaith le Liam go labhródh Eibhlín Gaeilge lena n-iníon, Brighid, agus nuair a deir Eibhlín go labhróidh sí a 'rogha rud' le Brighid, tá eagla ar Liam gur 'Béarla an chailín aimsire'<sup>275</sup> a bheidh ag Brighid. Cé go n-iarrann Eibhlín ar an gcailín aimsire, Sorcha, gan Béarla a labhairt le Brighid mar nár 'mhaith léi go mbeadh Brighid ag tógáil an cineál Bearla a bhí aici'<sup>276</sup> éiríonn idir Eibhlín agus Liam de bharr imní stádais Liam. Mar a luadh, áitíonn Ní Shé go 'léirítear tuairimí an údair ar cheisteanna

---

<sup>267</sup> Luaite in Philip O'Leary, *Writing beyond the revival*, 147.

<sup>268</sup> Ó Néill, Séamus, *Tonn Tuile*, 83-4.

<sup>269</sup> Féach Alain de Botton, (2005) *Status Anxiety*, London: Penguin, 11.

<sup>270</sup> O'Leary, Philip, *Writing beyond the revival*, féach lch. 147.

<sup>271</sup> Ó Néill, Séamus, *Tonn Tuile*, 119.

<sup>272</sup> Ibid.

<sup>273</sup> Ibid., 120.

<sup>274</sup> Ibid.

<sup>275</sup> Ibid., 123.

<sup>276</sup> Ó Néill, Séamus *Tonn Tuile*, 133.

sóisialta agus polaitiúla trí mheán an phríomhcharachtair’,<sup>277</sup> ach nuair a bhíonn ‘an cúngachas agus dearcadh duairc na meánaicme’<sup>278</sup> i gceist, is féidir a rá gurb í Eibhlín a léiríonn tuairimí an údair. Dar le O’Leary: ‘The narrator’s wife, Eibhlín, is presented as a childish and unreasonable nag throughout’<sup>279</sup>, ach is toisc nach bhfuil sí sásta glacadh le meánaicmeachas Liam atá sí amhlaidh. Nuair a dhéanann Liam iarracht a chur ina luí ar Eibhlín gur cheart di leagan Gaeilge de ghearrscéalta tSecobh seachas scéalta lorgaireachta a léamh, cuireann sí alltacht air nuair a deir sí go bhfuil gearrscéalta tSecobh leadránach. Deir sí ina dhiaidh sin go bhfuil Liam ‘as a chéill’ a cheapadh go gcaithfidh sí na leabhair a mholann seisean di a léamh.<sup>280</sup> Léiríonn an eachtra chéanna nach bhfuil Eibhlín sásta cur suas le ‘dearcadh duairc na meánaicme’ agus is mar gheall air sin, go príomhdha, a theipeann ar an bpósadh. Agus Ó Muircheartaigh ag trácht ar charachtair *Tonn Tuile*, ar den mheánaicme iad, maíonn sé nach ar mhaithe leis an meánaicme a mholadh atá siad amhlaidh, ach ar mhaithe le léargas a thabhairt ar ‘na lochta beaga suaracha’ atá acu agus ‘a méid atáid cheal chultúir.’<sup>281</sup> De réir mar a théann an caidreamh pósta in olcas, is í Eibhlín a thugann an léargas sin. Tugtar cur síos spéisiúil ar an mbuamáil a tharla ar 20 Nollaig 1940 nuair a thit dhá bhuama i gCuas an Ghainimh láimh le Dún Laoghaire agus arís nuair a thit buamáí i dTír an Iúir ar 1-2 Eanáir 1941, cé go luann Liam gur ‘thit pléascáin eile i Ráth gCearr in aice linn.’<sup>282</sup> Deir Liam, chomh maith, gur ‘marbhadh seachtar’ i Ráth gCearr, cé nár maraíodh duine ar bith, ach sna buamáí a thit ar an Trá Thuaidh ar 31 Bealtaine 1941, nuair a maraíodh 28 duine. Mar sin féin, tugtar cur síos ar an radharc uamhnach a shamhlófá a chonaic caomhnóir a tháinig ar an láthair, oíche na buamála ar an Trá Thuaidh:

Chonnaic mise go leor an oíche sin le samhnas a chur orm, conablaigh bhriste bhrúite, agus cabhail dhí-cheannta amháin, agus an fhuil ag sileadh as an stumpa de mhuinéal.<sup>283</sup>

Seans gurb é oíche na buamála ar an Trá Thuaidh atá i gceist nuair a éiríonn idir Liam agus Eibhlín faoi Liam ag dul amach leis na caomhnóirí oíche eile. Tá faitíos ar Eibhlín go ngortófar Liam má théann sé amach leis na caomhnóirí, ach ní ghéilleann Liam: ‘Fuair tallann milltineach feirge an bhuidh orm agus bhuaíl mé í.’<sup>284</sup> Is ‘lochta suarach’ ar Liam é an foréigean a léiríonn sé i leith Eibhlín agus an socrú a dhéanann sé dul go dtí ‘*Gone With The Wind*’ le hEmer Ní Bhriain go gairid ina dhiaidh sin.<sup>285</sup> Is féidir géire na haoire a aithint ar an socrú céanna, ar ndóigh, sa tslí go ndeachaigh Liam go dtí an phictiúrlann le hEmer seachas ‘amharclann’ nó ‘taispeántas ealaíona’, mar a bhí i gceist aige a dhéanamh le hEibhlín.

<sup>277</sup> Ní Shé, Mairéad, ‘Séamus Ó Néill, saol agus saothar’, 72.

<sup>278</sup> Ibid.

<sup>279</sup> O’Leary, Philip, *Writing beyond the revival*, 150.

<sup>280</sup> Féach Séamus Ó Néill, *Tonn Tuile*, 140-2.

<sup>281</sup> Ó Muircheartaigh, Tomás, ‘Léirmheas ar *Tonn Tuile*’. 11.

<sup>282</sup> Ó Néill, Séamus *Tonn Tuile*, 177.

<sup>283</sup> Ibid.

<sup>284</sup> Ibid., 182.

<sup>285</sup> Féach *ibid.*, 187.

Fiú agus an pósadh ar tí titim as a chéile, cuirtear in iúl go bhfuil Liam dall ar an bhfáth go bhfuil cúrsaí mar atá. Cuireann sé an locht ar Eibhlín: ‘Ise a ba chionntaigh. Í i gcomhnaí ag gabháil domh; ise a shearg an grá a bhí agam di, agus a d’fhag an bheirt againn gan aoibhneas.’<sup>286</sup>

Creideann Ó Duibhir gur trí mheán institiúid an phósta a chuireann Ó Néill príomhthéamaí a chuid úrscéalta chun cinn.<sup>287</sup> I gcás *Tonn Tuile*, is trí mheán na hinstitiúide céanna a thugtar léiriú ar an tionchar a bhí, dar leis an údar, ag an meánaicme bhuirgíseach nua, aicme shocheacnamaíoch a bhí ag teacht in inmhe i gcathair Bhaile Átha Cliath ag am a scríofa, ar an gcaidreamh pearsanta sa saol uirbeach. Tugtar an-léargas ar an tslí a bhféadfadh tréithe áirithe de chuid na haicme sin, an bréagintleachtúlachas, an fhéinspéis, an bréagchultúr agus imní faoi chúrsaí stádais, teacht salach ar chaidreamh pearsanta i gcás institiúid an phósta, go háirithe san aoradh géar a dhéantar ar an bpríomhcharachtar, Liam. Is mar gheall ar éifeacht stíl na haoire, a mbaintear feidhm aisti ó thús deireadh an úrscéil, a éiríonn leis an údar príomhthéama an tsaothair a chur abhaile ar an léitheoir. Gné thábhachtach den stíl sin is ea an greann géar a dhéantar faoi ‘luachanna suaracha’ na meánaicme trí mheán an phríomhcharachtair. Tá de bhuntáiste ag an ngreann céanna go seachnaítear an searbas a bhainfeadh de chumhacht na haoire. Gné éifeachtach eile de stíl sin an údair ná go n-insítear an scéal sa chéad phearsa. Tugann an teicníc sin le fios go bhfuil bá ag an údar le reacaire an úrscéil, ach éiríonn le Ó Néill príomhthéama an tsaothair a chur abhaile go caolchúiseach, agus dá réir sin, go láidir ar an léitheoir, leis an teicníc chéanna toisc gur a mhalairt atá fíor. Is féidir a rá, mar sin, gur éirigh go maith le *Tonn Tuile* príomhaidhm an údair a chur abhaile ar an léitheoir, tréithe áirithe de chuid mheánaicme chathair Bhaile Átha Cliath, mar a chonacthas don údar iad, a bhí ag teacht chun cinn ag am scríofa an úrscéil a nochtadh don léitheoir agus go mba thráthúil, dar leis, é an nochtadh céanna.

## **2.2 Máire Nic Artáin**

Foilsíodh *Máire nic Artáin*, an dara húrscéal le Séamus Ó Néill, i 1959. Díol suime gur fhoilsigh Cló Mórann seachas Sáirséal agus Dill an t-úrscéal céanna. D’fhoilsigh Cló Mórann cnuasach gearrscéalta, *Ag baint fraochan agus scéalta eile*, le Ó Néill i 1955, rud a fhágann go raibh baint ag Ó Néill le Cló Mórann sular foilsíodh *Máire Nic Artáin*. Mar sin féin, is aisteach nár thairg Ó Néill an dara húrscéal uaidh do Sháirséal agus Dill nuair a chuirtear san áireamh an dua a chaith an foilsitheoir sin le foilsiú agus le díol *Tonn Tuile*, mar a luadh. D’fhoilsigh Sáirséal agus Dill dhá dhráma le Ó Néill, *Iníon Rí Dhún Sobhairce* i 1960 agus *Faill ar an bhFeart* i 1967, rud a thugann le fios nár chuir an cinneadh a rinne Ó Néill i leith an dara húrscéal uaidh isteach ar an mbaint a bhí aige le Sáirséal agus Dill. Mar sin féin, nuair a roghnaíodh *Ar Thóir mo Shealbha* le Tarlach Ó hUí agus *Máire Nic Artáin* do shéasúr 1960 den

---

<sup>286</sup> Ó Néill, Séamus *Tonn Tuile*, 190.

<sup>287</sup> Féach Mícheál Ó Duibhir, ‘Lucht na cathrach’, 26.



Chlub Leabhar, luann Ó hÉigearthaigh agus Nic Gearailt gur chuir an dá rogha sin ‘olc ar Sheán Ó hÉigearthaigh’, mar a luaigh sé i litir a scríobh sé chuig Diarmaid Ó Murchú:

Tá mé ag teacht ar an tuairim go ndéantar rud ar bith ó Sháirséal agus Dill a léirmheas amhail is go mba dhráma le Shakespeare é. Ach an rud a thagann ó fhoilsitheoir eile, bíonn iontas ar dhaoine go bhfuil sé chomh maith sin agus moltar é láithreach.<sup>288</sup>

Ní luaitear cén meas a bhí ag Seán Ó hÉigearthaigh ar *Máire Nic Artáin*, ach is féidir a rá go dtugann an litir sin le fios gur chreid Ó hÉigearthaigh gur ‘moladh é láithreach’ toisc gur ‘ó fhoilsitheoir eile’ a tháinig sé. Chinntigh cinneadh an Chlub Leabhar, ar ndóigh, go raibh díol ar úrscéal Uí Néill agus go raibh cur amach ag léitheoirí na Gaeilge air.

Amhail *Tonn Tuile*, díritear arís ar an ról nó go fiú an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag aicme shocheacnamaíoch na cathrach ar an gcaidreamh pearsanta sa saol pósta. An t-am seo, is é aicme an lucht oibre, i ndeireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda i gcathair Bhéal Feirste, atá i gceist. Gné shuntasach de chultúr an lucht oibre sin ab ea an seicteachas, fórsa sochpholaitiúil, a maítear faoi in úrscéal Uí Néill, go bhfuil sé de chumas aige an caidreamh pearsanta sa saol pósta a mhilleadh. Ar aon dul le *Mo Dhá Róisín*, tugtar léargas ar phobal tuaithe Mháire Nic Artáin, a bhfuil cuma idéalach ar dtús air. ‘I dTír na hÓige’ an teideal atá ar an gcuid sin den leabhar agus an chosúlacht air gur ar mhaithe le comparáid a dhéanamh idir saol na tuaithe agus saol na cathrach atá sé. Tugtar léargas ar mhuintir an cheantair a bhfuil aithne acu ar fad ar Mháire agus ar a cara Bríd agus, sa tslí sin, cuirtear béim ar thábhacht mhuintearas an phobail tuaithe i gcomparáid le saol aduain na cathrach, macalla den tuairim a nocht Liam in *Tonn Tuile* roimhe sin nuair a chaill sé an ceangal a bhí aige le saol na tuaithe, ar a dtugann O’Leary ‘a bit of Direáinesque melancholia.’<sup>289</sup>

Ní raibh ionainn anois ach lucht na cathrach, cóip na sráide, dream gan cúl gan buainmheas a d’imeodh mar imíos an cubhar den tuinn; ní rabh ionainn ach anál ar an tsioc, scread ón traen san oíche.<sup>290</sup>

Os a choinne sin, tugtar an léitheoir ar thuras timpeall cheantar óige Mháire. Cuirtear muintir na háite in aithne don léitheoir, fear an tsiopa atá lách leis na gasúir, Tom Mac Domhnaill a thugann bláthach dóibh, Neansaí, bean Shéamuis Uí Ainbhith atá feargach leo, Diní Ó hAilpín a bhfuil rothar aige.<sup>291</sup> Dar le Ní Shé, is léiriú é an cur síos sa chuid sin den úrscéal ar shaol mhuintir na tuaithe gur ‘ar scáth a chéile a mhaireann siad, go háirithe in am an ghátair.’<sup>292</sup> Tráchtann sí ar dhearcadh Uí Néill i leith na tuaithe

<sup>288</sup> Ó hÉigearthaigh, Cian agus Aoileann Nic Gearailt, *Sáirséal agus Dill 1947-1981*, 204.

<sup>289</sup> O’Leary, Philip, *Writing after the revival*, 150.

<sup>290</sup> Ó Néill, Séamus, *Tonn Tuile*, 103.

<sup>291</sup> Ó Néill, Séamus, *Máire Nic Artáin*, (1995) Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht, féach 7-17. [Foilsíodh den chéad uair 1959].

<sup>292</sup> Ní Shé, Mairéad, ‘Séamus Ó Néill, saol agus saothar’, 65.

agus áitíonn sí gur ‘rud naofa aige í beagnach agus feiceann sé í trí cheo mhistiúil uaireanta.’<sup>293</sup> Sa chur síos a dhéantar ar dhul faoi na gréine, is féidir an dearcadh sin a aithint:

Bhí an oíche ag teacht agus bhí gileacht mheán an tsamhraidh sa spéir, agus ar an ábhar sin ní raibh ainmhithe beaga na coille ná éanacha an aeir ina dtost go fóill. Anois agus arís chluinfeá truisneach fá na sceacha agus d’imeodh lon dubh ar eiteoga ag scréachail go hard. Thuas ar Shliabh na Slat bhí corruan ag méiligh go hantráthach.<sup>294</sup>

Macalla é an cur síos céanna ar an dearcadh a léiríonn Ó Grianna ar dhúlra Cheann Dubhrann agus a léiríonn Ó Conaire ar dhúlra na Gaillimhe, mar a luadh i gCaibidil 1. Léiríonn Ó Néill, áfach, mar a bhriseann an seicteachas isteach ar shaol idéalach na tuaithe. Deir Mac Réamoinn go ‘bhfuil a fhios aige go bhfuil roinnt mhaith daoine ar an tuairim gur fearr i bhfad tús an leabhair’,<sup>295</sup> ach feictear do scríbhneoir an tráchtais seo gurb é an léiriú a thugtar ar an tionchar a bhíonn ag an seicteachas ar shaol na tuaithe, ar macalla é den tionchar céanna ar shaol na cathrach an ghné is suntasaí de thús an tsaothair. Bhí seans ann go bhfaigheadh na Caitlicigh ‘*Home Rule*’ agus: ‘Scaip an ráfla go raibh na Caitlicigh ag cur focal cheana féin ar na feirmeacha móra a bhainfí dá gcuid comharsan Protastúnach nuair a thiocfadh lá na saoirse.’<sup>296</sup>

Léirítear géire an tseicteachais nuair a bhagraíonn Roibeard ar athair Mháire í a choimeád amach óna mhac, Seoirse, agus san argóint a éiríonn idir an bheirt athar.<sup>297</sup> Deir Tadhg Ó Dúshláine go: ‘Ruaigeann Ó Néill íomhá rómánsúil na Gaeltachta agus tugann a aghaidh ar bhroid agus ar choimhthíos na cathrach’<sup>298</sup>, ach i bhfianaise chríoch na chéad mhíre, ‘I dTír na hÓige’, tugtar le fios nach feiniméan cathrach amháin é an seicteachas agus sa tslí sin gur gné shochpholaitiúil é an seicteachas sin a bhain leis an tuath agus leis an gcathair araon, agus a tháinig salach ar chaidreamh pearsanta na bpríomhcharachtar sa dá shuíomh.

Cathair thionsclaíoch é Béal Feirste agus déanann Máire iontas ‘de na sraitheanna fada tithe, de na muilte móra, agus de na simléir arda a bhí ag balcadh toite sa spéir.’<sup>299</sup> Tá sorn gáis i dteach a huncail: ‘Ba mhinic a chuala sí fá gháis, ach ní fhaca sí riamh go dtí anois é.’<sup>300</sup> Cé gur ábhar iontais do Mháire é an dul chun cinn ábharach atá le sonrú ar an gcathair, is iontach léi chomh maith an chuma atá ar sheomra codlata a haintín:

---

<sup>293</sup> Ní Shé, Mairéad ‘Séamus Ó Néill, saol agus saothar’, 67.

<sup>294</sup> Ó Néill, Séamus, *Máire Nic Artáin*, 33.

<sup>295</sup> Mac Réamoinn, Seán, ‘Saothraí leanúnach’, 22.

<sup>296</sup> Ó Néill, Séamus, *Máire Nic Artáin*, 55.

<sup>297</sup> Féach *ibid.*, 57-9.

<sup>298</sup> Ó Dúshláine, Tadhg (1979) ‘Teacht an tseagail – an teacht fada mall’ *Léachtaí Cholm Cille X*, Má Nuad: An Sagart, 10.

<sup>299</sup> Ó Néill, Séamus, *Máire Nic Artáin*, 63.

<sup>300</sup> *Ibid.*, 65.

Bhí lear pictiúr naofa ar na ballaí, pictiúir mhóra bhreátha den Chroí Ró-Naofa, den Mhaighdean Bheannaithe, de Naomh Pádraig, agus de naoimh eile nár aithin Máire. Lena chois sin, bhí altóir bheag de chois na leapa, agus bhí lampa beag dearg lasta uirthi. Bhí boladh láidir ón lampa, agus mhothaigh Máire ar fud an tseomra é, boladh trom plúchtach.<sup>301</sup>

Is léir go bhfuil tionchar ag a taithí ar an seicteachas ar chreideamh Mháire sa chur síos sin ar mhothúcháin Mháire ar fheiceáil seomra codlata a haintín di. Is rud ‘trom plúchtach’ é an creideamh ar mhaith le Máire éalú uaidh sa chathair. Is strainséir sa chathair ar dtús í agus i mbrionglóid, ‘chonacthas di go raibh ballaí móra arda a bhí ag síneadh in airde sa spéir ag druidim isteach uirthi’<sup>302</sup>, ach de réir mar a théann sí i dtaithí ar shaol na cathrach, leagtar béim ar ghnéithe eile den saol sin, seachas an coimhthíos ar leagadh béim air i gcuid d’fhillíocht Ghaeilge na linne, leithéidí ‘Ár Ré Dhearóil’ (1962) le Máirtín Ó Direáin. I gcás Mháire, tugtar le fios gur gné de shaol na cathrach í an tsaoirse phearsanta a chuireann ar a cumas a bheith saor ó cheangal chomhphobal na tuaithe. Agus í ar cuairt ar a muintir faoin tuath, tuigtear di gur buntáiste é a bheith ina cónaí lena muintir sa chathair:

Bhíodh rogha gach bia acu, agus go leor de, agus ní chuirfeadh siad orthu féin ach an chuid ab fhearr den éide a bhí le fáil. Agus ba ghasta a d’éirigh Máire cleachta le gach cineál. Agus anois nuair a dhearc sí thart ar an chistin aolnité, agus nuair a mhothaigh sí an chaint fán chiste, ghoill loime a hóige uirthi.<sup>303</sup>

Tuigtear di ‘nach raibh sa bhaile fána coinne ach díomá agus briseadh croí.’<sup>304</sup> Tugtar léiriú ar an tsaoirse phearsanta a bhraitheann Máire sa chathair nuair a dhéanann a huncaíl iarracht ar í a mhealladh. Fágann sí an teach agus caitheann sí bliain ag obair i gcaifé ar Shráid Eabhrac, beag beann ar a muintir. Diúltaíonn sí d’achainí a hathar filleadh ar theach a huncaíl agus caitheann sí an Nollaig ina haonar sa chathair. Leagtar béim ar an neamhspleáchas céanna nuair a phósann sí Seoirse gan cead sagart paróiste a baile dúchais a iarraidh. Is go hachomair a ríomhtar mar a chuaigh sí in éadan toil a muintire agus toil na hEaglaise: ‘I sráid i gceantar Bhóthar na Seanchille a bhí siad ina gcónaí. In oifig clárlainne a pósadh iad.’<sup>305</sup> Dar le R Ó G (Risteard Ó Glaisne?), a scríobh léirmheas ar Mháire Nic Artáin in *The Irish Times*:

The break which Máire’s marriage to Presbyterian Seoirse Mac Giolla Ruaidh necessitated would undoubtedly have led to a very painful personal heart-searching on the loss of her faith, yet this is scarcely suggested.<sup>306</sup>

Ag teacht le R Ó G a bhí Máirtín Ó Direáin, a cheistigh cur síos an údair ar an bpósadh céanna: ‘Cén crá croí is aigne b’fhéidir bhí ina orlaigh trí aon aoibhneas a shealbhaigh croí Mháire ó d’fhág sí teach an

<sup>301</sup> Ó Néill, Séamus *Máire Nic Artáin*, 63.

<sup>302</sup> *Ibid.*, 69.

<sup>303</sup> *Ibid.*, 81.

<sup>304</sup> *Ibid.*, 84.

<sup>305</sup> *Ibid.*, 98.

<sup>306</sup> Ó G, R ‘An honest novel’ *The Irish Times*, 21/1/1961.

tsagairt?’<sup>307</sup> D’fhéadfaí a rá, áfach, gur ar mhaithe le béim a chur ar neamhspleáchas Mháire atá an cur síos lom céanna.

Tugtar léiriú suimiúil ar lár na cathrach aimsir na Nollag. Is féidir stíl ghrinn Uí Néill a aithint ar an atmaisféar a chruthaítear agus ‘gearradh dubh na Nollag’ faoi lán seoil.:

BHÍ GEARRADH DUBH NA NOLLAG ann, agus ainneoin go raibh an cogadh ar siúl, bhí na sluaite daoine ag siopadóireacht i lár na cathrach. Ní raibh fairsingeacht ar na sráideanna acu, nó sna siopaí. Gach áit bhí daoine ag brú a chéile i leataobh go borb mímhúinte. Bhí na tithe tábhairne ag cur thar maoil le fir a bhí ag scaipeadh go fras an airgid mhóir a bhí siad a fháil sna monarchana, nó i gclós na long. Bhí na mná ag sciobadh earraí óna chéile, agus ag cur chun daoirse ar a chéile. Thall is abhus bhí páistí, a scaradh óna máithreacha sa chóir thuathail, ag screadaigh in ard a gcinn agus a ngutha. Amuigh ar an bhealach mhór bhí gíománaigh na gcarr ag mallachtú ar a chéile, agus lucht na dtamanna ag bualadh a gcuid clog go mífhoighdeach. Bhí gleo is callán, driopás agus díbhirce ar fud na cathrach, agus i bhfuinneog chorrshiopa bhí dealbh de Shan Nioclás, agus gáire fann ar a bhéal.<sup>308</sup>

Tugtar an-léiriú ar lár na cathrach, aimsir na Nollag, sa chur síos sin. Is geall le peannphictiúr de lár na cathrach é agus idir radharcanna agus fhuaimanna na cathrach á dtabhairt le chéile. Is féidir bua grinn an údair a bhrath ar an gcur síos a dhéantar ar na daoine ‘ag brú a chéile i leataobh’ ar na sráideanna agus sna siopaí agus faoi mar a chailltear na páistí mar gheall ar na máithreacha a bheith in iomaíocht lena chéile agus iad ‘ag sciobadh earraí óna chéile’. Tugtar suntas do ‘screadaigh’ na bpáistí i gcomparáid leis na fir ag ól sna tithe tábhairne. Is féidir glór na bhfear a shamhlú agus iad ag ‘scaipeadh’ an airgid mhóir. Is cliste mar a nascann na briathra ‘ag scaipeadh’, ‘ag sciobadh’, ‘scaradh’ agus ‘ag screadaigh’ baill éagsúla na dteaghlach le chéile. Seo iad muintir lucht oibre na cathrach, muintir na ‘monarchana’ agus ‘clós na long’ sa ‘chóir thuathail’ aimsir na Nollag. Tugtar suntas ansin do na gíománaigh ‘ag mallachtú ar a chéile’ go gcloistear cloig na dtamanna á mbualadh mar a bheadh borradh ceoil faoin radharc ar fad. Ar deireadh, seo é ‘San Nioclás’ ag féachaint amach ar an radharc, mar atá an t-údar féin, ‘agus gáire fann ar a bhéal.’

Is i measc na muintire sin atá cónaí ar Mháire agus ar Sheoirse, ar Shráid Herbert, láimh le Bóthar Chromghlinne, ceantar de chuid lucht oibre na cathrach. Gné shuntasach de chultúr lucht oibre Bhéal Feirste ab ea an seicteachas, ar tháinig borradh faoi i ndiaidh deireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda, mar a léiríonn an staraí Jonathon Bardon a deir: ‘In the segregated working-class enclaves of Belfast sectarian bitterness was more intense than in any other part of Ulster.’<sup>309</sup> Faoi mar atá sonraithe ag Ní Shé, tá ‘léargas an-ghléineach tugtha dúinn ar conas mar a bhí cúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta i mBéal Feirste i rith an ama seo.’<sup>310</sup> Dar léi: ‘In *Máire Nic Artáin* feicimid an t-aighneas agus an deighilt

<sup>307</sup> Ó Direáin, Máirtín (1960) ‘Úrscéal nua’, *Feasta*, Márta, 13.

<sup>308</sup> Ó Néill, Séamus *Máire Nic Artáin*, 98.

<sup>309</sup> Bardon, Jonathon (2001) *A history of Ulster*, Belfast: The Blackstaff Press, 416.

<sup>310</sup> Ní Shé, Mairéad, ‘Séamus Ó Néill: saol agus saothar’, 66.

creidimh ag imirt ar shaol mná nár mhaith léi ar nós a lán eile go dtarraingeofaí isteach san achrann í.’

<sup>311</sup> Is é an seicteachas, a bhrúnn isteach ar an bpósadh measctha idir Máire agus Seoirse, an fórsa sochpholaitiúil a bhriseann ar phósadh na lánúine sa deireadh.

Agus an t-achrann sin ag bailiú nirt san úrscéal, is í an cheist a chuirtear ná an féidir leis an bpósadh seasamh ina choinne. Sa tslí sin, tugtar léargas ar an gcoimhlint idir caidreamh pearsanta na bpríomhcharachtar agus cumhacht na sochaí uirbí, a bhfuil ar a cumas an caidreamh sin a mhilleadh. Oibrí sa longchearta é Seoirse, a théann i dtaithí ar chultúr an cheantair nuair a shocraíonn sé colúir rása a choimeád. Cé go bhfuil amhras ar Mháire faoi chaitheamh aimsire nua Sheoirse, glacann sí leis toisc go ‘raibh a fhios aici go raibh Seoirse ina cheann maith di.’<sup>312</sup> Sa léirmheas a rinne sé ar *Máire Nic Artáin*, deir Seán Mac Réamoinn faoi Sheoirse: ‘Mheasas féin gurb é Seoirse, an fear ar thréig Máire a creideamh agus a dúchas len é a phósadh, gurb é an carachtar ba laige sa scéal.’<sup>313</sup> Is féidir a rá, áfach, gur laige é an tslí ar ghéill Seoirse don seicteachas. Tá sé sásta seasamh le Máire ar dtús nuair a thugann an ministir cuairt orthu. Deirtear linn nach ‘[d]téadh Máire a chóir eaglaise ar bith’<sup>314</sup>, a thugann le fios gur thréig sí an Eaglais Chaitliceach mar gheall ar an taithí a bhí aici ar an seicteachas sular tháinig sí go dtí an chathair. Mar gheall ar an taithí chéanna, tuigeann Máire go bhféadfadh an seicteachas teacht idir í agus Seoirse. Gné láidir de phearsantacht Mháire go bhfuil sí sásta an Eaglais a thréigean ar mhaithe leis an gcaidreamh pearsanta atá aici le Seoirse. Tá de chuma ar an scéal go dtuigeann Seoirse an méid sin nuair a deir sé leis an ministir go bhfreastalóidh sé féin ar sheirbhís an Domhnaigh ach nach bhfreastalóidh Máire:

“Och, cad chuige?” arsa an ministir mar a bheadh iontas air.

‘Bhal’, arsa Seoirse, ‘ní bheidh sí ag dul ann.’<sup>315</sup>

Nuair a fhillteann an ministir orthu arís, ar mhaithe le Máire a mhealladh i dtreo an Phreispitéireachais, seasann Seoirse an fód in éadan an tseicteachais:

“Cuireann sé áthas ar Dhia,” ar seisean, ‘nuair a iompaíonn Críostaí maith a cúl le bréaga na Róimhe.’

D’amharc Máire ar Sheoirse.

‘Is leor sin, a Mhic Uí Ghabhann. Beidh fáilte romhat am ar bith sa teach seo ‘fhad is nach dtoisíonn tú ar an téad sin.’<sup>316</sup>

---

<sup>311</sup> Ní Shé, Mairéad, ‘Séamus Ó Néill: saol agus saothar’, 75.

<sup>312</sup> Ó Néill, Séamus, *Máire Nic Artáin*, 106.

<sup>313</sup> Mac Réamoinn, Seán, (1960) ‘Léirmheas ar *Máire Nic Artáin*’ *Comhar*, Iúil, 24.

<sup>314</sup> Ó Néill, Séamus, *Máire Nic Artáin*, 106.

<sup>315</sup> *Ibid.*

<sup>316</sup> *Ibid.*

Cé go dtugann an eachtra sin le fios go gcosnóidh Seoirse Máire i gcoinne an tseicteachais, tugtar nod don léitheoir faoin deighilt a fhásann eatarthu nuair a deirtear: ‘Théadh Seoirse go dtí an tseirbhís tráthnóna corr Dhomhnach’<sup>317</sup> agus nuair a thagadh duine de lucht ‘Arm an tSlánaithe’ ag lorg airgid: ‘Seoirse a théadh chuig an doras le cúpla pingin. Lena linn sin, bhíodh Máire ina luí ar an leaba sa seomra i gcúl an tí.’<sup>318</sup> De réir mar a théann an lánúin i dtaithí ar chultúr an cheantair, rianaítear mar a chuireann gnéithe den chultúr céanna buairt ar Mháire. Gné den chultúr sin nós na gealltóireachta agus nuair a thagann Máire ar dhuillíní ‘i seanchóta le Seoirse’<sup>319</sup> tá faitíos uirthi go bhfuil an rún a bhí acu teach a cheannach faoin tuath ligthe i ndearmad ag Seoirse. Tuigtear di gur gné de chultúr na háite é geall a chur ar chapail, ach is eagal léi go bhfuil: ‘An chathair agus nósanna na cathrach ag fáil a bhua.’<sup>320</sup> Tá sí sásta cur suas le saol cheantar seo na cathrach mar gur socrú sealadach é: ‘Mura n-imeodh siad as an cheantar seo, thitfeadh sí i ndroim dubhach ar fad.’<sup>321</sup> Measann Ó Direáin, faoi Mháire, gur: ‘Anam a chuirtear ós ár gcomhair. Anam ciaptha cráite. Ní duine í ar chor ar bith ach gin.’<sup>322</sup> Nuair a ghlacann Máire leis nach mbeidh ar a gcumas an fheirm a cheannach, cuirtear béim ar an anam ciaptha sin: ‘Och, ní thig liom a sheasamh níos mó,’<sup>323</sup> a deir sí.

Léiríonn Ó Néill conas mar a fhásann an deighilt idir Seoirse agus Máire de réir mar a ghlacann Seoirse le cultúr an cheantair. Tugtar Gilbert Leaslaoi isteach sa scéal ar mhaithe le léargas a thabhairt ar an deighilt sin. Ní maith le Máire é mar: ‘D’aithin sí go raibh an fear seo ag teacht idir í féin agus Seoirse.’<sup>324</sup> Téann Seoirse i dtaithí ar chultúr an cheantair i gcuideachta Gilbert. Luaitear an seicteachas a bhain le clubanna sacair Bhéal Feirste nuair a deir Gilbert: ‘Bhéarfaimid léasadh millteanach do na Pápairí inniu’.<sup>325</sup> Tá faitíos ar Mháire faoi Sheoirse ‘go n-iompódh sé Seoirse ina héadan féin, mar ní measúil a bhí sé ar na Caitlicigh.’<sup>326</sup> Cuireann Seoirse ina luí uirthi gur: ‘Fear de na Fir Bhuí é, agus sin mar a labhraíonn siad uilig, ach níl dochar ar bith ina gcuid cainte.’<sup>327</sup> Ach, le teacht deireadh thréimhse an Chéad Chogaidh Dhomhanda, ina bhfuil an chuid dheireanach den saothar suite, tháinig borradh faoi fhoréigean an tseicteachais i gceantair lucht oibre Bhéal Feirste, mar a léiríonn Jonathon Bardon.<sup>328</sup> Luann Bardon ráiteas cáiliúil Carson: ‘We in Ulster will not tolerate Sinn Féin’<sup>329</sup> a chuir tús leis an

---

<sup>317</sup> Ó Néill, Séamus *Máire Nic Artáin*, 106.

<sup>318</sup> *Ibid.*

<sup>319</sup> *Ibid.*, 115.

<sup>320</sup> *Ibid.*, 116.

<sup>321</sup> *Ibid.*

<sup>322</sup> Ó Direáin, Máirtín, ‘Úrscéal nua’, 14.

<sup>323</sup> Ó Néill, Séamus, *Máire Nic Artáin*, 131.

<sup>324</sup> *Ibid.*, 133.

<sup>325</sup> *Ibid.*

<sup>326</sup> *Ibid.*

<sup>327</sup> *Ibid.*, 134.

<sup>328</sup> Féach ‘Violence in Lisburn, Dromore and Belfast: July-August 1920’, in Jonathon Bardon *A history of Ulster*, 470-4.

<sup>329</sup> *Ibid.*, 470.

fhoréigean agus tagraíonn Gilbert do thuairim Carson i gcomhrá le Máire agus le Seoirse: 'Má éiríonn leis na Sinn Féinnithe seo poblacht a chur ar bun, ruaigfidh siad sinne amach as an tír.' Ruaigfidh', arsa Seoirse.<sup>330</sup> Tugann an tagairt chinnte sin do ráiteas Carson le fios don léitheoir go bhfuil an t-úrscéal suite in aimsir staire ar leith agus léirítear, chomh maith, an tionchar a bhí, dar leis an údar, ag ceannaire na nAontachtaithe ar lucht oibre na cathrach sa tréimhse chéanna sin. Tá an dearcadh polaitiúil céanna ag Seoirse agus ag Gilbert agus is deighilt eile í sin idir é féin agus Máire. Tugtar cur síos gonta ar chathair Bhéal Feirste agus an 't-achrann' ag bailiú nirt: 'Bhí daoine á marú, daoine á lot, tithe á ndó, go dtí sa deireadh go raibh gach intinn dallta ag an fhuath, agus gach croí ag cur thar maoil le fíoch.'<sup>331</sup>

Rianaítear mar a 'bhí croí Mháire á chéasadh ina cliabh, le buaireamh, le himní agus le huaigneas'<sup>332</sup> de réir mar a thagann Seoirse faoi thionchar Gilbert. Sa tslí sin, is siombal don seicteachas é Gilbert a thagann idir Seoirse agus a chaidreamh pearsanta le Máire. Admhaíonn Seoirse go bhfuil sé féin san Ord Oráisteach, caitheann sé an 'ribe oráisteach' agus an 'hata cruá', agus fágann sé Máire ina dhiaidh le páirt a ghlacadh i bparáid 'an dóú lá déag'.<sup>333</sup> Cé go ndéanann Máire iarracht taitneamh a bhaint as an bparáid, tuigtear di ar deireadh nach bhfuil baint aici le cultúr an cheantair. Dá réir sin, éiríonn le Ó Néill an-léargas a thabhairt ar an gcumhacht atá ag fórsa sochpholaitiúil an tseicteachais ar mhianta pearsanta an duine, faoi mar a thugann machnamh Mháire ar a cás le fios:

Agus bhuaill uaigneas í féin i measc na sluaite daoine a bhí ag brú thart uirthi. Bhí sí léi féin ina measc. Ní raibh aon duine ansin a raibh aithne aici air, ní raibh aon duine ansin a dtiocfadh léi labhairt leis, ní raibh aon duine ansin ar mhaith léi labhairt leis. Go tobann d'aithin sí nár theastaigh comhlúadar na ndaoine seo uaithi.<sup>334</sup>

Go tobann, tuigeann Máire nach féidir léi an ceann is fearr a fháil ar an gcultúr atá ag teacht idir í agus Seoirse: 'Bhí an ribín ag teacht idir í agus Seoirse. Bhí an mórshiúl seo, agus gach rud a bhain leis, na meirgí seo, na sluaite seo, na ceolta seo ag teacht idir an bheirt acu.'<sup>335</sup> Agus an mórshiúl ag dul thairsti, 'bhí a fhios ag Máire gur brá a bhí inti ar thalamh choimhthíoch.'<sup>336</sup> Filleann sí ar Bhóthar na bhFál, áit a raibh cónaí uirthi nuair a tháinig sí go dtí an chathair an chéad lá, ach tá rian an tseicteachais ansin, leis. 'Bhí an chuma ar an bhóthar go rabhthas i ndiaidh cogadh a throid sa cheantar seo.'<sup>337</sup> Téann sé isteach i bPáirc na bhFál, áit a dtaitníodh léi tráth, ach: 'Na daoine a bhí ag spaisteoireacht ina timpeall, ba díobh í, ach bhí sí dealaithe uathu go deo.'<sup>338</sup> Is é an 'cogadh' a tharla de bharr an tseicteachais a

---

<sup>330</sup> Ó Néill, Séamus, *Máire Nic Artáin*, 137.

<sup>331</sup> *Ibid.*, 142.

<sup>332</sup> *Ibid.*

<sup>333</sup> Féach *ibid.*, 142-151.

<sup>334</sup> *Ibid.*, 156-7.

<sup>335</sup> *Ibid.*, 157.

<sup>336</sup> *Ibid.*

<sup>337</sup> *Ibid.*, 159.

<sup>338</sup> *Ibid.*

fhágann Máire ‘dealaithe’ ó mhuintir na cathrach. Léirítear an éifeacht atá ag an gcogadh sin ar mhuintir na Seanchille agus ar mhuintir Bhóthar na bhFál araon. Sa tslí sin, tugtar le fios gur fórsa é an seicteachas a mhilleann an saol ar lucht oibre Bhéal Feirste i gcoitinne. Tuigeann Máire an méid sin nuair a deir sí le Seoirse: ‘Ba mhaith liom imeacht as seo sula mbíonn sé rómhall.’<sup>339</sup> Feictear di go bhfuil an seicteachas ar tí an caidreamh pearsanta atá aici le Seoirse a mhilleadh. Cé go raibh sí sásta cur suas le ‘caint’ an tseicteachais, ní féidir léi glacadh le foréigean an tseicteachais atá ag milleadh an tsaoil uirthi. Baintear úsáid as teicníc na buaic-chéime i ndeireadh an úrscéil nuair a chuireann eachtra dhrámatúil amháin ‘cor mórchiniúnach’ i saol Mháire. Is ag druidim i dtreo na heachtra céanna atá gluaiseacht an úrscéil mar gurb é príomhthéama an úrscéil an tionchar atá ag an seicteachas ar an bpríomhcharachtar. Braitheann buncheist an úrscéil, an féidir leis an bpríomhcharachtar an fód a sheasamh in éadan an tseicteachais, ar an bhfreagra atá aici ar an eachtra dhrámatúil sin. Tuigtear don léitheoir gur féidir le Máire cur suas le gnéithe éagsúla an tseicteachais ar mhaithe leis an gcaidreamh pearsanta atá aici le Seoirse, ach is é foréigean an tseicteachais a fhaigheann an ceann is fearr uirthi. Ábhar spéise gurb é an foréigean a d’imir Liam ar Eibhlín in *Tonn Tuile*, a chuir luas faoi dheireadh an phósta. Cé go gcuirtear cruth i bhfad níos drámatúla ar thionchar an fhoréigin ar an bpósadh in *Máire Nic Artáin*, mar sin féin, tugtar le fios sa dá chás, gur gnéithe den fhoréigean is mó a chuireann deireadh leis an bpósadh. Tagann an foréigean idir Máire agus codladh na hoíche<sup>340</sup> agus tá faitíos ar Sheoirse dul ina choinne nuair a dhiúltaíonn sé d’achainí Mháire teacht i gcabhair ar dhuine, atá á ionsaí ar an mbóthar. Ceapann Máire gur Diní atá ann, déanann Seoirse iarracht srian a choimeád uirthi, ach éalaíonn sí uaidh: ‘Ach bhain sí casadh millteanach as a lámh, agus bhí sí saor’.<sup>341</sup> Cé go bhfuil de chuma air gur anois amháin atá Máire ‘saor’, tá íoróin ghéar ag baint leis an gcur síos a dhéantar uirthi ag rith suas an tsráid: ‘Suas an tsráid léi mar a bheadh rud ar mire ann.’<sup>342</sup> Ní duine í ach ‘rud’, agus cuirtear béim ar an scrios a dhéanann an foréigean ar an daonnacht sa chur síos a dhéantar ar an radharc uafásach a chonaic Máire. Ní duine é Eoin, ach ‘rud’, ní daoine a mharaigh é ach ‘baicle bithiúnach’, ‘bhí a gcuid oibre déanta ag an bhaicle bhithiúnach, agus bhí rud bocht stróicthe stiallta ina luí béal faoi ar an chosán.’<sup>343</sup>

Cuirtear béim ar an scrios a rinne an seicteachas ar an gcathair i radharc deireanach Mháire ar Bhéal Feirste:

Bhí gleann an Lagáin ina luí os a comhair, agus cathair Bhéal Feirste spréite amach ag a bhun, muilte, muilte, simléir arda, simléir arda agus iad ag balcadh toite sa spéir, túir teampall ag sáthadh a gceann ina measc thall is abhus mar a bheadh náire orthu bheith ina gcuideachta

<sup>339</sup> Ó Néill, Séamus *Máire Nic Artáin*, 162.

<sup>340</sup> Féach *ibid.*, 160.

<sup>341</sup> *Ibid.*, 164.

<sup>342</sup> *Ibid.*

<sup>343</sup> *Ibid.*



san, ach bhí ceann acu a raibh cros órga air a bhí, chonacthas di, i ndeas di, agus bhí ag lonradh sa ghrian.<sup>344</sup>

Gné eile den seicteachas is ea an maíomh gur ag cosaint an chreidimh atá sé, ach tugtar le fios sa phearsantú a dhéantar ar na teampaill, go dtuigtear do Mháire gur ‘náire’ a chuireann an seicteachas ar an gcreideamh. Aithníonn sí gurb é Eaglais Ard Eoghain atá ag ‘lonradh sa ghrian’: ‘Ach ba bheag sonrú a chuir sí ann.’<sup>345</sup> Ní amháin gur mhill an seicteachas an saol sa chathair ar Mháire, ach mhill sé saol mhuintir na cathrach i gcoitinne.

I bhfianaise an léirmhínithe a dhéantar ar an seicteachas, is féidir a rá go dtugtar an-léargas ar an tionchar a bhí ag an seicteachas sin ar an gcaidreamh pearsanta i gceantar lucht oibre Bhéal Feirste nuair a tharla foréigean de bharr an tseicteachais chéanna sa chathair i ndiaidh deireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Léirítear gur fórsa sochpholaitiúil é an seicteachas ar féidir leis an caidreamh pearsanta a mhilleadh, mar a tharla i gcás phósadh Mháire agus Sheoirse. Úrscéal an-tráthúil ab ea *Máire Nic Artáin*, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh gur foilsíodh é le linn na ‘mblianta ciúine’ mar a thugann Bardon orthu.<sup>346</sup> Mar a léiríonn Bardon, thug na blianta céanna deis do lucht údaráis Thuaisceart Éireann féachaint siar ar stair an tseicteachais agus iarracht a dhéanamh ar chúrsaí a chur ina gceart idir comhphobail éagsúla na tíre. D’fhéadfaí a rá gur chuir úrscéal Uí Néill leis an dioscúrsa sin. Ábhar suime gur i nGaeilge a cumadh é agus gur chuir sé, dá réir sin, tionchar tromchúiseach an tseicteachais ar a súile do lucht léitheoireachta na Gaeilge ó thuaidh agus ó dheas. Éiríonn leis an úrscéal an tionchar sin a chur abhaile ar an léitheoir toisc gur i dtéarmaí thionchar an tseicteachais ar an gcaidreamh is bunusaí, b’fhéidir, caidreamh an ghrá idir beirt ó phobail éagsúla a léirítear é. Gné spéisiúil den saothar ná gurb í Máire seachas Seoirse is mó a sheasann an fód i gcoinne an tseicteachais. Is bean laoch an scéil. Ar aon dul le hEibhlín in *Tonn Tuile*, léirítear gurb í an bhean is mó a thuigeann gur tábhachtaí an caidreamh pearsanta sa phósadh ná stádas an phósta. Nuair a bhagraíonn fórsaí éagsúla shochaí na cathrach ar an bpósadh, níl siad beirt sásta glacadh leis na fórsaí céanna. I gcás *Máire Nic Artáin*, is féidir a rá go gcuirtear an-treise le príomhthéama an úrscéil, cumhacht an tseicteachais, toisc go bhfaigheann an chumhacht chéanna an ceann is fearr ar phearsa láidir neamhspleách atá sásta dul in éadan fórsaí cumhachtacha na sochaí, leithéidí na hEaglaise agus a muintire féin, ar mhaithe lena mianta féin a chomhlíonadh.

---

<sup>344</sup> Ó Néill, Séamus *Máire Nic Artáin*, 166.

<sup>345</sup> Ibid.

<sup>346</sup> Féach ‘The quiet years 1947-1963’ in Jonathon Bardon, *A history of Ulster*, 587-621.

### 2.3 An Dá Thrá

Foilsíodh *An Dá Thrá* le Tarlach Ó hUid i 1952 le linn na ‘mblianta ciúine’ céanna agus a foilsíodh *Máire Nic Artáin*. Is féidir a rá gur iarracht a bhí san úrscéal cur leis an dioscúrsa a bhí ar siúl sna blianta sin, go háirithe maidir leis an deis a thug na blianta céanna do lucht údaráis Thuaisceart Éireann an t-athmhuintearas a chur chun cinn faoi mar a léiríonn Bardon, mar a luadh. Tugann an tagairt don seanfhocal, ‘ní thig leis an ngobadán an dá thrá a fhreastal,’ i dteideal an úrscéil le fios gurb é teachtaireacht an athmhuintearais, ar mhaith leis an údar é a chur abhaile ar an léitheoir, príomhaidhm an tsaothair. Ábhar suntais arís, gur i nGaeilge a foilsíodh úrscéal Uí Uid agus, dá réir sin, gur iarracht a bhí ann teachtaireacht pholaitiúil an údair a chur abhaile ar lucht léitheoireachta na Gaeilge ó thuaidh agus ó dheas. Deir O’Leary faoi Ó hUid: ‘The theme of the reconciliation of different cultural traditions [...] obsessed him throughout his life,’<sup>347</sup> agus cúpla bliain sular foilsíodh an t-úrscéal, nocht Ó hUid a thuairimí i leith an athmhuintearais in ailt a scríobh sé san iris *Feasta*. In alt amháin, deir sé gurb é: ‘An bheann udaí Dún Mhic Airt, a dtugann muintir Bhéal Feirste Napoleon’s Nose uirthi, ba í a chéadspreag an tsamhlaíocht ionam.’<sup>348</sup> Luaitear an cruinniú a bhí ag Wolfe Tone agus na hÉireannaigh Aontaithe ar an gcnoc céanna agus maítear gur: ‘Rugadh an Phoblacht an lá céanna agus rugadh Éire as an nua ina náisiún.’<sup>349</sup> Tá *An Dá Thrá* ar maos i dtagairtí do Wolfe Tone agus do dhearcadh polaitiúil na nÉireannach Aontaithe. In alt eile dá chuid áitíonn Ó hUid go bhfuil:

...an dearcadh fada leitheadach in Deisceart na hÉireann nach bhfuil i bProtastúnaigh Uladh ach an t-aon dream amháin mar atá lucht buailte drumáí agus caite cloch. Tá an bharúil sin earráideach.<sup>350</sup>

Luann Bardon nár tapaíodh an deis i rith na mblianta ciúine ‘to remedy obvious wrongs and soothe internal rivalries’<sup>351</sup>, ach is féidir a rá go dtapaíonn Ó hUid an deis lena thuairimí polaitiúla féin, i dtaobh rudaí a chur ina gceart i dTuaisceart Éireann, a chur abhaile ar an léitheoir trí mheán phríomhcharachtair *An Dá Thrá*, Liam Seoghach. Sula dtagann Liam ar an láthair, tugtar léiriú ar an seicteachas i gcás Ábraham Bléine, ‘a bhí breis is daichead bliain ag saothrú do Harland & Wolff.’<sup>352</sup> Fágann sin gur thosaigh Ábraham ag obair sa longcheárta ag an am céanna is a bhí Seoirse in *Máire Nic Artáin* ag obair ann. Díol suime go luaitear an seicteachas le háit oibre na beirte. Deirtear faoi Ábraham agus na Caitlicigh a bhí ag obair ann go bhfaca sé ‘á gcaitheamh isteach sa Lagáin iad, agus theilg sé féin bolta nó dhó ina ndiaidh’, nós seicteach a luann Bardon: ‘One man was set upon, and thrown into

<sup>347</sup> O’Leary, Philip (1982) ‘The two strands: cultural identity and alienation in the novels of Tarlach Ó hUid’, *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium 1982*, vol.2, Harvard: Harvard University Press, 40.

<sup>348</sup> Ó hUid, Tarlach (1948) ‘Cnoc na nUamhach agus na gcuimhní’, *Feasta*, Meitheamh, 7.

<sup>349</sup> *Ibid.*, 9.

<sup>350</sup> Ó hUid, Tarlach (1948) ‘Garbh scrúdú ar ghalltacht Uladh’, *Feasta*, Iúil, 9.

<sup>351</sup> Bardon, Jonathon *A History of Ulster*, 588.

<sup>352</sup> Ó hUid, Tarlach (1952) *An Dá Thrá*, Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teo., 13.

the dock [...] and having been pelted with rivets, had to swim two or three miles'.<sup>353</sup> Cuireann an tagairt chinnte sin de stair an tseicteachais i longcheárta Harland and Wolff le réalachas an úrscéil, faoi mar a dhéanann tagairtí staire eile tríd an úrscéal. Cuirtear gnéithe éagsúla an tseicteachais os comhair an léitheora go luath sa saothar. Luaitear go raibh an ghráin ag Ábraham ar 'Phápaistí Bhéal Feirste'. 'Ach Caitlicigh Bhéal Feirste, sin dream a chaithfí súil ghéar a choinneáil orthu.'<sup>354</sup> Is Oráisteach agus ball den Lóiste áitiúil é. Luaitear an ciníochas leis freisin:

Chonacthas dó gur chruthú é an tionscal long-thógála gur éirimiúla agus gur éifeachtaí mar chine iad Protastúnaigh Chúige Uladh ná na 'Taidhg' a d'áitigh an dúthaigh roimh aimsir na Plandála.<sup>355</sup>

I bhfianaise thréithe an tseicteachais a bhaineann leis, deirtear faoi Ábraham: 'Sea, ba "dea-Phrotastúnach" é Ábraham Bléine.'<sup>356</sup> Ina choinne sin, is Caitliceach é Séimí Ó hAoláin: 'Ba Náisiúntóir de chineál éigin é maidir lena dhearcadh polaitíochta, agus a náisiúnachas agus a chreideamh fite fuaite tríd a chéile.'<sup>357</sup> Bhí baint aige siúd le foréigean an tseicteachais chomh maith, nuair a d'ionsaigh sé 'glas-stócach "den tsórt eile" a ceapadh agus é ar fán ar Bhóthar na bhFál.'<sup>358</sup> Sa tslí sin, tugtar cur síos ar an seicteachas ar ghné de shaol lucht oibre Bhéal Feirste é mar a dhéantar in *Máire Nic Artáin*. Oíche Chaille 1949 atá ann, áfach, agus cuirtear ina luí ar an léitheoir go bhféadfaí an deis a thapú leis an athmhuintearas, ar dhúil an údair é, a chur chun cinn, nuair a théann Séimí agus an bheirt Phrotastúnach, Dáibhidh agus Ábraham síos go 'Clog Albert' le fáiltiú roimh an mbliain nua: 'Bí ag caint ar na hÉireannaigh Aontaithe!'<sup>359</sup> D'fhéadfaí a rá gur ar mhaithe le buanna an athmhuintearais sin a thugtar Liam Seoghach isteach sa scéal, fear óg de bhunadh Thír Eoghain, a bhfuil cúlra Protastúnach aige, ach gur Poblachtach, leis, é. Creideann O'Leary gurb é príomhfhócas an úrscéil ná cruachás Liam 'as a Republican in an Orange household and a Protestant in a Catholic one.'<sup>360</sup> Is Caitliceach í Síle, a dtosaíonn Liam ag siúl amach léi, ach is ar lóistín le clann Phrotastúnach atá sé. Is é an cheist atá le réiteach ná an féidir leis an gcuidreamh pearsanta idir Liam agus Síle an ceann is fearr a fháil ar an seicteachas a scarann óna chéile iad. Sa tslí sin, is féidir a rá gur meafar é an caidreamh céanna ar dhúshlán an athmhuintearais i gcathair Bhéal Feirste. Gné den athmhuintearas sin is ea dúshlán na staire agus déantar tagairt chinnte d'eachtra amháin, ar mhaithe le léiriú a thabhairt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid d'eachtra ar dhearcadh polaitiúil na gcarachtar. Luaitear go raibh

---

<sup>353</sup> Bardon, Jonathon, *A history of Ulster*, 471.

<sup>354</sup> Ó hUid, Tarlach, *An Dá Thrá*, 13.

<sup>355</sup> Ibid.

<sup>356</sup> Ibid., 14.

<sup>357</sup> Ibid.

<sup>358</sup> Ibid.

<sup>359</sup> Ibid., 19.

<sup>360</sup> O' Leary, Philip, 'The two strands', 43.

cuimhne ghéar ag muintir Uí Phréith ar ‘Uafás 1935’,<sup>361</sup> nuair a tharla ciréibeacha ar ócáid iubhaile George V.<sup>362</sup> Luaitear an eachtra chéanna, ‘Imeagla 1935’, arís agus Síle ag machnamh ar a cumarsáid le Liam.<sup>363</sup> Mar gheall ar a cuimhní ar an eachtra sin: ‘Thug Síle fuath do na Protastúnaigh, mar a thug sí fuath fosta do na síothmhaoir.’<sup>364</sup> I bhfianaise an taithí saoil atá aici ar an gcathair, dar léi:

Bhí muintir Bhéal Feirste roinnte ina dhá chuid aici, Caitlicigh agus Protastúnaigh; agus má ba “Náisiúntóirí” iad na Caitlicigh uile, dar léi, fiú an gadaí agus an mhéirdreach, ba “Aondachtóirí” iad mar an gcéanna na Protastúnaigh uile, fiú an chuid a ba fhiúntaí agus a ba leathan-aigeanta acu.<sup>365</sup>

Cuireann an dearcadh steiréitipiciúil atá ag Síle i leith shoचाई na cathrach bac ar an gcaidreamh aici le Liam ar dtús, agus é ag dul i dtaithí ar an gcathair. Áitíonn Iarla Mac Aodha Bhuí go gcuireann ‘creideamh agus polaitíocht isteach i gcónaí ar chaidreamh na gcarachtar’. Dar leis: ‘S iad na Protastúnaigh na bíogóidí sa leabhar seo, agus tá doicheall ar Shíle, agus ar a deirfiúr Mallaí, roimh Liam mar gheall ar a chúla.’<sup>366</sup> Léirítear gurb é dearcadh Shíle i leith na bProtastúnach faoi ndear an briseadh sealadach sa chaidreamh idir í agus Liam.

Agus Liam ag spaisteoireacht timpeall na cathrach ina aonar, tugtar léargas suimiúil ar mhargadh Pháirc an Ghabhann, áit a dtéadh Liam ag ceannach leabhar.<sup>367</sup> Éiríonn leis an údar beocht an mhargaidh a thabhairt leis, agus gach cineál earra ar díol ann, ‘sean-troscán, sean-leabhra, sean-éadaí, sean-iarann, sean-iarsmaí agus sean-sheoda.’<sup>368</sup> Luaitear an seicteachas a bhain le foirne sacair na cathrach, mar a luadh in *Máire Nic Artáin*,<sup>369</sup> agus luaitear sráideanna eagsúla na cathrach atá idir teach lóistín Liam agus a ionad oibre.<sup>370</sup> I bhfianaise na dtagairtí éagsúla do stair sheicteach Bhéal Feirste, áfach, tugtar le fios gurb é cuspóir polaitiúil an phríomhcharachtair ná iarracht a chur ina luí ar a lucht aitheantais gur féidir teacht thar an seicteachas, agus sa tslí sin, cruth eile a chur ar shoचाई na cathrach. Luaitear ciréibeacha 1935 in athuir<sup>371</sup> sula ndéanann Liam iarracht ar thuairimí Wolfe Tone a chur abhaile ar Shíle.<sup>372</sup> Gné bhunúsach de shoचाई na cathrach é an deighilt creidimh, dar le Liam, agus is

---

<sup>361</sup> Ó hUid, *Tarlach, An Dá Thrá*, 33.

<sup>362</sup> Féach Jonathon Bardon, *A history of Ulster*, 539-41.

<sup>363</sup> Ó hUid, *Tarlach, An Dá Thrá*, 88.

<sup>364</sup> *Ibid.*

<sup>365</sup> *Ibid.*, 89.

<sup>366</sup> Mac Aodha Bhuí, Iarla (1991) ‘Tarlach Ó hUid 1917-1990 An Scríbhneoir’ *an tUltach*, Bealtaine, 9.

<sup>367</sup> Féach *Tarlach Ó hUid, An Dá Thrá*, 92-94.

<sup>368</sup> *Ibid.*, 93.

<sup>369</sup> Féach *ibid.*, 97.

<sup>370</sup> Féach *ibid.*, 101.

<sup>371</sup> *Ibid.*, 115.

<sup>372</sup> Féach *ibid.*, 124-8.

eagal leis go bhfuil ‘teagasc Tone curtha bun os cionn.’<sup>373</sup> Dar le O’Leary Is é cuspóir Wolfe Tone is ansa leis:

...Tone’s goal of uniting Protestant, Catholic, and Dissenter and his deeply held belief that Ulster’s divisions are the result of segregated sectarian education and self-serving political propaganda. <sup>374</sup>

B’fhéidir gur mar gheall ar chuspóir polaitiúil Liam a bheith chun tosaigh sa scéal a chreid Mac Réamoinn ‘nár tháinig forbairt ar bith bunúsach ar anam ná ar chúrsaí an fhir óig as Tír Eoghain.’<sup>375</sup> Ríomhtar stair na gcarachtar éagsúl ar mhaithe le tionchar an tseicteachais ar shochoaí na cathrach a léiriú, mar a tharlaíonn i gcás Ailís Nic Naois, mar shampla,<sup>376</sup> stíl a bhaineann d’éifeacht an úrscéil, seachas cur leis, mar a thug Mac Réamoinn faoi deara:

Dá ndeineadh an t-údar ní ba lú a fhí isteach sa scéal agus léiriú ní b’fhearr a dhéanamh ar airde agus ar leithead agus ar dhoimhneacht na bpearsan a thabhairt dúinn, sílim féin dáiríre nach lú beatha a bheadh sa scéal ach a mhalairt. <sup>377</sup>

Tugtar sampla de stíl sin an údair, an-iomarca a ‘fhí isteach sa scéal’, nuair a fhreastalaíonn Pádraig Ó Préith ar ócáid chomóradh Éirí Amach na Cásca i reilig Bhaile an Mhuilinn, maidin Dhomhnach Cásca. Tagraítear do na ‘blianta ciúine’ nuair a thugann Pádraig faoi deara nach raibh ach ‘corr-chonstábla le feiceáil’<sup>378</sup> aige, ach tapaítear an deis le liosta fada díobh siúd ‘a fuair bás de dheascaibh Éire bheith críchdheighilte’<sup>379</sup> a chur ar pár ina dhiaidh sin.<sup>380</sup> Cé go bhféadfaí a rá gur ar mhaithe le béim a chur ar thionchar na staire ar chás na cathrach a dhéantar amhlaidh, téitear thar fóir leis an gcur síos, rud a bhaineann de ‘bheatha’ an scéil. Liosta fada tuirsiúil é a léiríonn faoi mar a bhaineann an bolscaireacht de chumas liteartha an úrscéil. Caithfear an cheist a chur, mar sin, faoi chuspóir an údair i gcás na bolscaireachta. Agus ceist na bolscaireachta sa litríocht á cíoradh ag A.P. Foulkes, deir sé:

In the first place we can ask about the cultural, social and historical conditions within which propaganda is produced: When and why does it appear? Whose interests does it serve? How is it ‘consumed’, and by whom?<sup>381</sup>

<sup>373</sup> Ó hUid, Tarlach *An Dá Thrá*, 125.

<sup>374</sup> O’Leary, Philip, ‘The two strands’, 48.

<sup>375</sup> Mac Réamoinn, Seán (1953) ‘Léirmheas ar *An Dá Thrá*’, *Comhar*, Aibreán, 23.

<sup>376</sup> Féach Tarlach Ó hUid, *An Dá Thrá*, féach 129-37.

<sup>377</sup> Mac Réamoinn, Seán, ‘Léirmheas ar *An Dá Thrá*’, 23.

<sup>378</sup> Ó hUid, Tarlach, *An Dá Thrá*, 138.

<sup>379</sup> *Ibid.*, 139.

<sup>380</sup> Féach *ibid.*, 140-41,

<sup>381</sup> Foulkes, A.P. (1983) *Literature and Propaganda*, New York: Routledge, 8.

D'fhéadfaí na ceisteanna sin a chur faoi chuspóir Uí Uid in *An Dá Thrá*. Luadh cheana na cúinsí staire inar foilsíodh úrscéal Uí Uid, 'blianta ciúine' Thuaisceart Éireann. Leagtar béim, mar a luadh leis, ar chomhthéacs cultúrtha agus sóisialta an úrscéil i dtús an tsaothair nuair a chuirtear 'dhá chultúr' Bhéal Feirste os comhair an léitheora. Is í an cheist a thagann chun cinn de réir mar a fhilltear arís agus arís eile ar theachtairacht pholaitiúil an údair, ná an bhfuil sé i gceist ag an údar go rachadh an bholscaireacht chun sochair an léitheora, agus an féidir a rá gur athraíodh dearcadh an léitheora i leith Thuaisceart Éireann i ndiaidh dó an t-úrscéal a léamh? Is léir gur theastaigh ón údar a theachtairacht pholaitiúil a chur abhaile ar an léitheoir agus go bhféadfaí a rá, dá réir sin, gurb í an bholscaireacht seachas iarracht liteartha is mó a thagann chun cinn san úrscéal. Mar sin féin, ríomhtar 'scéal grá' idir Liam agus Síle, gné den úrscéal a chuireann cruth na litríochta ar an saothar. Sa chás sin, áfach, is í an cheist a thagann aníos ná an féidir an dá thrá sin a fhreastal, is é sin an bholscaireacht agus an litríocht?

Tugtar an-léargas, mar shampla, ar an gcrá croí atá ar Shíle agus í ag smaoineamh ar Liam a phósadh. Ar aon dul le Máire Nic Artáin, creideann sí go mbeidh an sagart i gcoinne an chaidrimh, ach rianaítear mar a rinne Síle machnamh ar an gcás, murab ionann agus Máire:

Is cinnte go bhfiafródh an sagart ar rún di an Protastúnach seo a phósadh agus ar rún dósan tiontó ina Chaitliceach. Agus cá d'fhéadfadh sí a rá? Go raibh grá go fíor acu dá chéile ach nár phléigh siad riamh le chéile ceachtar acu cúrsaí creidimh nó cúrsaí pósta. Agus, ar ndóigh, ba ionann iad. Déarfadh an sagart, béidir, gur siocair pheaca é bheith ag suirí le Liam ar chor ar bith. Seans, fiú go n-abródh sé, gan fiacal a chur ann, gur pheaca marfa é agus gurbh é a dualgas mar Chaitliceach a chomhluadar sin a sheachaint feasta. Agus caidé dhéanfadh sí ansin? <sup>382</sup>

Éiríonn leis an alt mar phíosa liteartha toisc go ndírítear ar éiginnteacht Shíle agus ar an mbuairt atá uirthi faoi 'chúrsaí creidimh' agus faoi 'chúrsaí pósta'. Tugtar deis don charachtar a crá croí a nochtadh don léitheoir seachas focail an údair a chur ina béal, faoi mar a tharlaíonn i gcás Liam agus é ag iarraidh teachtaireacht Wolfe Tone a chur abhaile ar Shíle. Samhlaítear do Shíle gur bagairt ar an gcreideamh é an pósadh measctha.

Dúirt sí riamh, dá bpósfadh fear Caitliceach bean Protastúnach, go mbeadh creideamh na bpáistí ina gcnámh spairne eatarthu agus go mba laige creideamh an fhir de dheasca easpa chreidimh na mná. Agus dá bpósfadh bean Chaitliceach fear Protastúnach i ndiaidh dó geallúint go dtógfaí na páistí ina gCaitlicigh, is cinnte go loicfeadh sé nó, ar a laghad, go ngoillfeadh sé air a chlann a fheiceáil ag éirí níos coimhthí gach uair dá rachadh siad chun Aifrin lena máthair agus gach uair dá bhfoghlaimeadh siad alt eile den Teagasc Chríostaí. <sup>383</sup>

Feictear do scríbhneoir an tráchtais seo gur sa mhachnamh a dhéanann Síle ar a cás is fearr a léirítear cumas scríbhneoirachta Uí Uid, mar go n-éiríonn leis an bhuairet agus an crá croí atá uirthi a chur abhaile ar an léitheoir ar bhealach atá inchreidte agus réalaíoch. Tuigtear don léitheoir go mbeadh Síle

<sup>382</sup> Ó hUid, *Tarlach An Dá Thrá*, 153.

<sup>383</sup> *Ibid.*, 155-6.

amhlaidh nuair a chuirtear san áireamh an ‘cultúr’ ar éirigh sí aníos ann, agus tá bá aige lena cás mar gheall air sin. D’fhéadfaí a áitiú, chomh maith, go n-éiríonn leis an bpóirseáil a dhéantar in aigne Shíle teachtaireacht an údair faoi thábhacht an athmhuintearais a chur abhaile ar an léitheoir i bhfad níos éifeachtaí ná focail Wolfe Tone i mbéal Liam. Cé go ndéanann Liam gach iarracht a chur ina luí ar Shíle gurb é guí Wolfe Tone go dtiocfadh gach reiligiún le chéile sa ‘Phoblacht nua’, mar a luadh, is bac ar an gcaidreamh pearsanta fós é an deighilt chreidimh agus í ag smaoineamh ar Liam a phósadh. Toisc gur Protastúnach agus gur Poblachtach é Liam deir Síle faoi: ‘Níor lig sé dá chreideamh cur isteach ar a dhearcadh polaitíochta. Ní ligfeadh sé dó cur isteach ar an chumann geana a bhí eatarthu.’<sup>384</sup> Ní hamhlaidh di féin, áfach, a dhéanann achainí ar ‘Mháthair na Síor-chabhrach,’<sup>385</sup> Liam a thiontú ‘chun an Fhíor-Chreidimh.’<sup>386</sup> Ar a shon sin, déantar póirseáil in aigne Liam, leis, go háirithe agus é ag féachaint ar mhórshiúl an dara lá déag:

Dar leis, siad seo mo mhuintir féin, Ultaigh a bhfuil fuil Éireannach agus fuil Albanach meastha ina gcuisleanna, agus corr-dheor den fhuil Shasanaigh mar shnáthadh léi.<sup>387</sup>

Creideann sé gurb í an bholscaireacht pholaitiúil a chothaigh an deighilt idir muintir na cathrach. Deir sé faoi lucht an mhórshiúil: ‘Bhí siad ina nAondachtóirí, ní de thairbhe an méid eolais a chuir na nuachtáin ina láthair, ach de thairbhe an méid eolais a cheil na nuachtáin orthu.’<sup>388</sup> Is féidir soineantacht áirithe a aithint ar an ‘taom samhnaís’ a bhualann Liam agus an mórshiúl ag dul thairis: ‘Dar leis, ta siad nochta, lom-nochta – gan a gcumhdach ach hata Anthony Eden agus ribín flannbhuí.’<sup>389</sup> Ní hamhlaidh do Shíle a fhéachann amach ar an mórshiúl céanna, mar a rinne Máire Nic Artáin, agus ar aon dul le Máire, feictear di nach iad ‘a muintir féin’ lucht an mhórshiúil agus móidíonn sí faoi Liam: ‘Caithfidh sé rogha a dhéanamh eadrainn Dé Domhnaigh.’<sup>390</sup>

Dá réir sin, cé go ndéanann Liam gach iarracht ar fhealsúnacht Wolfe Tone a chur ina luí ar a lucht aitheantais ar mhaithe leis an seicteachas a sháru, tagann an seicteachas sin idir é féin agus a chaidreamh pearsanta le Síle. Meabhraíonn Máire, deirfiúr Shíle, an méid sin dó nuair a chuireann sí ina leith go raibh sé ‘ag iarraidh an dá thrá a fhreastal, agus do chosa greamaithe go daingean i ngainimh na trá thall.’<sup>391</sup> Tá sé i gceist ag Liam Síle a phósadh agus tugann Máire le fios dó nach nglacfaí le pósadh meastha mar go bhfuil ‘an Eaglais s’againne ina n-éadan, agus is críonna an Eaglais ná mise nó tusa nó

---

<sup>384</sup> Ó hUid, *Tarlach An Dá Thrá*, 156.

<sup>385</sup> *Ibid.*, 157.

<sup>386</sup> *Ibid.*

<sup>387</sup> *Ibid.*, 194.

<sup>388</sup> *Ibid.*, 196.

<sup>389</sup> *Ibid.*, 197.

<sup>390</sup> *Ibid.*

<sup>391</sup> *Ibid.*, 229.

Síle.<sup>392</sup> Sa tslí sin, léirítear gur fórsa í institiúid na hEaglaise a bhfuil de chumhacht aici teacht idir an duine agus a chaidreamh pearsanta. Téann an fórsa céanna chun treise nuair a thagtar ar réiteach na faidhbe. Nochtann Liam gur de phósadh measctha é féin, ach gur tógadh ina Chaitliceach é, creideamh a mháthar. Cé go ndéanann Liam iarracht arís ar fhealsúnacht Wolfe Tone a chur abhaile ar Phádraig, is é croí na ceiste ná gur ghéill sé don seicteachas ina chás féin. Mar a deir O’Leary faoi chinneadh Liam filleadh ar an gCaitliceachas:

The totality of his break with the Protestant side of his heritage is apparent in the shamefaced way he sneaks his belongings out of the Mac Giolla Dhuibh home at night.<sup>393</sup>

I bhfianaise bhuile scoir sin an úrscéil, is féidir a rá go léirítear gur fórsa é an seicteachas nach bhfuil de chumas ag an indibhid teacht thairis. Dar le Mac Aodha Bhuí:

Ní críoch róshásúil í, mar go dteipeann ar an údar a chur abhaile orainn go raibh bunús ceart le beartas Liam. Tá sé le tuiscint ón chríoch seo ar an scéal go bhfuil an príomhcharachtar ag filleadh ar a dhúchas nuair a thréigeann sé na Protastúnaigh agus an Protastúnachas, agus é sin in ainneoin na seanmóireachta uilig ó Liam faoi na hÉireannaigh Aontaithe.<sup>394</sup>

Dá réir sin, is féidir a rá go dteipeann ar an údar an teachtaireacht aige faoi mhianach an athmhuintearais a chur abhaile ar an léitheoir. Cé nach bhfágann Liam an chathair ina dhiaidh, mar gheall ar an seicteachas, mar a rinne Máire Nic Artáin, fágann sé a oidhreacht Phrotastúnach ina dhiaidh ar mhaithe le Síle a phósadh, agus dá réir sin, is léiriú é *An Dá Thrá* ar chumhacht an tseicteachais i gcomhthéacs an chaidrimh phearsanta.

## Conclúid

Bhí sé de chuspóir ag an gcaibidil seo anailís a dhéanamh ar na trí úrscéal, *Tonn Tuile* (1947) agus *Máire Nic Artáin* (1959) le Séamus Ó Néill, agus *An Dá Thrá* (1952) le Tarlach Ó hUí, ar mhaithe le plé a dhéanamh ar an léiriú a thugtar ar an tionchar atá ag gnéithe áirithe de shochaí na cathrach ar chaidreamh pearsanta phríomhcharachtair na n-úrscéalta sin. I ngach cás ba í institiúid an phósta a tháinig i gceist. Léiríodh gur bagairt dhosheachanta ar an institiúid chéanna iad na gnéithe éagsúla a cuireadh chun cinn, an mheánaicme buirgíseach i gcás *Tonn Tuile* agus an seicteachas i gcás *Máire Nic Artáin* agus *An Dá Thrá*. Braitheann éifeacht phríomhthéamaí na n-úrscéalta ar an stíl a roghnaítear ar mhaithe leis na príomhthéamaí céanna a chur abhaile ar an léitheoir. I gcás *Tonn Tuile*, is í stíl na haoire a úsáidtear. Éiríonn go héifeachtach leis an stíl chéanna, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh gur éirigh le príomhcharachtar an úrscéil déistean a chur ar léirmheastóirí agus ar lucht critice araon. Is í caolchúis na haoire a thugann cumhacht do phríomhthéama an úrscéil, an tionchar a

<sup>392</sup> Ó hUí, Tarlach *An Dá Thrá*, 230.

<sup>393</sup> O’Leary, Philip, ‘The two strands’, 49.

<sup>394</sup> Mac Aodha Bhuí, Iarla, ‘Tarlach Ó hUí 1917-1990 An Scríbhneoir’, 9.



d'fhéadfadh a bheith ag gnéithe áirithe de mheánaicme an tsaoil uirbigh ar institiúid an phósta. Is féidir struchtúr traidisiúnta an úrscéil a aithint ar dhara húrscéal Uí Néill, saol idéalach Mháire óg faoin tuath in éadan dhúshláin agus achrainn a saoil i mBéal Feirste, ach go léirítear nach codarsnacht idir an dá shaol an ghné is tábhachtaí san úrscéal. Feiniméan é an seicteachas a bhfuil tionchar diúltach aige ar an gcaidreamh pearsanta faoin tuath agus sa chathair. Is áit í an chathair a thugann deis do Mháire a bheith saor agus neamhspleách ar a muintir faoin tuath. Níl éalú ón seicteachas, áfach, agus is cumasach mar a léirítear an príomhthéama sin agus tionchar an tseicteachais ag bailiú nirt go buaicphointe drámatúil an tsaothair nuair a léirítear tionchar tubaisteach fhoréigean an tseicteachais. Sa chonclúid aige ar shaothar Uí hUid, deir Iarla Mac Aodh Bhúí:

Tugann Ó hUid deiscríobh réasúnta ar aitmasféar Bhéal Feirste agus pléann sé, más go teoranta féin é, an deighilt chreideamh agus pholaitiúil, agus cás an duine atá idir dhá chomhairle faoin fhoréigean, is údar d'fhormhór na trioblóide sa stáitín Oráisteach ó bunaíodh é.<sup>395</sup>

Is fíor go bpléann Ó hUid an seicteachas in *An Dá Thrá* agus go dtugtar léiriú sách cuimsitheach ar ghnéithe éagsúla an tseicteachais sin, ach mar gheall ar iarrachtaí an údair ar theachtaireacht an athmhuintearais a chur abhaile ar an léitheoir, is í an bholscaireacht a thagann chun cinn go minic. Mar sin féin, is féidir a rá go dtugtar léiriú cuimsitheach ar an gcumhacht a d'fhéadfadh a bheith ag fórsaí sochpholaitiúla an tsaoil uirbigh ar chaidreamh pearsanta an duine sna trí úrscéal a ndearnadh anailís orthu sa chaibidil seo.

---

<sup>395</sup> Mac Aodha Bhúí, Iarla, 'Tarlach Ó hUid 1917-1990 An Scríbhneoir' 10.

## Caibidil 3

### Úrscéalaíocht Bhreandáin Uí Eithir

#### Réamhrá.

Dhá úrscéal le Breandán Ó hEithir a bheidh á bplé sa chaibidil seo, *Lig sinn i gcathú* (1976) agus *Sionnach ar mo dhuán* (1988). Is é cuspóir na caibidile ná anailís a dhéanamh ar an dearcadh i leith an tsaoil uirbigh a thagann chun cinn sna húrscéalta sin, agus sa chomhthéacs sin díreofar ar na pointí seo a leanas: an tsaoirse agus an neamhspleáchas a shamhlaíonn na príomhcharachtair le saol na cathrach, an iarracht a dhéantar ar an gcathair chéanna a chur chun cinn mar shuíomh réalaíoch sa chéad úrscéal agus mar shuíomh réalaíoch fíorúil, is é sin réaltacht atá chomh fíor leis an réaltacht féin de réir cuspóirí áirithe, sa dara húrscéal. Léireoidh an anailís gur gné shuntasach den dearcadh a thagann chun cinn i leith an tsaoil uirbigh é gur i dtéarmaí na coimhlinte idir an príomhcharachtar agus institiúidí éagsúla a chuirtear an saol uirbeach i láthair.

#### 3.1 Saoirse agus neamhspleáchas na bpríomhcharachtar.

Luann Cian Ó hÉigeartaigh agus Aoileann Nic Gearailt gur leabhar mórélímh ab ea *Lig sinn i gcathú*:

Nuair a foilsíodh *Lig Sinn i gCathú* Bhreandáin Uí Eithir (iriseoir agus craoltóir) i 1976, leabhar a bhí ar bharr na liostaí díolacháin Bhéarla agus Ghaeilge in Éirinn, thuill an t-údar thart ar chothrom 10,000 punt ar an gcéad chló de 1,820 cóip agus tuilleadh as an 2,500 cóip den dara cló a díoladh as sin go 1980.<sup>396</sup>

Deir Ó hÉigeartaigh agus Nic Gearailt go raibh an saothar sa chéad áit 'ar liosta *hard-back sellers* na hÉireann, an chéad leabhar Gaeilge a rinne a leithéid.'<sup>397</sup> Luaitear, leis, go raibh an t-úrscéal ar chúrsaí ollscoile<sup>398</sup> agus is cuimhin le scríbhneoir an tráchtais seo staidéar a dhéanamh air ar chúrsa B.A. na Nua-Ghaeilge ar Choláiste Phádraig, Mhá Nuad i 1978-9. Is é suíomh na hollscoile a chuireann tús le *Lig sinn i gcathú*. San aiste chritice a scríobh Thomas B. O'Grady ar an úrscéal sin, tugtar suntas don suíomh céanna. Deir sé: 'In Ireland [...] a country of subjugated individuals, the possibilities which university education [...] might represent for individual emancipation are obvious.'<sup>399</sup> Maíonn O'Grady gur úrscéal ollscoile (nó úrscéal campais) é *Lig sinn i gcathú* agus gur seánra ann féin é an cineál úrscéil

---

<sup>396</sup> Ó hÉigeartaigh, Cian agus Aoileann Nic Gearailt *Sáirséal agus Dil 1947-1981*, Indreabhán Conamara: Cló Iar-Chonnacht.

<sup>397</sup> *Ibid.*, 437.

<sup>398</sup> *Ibid.*, 446.

<sup>399</sup> O'Grady, Thomas B. 'The straying student', *Études Irlandaises*, Nollaig 1990, 96.

sin, a bhfuil traidisiún aige sa tír seo le leithéidí *A portrait of the artist as a young man* le James Joyce (1916) agus *The ginger man* le J.P. Dunleavy (1955). Cé gur foilsíodh *The ginger man* sa bhFrainc i 1955, choisic an cinsire é in Éirinn go dtí 1968. Dar le O’Grady, cuireann *Lig sinn i gcathú* leis an traidisiún sin:

Breandán Ó hEithir’s *Lig sinn i gcathú* expands the focus on the university’s potential, recognizing the intrinsic connections between the emancipation of the individual and the emancipation of the nation as a political, social, and cultural entity.<sup>400</sup>

Dar le O’Grady, tugann an ollscoil deis fuascailte do phríomhcharachtar an úrscéil, Máirtín Ó Méalóid. ‘Martin hopes that the university might provide a liberating alternative to the painful and constricting preoccupations of his personal life.’<sup>401</sup> Samhlaítear do Mháirtín go gcuirtear ar a chumas i gcathair na Gaillimhe a phearsantacht féin a fhorbairt beag beann ar an bpobal tuaithe ar éirigh sé aníos ann, agus a chuir srian ar an bhforbairt chéanna sula ndeachaigh sé ar an ollscoil. I gcéad abairt an úrscéil, áfach, tugtar nod don léitheoir nach bhfuil an fhuascailt agus an tsaoirse a shantaíonn Máirtín le fáil ar an ollscoil: ‘Bhí clog cársánach na hollscoile ag bualadh buillí a trí nuair a shiúil Máirtín Ó Méalóid go mall isteach an geata.’<sup>402</sup> Tugann an aidiacht ‘cársánach’ le fios nach bhfuil an clog, a ndéantar pearsantú air, i mbarr na sláinte, agus is go drogallach a shiúlann Máirtín isteach an geata, amhail príosúnach ag filleadh ar a chillín. De réir mar a chastar pearsana éagsúla shaol na hollscoile orainn, tuigimid gur i bhfad ó idéal na hollscoile atá ollscoil Bhaile an Chaisil. Is ‘Púdarlach dúchraiceanach a raibh bolg ollmhór air’<sup>403</sup> é an doirseoir. Cé go raibh deich mbliana caite ag uachtarán na hollscoile sa phost, ‘ní raibh d’athrú ar an Monsignor de Bláca ach go raibh sé anois bailithe go hiomlán sna haoiseanna leanbaí.’<sup>404</sup> Tugtar cur síos atá geall le bheith áiféiseach ar an gcuairt a thugann Máirtín ar sparánaí na hollscoile d’fhonn seic deontais a fháil. Cuireann an sparánaí i leith Mháirtín nach bhfuil sé ag freastal ar na ranganna agus go bhfuil a áit ar an ollscoil i mbaol. Is cuma le Máirtín agus fágann sé an ollscoil ina dhiaidh:

Nuair a d’iompaigh Máirtín amach geata na hollscoile smaoinigh sé ar an gcéad lá ar shiúil sé isteach ann mar mhac léinn agus chomh bródúil is a bhí sé. Ag coinneál smaointe dá shórt as a cheann nó dá ndíbirt ar luas a chaitheadh sé go leor dá chuid ama le gairid. Bhí bealaí éagsúla aige lena ndíbirt; cuid acu níos éifeachtaí ná a chéile.<sup>405</sup>

Is le ragairne agus le drabhlás sa chathair a théann Máirtín ina dhiaidh sin ar thóir na fuascailte agus na saoirse pearsanta, a shíl sé a bheith roimhe san ollscoil an chéad lá. Cuirtear dhá leagan de chathair na Gaillimhe i láthair an léitheora, an chathair mheánaicmeach bhuirgéseach, a sheachnaíonn Máirtín,

---

<sup>400</sup> O’Grady, Thomas B. ‘The straying student’, 96.

<sup>401</sup> Ibid., 97.

<sup>402</sup> Ó hEithir, Breandán (1976) *Lig sinn i gcathú*, Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 9.

<sup>403</sup> Ibid., 9

<sup>404</sup> Ibid., 12

<sup>405</sup> Ibid., 19

agus cathair an óil agus an drabhláis. Tugtar le fios gurb í cathair na Gaillimhe atá i gceist: 'Is minic a dúradh i dtaobh Bhaile an Chaisil nach ndearna sé a intinn suas riamh an baile mór tuaithe nó cathair mheánaoiseach a bheadh ann.'<sup>406</sup> Luaitear an Ardeaglais Phrotastúnach, an Leas-Ardeaglais nua Chaitliceach, an Baile Gaelach inar 'chónaigh na Gaeil nuair ba leis na Gaill agus na GallGhaeil croí an bhaile.'<sup>407</sup> Deirtear faoi leagan amach lár na cathrach: 'Bhí na sráideanna cúnga seanaimseartha a bhí i lár Bhaile an Chaisil ag dul timpeall i gciorcail mhírialta ar nós snaidhm na bpéist.'<sup>408</sup> Is i gceantar na nduganna a bhíonn lucht an óil agus an ragairne agus is é an ceantar céanna a thaobhaíonn Máirtín. Sa léirmheas a rinne Dubhghlas Sealy ar an leabhar áitítear gur 'ionsaí ar pholaiteoirí, ar chléirigh agus ar ghnásanna na meán-aicme'<sup>409</sup> atá sa dearcadh ann ar an gcathair bhuirgíseach. Loic an ollscoil ar Mháirtín agus is beag sólas atá le fáil aige in institiúidí eile na cathrach. Tuairimíonn Sealy 'gurbh fhearr a d'éireodh leis an údar dá mba scéal *picaro* nó rógaire a bheadh scríofa aige, slabhra d'eachtraihte inar treise an glic ná an fiúntach.'<sup>410</sup> Is i bhfoirm eachtraí a rianaíonn Ó hEithir taithe Mháirtín ar shaol na cathrach, stíl a thugann ar Sealy a rá:

Tá bua an eachtraihte ag Breandán, ach níl bua na húrscéalaíochta fós. Leabhar soléite atá scríofa aige, leabhar nach bhfacthas a leithéid i nGaeilge roimhe seo maidir le heascainí agus le mionnaí móra, ach ní hé an leabhar é a rabhamar ag tnúth leis.<sup>411</sup>

Cuireann stíl thíriúil gháirsiúil an údair béim ar mhíshástacht an mhic léinn éidreoraigh le hinstitiúidí na cathrach, a dtugann sé fúthu ceann ar cheann. Go luath san úrscéal, maslaíonn Bilín Ó Gráda, a bhfuil Máirtín ar lóistín leis, an Léigiún Mhuire agus é ólta. Nuair a chuala sé lucht an Léigiúin ag guí sa seomra cruinnithe: 'Ní dhearna sé ach a bhall fearga a chur isteach trí bhosca litreach a bhí sa doras agus [...] spout fuail a dhéanamh ar an urlár.'<sup>412</sup>

Dealraíonn sé go bhfeileann an tíriúlacht agus an gháirsiúlacht don mhac léinn a bhfuil gach dóchas a bhí aige as na hinstitiúidí céanna cailte aige. Má tá a theanga gáirsiúil, is mar fhreagra ar an saol gáirsiúil meánaicmeach, nach bhfuil ann ach cur i gcéill, dar leis, atá sí amhlaidh. Cuirtear béim ar an gcodarsnacht idir saol boihéimeach mhuintir cheantar na nduganna agus saol sócúlach lucht na meánaicme. Tugtar sampla maith de stíl sin an údair nuair a chastar a dheartháir ar Mháirtín in Óstlann an Bhóthair Iarainn. 'Ba ann a chruinníodh lucht airgid nár mhiste leo a gcomhlúadar agus a nósanna caidrimh a thaispeáint don saol.'<sup>413</sup> Ní hamhlaidh do Mháirtín, áfach, a shiúlann isteach an doras ar nós

---

<sup>406</sup> Ó hEithir, Breandán *Lig Sinn i gCathú*, 24.

<sup>407</sup> *Ibid.*, 26.

<sup>408</sup> *Ibid.*, 25

<sup>409</sup> Sealy, Dubhghlas (1976) 'Léirmheas ar *Lig sinn i gcathú*', *Books Ireland*, issue 3, 75.

<sup>410</sup> *Ibid.*

<sup>411</sup> *Ibid.*, 76

<sup>412</sup> Ó hEithir, Breandán *Lig sinn i gcathú*, 20-21.

<sup>413</sup> *Ibid.*, 39.

cuma liom: ‘Geansaí gorm iascaire, seaicéad smolchaite, bróga scifleogacha gan snas, treabhsair snasta le aois.’<sup>414</sup> Sagart é a dheartháir, codarsnacht ghlan le Máirtín a deir faoina dheartháir: ‘Ach ghoill sé air go mbeadh duine ar bith chomh sásta sin leis féin agus chomh cinnte sin i dtaobh chuile shórt agus a bhí a dheartháir.’<sup>415</sup> Is geall le meafar ar an saol sócúlach iad na sóláistí a ordaíonn a dheartháir dóibh beirt. Cruthaítear teannas idir an mhionchaint a tharlaíonn eatarthu agus smaointe Mháirtín. Cuireann Máirtín tuairisc a mháthar, ach ina aigne deir sé, ‘tú féin agus do bhiorán staonaire agus do chácaí beaga bÁCúis.’<sup>416</sup> Saol eile ar fad a chuirtear chun cinn sa Phota Gliomach, an teach tábhairne ina n-ólann Máirtín a sháith ar na duganna. Is ann a d’inis péintéir (fear ceirde den lucht oibre) do Mháirtín ‘go bhfaca sé bean an mhinistir ina luí lomnacht ar leaba agus í dá suaitheadh féin le coinneal.’<sup>417</sup> Is ar mhaithe le cóisir a eagrú san óstlann ‘chun fóirithint ar dhá theaghlach bhochta ar imeall an bhaile’<sup>418</sup> atá bean an mhinistir i gcomhluadar an tsagairt, ach is ar mhaithe le geit a bhaint as an léitheoir atá an cur síos gáirsiúil a dhéantar uirthi. Is cuid de bhunaíocht na cathrach, a bhfuil an ghráin ag Máirtín uirthi, í bean an mhinistir, agus tugtar le fios gur ar mhaithe lena hÍomhá féin a chur chun cinn atá an chóisir á heagrú aici. Is ar mhaithe le béim a chur ar an gcur i gcéill, a shamhlaíonn Máirtín le bean an mhinistir, a thugtar an cur síos gáirsiúil sin uirthi. Gné de stíl an údair úsáid na gáirsiúlachta a thugann le fios dearcadh drochmheasúil Mháirtín i leith mheánaicme na cathrach. Baintear an oiread sin úsáide as an ngáirsiúlacht ó thús deireadh an leabhair, áfach, go bhfágтар an léitheoir in amhras faoin éifeacht atá aici. Is dócha gur gné lárnach de thóraíocht na saoirse é tóraíocht Mháirtín ar an anghrá seachas ar an ngrá, ach is é an toradh atá ar an tóraíocht chéanna ná an t-athrá seachas forbairt an phríomhcharachtair.

Dar le hEoghan Ó hAnluain, a rinne léirmheas ar *Lig sinn i gcathú*: ‘Fágтар Ó Méalóid [...] gan iomlánú mar charachtar [...] is é bunmhothú an leabhair - déistean, múisiam nach dtuigeann sé go rómhaith – mífhóighne le ceangal ar bith a chuirfeadh an saol air.’<sup>419</sup> Is ag bailiú nirt a bhíonn an mhífhóighne sin agus sprioc na saoirse pearsanta de shíor amú air. D’fhéadfaí a rá gurb í an mhífhóighne a thugann air a bheith de shíor ag cur de faoin saol meánaicmeach toisc nach bhfuil fuascailt ar bith ann dó. Nuair a éiríonn leis luí le Stella ar deireadh, samhlaítear dó go bhfuil saoirse de shaghas éigin bainte amach aige. “‘Déantar fear’” den Mhéalóideach agus go deimhin is é an eachtra nádúrtha gnéis seo an eachtra is sláintiúla sa scéal’<sup>420</sup> a deir Ó hAnluain. Tráchtann Ó hEithir ar thionchar na heachtra sin ar Mháirtín:

<sup>414</sup> Ó hEithir, Breandán *Lig Sinn i gCathú*, 40.

<sup>415</sup> *Ibid.*, 45.

<sup>416</sup> *Ibid.*, 42.

<sup>417</sup> *Ibid.*

<sup>418</sup> *Ibid.*, 41.

<sup>419</sup> Ó hAnluain, Eoghan (1976) ‘Lig sinn i gcathú’, *Comhar*, Bealtaine, 1976, 21.

<sup>25</sup> *Ibid.*

<sup>26</sup> Ó hEithir, Breandán *Lig sinn i gcathú*, 173.

‘Ní raibh a choinsias ag goilliúint ar chor ar bith air, cé go raibh idir a oiliúint agus a thógáil ag cur in iúl dó gur cheart dó a bheith.’<sup>421</sup> Is geall le buaicphointe an úrscéil é an eachtra chéanna toisc go mbraitheann Máirtín gur duine ann féin anois é toisc nach raibh a ‘oiliúint’ ná a ‘thógáil’ á stiúradh a thuilleadh. D’fhéadfaí comparáid a dhéanamh idir tionchar na heachtra ar Mháirtín agus tionchar eachtra den chineál céanna ar *Stephen Dedalus* in *A portrait of the artist as a young man*. ‘In her arms he felt that he had suddenly become strong and fearless and sure of himself.’<sup>422</sup>

Sna léirmheasanna a rinneadh ar úrscéal Uí Eithir, is minic a luadh úrscéal Joyce amhail is gur eiseamláir de sheánra an úrscéil ollscoile é agus is minic a bhíonn an léamh a dhéantar ar úrscéal Uí Eithir thíos leis an gcomparáid idir an dá úrscéal. Deir O’Grady faoi dheireadh *Lig sinn i gcathú*: ‘The novel concludes with Martin Melody’s declaration of *non serviam* [...] as sincerely as that of Stephen Dedalus’.<sup>423</sup> Sa léacht a thug Caitlín Nic Mhathúna ar an saothar deir sí:

Ó thaobh buntuirimíochta d’fhéadfaí a rá gur beag idir cás Mháirtín agus cás *Stephen Dedalus*. Dhiúltaigh an bheirt acu do shlabhraí traidisiúnta. Ach is cosúil le scigaithris ar shaol Dedalus an scéal seo – *A Portrait of the Student as a young Rake*? Nochtann Dedalus fealsúnacht a shaoil trína thuairimí doimhne a chuireann sé os ár gcomhair. Ach is ró-easca a thuilleann Máirtín a neamhspleáchas.<sup>424</sup>

I gcomparáid le laoch Joyce, áitíonn Nic Mhathúna faoi laoch Uí Eithir: ‘Más neamhspleáchas intinne atá bainte amach aige, ní bhraithimid an mhórchorraíl aigne, a mbeifeá ag súil leis.’<sup>425</sup> Tá de locht ar an gcomparáid, áfach, go dtugtar le fios leis, gurb é úrscéal Joyce an tslat tomhais d’úrscéal Uí Eithir. Agus í ag trácht ar éadoimhne na gcarachtar deir Nic Mhathúna: ‘Ní mórán aird a thugann Ó hEithir ar fhocail Joyce: “The Artist, like the god of Creation, remains within or behind or above his handiwork, invisible refined out of existence, indifferent, paring his fingernails.”’<sup>426</sup>

Maidir le modh inste an leabhair, feictear do Nic Mhathúna ‘gur cosúla an leabhar uaireanta le sraith de scéalta barúla, seachas a bheith ina úrscéal’,<sup>427</sup> macalla de thuairim Sealy, mar a luadh. Is é an tátal a bhaineann Nic Mhathúna as an bplé a dhéanann sí ar an modh inste ná go bhfuil cruth na hiriseoireachta seachas na litríochta air:

---

<sup>422</sup> Joyce, James (1962) *A portrait of the artist as a young man*, New York: The Viking Press, 101. [Foilsíodh den chéad uair, 1916].

<sup>423</sup> O’Grady, Thomas B. ‘The straying student’, 101.

<sup>424</sup> Nic Mhathúna, Caitlín, (1979) ‘Lig sinn i gcathú’, *Léachtaí Cholm Cille X*, Máigh Nuad: An Sagart, 29.

<sup>425</sup> *Ibid.*, 29.

<sup>426</sup> *Ibid.*, 28

<sup>427</sup> *Ibid.*, 30.

Ach má ghlacaimid leis gur léiriú ar fhás intinne duine, taobh istigh dá thimpeallacht féin, atá san úrscéal, feicimid go bhfuil an-chúram déanta den timpeallacht leis na scéalta beaga seo agus gan ach taobhchúram déanta d'fhorbairt intinne Mháirtín.<sup>428</sup>

Ach, ar ndóigh, ní ionann stíl Uí Eithir agus stíl Joyce. Cé go bhféadfaí a rá go bhfuil cosúlachtaí idir théama an dá leabhar, fear óg ag teacht in inmhe i dtimpeallacht na cathrach, ní mar a chéile a thugann an bheirt údar faoin téama sin. Léamh eile a d'fhéadfaí a dhéanamh ar *Lig sinn i gcathú* ná an léamh a rinneadh ar *The ginger man*, úrscéal ollscoile a foilsíodh roimh úrscéal Uí Eithir, mar a luadh. Luann Liam Mac Con Iomaire gur chuir Proinsias Mac Aonghusa, ina léirmheas in *The Sunday Press*, *Lig sinn i gcathú* i gcomparáid le *The ginger man*.<sup>429</sup> Sa léirmheas a rinneadh in *The Washington Post* deir Curt Suplee faoi údar *The ginger man*: 'Donleavy does not write novels so much as Oedipal fairy tales.'<sup>430</sup> Ar aon dul le Sebastian, atá ag freastal ar Choláiste na Tríonóide sna blianta céanna is atá Mairtín ag freastal ar Ollscoil na Gaillimhe, is fear óg é Máirtín atá sáinnithe i sochaí 'dominated by hostile father-figures.'<sup>431</sup> Gach uair a dhéanann sé iarracht é féin a chur chun cinn, teipeann air nó buailtear siar é agus teitheann sé ón tsochaí céanna mar a dhéanann Sebastian, ar mhaithe le cabhair a fháil ó 'the manic medium of alcohol or the overt mother-surrogates who provide sex and self-esteem for a while.'<sup>432</sup> Seans go gcuireann Máirtín déistin ar an léitheoir mar a dhéanann Sebastian, dar le Suplee, 'because he doesn't do anything, but instead merely expects the world to reward him for his delicate soul, which is what mothers do.'<sup>433</sup> Ar aon dul le stíl Uí Eithir, tá úrscéal Donleavy ar maos i ngáirsiúlacht ar mhaithe le geit a bhaint as an léitheoir agus as baothmhóráiltacht na meánaicme. I ndeireadh leabhar Donleavy, déanann Sebastian machnamh ar a chás: 'I guess with me it has been a case pure and simple of a little frightened man looking and seeing all the prowling animals.'<sup>434</sup> D'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil an blas smaointeach céanna ar bhuille scoir Mháirtín a bhí 'ag déanamh a smaointe agus Baile an Chaisil ag sciarradh níos faide agus níos faide ar a chúil'<sup>435</sup>, seachas ráiteas cáiliúil Dedalus faoin mbóthar a bhí roimhe.

Sa trácht a dhéanann Alan Tittley ar úrscéalaíocht Uí Eithir tuairimítear gur:

---

<sup>428</sup> Nic Mhathúna, Caitlín 'Lig Sinn i gCathú', 30.

<sup>429</sup> Mac Con Iomaire, Liam (2000) *Iomramh Aonair*, Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht, 393.

35 Suplee, Curt (1977) 'The ginger man cometh,' *The Washington Post*, 13/11/1977, 105.

36 Ibid.

37 Ibid.

38 Ibid.

39 Dunleavy, J.P. (1972) *The ginger man*, Middlesex: Penguin Books, 254 [Foilsíodh den chéad uair, 1955]

40 Ó hEithir, Breandán *Lig sinn i gcathú*, 205.

41 Tittley, Alan (1991) *An tÚrscéal Gaeilge*, Baile Atha Cliath: An Clóchomhar, 504-5.

Úrscéalai é Breandán Ó hEithir ar fear a oireann an *picaresque* [...] an áiféis agus an amaidí dó na mar a oireann an mionscrúdú íogair ar imeachtaí aon anama amháin [...] Is é éirim *Lig sinn i gcathú* a bheith fairsing seachas domhain.<sup>436</sup>

Dá réir sin, is féidir a rá go bhfuil blas éadrom ar *Lig sinn i gcathú*, agus beocht sa chur síos ar na heachtraí agus ar na carachtair eagsúla a chuireann ar chumas an údair téama an tsaothair a chur abhaile orainn taobh istigh dá théarmaí féin. Mar a deir Titley: 'B'fhéidir nach é an chuid is fearr de *Lig sinn i gcathú* an t-ógánach ag teacht in inmhe [...] ach an scríbhneoireacht bhuacach.'<sup>437</sup> Bhí Rita E. Kelly sásta glacadh leis an úrscéal céanna mar leabhar éadrom,<sup>438</sup> mar a bhí Máirín Nic Eoin a rinne tagairt do léirmheas Kelly nuair a dúirt sí faoin leabhar: 'Only one reviewer revealed it for what it is – a light read, nothing exceptional, but the first of its kind in Irish.'<sup>439</sup>

Toisc gur bronnadh duais Oireachtais air i 1975, mar aon le gradam an Oireachtais ar an údar sa bhliain chéanna, feictear do Kelly, áfach, nach bhfuil 'an dara rogha againn ach dianmheastóireacht a dhéanamh air ar chaighdeán úrscéalta na hEorpa.'<sup>440</sup> Ba iad Alan Harrison agus Tomás Ó Floinn moltóirí an Oireachtais. Thug Ó Floinn an sainmhíniú seo ar an úrscéal liteartha agus dar leis, bhí *Lig sinn i gcathú* 'ins an chéad áit' i leith an tsainmhínithe chéanna:

Is é atá i gceist againn anseo le húrscéal liteartha, áfach, iarracht phróis ina gcuireann an t-údar roimhe, go comhfhiósach, trí ríomh a dhéanamh ar eachtraí saoil foireann áirithe pearsan, léiriú a dhéanamh agus radharc a thabhairt ar ghnéithe áirithe den saol comhaimseartha: ar na *mores* a rialaíonn agus a stiúraíonn an saol sin, pé acu *mores* reiligiúin, móráltachta, sóisialtachta nó traidisiúin iad, agus ar cé mar a fhreagraíonn pearsain an scéil do na *mores* sin agus a n-éifeacht ar shaol agus ar dhán na bpearsan sin.<sup>441</sup>

In aiste a scríobh Ó Floinn ar an leabhar céanna san iris ollscoile *Nua-Aois*, deir Ó Floinn: 'Is mar a chéile an blas atá ar an scéal seo agus an blas atá ar *A Portrait of the Artist as a Young Man*.'<sup>442</sup> Maidir le stíl an údair, áitíonn Kelly 'nach bhfuil i gceist ach an ghráiscín-teacht ar son na gráiscín-teachta chun geit a bhaint as an lucht meánaicme.'<sup>443</sup> Rianaíonn sí 'timpeallacht aigne' an úrscéil, idir pholaitiúil, shóisialta agus chreidimh, timpeallacht atá, dar léi, seanchaite.<sup>444</sup> Síleann sí nach bhfuil sa leabhar ach 'sciodar na treibhe [...] in ainm na litríochta agus na scéalaíochta, in ionad cuardach cruinn a dhéanamh chun coimpléasc casta an duine a chur os ár gcomhair.'<sup>445</sup> Ach, is cosúil nach chuige sin atá Ó hEithir. D'fhoilsigh *Feasta* litir ó Ó hEithir i mí Lúnasa, 1976, inar mhaígh Ó hEithir faoi léirmheas Kelly go raibh

---

<sup>437</sup> Titley, Alan, *An tÚrscéal Gaeilge*, 59.

<sup>438</sup> Kelly, Rita E. (1976) '*Lig sinn i gcathú*, leabhar éadrom a deir Rita E. Kelly,' *Feasta*, Iúil, 11-14.

<sup>439</sup> Luaite in Liam Mac Con Iomraire *Iomramh Aonair*, 497.

<sup>440</sup> Kelly, Rita E. '*Lig sinn i gcathú*, leabhar éadrom', 11.

<sup>441</sup> Ó Floinn, Tomás (1976) '*Ár n-ógfhear díbhírceach féin*', *Comhar*, Aibreán, 10.

<sup>442</sup> Luaite in Liam Mac Con Iomraire, *Iomramh Aonair*, 393.

<sup>443</sup> Kelly, Rita E. '*Lig sinn i gcathú*, úrscéal éadrom', 11.

<sup>444</sup> *Ibid.*, 11-12.

<sup>445</sup> *Ibid.*, 14



‘paisean an údair ar iarraidh’ agus gur i bpáirt le hEoghan Ó Tuairisc a scríobhadh an léirmheas céanna. Foilsíodh litir san eagrán ina dhiaidh sin ó Kelly agus ó Ó Tuairisc ina ndúirt Ó Tuairisc nach ‘raibh páirt ná cuid de pháirt agamsa san *exposé* suimiúil a rinne R.E.K.’ agus ina ndúirt Kelly go raibh a critic ‘ar gháirsiúlacht Uí Eithir ró-dhea-bhéasach’. In agallamh a rinne Darach Mac Con Iomaire in *The Irish Times* nuair a bhí leagan de *Lig sinn i gcathú* le cur ar ardán Thaibhdhearc na Gaillimhe, dúirt Mac Con Iomaire faoin leabhar: ‘It was Breandán and Máirtín Ó Méalóid’s humanity that made and continues to make it so popular.’<sup>446</sup> Ar lámh amháin, dealraíonn sé gur carachtar lag é Máirtín nach dtagann forbairt air, má chuirtear i gcomparáid le Stephen Dedalus é. Ar an lámh eile, áfach, is mac léinn so-aitheanta é, a bhfuil bá ag an léitheoir leis agus é ar thóir na saoirse pearsanta agus an neamhspleáchais i dtimpeallacht na hollscoile agus na cathrach. Ar an mbonn sin, is féidir a rá go n-éiríonn leis an úrscéal, i gcomhthéacs stíl agus chur chuige an údair, an príomhthéama, tóraíocht an mhic léinn éidreoraigh ar an tsaoirse phearsanta agus an neámhspleáchas sa saol uirbeach, a chur abhaile orainn.

Stíl í sin a úsáidtear arís in *Sionnach ar mo dhuán*. Díol suime é an dearcadh a léiríodh i leith ábhar an úrscéil chéanna. Deir Alan Tittley gur ‘*bildungsroman*’<sup>447</sup> é. In *The Irish Times*, bhí *Sionnach ar mo dhuán* sa chúigiú háit ar liostaí na leabhar ba mhó díol. Tabharfar faoi deara, áfach, gur sa rannóg ‘Paperback non-fiction’ a cuireadh é.<sup>448</sup> Naoi mbliana ina dhiaidh sin ar ócáid athfhoilsithe *Lig sinn i gcathú*, bhí Seán Ó Loingsigh den tuairim nárbh úrscéalaí é Ó hEithir agus gurbh é *Lig sinn i gcathú* ‘an t-aon úrscéal a tháinig uaidh.’<sup>449</sup> ina dhiaidh sin fós, d’áitigh Máirín Nic Eoin gur ‘úrscéal faoi cheist na teanga ó thús deireadh é *Sionnach ar mo dhuán*. Ní haon iontas, i bhfianaise an phictiúir áiféisigh de shaol na Gaeilge a dhéantar ann, gur othar in ospidéal meabharghalair é reacaire agus príomhcharachtar an scéil.’<sup>450</sup> Ar mhaithe le béim a chur ar an ‘áiféis’ agus ar an ‘amaid’ luaitear seanmhallacht iascaireachta i mbrollach an leabhair: ‘Sionnach ar do dhuán/Giorria ar do bhaoite/Nár mharáí tú aon bhreac/Go dtaga an Fhéil’ Bríde.’<sup>451</sup> Tugtar le fios ó thús gurb í an tsaoirse a shantaíonn Piaras Mac Con Mí, príomhcharachtar an úrscéil. Othar in ospidéal síciatrach é: ‘Ag samhlú dom féin go pisreogach go ndeifreoinn mo shaoirse trí gan pillíní na maidine a shlogadh.’<sup>452</sup> Luaitear anois agus arís gurb é a thaithí ar an ól a thug ann é, ach níl a fhios aige go baileach an amhlaidh atá:

---

<sup>446</sup> *The Irish Times* 27/9/2004, 12.

<sup>447</sup> Tittley, Alan *An tÚrscéal Gaeilge*, 507.

<sup>448</sup> *The Irish Times*, 10/11/1990.

<sup>449</sup> Ó Loingsigh, Seán (1999) ‘Trí léirmheas, Ó hEithir, Ó Tuairisc agus Ó Doibhlin’, *Feasta*, Márta, 12.

<sup>450</sup> Nic Eoin, Máirín (2005) *Trén bhfearann breac*, Baile Átha Cliath: Cois Life, 235.

<sup>451</sup> Ó hEithir, Breandán (1988) *Sionnach ar mo dhuán*, Baile Átha Cliath: Sáirséal-Ó Marcaigh, brollach.

<sup>452</sup> *Ibid.*, 16.

Gafa arís. De bharr cineál éigin cleas méaracán nár thuig mé ba i measc lucht meabharghalrach a bhí mise sactha; cé go rabhas ionann 's cinnte gur mar gheall ar an ól a cuireadh isteach mé.<sup>453</sup>

Díol suime é go luaitear gur gabhadh an príomhcharachtar cheana. Amhail Máirtín Ó Méalóid, is carachtar éidreorach é Piaras, a dtéann sé dian air glacadh le hinstitiúidí an Stáit. Is geall le príosún do Phiaras é an t-ospidéal, mar a ríomhtar i gcéad alt an úrscéil. 'Rug an bháisteach orm i bhfíoríochtar an ghairdín. Mar gheall ar airde na mballaí níor léir dom teacht na néalta toirní.'<sup>454</sup> Úsáidtear stíl an eachtraithe arís ón gcéad leathanach nuair a thagraíonn Piaras do scéal fir a bhí ag obair le seó bóthair i Meiriceá. Dar le Piaras: 'Bhí an seó bóthair lena rabhas féin gafa le beagán blianta tagtha suas liom agus imithe tharam amach.'<sup>455</sup> Is geall le siombal é an seó bóthair sin don saol a bhí á chaitheamh aige sular tharla san ospidéal dó, siombal a thugann chun cuimhne an seó bóthair a raibh príomhcharachtar *Deoraíocht* Uí Chonaire ina thaispeántas ann. Admhaíonn Piaras go ndeachaigh an saol sin amú air: 'Is iomaí sin rud nár thuig mé, go fiú i mo thaobh féin.'<sup>456</sup> Ar chomhairle dochtúra, rianaíonn Piaras a scéal i bhfoirm dialainne mar theiripe phearsanta ina sheomra beag a raibh 'feiceáil áirithe ón bhfuinneog ar pháirteanna den chathair agus ar Mhullach Bhinn Éadair.'<sup>457</sup> I bhfoirm eachtraí a rianaítear an scéal sin, stíl a fheileann do chur chuige an reacaire, mar a deir sé féin: 'B'fhéidir gur den chríonnacht babhtáí fealsúnachta a sheachaint agus cloí le tuairisceoireacht.'<sup>458</sup>

Dar le Tadhg Ó Dúshláine, feileann stíl sin an údair don leabhar toisc go bhfuil 'an screamh á bhaint aige d'fhimíneacht chreidimh agus pholaitíochta na tíre. Chuige sin an áibhéil agus an scigaithe go léir, an gháirsiúlacht agus an tíriúlacht.'<sup>459</sup> Sampla maith den stíl chéanna é an cuntas a thugann Piaras ar an tréimhse a chaith sé i gColáiste Chnocán na Carraige i mBaile Átha Cliath.<sup>460</sup> Ar aon dul le Máirtín Ó Méalóid, caitheann sé a chuid ama in adharca údarais an choláiste, luíonn sé isteach ar an ól, agus ar deireadh, luíonn sé le Marcella, eachtra a thugann faoiseamh éigin dó. Agus an coláiste á fhágáil ina dhiaidh aige, caitheann sé a chuid leabhar scoile amach fuinneog na traenach agus deir: 'Seo é mo chéad bhuille sa chath chun neamhspleáchas agus saoirse a bhaint amach.'<sup>461</sup> Tuairimíonn Ó Dúshláine faoi mhodh inste Uí Eithir:

---

<sup>453</sup> Ó hEithir, Breandán *Sionnach ar mo dhuán*, 5.

<sup>454</sup> *Ibid.*, 1.

<sup>455</sup> *Ibid.*

<sup>456</sup> *Ibid.*, 3.

<sup>457</sup> *Ibid.*, 42.

<sup>458</sup> *Ibid.*, 56.

<sup>459</sup> Ó Dúshláine, Tadhg (1989) '*Sionnach ar mo dhuán*, Odaisí an chraiceálaí Poitín', *Comhar*, Aibreán, 42.

<sup>460</sup> Ó hEithir, Breandán *Sionnach ar mo dhuán*, féach 147-178.

<sup>461</sup> *Ibid.*, 193.

Is í teachtaireacht dhána na haoire seo nach bhfuil inár n-institiúidí mórchúiseacha go léir, inár bproifisiúnaithe idir chlér is thuatha, inár bhfeachtais phoblachtacha, oideachasúla agus athbheochana – nach bhfuil iontu ach pleibínteacht.<sup>462</sup>

Déantar scigathris ar ghluaiseacht na Gaeilge, eagraíocht na nGaelghlacadóirí, imeartas focal ar gheallghlacadóirí, a shaothraíonn airgead ar son chúis na teanga. Tá sé i gceist ag Piaras teacht i dtír ar an eagraíocht chéanna ar mhaithe leis an ollscoil a sheachaint, ar theastaigh óna athair go rachadh sé ann:

Dúirt mé leis, gan frapa gan taca, gur mhaith liom dul ag plé le cúrsaí faisnéise agus eolais agus go mb'fhacthas dom, ón mbeagán a bhí tugtha faoi deara agam, go mbeadh an-deiseanna taobh istigh d'eagraíocht nua náisiúnta mar Ghaelghlacadóirí.<sup>463</sup>

Is ar mhaithe leis féin atá Piaras, agus é de shíor ag iarraidh a bheith saor ar an tsochaí thart air. Sa chath 'chun na saoirse agus an neamhspleáchais a bhaint amach', tugtar arís faoi institiúidí na meánaicme, ach gurb iad institiúidí bhunaíocht na tíre seachas na cathrach amháin atá i gceist. Feictear dó, mar sin féin, gur sa chathair atá a shaoirse phearsanta le blaiseadh. Nuair a chuirtear ar conradh bliana leis na Gaelghlacadóirí é, socraíonn sé dul sa tóir ar 'aoibhneasá amhrasacha na cathrach',<sup>464</sup> i gcuideachta Niocláis, atá ar lóistín leis, mar a bhí Bilín le Máirtín. Deir Piaras faoi Nioclás: 'Ba é a d'oscail mo shúile ar dtús ar ghnéithe áirithe de shaol na cathrach.'<sup>465</sup> Tharraing stíl tíriúil an údair conspóid i measc léirmheastóirí, go háirithe agus Piaras ag dul i dtaithe ar na 'haoibhneasá amhrasacha' sin. lonsáitear baothmhóráltacht na meánaicme in athuir, mar a fheictear don údar í, tríd an gcur síos tíriúil gáirsiúil a dhéantar ar eachtraí gnéis Phiarais. Dar le Caoilfhionn Nic Phóidín, a mhol an leabhar as 'saothar réadúil Gaeilge a shuíomh go hinchreidte i gcathair', slánaíonn an greann agus an scigathris stíl sin an údair: 'Is i gcomhthéacs an ghrinn chomh maith is ceart eachtraí ban agus oícheanta freaice Phíipí a mheas, agus ní mar mhasla tomhaiste don chine baineann.'<sup>466</sup> Ina choinne sin, sa léirmheas a rinne sí san iris *The New Nation*, i mí Aibreáin 1989, d'áitigh Máirín Nic Eoin:

A potentially hilarious account of revolt against absurd parental expectations is reduced to tedium by too frequent recurrence of the all-too-familiar themes [...] the numerous descriptions of Mac Con Mí's sexual adventures are merely attempts to sustain a long-drawn-out and sagging plot [...] the total objectification of women [...] is hard to stomach.<sup>467</sup>

<sup>462</sup> Ó Dúshláine, Tadhg (1989) 'Sionnach ar mo dhuán, Odaisí an chraiceálaí Poitín', 44.

<sup>463</sup> Ó hEithir, Breandán, *Sionnach ar mo dhuán*, 195.

<sup>464</sup> *Ibid.*, 208.

<sup>465</sup> *Ibid.*, 212.

<sup>466</sup> Nic Phóidín, Caoilfhionn, (1989) 'Sháraigh Ó hEithir na Geasa', *Comhar*, Márta, 24.

<sup>467</sup> Luaite in Liam Mac Con Iomaire, *Iomramh Aonair*, 613.

Sa trácht a dhéanann sé ar an dearcadh i leith na mban san úrscéal céanna, creideann Titley gur modh an údair seachas masla atá i gceist: 'Is í an choinbhleacht seo idir a dhúchas bligeardúil leathchiniúil féin agus na crúcaí atá an saol ag iarraidh a chur ann bundráma an leabhair.'<sup>468</sup> Bíodh sin mar atá, is deacair seasamh le stíl sin an údair, go háirithe nuair a théann sí chun áiféise agus chun leadráin, mar a áitíonn Nic Eoin. Cuireann turas cairr deireadh le cúrsa fada Phiarais agus cathair na Gaillimhe á fágáil aige amhail Máirtín, ach gur tiománaí an chairr seachas paisinéir é Piaras, nod don léitheoir b'fhéidir, go bhfuil smacht ag Piaras ar a shaol féin ar deireadh. Agus a mhachnamh á dhéanamh ag Piaras ar a chás, tugtar le fios go bhfuil an tsaoirse a shantaíonn sé le fáil sa chion atá aige ar Sandra, a dtugann sé síob abhaile di. Deir sé go raibh fonn dí air, 'ach ní ólann sise deoir ar bith agus measaim gur fearr léi fir nach n-ólann fresiin.'<sup>469</sup> Dar leis: 'Sáraíonn sí a bhfaca mé go dtí seo'.<sup>470</sup> Glacann sé leis, mar a bheadh deireadh cúrsa teiripe, go gcaithfidh sé a shaol a athrú agus tuigeann sé 'gurb ionann mo chás agus cás an phortáin a d'ordaigh dá mhac siúl díreach'.<sup>471</sup> Tá saoirse bainte amach aige, agus Sandra ag teacht ina threo, agus 'is leor sin den fhealsúnacht'.<sup>472</sup> Tá sé saor ar a mhuintir, tá sé in ann ag an saol i gcuideachta Sandra. Ní cleas liteartha an phósta a chuireann deireadh leis an gcarachtar éidreorach i gcás Phiarais, ach tugtar nod i mbuille scoir an úrscéil go bhfuil sé i gceist aige socrú síos mar sin féin, in aontíos le Sandra: 'Feicim Sandra ag an ngeata agus níor baineadh aon cheo as an lá amárach fós.'<sup>473</sup>

Is féidir a rá, mar sin, gurb í an tsaoirse phearsanta a shantaíonn Máirtín agus Piaras araon. Téann siad beirt sa tóir ar an tsaoirse sin sa chathair. Is gráin leo beirt baohmhoráltacht mheánaicme na cathrach. Tapaíonn siad beirt an deis a thugtar sa chathair dóibh éirí amach i gcoinne na ngnéithe éagsúla den saol acu, a chuireann srian orthu beirt a bheith saor. Éalaíonn Máirtín ón gcathair ar mhaithe le bheith saor, ach tuigtear do Phiaras nach bhfuil saoirse san éalú. Cé nach maith leis an fhealsúnacht, tuigeann sé ar deireadh go mbraitheann a shaoirse phearsanta ar an bhfuascailt a shamhlaíonn sé atá i ndán dó i gcuideachta Sandra. Sa léirmheas a rinne Éanna Mac Cába in *The Sunday Press* ar *Sionnach ar mo dhuán*, cuirtear ceist faoin stíl a úsáideann an t-údar ar mhaithe leis an mbuntéama sin a chur ina luí ar an léitheoir:

Is it concerned only with deviousness, self-gratification, sex, drink? [...] Is it more concerned with dislocation of personality, with the schizophrenia inherent in our encounters with realities nowadays? [...] realities that seem so stable but yet are constantly shifting?<sup>474</sup>

---

<sup>468</sup> Titley, Alan, *an tÚrscéal Gaeilge*, 515.

<sup>469</sup> Ó hEithir, Breandán, *Sionnach ar mo dhuán*, 334.

<sup>470</sup> Ibid.

<sup>471</sup> Ibid., 335.

<sup>472</sup> Ibid.

<sup>473</sup> Ibid.

<sup>474</sup> Mac Cába, Éanna, 'Touching a raw nerve', *The Sunday Press* 25/2/1989.

Is í an cheist sin faoi réaltacht úrscéalta Uí Eithir, go háirithe i gcás *Sionnach ar mo dhuán* a tharraing conspóid i measc lucht critice agus léirmheastóirí. Moladh an pictiúir réalaióch de chathair na Gaillimhe i *Lig sinn i gcathú*. Dar le Caitlín Nic Mhathúna: ‘D’fhéadfaí é d’úsáid mar threoirleabhar don chathair úd.’<sup>475</sup> I gcás *Sionnach ar mo dhuán*, áfach, ceistíodh cumas údar Gaeilge úrscéal réalaióch a shuíomh sa chathair.

### 3.2 An réaltacht agus an réaltacht fhíorúil

Mar a thugann ceist Mhic Cába le fios, ní rud seasta í an réaltacht. Ar an gcuma chéanna, áitítear i dtéis cháiliúil Mháirtín Uí Chadhain, go ndéanann gach údar a chuid féin den réaltacht.

[...] ní hí fírinne na cumadóireachta, na healaíne, fírinne an tsaoil [...] ar chaoi amháin is é an saol iairbhír is ábhar do shaothar ealaíne, ach ar chaoi eile le saothar ealaíne a chur ar fáil ní mór an t-ábhar as an saol iairbhír a athmhúnlú agus a athchruthú.<sup>476</sup>

Ar an gcaoi chéanna, nuair a thugann Ó hEithir faoi réaltacht chathair na Gaillimhe a chur ar pár, déanann sé a chuid féin den chathair iairbhír. Is ar mhaithe le timpeallacht a chruthú don úrscéal a dhéanann sé amhlaidh. Athchruthaíonn sé gnéithe áirithe de réaltacht na cathrach mar a fheictear do Mháirtín Ó Méalóid iad, agus is trí shúile Mháirtín a fheictear an réaltacht chéanna. Dar leis, tá an dá chathair ann, an chathair bhuirgíseach agus an chathair bhoihéimeach. Toisc go bhfuil bá ag Máirtín leis an gcathair bhoihéimeach, tugtar léirmhíniú ar an gcathair bhuirgíseach atá claonta agus, dar le Rita E. Kelly, róshimplí dá réir. ‘Tugtar léargas seasc ar óstlann na galántachta (óstlann an Bhóthair Iarainn) mar is léir go bhfuil an t-údar níos tugtha do na tithe drabhlásacha.’<sup>477</sup> Is áit dhuairc ghruama í an óstlann chéanna: ‘Bhí an troscán trom, ornáideach, na scátháin óraithe, na gréithe, idir mhíotal agus chré, greanta agus na custaiméirí ar a gcompord nó ag ligean orthu féin go raibh.’<sup>478</sup> Dar le Kelly, tagann claontacht Mháirtín salach ar an iarracht a dhéantar ar réaltacht mheánaicme na cathrach a léiriú sa chaoi is nach bhfuil ann ach paistís seachas léargas. I dtaca le dearcadh an údair i leith pholaitíocht na cathrach ar a dtugann sí ‘ghiotamáileacht pharóistíúil’ deir Kelly: ‘Mura bhfuil brí bearrthóireachta den ardchaighdeán léi, téann sí chun leadráin.’<sup>479</sup> Cé go bhféadfaí a mhaíomh go bhfuil an trácht a dhéantar ar bhunaíocht mheánaicmeach na cathrach amhlaidh toisc gur trí shúile Mháirtín a dhéantar an trácht sin, tá de locht air, dar le Kelly, gur ‘mám típeanna nó caracatúr’<sup>480</sup> a thagann chun cinn.

<sup>475</sup> Nic Mhathúna, Caitlín, ‘Lig sinn i gcathú’, 26.

<sup>476</sup> Ó Cadhain, Máirtín (1969) *Páipéir bhána agus páipéir bhreaca*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 10.

<sup>477</sup> Kelly, Rita E. ‘Lig sinn i gcathú, leabhar éadrom’, 11.

<sup>478</sup> Ó hEithir, Breandán, *Lig sinn i gcathú*, 39.

<sup>479</sup> Kelly, Rita E. ‘Lig sinn i gcathú úrscéal éadrom’, 12.

<sup>480</sup> *Ibid.*, 13

Ar a shon sin, sa léirmheas a rinne sé ar an úrscéal, shíl Nollaig Ó Gadhra go raibh de bhua ag an saothar gur éirigh leis an údar pictiúr bailí de chathair na Gaillimhe a tharraingt:

if I were asked to mention some of the great achievements of Ó hEithir in the novel I would say that he has captured the unique chemistry of Galway in the late 1940's in a manner which I feel has not been done heretofore.<sup>481</sup>

Más pictiúr claonta féin é, dealraíonn sé go dtarraingítear peannphictiúr de shaol meánaicmeach chathair na Gaillimhe mar a fheictear trí shúile an mhic léinn éidreoraigh í. Mura bhfuil i bpolaitíocht chomhairle na cathrach ach 'giotamáileacht pharóistiúil' is mar sin a fheictear do Máirtín í, carachtar nach bhfeictear dó ach an cur i gcéill agus an áiféis a bhaineann le bunaíocht na cathrach. Tagann gnéithe éagsúla na cathrach sin le chéile nuair a shocraítear leacht comórtha ar laochra na Poblachta a chur sa Chearnóg Mhór. Tosaíonn an lá mór amach le seanmóir an easpaig. Deir an t-easpag leis an slua gur 'chuir a Naofacht an Pápa a bheannacht ar Bhaile an Chaisil',<sup>482</sup> ach tá Máirtín náirithe: 'Chrom Máirtín a cheann agus stán ar an úrlár.'<sup>483</sup> Is dócha gurb é an náire sin a bhraitheann Máirtín faoi chur i gcéill bhunaíocht na cathrach a thugann air cur síos searbhach, binibeach agus áibhéalach, a théann chun áiféise, a thabhairt ar 'an mórshiúl comórtha go dtí an Chearnóg Mhór'<sup>484</sup> agus ar ar tharla ina dhiaidh. Luadh cheana gur cathair é Baile an Chaisil 'nach ndearna sé a intinn suas riamh an baile mór tuaithe nó cathair mheánaoiseach a bheadh ann'<sup>485</sup> agus tá an cruth sin ar an mórshiúl. Cuirtear 'Banna Práis Naomh Proinsias Xavier ó Chuallacht na bProinsiasach'<sup>486</sup> ar cheann an mhórshiúil. Níl acu ach 'trí phort, *The Wearing of the Green*, *The Three Flowers* agus an ceol aitheantais a bhain leis an scannán *The Message of Fatima*',<sup>487</sup> meascán áiféiseach den tírghrá agus den chreideamh. Fághtar ceoltóirí 'Drumaí an Lucht Oibre as an mBaile Gaelach'<sup>488</sup> i gcúil an mhórshiúil, in ainneoin go bhfuil an ceol is fearr acu, ach ní chuige sin atá an mórshiúl ach ar mhaithe le híomhá na cathrach, mar a theastaíonn ó bhunaíocht na cathrach é, a chur os comhair na tsaoil. Is geall le macasamhail de shochaí mheánaicmeach na cathrach é an t-ord a chuirtear ar an mórshiúl:

Bhí na Comhairleoirí ina seasamh go hamaideach ar chúla an bhanna práis. Bhí cuma níos scifleogaí ná riamh ar a mbratóga oifigiúla faoi sholas an lae. Ina dhiaidh sin arís tháinig na buíonta oifigiúla eile, ón ollscoil, ó Chumann na Croise Deirge, Ridirí Mhalta, na Gasóga Caitliceacha, na Gasóga Farraige agus díorma beag seanóglach a chuaigh ar thaobh an tsaorstáit sa gcogadh carthartha.<sup>489</sup>

---

<sup>481</sup> Ó Gadhra, Nollaig, 'An curadh Connachtach', *The Connaught Tribune*, 26/3/1976.

<sup>482</sup> Ó hEithir, Breandán, *Lig sinn i gcathú*, 182.

<sup>483</sup> *Ibid.*

<sup>484</sup> *Ibid.*, 186.

<sup>485</sup> *Ibid.*, 24.

<sup>486</sup> *Ibid.*, 186.

<sup>487</sup> *Ibid.*, 187.

<sup>488</sup> *Ibid.*, 186.

<sup>489</sup> *Ibid.*, 187-8.

De réir mar a théann an mórshiúl agus ar tharla ar lá an chomórtha chun áiféise, tapaítear an deis le ceap magaidh a dhéanamh de bhréag-ghalántacht na cathrach. Áit go raibh a mhíshástacht le meánaicmeachas na cathrach ag dó na geirbe ag Máirtín, tuigtear dó anois nach bhfuil ann ach muga magadh. Mar a deir Tomás Ó Floinn faoi Mháirtín:

Chítear an saol ar fad dó mar bhréag: bréagchreideamh, bréagchráifeacht, breagnósmhaireacht a cheileann an mhí-mhacántacht bhunaidh, an tsaint, an mhailís agus an ghangaid faoi chealtair na deabhóide.<sup>490</sup>

Is geall le scigdhrama dó an chathair agus is é an scigdhrama céanna a thugann air a dhroim a thabhairt don chathair. Feictear do scríbhneoir an tráchtais seo gurb é sin príomhphointe an údair maidir le réaltacht na cathrach. Is í an réaltacht sin a thugann ar Mháirtín an chathair a thréigean.

D'fhéadfaí a rá gur scigdhrama na tíre i gcoitinne is ábhar do mhíshástacht Phiarais in *Sionnach ar mo dhuán*. Luadh cheana míshástacht Phiarais le hinsitiúidí éagsúla an stáit, a mbíonn baint aige leo agus é ag dul i dtaithí ar an saol. San iarracht a dhéanann sé ar a shaoirse phearsanta a bhaint amach, cuireann Ó hEithir réaltacht na tíre agus na cathrach, mar a fheictear do Phiaras iad, os comhair an léitheora. Sa léirmheas a rinne sí ar an leabhar, chreid Caoilfhionn Nic Pháidín gur éirigh thar cionn le Ó hEithir an méid sin a dhéanamh: 'Pé col intinne nó bacanna teanga a bhain go dtí seo le saothar réadúil Gaeilge a shuíomh go hinchreidte i gcathair, tá na geasa sin briste ag Breandán Ó hEithir san úrscéal seo.'<sup>491</sup> Sa léirmheas a rinne sé ar an úrscéal céanna, áfach, bhí Proinsias Ó Drisceoil ar a mhalairt de thuairim: 'It is virtually impossible for a writer in Irish to set realist fiction in modern urban society.'<sup>492</sup> Dar le Ó Drisceoil, is sa Ghaeltacht amháin atá an Ghaeilge ina teanga phobail, agus mar gheall air sin, ní fhéadfaí ficsean réalaíoch Gaeilge a shuíomh sa chathair. Tharraing tuairim Uí Dhrisceoil díospóireacht i measc lucht critice na Gaeilge. Foilsíodh freagraí ar thuairimí Uí Dhrisceoil ó Chríostóir Ó Floinn, ó Mhuiris Mac Conghail agus ó Sheán Mac Réamoinn i mí na Feabhra 1989 in *The Irish Times*. Dar le Mac Réamoinn, a dhiúltaigh do thuairimí Uí Dhrisceoil:

Certainly, to suggest that "*Cré na Cille*" bypasses realism is no more apt than to say the same about "*Ulysses*" [...] the same silly platitudes about the Irish language keep reappearing in modern dress e.g. the idea that it – or any other language – is 'inadequate' to deal with 'modern life'.<sup>493</sup>

Mheabhraigh Ó Floinn don léitheoir:

Nach maith an rud é d'órchiste na litríochta nár chuir aon duine laicis ar Shakespeare gan drámaí a shuíomh sa Róimh, san Éigipt [...] de bhrí nach in aon áit acu siúd a rugadh é? Agus ó

<sup>490</sup> Ó Floinn, Tomás (1976) 'Ár nÓgfhear díbhirceach féin' 10.

<sup>491</sup> Nic Pháidín, Caoilfhionn (1989) 'Sháraigh Ó hEithir na geasa', *Comhar*, Márta, 23.

<sup>492</sup> Ó Drisceoil, Proinsias, 'Lead us not into Shenanigans', *The Irish Times*, 14/1/1989.

<sup>493</sup> Mac Réamoinn, Seán, *The Irish Times*, 6/2/1989.

thaobh na teanga de, bhí an lucht éisteachta sásta ligean don drámadóir a shamhlú gur Béarla a bhí á labhairt sna háiteanna sin.<sup>494</sup>

Chosain Mac Conghail saothar Uí Eithir nuair a chuir sé an cheist: ‘Can madness not be discussed in Irish? [...] The subject of *Sionnach ar mo dhuán* represents a contemporary preoccupation with schizophrenia, paranoia fuelled by drink and the claustrophobia of Ireland.’<sup>495</sup> Dar le Máirín Nic Eoin: ‘Léiríonn géire na díospóireachta poiblí a lean foilsíú *Sionnach ar mo dhuán* cé chomh híogair agus a bhí ceist seo an réadúlachais uirbigh i súile aos critice na Gaeilge.’<sup>496</sup> Tagann cás sin ‘an réadúlachais uirbigh’ i gceist i gcás úrscéal Uí Eithir a ‘moladh mar aoir shóisialta, mar úrscéal bunaithe ar bheatha rógaire, mar shaothar scigathrise is, thar aon ní eile, mar úrscéal réalaióch cathrach’.<sup>497</sup> Cé gur sa chathair atá Piaras, is in ospidéal síciatarach atá sé, scoite amach ón gcathair chéanna. Sa mhachnamh a dhéanann sé ar a chás i dtús an úrscéil, tuigtear do Phiaras gur gné dá shaol é an réalachas a d’imigh amú air. Ceistíonn sé cúinsí a shaoil nach bhfuil smacht aige orthu:

Cé a bhí le mo chois agus cé a shínigh na páipéir, má síníodh páipéir, a rinne príosúnach díom? Cén pháirt a bhí ag m’fhostóirí sa scéal? Cé mhéad lá a bhí imithe ar throigh gan tuairisc as mo chuimhne agus cár caitheadh iad...<sup>498</sup>

Is rud aduain do Phiaras é an réalachas, a bhfuil neamhchinnteacht ag baint leis, mar a luann Éanna Mac Cába thuas:

Bhí mé i m’othar, agus i mo phríosúnach, sa roinn iata d’Ospidéal Naomh Gréagóir le coicís nach mór. Le laethanta fada gan áireamh cruinn roimhe sin bhíos ar seachrán i bpáirteanna éagsúla de dheisceart na tíre. De bhrí nach raibh agam ar an tréimhse sin ach cuimhní fánacha, ar chosúla le míreanna as tromluí leanúnach iad, ní raibh mé in ann a rá cá raibh mé nó cé a bhí i mo chomhluadar go buan, má bhí éinne, ag soláthar córas taistil dom.<sup>499</sup>

Toisc go bhfuil Piaras scoite amach ón saol taobh amuigh de bhallaí an ospidéil, tá sé beag beann ar réalachas an tsaoil chéanna. Is mar gheall air sin a mholann an dochtúir dó an dialann a scríobh. Dar le Proinsias Ó Drisceoil, sin díreach atá sa leabhar: ‘The book reads exactly as it purports to be; a therapeutic exercise rather than a work of art.’<sup>500</sup> Scéal thairis, b’fheidir, céard atá i gceist ag Ó Drisceoil le ‘a work of art’, ach lena cheart a thabhairt don údar, ní dócha gur chuir sé roimhe úrscéal réalaióch traidisiúnta a scríobh. Sa léirmheas a rinne sé san iris ollscoile *Alpha*, ceistíonn Aindreas Ó Gallchóir an réamhleagan go gcaithfidh domhan an úrscéal a bheith beo sa tsochaí sula gcumtar an t-úrscéal. Dar leis, ní fheileann an réamhleagan sin do *Sionnach ar mo dhuán*:

<sup>494</sup> Ó Floinn, Criostóir, *The Irish Times*, 27/2/1989.

<sup>495</sup> Mac Conghail, Muiris, *The Irish Times*, 11/2/1989.

<sup>496</sup> Nic Eoin, Máirín (2005) *Trén bhfearann breac*, 425.

<sup>497</sup> *Ibid.*, 421.

<sup>498</sup> Ó hEithir, Breandán, *Sionnach ar mo dhuán*, 15.

<sup>499</sup> *Ibid.*, 22.

<sup>500</sup> Ó Drisceoil, Proinsias, ‘Lead us not into Shenanigans’.



[That] premise denies the writer the imaginative power to create his own world from the elements he has chosen to bring with him from the one he has known. And this is what Breandán Ó hEithir has done.<sup>501</sup>

Cuireann Piaras roimhe domhan dá chuid féin a chruthú sa dialann a scríobhann sé, domhan a bhfuil a réalachas féin ag baint leis. Agus é ar tí tabhairt faoin dialann, admhaíonn Piaras go mb'fhéidir nach bhfuil fonn air éalú as an ospidéal: 'B'fhéidir gur mó an chúis atá agam a bheith as bealach daoine faoi láthair ná ina measc.'<sup>502</sup> As sin amach, mar a luann Titley, is 'bleachtaire ar a shaol féin'<sup>503</sup> é Piaras.

Tugann Máirín Nic Eoin aghaidh ar cheist an réalachais a tháinig aníos nuair a foilsíodh *Sionnach ar mo dhuán* sa leabhar, *Trén bhfearann breac*.<sup>504</sup> Luann sí tuairim Sheáin Uí Thuama a chreid 'gur mhodhanna neamhréalaíocha ba thorthúla do phrós-scríbhneoirí na Gaeilge trí chéile.'<sup>505</sup> Maidir le carachtair na scríbhneoirí sin, luaitear tuairim Liam Uí Mhuirthile faoi úrscéalaíocht réalaióch na Gaeilge, agus an fáth go bhfuil sí ann: 'Is geall le cleas draíochta é a chur ina luí ar léitheoir go maireann carachtar beo [...] Cad is fiú an saothar nuair atá an rud déanta i mBéarla agus i dteangacha eile go mionmhinic?'<sup>506</sup>

Ina choinne sin, cuireann Nic Eoin an cheist: 'Cad atá i gceist leis an réalachas liteartha?'<sup>507</sup> Ar mhaithe leis na deacrachtaí a bhaineann leis an úrscéal Gaeilge a shuíomh sa saol réalaióch, deir Nic Eoin gur 'istigh in intinn an phríomhcharachtair atá gníomhartha an scéil ag tarlú.'<sup>508</sup> Luaitear tuairim Bhreandáin Uí Dhoibhlin gurb é sin is cúis le modh inste cuid mhaith d'úrscéalta na Gaeilge 'ó na seascaidí ar aghaidh'.<sup>509</sup> D'fhéadfaí a mhaíomh gurb é sin modh inste *Sionnach ar mo dhuán* leis, mar cé go ríomhtar taithí saoil Phiarais sa dialann teiripe, is geall le 'intinn an phríomhcharachtair' é an dialann chéanna. Lena chois sin, b'fhéidir gurb é sin is cúis le Piaras a bheith sáite san ospidéal meabharghalair, gearrtha amach ón tsochaí, cleas a chuireann ar chumas an údair an réalachas liteartha a sheachaint. Mar aon leis sin, toisc gur le heagraíocht de chuid ghluaiseacht na teanga, na Gaelghlacadóirí, a chaitheann Piaras a shaol oibre, b'fhéidir go bhfuil fadhb an réalachais á réiteach ag Ó hEithir trí úsáid a bhaint as 'an gnáthmhodh', mar deir Nic Eoin:

---

<sup>501</sup> Féach Liam Mac Con Iomaire, *Iomramh Aonair*, 611.

<sup>502</sup> Ó hEithir, Breandán, *Sionnach ar mo dhuán*, 44.

<sup>503</sup> Titley, Alan, *an tÚrscéal Gaeilge*, 509.

<sup>504</sup> Nic Eoin, Máirín, *Trén bhfearann breac*, féach 419-436.

<sup>505</sup> *Ibid.*, 420.

<sup>506</sup> *Ibid.*, 424-5.

<sup>507</sup> *Ibid.*, 426.

<sup>508</sup> *Ibid.*, 427.

<sup>509</sup> *Ibid.*

‘Is é an gnáthmhodh ina ndéantar é sin i bhformhór na n-úrscéalta réalaiócha Gaeilge ná an insint a bhunú ar thaithí saoil Gaeilgeora nó carachtar ar Ghaeilgeoir é/í a bheith mar fhócas lárnach na hinsinte (bíodh an insint sin sa tríú, sa chéad nó sa dara pearsa).’<sup>510</sup>

É sin ráite, feictear do Nic Eoin nach gá go mbeadh an réalachas liteartha traidisiúnta ina shlat tomhais d’úrscéalaíocht na Gaeilge. Ar an mbonn sin, d’fhéadfaí a rá gur botún é *Sionnach ar mo dhuán* a shuíomh i gcatagóir an réalachais sin. Ceistíonn Nic Eoin an réalachas céanna:

is é an téis ba mhaith liom a chur chun cinn anseo maidir le húrscéalta na Gaeilge ná gurb ionann go minic an saothar a luafaí an réalachas go traidisiúnta leis agus sampla den réaltacht fhíorúil nó den fhantasaíocht.<sup>511</sup>

Tugann Piaras aghaidh ar an difríocht idir an réaltacht agus an réaltacht fhíorúil i dtéarmaí théis Nic Eoin agus an dialann á scríobh aige. Tugann Matrún an ospidéal cuairt air lá agus tosaíonn ar a raibh scríofa aige a léamh. Nuair a thugann sí faoi deara gur i nGaeilge atá an dialann scríofa, fiafraíonn sí de:

“Cén fáth gur i nGaeilge atá tú ag scríobh? Ní bheidh éinne san áit seo in ann é sin a léamh.”

“Aistreoidh mé ar ball é. I nGaeilge a smaoiním, an dtuigeann tú? Anois féin is ag aistriú as cos i dtaca atáim.”<sup>512</sup>

Is í an teanga an rud is tábhachtaí do Phiaras seachas ‘an gaol idir an téacs agus aon réaltacht shóisialta nó teanga.’<sup>513</sup> Cuireann freagra leath-leithscéalach Phiarais ar an Matrún fearg air féin, toisc go bhfeictear don Mhatrún go mbeidh an dialann thíos leis an teanga ina scríobhtar í: ‘Is maith le daoine aineolacha rudaí aduaine mar sin a chlos ó dhaoine a bhfuil níos mó ná teanga amháin ar a gcumas.’<sup>514</sup> Tuigeann Piaras go bhfuil a réaltacht féin ag gach teanga, an Ghaeilge san áireamh, agus más réaltacht fhíorúil atá á cleachtadh aige sa dialann, sa mhéid is nach réaltacht an Bhéarla, réaltacht shóisialta an chomhludair ina thimpeall atá ann, ní ionann sin is a rá nach bhfuil an dialann réalaióch, rud a thugann air a fhiafraí den Mhatrún: “‘Na bac leis. An amhlaidh a cheapann tú nach féidir cúrsaí gealtachais a phlé i nGaeilge?’”<sup>515</sup>

Crann taca do théis Nic Eoin is ea léacht a thug Caoimhín Mac Giolla Léith<sup>516</sup> agus léacht eile a thug Máire Ní Annracháin.<sup>517</sup> Pléann Mac Giolla Léith fás an úrscéil réalaióch chathrach, ‘an t-úrscéal *par excellence* sa naoú haois déag.’<sup>518</sup> Dar leis, bhí tuairisc ‘ar ghnéithe uile an tsaoil chomhaimseartha’<sup>519</sup>

---

<sup>510</sup> Ibid., 426.

<sup>511</sup> Nic Eoin, Máirín *Trén bhfearann breac*, 428.

<sup>512</sup> Ó hEithir, Breandán, *Sionnach ar mo dhuán*, 51.

<sup>513</sup> Nic Eoin, Máirín, *Trén bhfearann breac*, 429.

<sup>514</sup> Ó hEithir, Breandán, *Sionnach ar mo dhuán*, 51-2.

<sup>515</sup> Ibid., 52.

<sup>516</sup> Mac Giolla Léith, Caoimhín, (1991) ‘Is cuma faoin scéal’, *Léachtaí Cholm Cille XX1*, Má Nuad: An Sagart, 6-26.

<sup>517</sup> Ní Annracháin, Máire, (1994) ‘An tSuibiacht Abú, an tSuibiacht Amú’, *Oghma 6*, 11-32.

<sup>518</sup> Mac Giolla Léith, Caoimhín, ‘Is cuma faoin scéal’, 13.

<sup>519</sup> Ibid.

san úrscéal céanna agus toisc gur glacadh leis gurbh ionann an t-úrscéal réalaióch agus an t-úrscéal *per se*, ‘níor chóir go gcuirfeadh sé aon iontas orainn gur sna téarmaí seo a mheasfaí buanna agus laigí an úrscéil Ghaeilge.’<sup>520</sup> Dá réir sin, is laige ar *Sionnach ar mo dhuán* é an easpa réalachais atá le sonrú air toisc nach gcloíonn sé le téarmaí tagartha an úrscéil réalaióch. Áitíonn Mac Giolla Léith, áfach, nach cuid de thraidisiún an úrscéil réalaióch iad úrscéalta na Gaeilge. Dar leis, is fearr a fheileann an traidisiún a théann chomh fada siar le *Don Quixote* d’úrscéalta na Gaeilge. Agus é ag trácht ar na Foirmiúlaithe, míníonn sé go n-oireann an modh athfhillteach d’úrscéalaíocht na Gaeilge, agus ‘gurb í sainghné na healaíne dar leo an chaoi a n-éiríonn léi faid a chur idir í féin agus gnáth-thaithí an tsaoil réadúil trín saol sin a “dhéanamh aduain”’.<sup>521</sup> De réir mar a chuireann Piaras an dialann i dtoll a chéile, feictear dó go minic gur saol aduain é an saol réalaióch: ‘de thimpist a tharla na rudaí ba thábhachtaí i mo shaol go dtí sin agus nach raibh i bhformhór na rudaí a beartaíodh dom ach gal soip.’<sup>522</sup> D’fhéadfaí a rá gur úrscéal athfhillteach é *Sionnach ar mo dhuán* dá réir sin, ach más ionann sin is a rá go bhfuil ‘faid á cur’ ag Ó hEithir idir é féin ‘agus gnáth-thaithí an tsaoil réadúil’, faoi mar a deir Mac Giolla Léith: ‘Tréith í seo a bhaineann, ar ndóigh le gach cineál litríochta, an réalachas san áireamh.’<sup>523</sup>

Maidir leis an réalachas liteartha, deir Ní Annracháin: ‘Cuireann téacs réalaióch i gcéill go bhfuil an saol mór á athscríobh i ndioscúrsa nach bhfuil riail ar bith ag baint leis.’<sup>524</sup> Luann sí tuairim Terry Eagleton gur miotas comhaimseartha í an idé-eolaíocht a thugann le fios go bhfuil an réalachas sóisialta chomh seasta agus chomh soineanta leis an dúlra. Dar le Eagleton, tá an réalachas liteartha ar aon dul leis an dearcadh sin toisc nach nglactar le débhrí nó féidearthachtaí eile ann.<sup>525</sup> Ceann de na féidearthachtaí a fheileann d’úrscéalta na Gaeilge is ea an tsuibíocht sa lár, a deir Ní Annracháin.<sup>526</sup> D’fhéadfaí a mhaíomh gur sampla den tsuibíocht sin é Piaras agus é ag iarraidh brí a bhaint as an saol. Cé go bhfuil an saol sin, ar ‘gal soip’ é, de shíor ag teacht agus ag imeacht, is gné réalaióch den saol céanna í an teanga. Mar a deir Ní Annracháin:

Bíonn an teanga ann, beag beann ar aon duine faoi leith, agus ní bhíonn de rogha ag [...] scríbhneoir ar bith, ach rogha de réir an chórais atá leagtha síos roimh ré sa teanga [...] is í an teanga atá i gceannas.<sup>527</sup>

Is féidir a rá gur mar gheall air sin a bhíonn teanga na farraige agus na hiascaireachta go mór chun tosaigh i nGaeilge Uí Eithir. Seanmhallacht iascaireachta í an rann óna dtagann teideal *Sionnach ar mo*

---

<sup>520</sup> Ibid., 14.

<sup>521</sup> Mac Giolla Léith, Caoimhín ‘Is cuma faoin scéal’, 12.

<sup>522</sup> Ó hEithir, Breandán, *Sionnach ar mo dhuán*, 120.

<sup>523</sup> Mac Giolla Léith, Caoimhín, ‘Is cuma faoin scéal’, 12.

<sup>524</sup> Ní Annracháin, Máire, ‘an tSuibíocht Abú, an tSuibíocht Amú’, 12.

<sup>525</sup> Ibid., 12-13.

<sup>526</sup> Ibid., 13.

<sup>527</sup> Ibid., 14-15.

*dhuán*. Is breá le Piaras a bheith ar an bhfarraige i gcuideachta Pat Breatnach: ‘An chéad lá ar thug sé amach sa bhád mé, bhíos chomh sceitimíneach, giongach sin’.<sup>528</sup> Cuid d’fhreagra Pat air, “‘Níor baineadh aon cheo as an lá amárach fós’”<sup>529</sup> abairt dheireanach an tsaothair: ‘Feicim Sandra ag an ngeata agus níor baineadh aon cheo as an lá amárach fós.’<sup>530</sup> Tá Piaras ar a chompord agus é amuigh ag iascaireacht, is breá leis saol na farraige agus an seanchas a ghabhann léi: ‘Is ionann an áit thiar agus an saol ar oscail Pat Breatnach mo shúile dom air’.<sup>531</sup> Is minic a úsáidtear samhlaíochta iascaireachta le cur síos a dhéanamh ar eachtraí gnéis: ‘Ba chosúil é le bheith ag iomrascáil le mála eascann mór, úr as an uisce.’<sup>532</sup> Admhaíonn Piaras i dtreo dheireadh an úrscéil go bhfuil ‘duán curtha ag an saol’<sup>533</sup> ann, agus samhail ó shaol na hiascaireachta an focal scoir atá aige ar a chás: ‘Braithim uaireanta gurb ionann mo chás agus cás an phortáin a d’ordaigh dá mhac siúl díreach.’<sup>534</sup>

Áitíonn Ní Annracháin nach gá:

...an oiread sin airde a thabhairt ar an éileamh ar théacsanna a bhíonn soléite de réir traidisiúin nach bhfuil chomh daingean sin sa Ghaeilge ar aon nós agus atá á léiriú nach mór mar bhréag sna cultúir ina raibh sé an-láidir.<sup>535</sup>

I ngeall air sin, tá an réaltacht fhíorúil agus an teanga a bhaineann léi chomh bailí le réaltacht ar bith eile, toisc nach bhfuil sa réaltacht a shamhlaítear leis an réaltacht liteartha ach miotas, ar mhaithe le héiginnteacht agus guagacht an tsaoil a sheachaint. De réir mar a ríomhann Piaras Mac Con Mí a scéal, cruthaítear réaltacht a oireann don scéal céanna agus atá, dá réir sin, chomh bailí le réaltacht liteartha ar bith eile.

## Conclúid

Bhí sé de chuspóir ag an gcaibidil seo anailís a dhéanamh ar an dearcadh a thagann chun cinn i leith an tsaoil uirbigh in úrscéalaíocht Bhreandáin Uí Eithir. Áitíodh go samhlaítear do phríomhcharachtair Uí Eithir go dtugann an saol sin an deis dóibh an tsaoirse phearsanta a shantaíonn siad a bhaint amach. Pléadh ina dhiaidh sin, an tslí ina gcuirtear réaltacht na cathrach chun cinn. Tuairimíodh i gcás *Lig sinn i gcathú* gur réaltacht í atá claonta i dtreo dhearcadh an phríomhcharachtair i leith na cathrach, agus i gcás *Sionnach ar mo dhuán*, gur réaltacht fhíorúil a thagann chun cinn, is é sin réaltacht a chruthaítear ar mhaithe le cuspóirí ealaíonta an údair. Cé gur cuspóir de chuid an údair é léiriú a thabhairt ar an saol uirbeach, dearcadh é an léiriú céanna a thugann le fios gur timpeallacht é an saol uirbeach ina bhfuil

<sup>528</sup> Ó hEithir, Breandán, *Sionnach ar mo dhuán*, 120.

<sup>529</sup> Ibid.

<sup>530</sup> Ó hEithir, Breandán *Sionnach ar no dhuán*, 335.

<sup>531</sup> Ibid., 119.

<sup>532</sup> Ibid., 328.

<sup>533</sup> Ibid., 317.

<sup>534</sup> Ibid., 335.

<sup>535</sup> Ní Annracháin, Máire, ‘An tSuibíocht Abú, an tSuibíocht Amú’, 16.

an duine aonair de shíor i gcoimhlint le hinstiúidí éagsúla shochaí na cathrach, i gcás a mhianta pearsanta agus a shaoil phoiblí.

## Caibidil 4

### An tÚrscéal Pobail

#### Réamhrá

Pléifear trí shampla den úrscéal bleachtairachta, *Nead na gCreabhar* (1977) le hAnraoi Ó Liatháin, *Sceon na Mara* (2010) le Liam Ó Muirthile, agus *Scáil an Phríosúin* (2015) le hAnna Heussaff sa chaibidil seo. Is é cuspóir na caibidile ná anailís a dhéanamh ar an dearcadh i leith an tsaoil uirbigh a thagann chun cinn sna húrscéalta sin, agus sa chomhthéacs sin díreofar ar na hábhair seo a leanas: an léiriú a thugtar ar shaol na cathrach in ‘úrscéal na coitiantachta’<sup>536</sup>, is é sin ‘cineálacha áirithe scríbhneoireachta a bhfuil rialacha dochta nó foirmí cinnte ag baint leo’<sup>537</sup>, nó scíthléitheoireacht, is é sin léitheoireacht a dhéantar ar mhaithe le ‘éalúchas atá pléisiúrtha agus fiúntach in aon turas’<sup>538</sup>, in úrscéalaíocht uirbeach na Gaeilge. Léireofar, de thoradh na hanailíse, gur gné shuntasach de sheánra úrscéal na coitiantachta é an tslí a suítear an Ghaeilge agus saol na Gaeilge go nádúrtha réalaíoch sa timpeallacht uirbeach, cé go gcuireann saintréithe sheánra an úrscéil bhleachtairachta srian leis an léiriú a dhéantar ar an timpeallacht chéanna.

#### 4.1 *Nead na gCreabhar*

Mar a luann Cian Ó hÉigeartaigh agus Aoileann Nic Gearailt, ba é Anraoi Ó Liatháin ‘an scríbhneoir ar líonmhaire a shaothar do Sháirséal agus Dill: aon leabhar déag ar fad.’<sup>539</sup> Deir Ó hÉigeartaigh agus Nic Gearailt go raibh scríbhinní Uí Liatháin ‘dea-scríofa agus soléite, agus ba bheag eagarthóireacht ba ghá a dhéanamh orthu.’<sup>540</sup> Díol suime gur úrscéalta staire iad formhór na n-úrscéalta a scríobh sé agus gur cuireadh ar liostaí Chlub Leabhar na Sóisear an chuid ba mhó acu. Tugann sé sin le fios gurbh úrscéalta soléite iad a ceapadh a bheith feiliúnach do dhaoine óga, leithéidí *Laochra na Machairí* (1958) agus *An Tíogar Daonna* (1966), dhá úrscéal staire a raibh scéal Indiaigh Rua Mhéiriceá Thuaidh mar ábhar iontu, agus ar cuimhin le scríbhneoir an tráchtais seo an dara húrscéal acu a léamh ar scoil. Is léir, mar sin, go

---

<sup>536</sup> Féach Alan Titley *An tÚrscéal Gaeilge*, 65-145.

<sup>537</sup> *Ibid.*, 66.

<sup>538</sup> Heussaff, Anna (2017) ‘Ficsean bleachtairachta na Gaeilge’, *Comhar*, Feabhra, 19.

<sup>539</sup> Ó hÉigeartaigh, Cian agus Aoileann Nic Gearailt, *Sáirséal agus Dill 1917-1981*, 453.

<sup>540</sup> *Ibid.*, 454.

raibh seantaithí ag Ó Liatháin ar scéal eachtraíochta a scríobh nuair a thug sé faoi *Nead na gCreabhar*, úrscéal atá lonnaithe i gcathair Bhaile Átha Cliath i lár seachtóidí na haoise seo caite. Ábhar suime gur i 1977, bliain i ndiaidh fhoilsiú *Lig sinn i gcathú*, a foilsíodh an t-úrscéal céanna. Murab ionann agus úrscéal Uí Eithir, ní théitear i ngleic go sonraíoch le saol na cathrach. Ní thugtar faoi théamaí móra na litríochta uirbí comhaimseartha, mar a thug Máirtín Ó Cadhain sa chnuasach gearrscéalta *An tSraith Dhá Tógáil* a d'fhoilsigh Sáirséal agus Dill i 1970. Ar a chompond sa chathair atá bleachtair Uí Liatháin, Ruairí Mac Aodha, agus é ag dul amach faoin gcathair: 'Ach ba bhreá sásta a bhíos leis an liom nár mé agus mé ag sá an *Supermax* romham amach as an gclós ag cúl an tí.'<sup>541</sup> Ní mar sin do charachtar buartha Uí Chadhain sa ghearrscéal 'I mbus cathrach' a shuíonn isteach ar bhus:

Dhoirt an fear isteach sa suíochán. Rinne sé gach rud ach an fear eile a bhí idir é agus an fhuinneog a bhrú thríthi. Nuair a chinn sé air thug sé casa faoi gcuairt ar an ngasúr agus bhí le léamh go follasach ar a shúil nach mbeadh rud ab aoibhne leis ná a dhá lámh a bheith aige ar chuing a mhuiníl, ag fásca, ag fásca.<sup>542</sup>

Roimhe sin arís a foilsíodh *An Uain Bheo* (1968) le Diarmaid Ó Súilleabháin, a ndúirt an tOllamh Liam Ó Briain, moltóir Oireachtais faoi:

Is éachtach an iarracht í seo. D'fhéadfaí a rá faoi seo go bhfuil litríocht na Gaeilge *arrived* sa deireadh thiar, go bhfuil lancaisí na seanaimsire, lancaisí an "Ghaelachais", lancaisí seanchreidimh agus seanmhóráltachta na seandaoine caite ar leataobh agus go bhfuilimid i gceartlár litríocht fhreacnairceach Euro-Mheiriceánach "phágánach" an lae inniu.<sup>543</sup>

Ábhar spéise gurb é an foilsitheoir céanna a d'fhoilsigh saothar Uí Chadhain, Uí Shúilleabháin agus Uí Liatháin. Is féidir a rá go ndíríonn na húdair sin ar an saol comhaimseartha agus gur sa chomhthéacs sin a foilsíodh *Nead na gCreabhar*. Léiríonn foilsiú na saothar, áfach, gur glacadh leis go raibh spás sa chomhthéacs liteartha sin don litríocht a chuaigh i ngleic le téamaí móra na linne agus do sheánra úrscéalta na coitiantachta nó an úrscéil phobail. Sampla den úrscéal pobail é an t-úrscéal bleachtairachta, a bhfuil anailís á déanamh air sa chaibidil seo, úrscéal a léitear ar mhaithe le 'éalúchas', mar a deir an t-údar Anna Heussaff, mar a luadh cheana. Mar sin féin, maíonn an t-údar céanna go bhfuil 'dráma beatha is báis i gcroílár an scéil bhleachtairachta agus coimhlint ar bun idir olc agus maith i nádúr an duine agus i saol an phobail.'<sup>544</sup> Úrscéal éadrom é an cineál úrscéil chéanna, dar le Titley:

Ceann de bhuntréithe an úrscéil éadroim a bhaineann le *genre* faoi leith is ea go n-aithníonn an léitheoir láithreach comharthaí sóirt a thimpeallachta agus go dtuigeann sé cad atá roimhe amach. [...] San úrscéal bleachtairachta gabhtar an coirpeach.<sup>545</sup>

<sup>541</sup> Ó Liatháin, Annraoi (1977) *Nead na gCreabhar*, Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 26.

<sup>542</sup> Ó Cadhain, Máirtín (1970) *An tSraith Dhá Tógáil*, Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 118-19.

<sup>543</sup> Ó Súilleabháin, Diarmaid (1968) *An Uain Bheo*, Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, brollach.

<sup>544</sup> Heussaff, Anna 'Ficsean bleachtairachta na Gaeilge', 18.

<sup>545</sup> Titley, Alan (1991) *An tÚrscéal Gaeilge*, 88.

Sa phlé fada a dhéanann sé ar an úrscéal bleachtairéachta *Nead na gCreabhar*,<sup>546</sup> tugann Titley suntas do thábhacht na scéalaíochta sa leabhar. Dar leis: ‘Is leabhar é atá scríofa de réir pátrúin agus rúibricí áirithe atá le fáil i leabhair iomadúla eile a scríobhadh i dteangacha eile.’<sup>547</sup> Ní rud nua, ach an oiread iad ‘an laoch agus an chomhcheilg [...] dhá eilimint a théann siar go dtí fréamhacha an scéil bhéaloidis agus atá farainn i gcónaí i scéinséirí an lae inniu.’<sup>548</sup> Agus an scéal sin á ríomh, áfach, tapaítear an deis le téamaí éagsúla a chur chun cinn. Sa léirmheas a rinne sé ar *Nead na gcreabhar*, luaigh Gearóid Denvir téama ‘na dtrioblóidí’ i dTuaisceart Éireann a ardaítear san úrscéal sin. Nochtann Denvir a dhearcadh féin i leith na coimhlinte sin nuair a deir sé: ‘Agus céard faoi phríomhfhadhb na hÉireann lenár linn, fadhb na sé chontae in oirdheisceart Uladh atá fós faoi riail Shasana?’<sup>549</sup> Luann sé eachtra sa leabhar nuair a thagann an bleachtair Mac Aodha ar gheilignít i veain. ‘Buama ar rothaí ab ea an veain sin. Buama a shiabfadh sráid chathrach agus a mbeadh inti in ainm an diabhair bhuí’.<sup>550</sup> ‘Macalla de Bhaile Átha Cliath 1974’<sup>551</sup> é an eachtra chéanna, dar le Denvir. Sa tóir ar bhuíon den SAS atá an bleachtair Ruairí Mac Aodha, ‘a bhfuil sé de rún acu gníomh uafáis éigin a dhéanamh sna sé chontae fhichid -- eachtra a bheadh inchreidte go maith dar le go leor.’<sup>552</sup> Cé gur scéal bleachtairéachta é *Nead na gCreabhar*, cuirtear dearcadh poblachtach chun cinn ann nuair a fhiafraítear de Mhac Aodha ar mhaith leis ‘obair a dhéanamh ar son na hÉireann?’<sup>553</sup> ‘Wolfe Tone. Robert Emmet. Kevin Barry. Ar son Éireann táimid bailithe,’<sup>554</sup> a deir Mac Aodha. De réir mar a thagann an bleachtair ar na ‘creabhair’ nochtann sé an dearcadh céanna ina leith. Seo a deir sé faoi bhlas cainte duine acu: ‘Gheobhadh blas mar é a bheith ag Sasanach nó Eorpach nó duine de Ghael-Shasanaigh Áth Cliath’.<sup>555</sup> Dar le Denvir:

Is ábhar iontais, agus go deimhin ábhar díomá, don léitheoir Gaeilge a laghad a théas nualitríocht na Gaeilge i ngleic le fadhbanna sóisialta, eacnamaíochta agus polaitíochta na hÉireann i bhfichiú haois seo na corraíle agus na héiginnteachta, na réabhlóide agus an athraithe thobann gan choinne.<sup>556</sup>

Tá de bhua ag *Nead na gCreabhar*, dar leis, go dtéann an leabhar i ngleic leis na gnéithe céanna, ach ní dócha go bhféadfaí a mhaíomh go dtugtar léiriú cothrom ar na gnéithe sin. Is é sin a thugann ar an bpríomhcharachtar a rá faoi féin i dtús an leabhair:

---

<sup>546</sup> Féach *ibid.*, 132-143.

<sup>547</sup> *Ibid.*, 134.

<sup>548</sup> Titley, Alan *an tÚrscéal Gaeilge*, 138.

<sup>549</sup> Denvir, Gearóid (1978) ‘Bleachtairéacht: creabhair na ngoba fada’, *Comhar*, Eanáir 1979, 20.

<sup>550</sup> Ó Liatháin, Annraoi *Nead na gCreabhar*, 129.

<sup>551</sup> Denvir Gearóid, ‘Bleachtairéacht: creabhair na ngoba fada’, 20.

<sup>552</sup> *Ibid.*

<sup>553</sup> Ó Liatháin, Annraoi, *Nead na gCreabhar*, 11.

<sup>554</sup> *Ibid.*

<sup>555</sup> *Ibid.*, 31.

<sup>556</sup> Denvir, Gearóid, ‘Bleachtairéacht, creabhair na ngoba fada’, 20.

Tá sé amuigh orm gur oileánach ceart le caolaigeantacht mé, mar tagann straidhn orm nuair a airím faoi Shasanaigh a bheith ag cur a ladhar isteach i gcúrsaí na hÉireann, nó i gcúrsaí tíre ar bith.<sup>557</sup>

Mar sin féin, tugtar an-léiriú ar ghnéithe áirithe de chathair Bhaile Átha Cliath, mar a bhí i seachtóidí na haoise seo caite. Gléasann Mac Aodha é féin i bhfaisean ‘duine de bhodairí nua-airgeadúla Áth Cliath’<sup>558</sup> agus é ag bualadh amach faoin gcathair:

Cóta seiceáilte a raibh an glas is an liath is an dearg ag coimheascar le chéile ann. Léine bhándearg agus carbhat corcra a dhéanfadh seol loinge dá leathfaí amach é. Triús gorm a bhí ag luí go teann le mo mhása agus ag leathnú ar nós treabhsar mairnéalaigh ó ghlúin go rúitín, Agus mo chosa sáite i mbróga buí.<sup>559</sup>

Ní deacair bua grinn Uí Liatháin a aithint sa chur síos sin. Tugtar cur síos ar theach tábhairne i lár na cathrach a thugann chun cuimhne ‘tithe tábhairne liteartha Bhaile Átha Cliath’, mar a thugtaí orthu, tráth. ‘Ó Maolagáin’ atá mar ainm air, an Ghaeilge, b’fhéidir ar ‘*Mulligan’s*’, teach tábhairne ar Shráid an Phoill Bhig, a raibh ainm na litríochta air chomh fada siar le tréimhse James Joyce, ar dúradh faoi gur scríobh sé gearrscéalta ann. Samhlaítear an meascán daoine a bhíodh ag ól ann:

Bhíodh tarraingt aos ealaíne na cathrach ar Theach Uí Mhaolagáin ag an am seo, aisteoirí, scríbhneoirí, pearsana na teilifíse. Agus ar a dtóir siúd, thagadh na gligíní a bhíonn ag taibhreamh de shíor ar shaol réaltach teilifíse agus amharclainne. Agus ar a dtóir siúd na stailleanna nach mbíonn uathu ach leathar, mar a deirid féin.<sup>560</sup>

Dírítear ar atmaisféar an tí ina dhiaidh sin, agus ‘pionta cláirsí’, deoch a bhí go mór san fhaisean sna seachtóidí, á ól ag an mbleachtair Ruairí Mac Aodha. Luaitear:

Plobaire croiméalach de léiritheoir teilifíse, scata preabóg brothallacha ina thimpeall, a súile ar leathadh is iad ag éisteach leis, agus conarthaí is seiceanna teilifíse ag dealramh sna súile céanna. Trúpa de mhná óga ag caint go hardglórach ar an amharclann, a sciortaí imithe in airde in ainm an diabhair, ionas go raibh tranglam de mhása agus de thóineanna nílónchumhdaithe ag timpeallú an bhoird. Fear téagrach féasógach, a lámh timpeall ar chom cailín, a ceann siúd neadaithe i log a ghualainne agus a glúine cocáilte san aer.<sup>561</sup>

Pictiúr barúil é sin de theach tábhairne sna seachtóidí a mheabhródh duit na radharcanna a tharraing an t-ealaíontóir Beryl Cook de thithe tábhairne na tréimhse céanna.<sup>562</sup> Luaitear sráideanna na cathrach nuair a fhuadaítear Mac Aodha níos faide anonn. Tiomáintear an *jaguar*: ‘Soir go Droichead Uí Chonaill [...] isteach i Sráid D’Olier [...] suas Sráid an Dáma [...] ar clé isteach i Sráid Sheoirse.’<sup>563</sup> Cé go gcuireann stíl sin an údair go mór le hatmaisféar na cathrach a chur chun cinn, b’fhéidir gur deacair glacadh le Gaeilge i mbéal na Sasanach, a bhfuil sé sa tóir orthu. Agus é i mbun duine acu a ghabháil, deir sé go

<sup>557</sup> Ó Liatháin, Annraoi *Nead na gCreabhar*, 12.

<sup>558</sup> Ó Liatháin, Annraoi *Nead na gCreabhar*, 26.

<sup>559</sup> *Ibid.*

<sup>560</sup> *Ibid.*, 27.

<sup>561</sup> *Ibid.*, 27- 28.

<sup>562</sup> Féach Beryl Cook (1926-2008) [ar líne ag [http://en.Wikipedia.org/wiki/Beryl\\_Cook](http://en.Wikipedia.org/wiki/Beryl_Cook), ceadaithe 20/9/18]

<sup>563</sup> Ó Liatháin, Annraoi, *Nead na gCreabhar*, 56.



raibh ‘iarracht bheag de bhlas Londan ar a guth.’<sup>564</sup> Agus é ar tí lámha an chailín a cheangal, deir sí: ‘Fan amach uaim , a mhuc shalach d’Éireannach’<sup>565</sup>, masla a bheadh ní b’inchreidte, b’fhéidir, dá mba i mBéarla a déarfai é. Mar sin féin, mar a deir Denvir: ‘Ní dual do *genre* an *spy thriller* a bheith “liteartha”’.<sup>566</sup> Sa léirmheas a rinne Eoghan Ó Cathasaigh ar *Nead na gCreabhar*, deir sé: ‘Is é an saghas seo eachtraíochta an lón liteartha is taitneamhaí liom.’<sup>567</sup> Síleann Ó Cathasaigh gurb é inchreidteacht an scéil an ghné is tábhachtaí den leabhar: ‘Scéal an-inchreidte scéal an leabhair ar an iomlán.’<sup>568</sup> Éiríonn le húrscéal Uí Liatháin de réir comharthaí sóirt an úrscéil bhleachtairéachta, fiú má tá ‘claonadh ann tríd síos i dtreo an *type*’,<sup>569</sup> i gcás na gcarachtar.

In alt dá chuid, tugann Alfonso Reyes léiriú ar na comharthaí sóirt sin.<sup>570</sup> Luann sé dearcadh a bhíodh coitianta, dar leis, i leith an úrscéil bhleachtairéachta: ‘Until not long ago, reading detective novels was the most embarrassing form of *escapism*.’<sup>571</sup> Ní dócha go mbeadh léitheoir *Nead na gcreabhar* ar thóir lóin liteartha ach, dar le Máirín Nic Eoin, tá sé le moladh mar gheall air sin: ‘Tá géarghá leis an sórt seo leabhar, leabhair a léifeadh daoine le fonn ar son an taitnimh a bheadh le baint as an scéal.’<sup>572</sup> Tá fadhb le sárú ag an mbleachtairé Ruairí Mac Aodha agus dar le Reyes, is é sin príomhghné sheánra an úrscéil bhleachtairéachta: ‘What is characteristic of the detective novel is to present a puzzle and end with a solution.’<sup>573</sup> Cuirtear an fhadhb atá le sárú ag Ruairí os comhair an léitheora ag tús an leabhair, deireadh a chur le bagairt an SAS, agus cuirtear réiteach na faidhbe, go gcuireann sé deireadh leis an mbagairt chéanna, os comhair an léitheora chéanna i mbuille scoir an leabhair. Gné thábhachtach eile den seánra, dar le Reyes, ná go dtosaíonn aicsean an leabhair sula dtosaíonn an scéal. Insítear don bhleachtairé gur mharaigh an SAS a sheanchara Dónall Ó Cearúil: ‘Fear dobhriste [...] bhunaigh sé gníomhaireacht phríobháideach bhleachtairéachta in Áth Cliath’.<sup>574</sup> Is é príomhaidhm an údair ina dhiaidh sin ná suim an léitheora a choimeád sa scéal, in aineoinn gur tharla an mhóreachtra a spreag príomhaicsean an scéil sular thosaigh scéal an leabhair féin. I gcás *Nead na gcreabhar* is é marú Dhónaill Uí Chearúil an mhóreachtra sin agus níl fágtha ina dhiaidh sin ach, mar a deir Reyes, ‘the secondary chore of tying up the loose ends.’<sup>575</sup> Téann Mac Aodha sa tóir ar lucht an SAS a dhúnmharaigh Dónall

---

<sup>564</sup> Ibid., 37.

<sup>565</sup> Ó Liatháin, Annraoi *Nead na gCreabhar*, 41.

<sup>566</sup> Denvir, Gearóid ‘Bleachtairéacht: creabhair na ngoba fada’, 21.

<sup>567</sup> Ó Cathasaigh, Eoghan (1978) ‘Sárleabhar’, *Feasta Eanáir*, 21.

<sup>568</sup> Ibid., 22.

<sup>569</sup> Denvir Gearóid ‘Bleachtairéacht: creabhair na ngoba fada’, 21.

<sup>570</sup> Reyes, Alfonso (1994) ‘About the detective novel’, *Literary Review*, Fall 94, vol.38, 62-65. [Foilsíodh den chéad uair Iúil 1959].

<sup>571</sup> Ibid., 62.

<sup>572</sup> Nic Eoin, Máirín (1984) ‘Úrscéalaíocht na Gaeilge 1974-1984’, *Comhar*, Lúnasa, 20.

<sup>573</sup> Reyes, Alfonso, ‘About the detective novel’, 62.

<sup>574</sup> Ó Liatháin, Annraoi, *Nead na gcreabhar*, 15.

<sup>575</sup> Reyes, Alfonso, ‘About the detective novel’, 64.

Ó Cearúil agus sa tslí sin, is í an cheist a chuirtear san úrscéal ná conas a rinne sé an tóraíocht sin, murab ionann agus céard a dhéanfaidh sé. Mar a deir Reyes:

The novel we sometimes call 'orthodox' revolves around the question 'what's going to happen? [...]  
The detective novel revolves around the question 'How did it happen?' <sup>576</sup>

Díol suntais go bhfuil Denvir, Ó Cathasaigh agus Nic Eoin ar aon fhocal gur céim chun tosaigh in úrscéalaíocht uirbeach na Gaeilge é a leithéad d'úrscéal a bheith á scríobh. Ina theannta sin, ní mór a chur san áireamh gur gné shuntasach de *Nead na gCreabhar* é an bhéim ar fhorbairt shásúil an scéil, gné ficin a bhfuil stair fhada taobh thiar de. Mar a deir Titley:

Ar deireadh thiar, is beag idir 'scéalaíocht na ndaoine' mar a thugtar ar an mbéaloideas agus 'litríocht an phobail' mar a thugtar ar na *genreaíoch*a sin go léir a ndíoltar na milliúin cóip dá cuid leabhar gach bliain. Difríocht téarmaíochta amháin a cheileann an chomhchosúlacht eatarthu. <sup>577</sup>

Éiríonn le Ó Liatháin scéal soléite éadrom a bhfuil gluaiseacht bhreá thaitneamhach faoi, a lonnú sa saol uirbeach agus ina theannta sin, tugtar léiriú suimiúil ar ghnéithe áirithe de chathair Bhaile Átha Cliath, mar a bhí i seachtóidí na haoise seo caite. Ní fhéadfaí a rá faoi gur ficsean dúshlánach comhaimseartha é ar aon dul le ficsean Dhiarmada Uí Shúilleabháin nó leithéidí *Meirscrí na Treibhe* le hAlan Titley, a foilsíodh bliain ina dhiaidh i 1978, ach is sampla fíorshásúil é den úrscéal pobail, a raibh géarghá leis ag am a scríofa.

#### **4.2 Scean na Mara**

Ó foilsíodh *Nead na gCreabhar*, is féidir a rá gur tháinig borradh faoi sheánra an úrscéil phobail sa Ghaeilge. Sa léirmheas a rinne sí ar *Súil le Breith* (1983) le Pádraig Stándúin, d'áitigh Caoilfhoinn Nic Pháidín gurb é *Súil le Breith* 'an chéad úrscéal Gaeilge le fada (seachas *Lig Sinn i gCathú*) a léifear gan dua agus le taitneamh cois tinteáin.' Sa léirmheas céanna, dúirt sí: 'Níl aon amhras ná gur leabhar don "gnáthphobal" é', téarma, de réir cosúlachta, a luadh i Scéim deontas foilsitheoireachta Roinn na Gaeltachta. <sup>578</sup> Ba leabhar mórélímh é *Súil le Breith* (díoladh 2,500 cóip i 1983) agus ba léiriú d'fhoilsitheoirí agus do léitheoirí na Gaeilge araon é go raibh tóir ar sheánra an úrscéil phobail. Nuair a chuir Pól Ó Muirí agallamh ar an údar Anna Heussaff i dtaca le *Bás Tobann* (2004), an chéad úrscéal de thríológ bleachtaireachta Heussaff, dúirt Ó Muirí:

Luaigh "scríbhneoir Gaeilge" le duine ar bith agus, gach seans, go smaoinoidh siad ar fhir thromchúiseacha a scríobhann leabhair mhóra thiubha lán samhlaoidí teibí. Ba mar oidhrí Camus agus Sartre a chonaic go leor scríbhneoirí Gaeilge iad féin go minic. Ach tá athrú ag teacht ar

<sup>576</sup> Reyes, Alfonso, 'about the detective novel', 65.

<sup>577</sup> Titley, Alan (1991) *An tÚrscéal Gaeilge*, 145.

<sup>578</sup> Nic Pháidín, Caoilfhoinn, (1983) 'Léirmheas ar *Súil le Breith*', *Comhar*, Nollaig, 41.

chúrsaí de réir a chéile agus is í Anna Heussaff duine de na daoine sin atá ag tabhairt dhúshlán na hÍomhá traidisiúnta.<sup>579</sup>

Luaitear ar chúil *Sceon na Mara* gur file agus scríbhneoir é Liam Ó Muirthile a raibh sé 'ina cheann le fada riamh, ó chuaigh sé i mbun scríbhneoireachta, úrscéal bleachtairachta a scríobh.'<sup>580</sup> Ba sa bhliain chéanna, 2010, a foilsíodh *Sceon na Mara* agus dara úrscéal bleachtairachta Heussaff, *Buille Marfach*. Is léir, dá réir sin, go bhfuil tóir leanúnach ag idir fhoilsitheoirí agus lucht léitheoireachta na Gaeilge ar an úrscéal bleachtairachta ar sampla den úrscéal pobail é, agus gur sa chomhthéacs sin a foilsíodh úrscéal Uí Muirthile. Agus é ag trácht ar an gcúis a bhí aige le *Sceon na Mara* a scríobh, luaigh an t-údar gur 'caitheamh aimsire' dó a bhí ann.<sup>581</sup> Dúirt sé go mbíodh úrscéalta bleachtairachta á léamh aige agus an Ghaeilge á foghlaim ar an mbunscoil aige sna seascaidí, leithéidí *Maidhc Bleachtair* (1961) le Róisín Ní Dhochartaigh, a d'fhoilsigh Sáirséal agus Dill. Luann Ó hÉigeartaigh agus Nic Gearailt go raibh *Maidhc Bleachtair* ar liosta Chlub Leabhar na Sóisear i 1960-61.<sup>582</sup> Ba chuid de shraith úrscéalta bleachtairachta le Ní Dhochartaigh é an t-úrscéal sin. Foilsíodh *Maidhc* i 1957, *Maidhc Abú* i 1960, agus *Maidhc sa Danmhairg* i 1968. Deirtear linn, leis, go raibh an t-ainm cleite P.D. Linín ar Ní Dhochartaigh tosc go raibh baint aici leis an tseirbhís taidhleoireachta agus 'gur cheap sí nach léifeadh buachaillí scéalta eachtraíochta ó pheann mná'.<sup>583</sup> Is cosúil go raibh Liam Ó Muirthile ar dhuine de na buachaillí sin. Ábhar spéise é sin nuair a chuirtear san áireamh gur cosúil go mbíonn tóir ag foghlaimoírí fásta na Gaeilge ar úrscéalta bleachtairachta na Gaeilge sa lá atá inniu ann.

Is iad blianta luatha na haoise seo tréimhse ama *Sceon na Mara*. Ceantar uirbeach in oir-dheisceart chathair Bhaile Átha Cliath é suíomh an úrscéil. Agus é ag trácht ar an úrscéal, luaigh Ó Muirthile gur theastaigh uaidh an nasc idir an Ghaeilge agus cósta thiar na hÉireann a bhriseadh. Sa chur síos a dhéantar ar an gceantar sin sa leabhar, leagtar béim ar an tírdhreach agus ar an bhfarráige, ó bhaile Dhún Laoghaire ó dheas go ceantar Dheilginse. Tugtar cur síos, atá geall le bheith fileata, ar chuanta an cheantair, leithéad Chuas an Bhoilg atá suite idir Cuan Dhún Laoghaire agus Caladh Mór Dheilginse:

An cuas lán de bháid fheistithe, agus na rópaí fada ceangail leis na fáinní ar an talamh sínte sa láib. Bhí na báid ab fhaide isteach sa chuas luite ar a gliatháin, mar a bheadh meisceoirí a chodail amuigh, ach bhí na báid le hais fhalla na céibhe fós ar snámh.<sup>584</sup>

D'fhéadfaí a rá go bhfuil cuma an '*mise en scène*' ar stíl an údair, is é sin an teicníc scannánaíochta ina gcuirtear gnéithe éagsúla an radhairc i dtoll a chéile sula dtosaíonn an t-aicsean. Sa léirmheas a rinne

<sup>579</sup> Ó Muirí, Pól 'Bláthú tobann úrscéal' *The Irish Times* 29/9/2004.

<sup>580</sup> Féach Liam Ó Muirthile (2010) *Sceon na Mara*, Baile Átha Cliath: Cois Life, cúl an leabhair.

<sup>581</sup> Féach Liam Ó Muirthile *Sceon na Mara* [ar líne ag <http://www.cic.ie/en/books/published-books/sceon-na-mara-leabhair-cliste>, ceadaithe 20/9/2018]

<sup>582</sup> Féach Cian Ó hÉigeartaigh agus Aoileann Nic Gearailt *Sáirséal agus Dill 1947-1981*, 138.

<sup>583</sup> *Ibid.*, 460.

<sup>584</sup> Ó Muirthile, Liam *Sceon na Mara*, 4.

sé ar an saothar, shíl Ciarán Ó Pronntaigh gur stíl í ‘a bhfuil macallaí de chláir nua-aimseartha Mheiriceá ann (i.e. bogann se ó radharc amháin go radharc eile go sciobtha gan mórán d’intreoir)’.<sup>585</sup> Tugtar cur síos ar radharc an chuais roimh bhreacadh an lae sula dtagann an dúnmharfóir ar an láthair. Tá sé i gceist ag an dúnmharfóir ‘beart plaisteach’ a chur go tóin poill agus tugtar cur síos céim ar chéim air agus é ag briseadh isteach ar an radharc ar mhaithe le ceann de na báid a chur ar snámh. Tugtar nod faoi rún urchóide an bhádóra sa phearsantú a dhéantar ar inneall an bháid atá ‘ag srannadh’ i gcodarsnacht iomlán le ciúnas an chuais sular tháinig an bádóir ar an láthair. Tarraingítear pictiúr den cheantar de réir mar a imíonn an bád leis an gcósta: ‘Rachadh sé síos i dtreo Chill Iníon Léinín agus aneas timpeall ar Dheilginis isteach sa sruth idir í agus sceireacha na Muigliní.’<sup>586</sup> Díritear ar dhath na spéire: ‘Stríoca liathghorm eile i dteannta stríocaí solais an lae’<sup>587</sup> agus castar ar an stíl fhileata in athuair: ‘Bhain maorgacht ársa le foighne shíoraí éigin.’<sup>588</sup>

Baintear feidhm as an stíl chéanna arís sa dara caibidil, an meascán idir an ‘*mise en scène*’ agus an teanga fhileata, sula ngluaiseann aicsean an úrscéil ar aghaidh nuair a aimsítear corpán san fharraige. Tugtar an-léiriú ar chuan Dhún Laoghaire tráthnóna an Domhnaigh agus na himeachtaí éagsúla a tharlaíonn ann.<sup>589</sup> Luaitear na ‘báid faoi sheolta bocóideacha’ á réiteach chun rása, ‘lucht spaisteoireachta an Domhnaigh ina sluaite ar an gcéibh thoir’ agus ‘slatiascairí ag breith buntáiste ar an taoide ag líonadh’ ar an gcéibh thiar. Déantar pearsantú fileata ar bhaile Dhún Laoghaire:

Nocht Dún Laoghaire a haghaidh dhílis soir gach lá agus shocraigh a prompa leis na sléibhte ar a cúl. Bhí an chuid eile den tír ar a gcúl sin arís, san imigéin. Luigh clóca ríonda go héadrom anuas ar an mbaile i gcónaí, agus chorráigh gustal na mbád ar an muiríne an fhuil ríoga ina bléinteacha.<sup>590</sup>

Cé go dtugtar an-léiriú ar cheantar chois fharraige oirdheisceart na cathrach, is trí shúile fileata an údair a dhéantar an léiriú céanna, agus sa tslí sin, leagtar béim ar chuma ‘fhileata’ an chósta. Deirtear faoi bhá Chill Iníon Léinín:

Má bhí Bá Amalfi ar chósta thoir na hÉireann ba é seo é. Shín an talamh ar chuma corráin anuas ó na hailte arda faoi aiteann agus chrann, ar feadh na trá, agus ansin d’ardaigh arís go Ceann Bhré. Shéid feothan anamúil anuas ó na cnoic agus lean a shúil ghéar an patrún cuilithíní ag rás ar dhromchla na mara.<sup>591</sup>

I bhfianaise an chuir síos a dhéantar ar chósta oirdheisceart na cathrach idir Dún Laoghaire agus Cill Iníon Léinín, is féidir a rá gur dearcadh fileata, rómánsach b’fhéidir, a léirítear ina leith. Is geall le háit

---

<sup>585</sup> Ó Pronntaigh, Ciarán (2010) ‘Léirmheas ar *Sceon na Mara*’, an *tUltach*, Nollaig [ar líne ag <http://www.coislife.ie> > product > sceon na mara, ceadaithe ar 4/4/18].

<sup>586</sup> Ó Muirthile, Liam, *Sceon na Mara*, 5.

<sup>587</sup> *Ibid.*

<sup>588</sup> *Ibid.*

<sup>589</sup> *Ibid.*, 7.

<sup>590</sup> *Ibid.*, 8.

<sup>591</sup> *Ibid.*, 28.

rúndiamhair í an fharraige. Creideann an dúnmharfóir gurb é Mannanán Mac Lir, dia farraige Thuatha Dé Danann, atá á stiúradh i dtreo dúnmharaithe: ‘Glór Mhanannáin amháin a bhí soiléir. Chaithfí craos Mhanannáin a shásamh.’<sup>592</sup> Díol suntais, i bhfianaise phlé Titley, a luadh thuas, i gcás na bainte idir scéalaíocht na ndaoine agus litríocht an phobail, go gcruthaítear nasc idir Mannanán Mac Lir, carachtar de chuid scéalaíocht na ndaoine agus an dúnmharfóir, carachtar de chuid litríocht an phobail. Stiúrthóir scannáin é Jake Fenwick, a bhfuil cónaí air ar Bhóthar Vico agus radharc aige dá réir sin ar Bhá Chill Iníon Léinín. Féachann sé amach agus cuireann síos go fileata ar an bhfarraige: ‘An ghrian folaithe sna scamail. Ceann theas Dheilginse. An Túr. Ribíní lása na mara ag sileadh ar na carraigeacha.’<sup>593</sup>

Os a choinne sin, deirtear faoin mbleachtair Jack Hennessy: ‘Má bhí rud amháin eile foghlamtha aige ina shaol bhí fulaingt.’<sup>594</sup> Ábhar suime go ndúirt Ó Muirthile sa trácht a rinne sé ar *Sceon na Mara*, a luadh thuas, gur léigh sé sraith úrscéalta bleachtairachta an údair Shualannaigh Henning Mankell. Carachtar so-aitheanta de chuid sheánra na bleachtairachta é Hennessy a meabhródh a chúinsí beatha duit leithéidí an cigire Kurt Wallander, príomhcharachtar shraith úrscéalta bleachtairachta Mankell. Ar aon dul le Wallander, is tuismitheoir aonair é Hennessy a bhfuil deacrachtaí aige sa chaidreamh pearsanta atá aige lena iníon. Cailleadh a bhean Anne de bharr ‘tinneas tromchúiseach.’<sup>595</sup> Bhí a iníon, Aoife, ‘tugtha do chócaon, gan ach fiche bliain aici.’<sup>596</sup> Freastalaíonn sé ar sheisiúin teiripe lena iníon, ach: ‘D’aimsigh sé ag ceann de na seisiúin teiripe go gcuireadh a chaidreamh lena iníon teannas air.’<sup>597</sup> Iar-iománaí contae as Cill Chainnigh é a fhreastalaíonn go doicheallach ar na seisiúin chéanna i dteannta a iníne agus Jeanette, an t-áisitheoir: ‘B’fhéarr leis seasamh ar pháirc na himeartha lá stoirme ná a bheith ina shuí sa seomra agus iad ag stánadh air.’<sup>598</sup> Bhí sé tugtha don ól, tráth: ‘Bhí sé éirithe as an ól, ar a laghad. Rabhait déanta aige tar éis bhás Anne.’<sup>599</sup>

Garraíodóir de chuid Jake Fenwick é Manuelo, Filipíneach. Léiriú é carachtar Manuelo agus an pobal Filipíneach ar ghné den saol uirbeach comhaimseartha a chuirtear i láthair sa scéal. Déantar gach cúram de go dtugtar cur síos réalaíoch ar na háiteanna éagsúla a luaitear sa saothar. Deirtear faoin ‘seanteach bardais’, áit chónaithe Manuelo gur: ‘Líon an bheirt bhleachtair an seomra suí beag sa Naigín lena dtoirt choirp.’<sup>600</sup> Luaitear bloc árasáin na Sweepstakes, bloc árasáin i gceantar Dhroichead na Dothra agus tugtar suntas don nós geata leictreonach a chur ar aghaidh blocanna dá leithéid: ‘Na bloic cúig

---

<sup>592</sup> Ó Muirthile, Liam *Sceon na Mara*, 4.

<sup>593</sup> *Ibid.*, 28.

<sup>594</sup> *Ibid.*, 13.

<sup>595</sup> *Ibid.*, 14.

<sup>596</sup> *Ibid.*, 12.

<sup>597</sup> *Ibid.*, 15-16.

<sup>598</sup> *Ibid.*, 16.

<sup>599</sup> *Ibid.*

<sup>600</sup> *Ibid.*, 118.

urlár ar airde, iad scoite ag fála leictreonacha ón saol amuigh, scuabadar go cuartha le hais abha bheag na Dothra i mBaile Átha Cliath 4.<sup>601</sup> Nuair a thagann Jack Hennessy agus a chomhleacaí Helen Cummins ar 'láthair an áir', áit ar dúnmharaíodh na mná Filipíneacha, i ndeireadh an scéil, is in íoslach 'tigh trí urlár [...] ar Queen's Terrace West'<sup>602</sup> atá sé, macalla de Royal Terrace West agus de Queen's Park, dhá sheancheantar Vichteoiriacha, an chéad cheann i nDún Laoghaire agus an ceann eile i mBaile na Manach, láimh le Dún Laoghaire. Is i veain 'Berlingo' a thiomáineann an dúnmharfóir na corpáin chun farraige. Rianaítear go cruinn 'bóthar an chósta i dtreo sráidbhaile Dheilginse'<sup>603</sup> go dtagann sé chomh fada leis an gCaladh Mór. Tugtar an-léiriú ar an 'marbhlann i Marino'<sup>604</sup>, i dtuaisceart na cathrach agus ar chur chuige an scrúdaithe iarbháis. I bhfianaise an léirithe a thugtar ar na ceantair uirbeacha éagsúla, éiríonn leis an údar timpeallacht uirbeach an úrscéil a chur i láthair ar bhealach inchreidte réalaióch. Is féidir a rá, leis, gur carachtair an-inchreidte iad pearsana éagsúla an tsaothair, go háirithe an cigire Jack Hennessy, an cigire tromsmaointeach, a dhéanann machnamh ar a chás agus an scéal ag bailú nirt:

D'fhan sé socair ag an mbord ar an bpaitiú ag ól an tae, agus a aigne ar fán. Bhí milseacht ar an aer, úire shamhraidh, fuinneamh fáis. Gan éinne ag cur chuige ná uaidh. Bhraith sé míreanna an scrúdaithe iarbháis ag glanadh go mall as a cheann, mar a chrochfaí uirlisí ar chrúcaí ina n-áit cheart ar ais.<sup>605</sup>

Déantar forbairt ar charachtar Hennessy agus léirítear an éifeacht a bhíonn ag gnéithe éagsúla den fhiosrúchán air sa tslí is go dtugtar doimhneacht don úrscéal comhaimseartha seo. Tá scéal bleachtairéachta á ríomh, ach leagtar béim ar thionchar an scéil ar na príomhcharachtair ar bhealach a fhágann nach úrscéal 'éadrom' amháin é *Sceon na Mara*. Gné shuntasach de stíl sin an údair é an iarracht a dhéantar ar shíceolaíocht aigne an dúnmharfóra a nochtadh. Sa tslí sin, d'fhéadfaí a rá go n-éiríonn leis an údar a chuid féin a dhéanamh de sheánra an úrscéil bhleachtairéachta trí ghnéithe de sheánra an scéinséara shíceolaíoch a thabhairt isteach sa scéal. Sa trácht a rinne an t-údar ar a shaothar, a luadh thuas, dúirt Ó Muirthile gurbh é an dúnmharfóir príomhcharachtair an úrscéil agus gurbh é guth 'casta lúbtha' an dúnmharfóra príomhghné an úrscéil. I gcuid amháin den scéal, ríomhtar faoi mar a dhúisigh an dúnmharfóir de gheit agus tugtar cur síos cumasach ar an gcorraíl intinne agus ar an imeagla a thugann air dúnmharú a dhéanamh:

Dhúisigh sé de gheit. Ina lándúiseacht bhán. An ghealach amuigh. Phreab stán in áit éigin. Chleatráil sé ar chéimeanna. D'éirigh golfairt íseal, uafásach, agus chroch go buacach os cionn díonta...Catachas. Ghéaraigh ar phráinn na scréachaíle, ceann ag freagairt a chéile go miangasach...An slua siabhartha.<sup>606</sup>

---

<sup>601</sup> Ó Muirthile, Liam *Sceon na Mara*, 141.

<sup>602</sup> *Ibid.*, 175.

<sup>603</sup> *Ibid.*, 155.

<sup>604</sup> Féach *ibid.*, 83-97.

<sup>605</sup> *Ibid.*, 108.

<sup>606</sup> *Ibid.*, 96.

Léirítear ina dhiaidh sin aigne shuaite an iarmhich léinn ealaíne, a raibh an ‘Dealbhóireacht de Mhanannán’ á chiapadh. Samhlaítear dó gur ag caint leis atá Manannán, a deir: ‘Ní bhfuaires mo dhóthain íobartach uait go fóill. Caithfear mo chraos a shásamh.’<sup>607</sup> Tugtar cur síos ar bhuile an dúnmharfóra a bhailíonn neart agus casúr á imirt ar dhealbh aige:

Ach fuinneamh fíochmhar a shroich ina shruth leictreach go barr na méireanna, a bhorra ina chuid matán, a ghreamaigh an casúr den allas salach ina dhá lámh. D’éirigh dusta san aer, scamall bán a chuir ag casachtach é, a chuir uisce ina shúile. Lean sé air, agus an casachtach féin ag treisiú leis. Lean sé air, go dtí nach raibh ann ach mionbhlúirí roimhe anois.<sup>608</sup>

Cuirtear críoch scéiniúil leis an eachtra:

D’oscail sé a leathshúil. Chonaic sé leathshúil chailce Alastair Mhóir ag caochadh súil leis ón urlár sa bhfaonsolas. Scaoil sé lena ghreim ar an gcasúr mar a bheadh buille faighte idir an dá shúil aige féin.

Bhí sé siúd leis, anois, i bpáirt leis na déithe.<sup>609</sup>

Léiriú é an eachtra chéanna ar stíl an údair, mar a luadh. B’fhéidir go ríomhtar scéal bleachtairachta de réir ‘foirmlí’ áirithe, ach is féidir a rá go léiríonn leithéidí forbairt phearsantacht an chigire Jack Hennessy agus nochtadh aigne shuaite an dúnmharfóra gur úrscéal cumasach dea-scríofa é *Sceon na Mara*, agus nach gá go mbeadh an t-úrscéal bleachtairachta ina úrscéal pobail éadrom.

Gné shuimiúil eile den saothar, i bhfianaise tuairimí an údair ina leith, an bhéim a chuirtear ar chomhrá ó thús deireadh. Áitíonn Ó Pronntaigh: ‘Níl aon leithscéal ag an údar focail Ghaeilge a chur i mbéal daoine nach mbeadh Gaeilge acu [...] Tuigimid gur scéal atá ann agus nach tuairisceoireacht fhíor í.’<sup>610</sup>

Luadh cheana gur mhaígh Ó Muirthile, agus trácht á dhéanamh aige ar Ghaeilge i mbéal charachtair an úrscéil chathraigh, ‘gur geall le cleas draíochta é a chur ina luí ar an léitheoir go maireann an carachtar beo’.<sup>611</sup> San alt céanna, áitíonn Ó Muirthile: ‘Chun úrscéal cathrach a scríobh i nGaeilge caitheann tú an teanga a thógaint focal ar fhocal nach mór.’<sup>612</sup> Comhrá idir duine de chriú an bháid tharrthála ‘an Anna Livia agus an stiúrthóir raidió ar an talamh’<sup>613</sup> é an chéad chomhrá sa leabhar. Tá idir Bhéarla agus Ghaeilge sa chomhrá. Tá an bád tarrthála ag iarraidh teacht i gcabhair ar bhád seoil ‘*Elvira*’:

- Elvira, Elvira, Elvira, seo í bád tarrthála an RNLI ag teacht i gcabhair ort. An féidir leat a rá linn go beacht cá bhfuil sibh? *Over*.

<sup>607</sup> Ó Muirthile, Liam *Sceon na Mara*, 98.

<sup>608</sup> *Ibid.*, 100.

<sup>609</sup> *Ibid.*, 101.

<sup>610</sup> Ó Pronntaigh, Ciarán, ‘Léirmheas ar *Sceon na Mara*’

<sup>611</sup> Ó Muirthile, Liam ‘Saol an Bhéarla trí Ghaeilge’, *The Irish Times*, 15/10/1990.

<sup>612</sup> *Ibid.*

<sup>613</sup> Ó Muirthile, Liam *Sceon na Mara*, 8.

Leis sin tháinig guth suaite mná ar an raidió á fhreagairt. Bhí an glór doiléir ag craicleáil ar na haerthonnta.

- *Can you repeat? Over.* [...]

-An bhfuil rafta tarrthála lainseáilte agaibh? *Over.*<sup>614</sup>

Sa chomhrá sin, léirítear an teanga á tógáil sa mhéid is go bhfuil an Ghaeilge á cur chun tosaigh de réir a chéile, an Ghaeilge ag malartú leis an mBéarla, agus an Béarla sa Ghaeilge i gcás ‘craicleáil’ agus ‘lainseáilte’ mar a mhol Ó Muirthile:

Sé an de réir a chéileachas so is tábhachtaí. Caithfidh an léitheoir creidiúint sna carachtair, ina gcuid Gaeilge cé gur Béarla atá á labhairt acu amuigh sa tsaol mar a mhairimid.<sup>615</sup>

Cuirtear corr-nath Béarla i mbéal na gcarachtar anois agus arís sna comhráití éagsúla, ach is i nGaeilge a labhraíonn gach carachtar, fiú Manuêlo, a ndeirtear faoi go raibh ‘feabhas mór ar a chuid Béarla’<sup>616</sup> agus é i mbun comhrá i nGaeilge leis an bhfostóir aige. D’fhéadfaí a mhaíomh go n-éiríonn le ‘cleas draíochta’ an údair de bharr na hiarrachta a dhéantar ar na carachtair a fhorbairt sa tslí is gur féidir ‘creidiúint’ iontu, mar a mholann an t-údar, ach is deacair glacadh leis an nGaeilge i mbéal Manuêlo, nach bhfuil ann ach mioncharachtar.

Áitíonn Theodore Martin in alt dá chuid faoin úrscéal bleachtairéachta<sup>617</sup> go mbíonn ficsean bleachtairéachta ag brath ar ‘future expectation, a constant looking forward to a well-nigh utopian moment of absolute knowledge.’<sup>618</sup> Leanann an léitheoir fiosrúchán an bhleachtairé Jack Hennessy, agus é ag tnúth i gcónaí le toradh an fhiosrúcháin sin. Dar le Martin: ‘Detective fiction fulfils the promise of resolution by publicly reinstating the law and order of total explicability’.<sup>619</sup> Nuair a chuireann an dúnmharfóir lámh ina bhás féin san fharráige ar deireadh, tá deireadh leis an scéal agus ta réiteach na faidhbe ag an léitheoir. Tá an pobal Filipíneach slán agus i radharc deireanach an úrscéil, tá Jack agus a iníon le chéile, lá samhraidh ar chéibh Chuan Dhún Laoghaire. Deirtear linn gur bhraith an bleachtairé ‘teaspach as an nua ina choiscéim.’<sup>620</sup> Sa chomhrá eatarthu, is maith le Jack go bhfuil a iníon ‘sásta’ agus í ag dul go Londain. Deir sé léi: ‘Sin é atá uait id chroí. Táim sásta.’<sup>621</sup> Measann Martin go bhfuil rud éigin míshásúil faoi ‘chríocha sona’ an úrscéil bhleachtairéachta, ní toisc go bhfuil siad sona, ach

---

<sup>614</sup> Ó Muirthile, Liam *Sceon na Mara*, 9.

<sup>615</sup> Ó Muirthile, Liam, ‘Saol an Bhéarla trí Ghaeilge’.

<sup>616</sup> Ó Muirthile, Liam, *Sceon na Mara*, 31.

<sup>617</sup> Martin, Theodore (2012) ‘The long wait: timely secrets of the contemporary detective novel’, *Novel: a forum on fiction*, Summer 2012, vol.45 no.2, 165-83. [Ar line ag url:<http://www.jstor.org/stable/2325954>, ceadaithe ar 23/3/18].

<sup>618</sup> *Ibid.*, 166.

<sup>619</sup> *Ibid.*

<sup>620</sup> Ó Muirthile, Liam *Sceon na Mara*, 177.

<sup>621</sup> *Ibid.*, 178.



'because they uncannily capture the displeasure of disjuncture that characterizes the end of the detective novel as such.'<sup>622</sup>

Dá réir sin, is féidir a rá gur beag ceangal atá idir críoch shona *Sceon na Mara* agus an tragóid a bhain don dúnmharfóir agus dá íobartaigh. Is léiriú é an t-athmhuintearas idir Jack Hennessy agus a iníon, Aoife, ar buille scoir an leabhair é, ar thuairim Martin faoi chríoch shona an úrscéil bhleachtaireachta: 'Chuir sí lámh i lúb a ascaille. Shiúladar rompu i dteannta a chéile.'<sup>623</sup>

Ar a shon sin, tugann an leabhar an-léargas dúinn ar cheantar uirbeach oir-dheisceart Bhaile Átha Cliath, go háirithe an cósta idir Dhún Laoghaire agus Deilginis. Léiriú fileata atá ann a leagann béim ar áilleacht an tírdhreacha, mar a fheictear don údar é. Mar sin féin, tarraingítear pictiúr dÍlis den cheantar agus mar gheall air sin, éiríonn leis an údar úrscéal de chuid 'litríocht an phobail' a shuíomh go réalaíoch sa saol uirbeach.

### **4.3 Scáil an Phríosúin.**

Is é *Scáil an Phríosúin* an tríú saothar i dtríológ bleachtaireachta Anna Heussaff, úrscéal a lean *Bás Tobann* (2004) agus *Buille Marfach* (2010). Mar gheall air sin, tá de bhuntáiste ag *Scáil an Phríosúin* go bhfuil aithne mhaith ag léitheoirí na tríolóige ar phríomhcharachtair an leabhair, Aoife Nic Dhiarmada agus a hiníon, Sal, agus aithne mhaith acu ar an ngarda óg, Réamonn. Luadh cheana gur minic an bhéim ar fhorbairt shásúil an scéil i seánra an úrscéil bhleachtaireachta agus go mb'fhéidir dá réir sin, go mbíonn easpa forbartha le sonrú ar charachtair an scéil, ach i gcás Heussaff is féidir a rá go ndearna an t-údar réamhforbairt ar phríomhcharachtair *Scáil an Phríosúin* i ndá úrscéal eile na tríolóige. Sa léirmheas a rinne sé ar *Scáil an Phríosúin*, luann Cathal Póirtéir go ndúirt an t-údar, Anna Heussaff: "Theastaigh uaim scéal cathrach a scríobh agus scéal a shuíomh i mo cheantar féin, Cill Mhaighneann"<sup>624</sup>. Tugann Heussaff an cur síos seo ar na gceantar céanna, áit a bhfuil sí ag cur fúithi le fada:

Tá meascán bríomhar ann den sean agus an nua, idir thithe victoiriacha de bhríci dearga agus ghlé-árasáin mhórfhuinneogacha nua; tá atmaisféar na staire le brath go láidir sa phríosún cáiliúil; agus tá láithreacha eile sa cheantar a chuirfeadh go mór le himeachtaí an scéil, ar nós Páirc an Fhionnuisce, bhruacha na Life agus reilig Acr an Bhulaí ar thailte an Bhrú Ríoga.<sup>625</sup>

<sup>622</sup> Martin, Theodore, 'The long wait, timely secrets of the detective novel', 175.

<sup>623</sup> Ó Muirthile, Liam *Sceon na Mara*, 178.

<sup>624</sup> Póirtéir, Cathal, 'Dúnmharú agus duais' *The Irish Times*, 11/11/15.

<sup>625</sup> Heussaff, Anna (2016) 'Scéal scríbhneora: eachtraí, noda agus cruachás', *Léachtaí Cholm Cille XLVI*, Má Nuad: An Sagart, 140.

Dar leis an mblagadóir Aonghus Ó hAlmhain, éiríonn go geal leis an údar an ceantar céanna a thabhairt léi in *Scáil an Phríosúin*: ‘Tá saol na linne seo, agus cathair-dhreach an cheantair fite fuaite i scéal iontach láidir.’<sup>626</sup> Úrscéal bleachtairachta é *Scáil an Phríosúin* a bhfuil comharthaí sóirt an tseánra, mar a luadh, le tabhairt faoi deara air. Tá an mhóreachtra a spreagann príomhaicsean an scéil thart sula dtosaíonn sé, marú iriseora óig i gcillín de chuid phríosúin Chill Mhaighneann. Tá fadhb le sárú ag Aoife mar gheall air sin agus is í buncheist an úrscéil ná conas a tharla an dúnmharú. Is é an scéal seachas na carachtair is tábhachtaí agus é d’aidhm ag an úrscéal suim an léitheora sa scéal a choimeád ó thús deireadh. San alt a scríobh Heussaff ar fhicsean bleachtairachta na Gaeilge, luann sí:

Ceann de na hidirdheighiltí a dhéantar ná idir úrscéalta liteartha a mbaineann saoirse ealaíne agus samhlaíochta leo agus úrscéalta éadroma a scríobhtar de réir foirmlí meicniúla.<sup>627</sup>

Dar léi, cé gur féidir ‘foirmlí’ a aithint ar sheánra an úrscéil bhleachtairachta, ní gá gur locht air an cur chuige sin, mar gur ‘éalúchas é atá pléisiúrtha agus fiúntach in aon turas [...] scíthléitheoireacht.’<sup>628</sup> Dá réir sin, is, is féidir *Scáil an Phríosúin* a shuíomh i réimse na scíthléitheoireachta. Tugann an t-údar cur síos ar na príomhcharachtair ann:

Is bean cheandána, dhiongbháilte í Aoife ata stróicthe idir na tréithe úd [tréithe an bhleachtair óig fheiminigh] agus a dúil i saol an teaghlaigh agus i gciúnas an dúlra. I gcás Réamoinn, is fear uailmhianach é atá gann ar fhéinmhuinín agus é faoi scáth trom na timpiste bóthair ina raibh tiománaí ólta freagrach as a bheirt tuismitheoirí a mharú.<sup>629</sup>

Ar aon dul le Jack Hennessy Uí Mhuirthile, tá deacrachtaí le sárú sa chaidreamh idir Aoife agus a hiníon, Sal. Is stoc-charachtar í Aoife agus í ‘stróicthe’ idir saol na hoibre agus saol na clainne ar aon dul le Jack Hennessy. Cé go bhféadfaí a rá go bhfuil easpa forbartha le brath ar na príomhcharachtair, ní locht ar an úrscéal é sin de réir comharthaí sóirt na scíthléitheoireachta. Ardaíonn Ian Ó Caoimh an cheist sin sa phlé a dhéanann sé ar an gclár ‘Comhluadar na leabhar’ ar Raidió na Life,<sup>630</sup> i gcomhrá le Caitlín Nic Íomhair agus Éamonn Ó Dónaill. Deir Nic Íomhair gur carachtair iad Aoife agus Sal atá ‘tanaí gan forbairt’ agus nach bhfuil ‘aithne’ aici ar Aoife dá bharr sin. Tá Ó Dónaill den tuairim chéanna nuair a deir sé go bhfuil sé ‘an-tógtha le carachtair a ndéantar forbairt orthu’, rud nach dtarlaíonn, dar leis, san úrscéal atá faoi chaibidil. Ina choinne sin, cuireann Ó Caoimh an cheist: ‘Ar cheart slata tomhais na litríochta a úsáid i gcás na scíthléitheoireachta?’ Seans go mbraitheann freagra na ceiste ar an léitheoir atá sásta glacadh le heaspa forbartha na gcarachtar toisc gurb é an scéal is suim leis. Ní mór a chur san

---

<sup>626</sup> Ó hAlmhain, Aonghus, ‘Cérinneachán cumhachtach comhaimseartha’. Féach an blag: *Smaointe Fánacha Aonghusa* ag <http://aonghus.blogspot.ie/2015/11/cerinneachan-cumhachtach-comhaimseartha.html>. Ceadaithe ar 20/3/2018.

<sup>627</sup> Heussaff, Anna (2017) ‘Ficsean bleachtairachta na Gaeilge’, *Comhar*, Feabhra, 19.

<sup>628</sup> *Ibid.*, 19.

<sup>629</sup> Heussaff, Anna, ‘ficsean bleachtairachta na Gaeilge’, *Comhar*, Márta 2017, 20.

<sup>630</sup> Ó Caoimh, Ian, ‘Comhluadar na leabhar’ Raidió na Life, Aibreán 2016. Podchraoladh ag <http://clubleabhar.com/Leabhar.aspx?id=67&lang=ga>. Ceadaithe ar 22/3/2018].

áireamh leis, mar a luadh, go mbeadh aithne mhaith cheana ag léitheoirí dhá shaothar eile na tríolóige ar Aoife agus, go pointe áirithe, ar Shal. Díol suime sa chás sin iad tuairiscí na moltóirí (Gearóid Denvir agus Máire Ní Annracháin) a mhol an chéad duais a bhronnadh ar *Scáil an Phríosúin* sa chomórtas ‘Úrscéal – Ficsean Ginearálta’ i gcomórtais liteartha an Oireachatais 2015.

Dar le Denvir:

Tá na mionsonraí, na mionradharcanna agus an cúlra ar fad inchreidte agus réalaíoch, m.sh., an cur síos ar an gcathair agus go háirithe ceantar Chill Mhaighneann, modh maireachtála na gcarachtar, saol na ngardaí agus na coiriúlachta, an caidreamh idir Tom agus Réamonn, fiú an téacsais as Gaeilge [...] Úrscéal pobail [...] léitheoireacht phléisiúrtha [...] sa saol comhaimseartha agus gan ualach ar bith sa teanga a dhéanas an reacaireacht (aineoinn tuairimí criticeoirí áirithe nach féidir léiriú fírinneach a thabhairt ar shaol na cathrach trí Ghaeilge!)<sup>631</sup>

De réir tuairisc Denvir comhlíonann an leabhar slata tomhais úrscéal na coitiantachta nó ‘an t-úrscéal pobail’, atá ‘inchreidte agus réalaíoch’ agus atá suite ‘sa saol comhaimseartha’. Tugann Titley suntas do na slata tomhais seo a leanas agus comhairle á cur aige ar scríbhneoirí na Gaeilge:

Is é an ceacht atá le foghlaim ag scríbhneoirí na Gaeilge más mian leo úrscéalta a scríobh a léifí ar son pléisiúr éadrom an chaithimh aimsire gur cheart dóibh aithris a dhéanamh ar aircitípeanna, ar mhóitífeanna, ar eachtraíocht, ar shimplíocht, ar dhíríocht inste, ar charachtair nósmhara an bhéaloidis [...] <sup>632</sup>

Dá réir sin, d’fhéadfaí a rá gurb é an ‘aithris’ sin a chuireann cruth ‘inchreidte agus réalaíoch’ ar *Scáil an Phríosúin*. Cé go molann Ní Annracháin an leabhar toisc go bhfuil ‘éirim na háite tugtha isteach san úrscéal ar bhealach inchreidte’ ar aon dul le Denvir, leagann sí béim ar an tslí a bhfuil ‘atmaisféar an cheantair cruthaithe go paiteanta, idir sheantithe, blocanna nua árasáin agus thar aon rud eile na daoine féin’.<sup>633</sup> Fiú má tá cuma an stoc-charachtair ar phríomhcharachtair Heussaff, tá Ní Annracháin sásta le carachtair an leabhair agus mar a chuirtear chun cinn iad.

Is cara leis an iar-iriseoir, Aoife Nic Dhiarmada, í an t-iriseoir, Saoirse, a bhfuil sé i gceist aici taispeántas a chur ar siúl faoi phríosúnach, Ellen Cassidy, a fuarthas marbh sa chillín céanna a bhfuil an taispeántas le bheith ann, céad bliain roimhe sin. De réir mar a ghluaiseann an scéal ar aghaidh, cuirtear aithne ar na carachtair éagsúla de réir mar a chuireann siad leis an scéal. Cé go dtugtar faoi na príomhcharachtair a fhorbairt, déantar cúram de nach gcuireann an fhorbairt chéanna isteach ar ghluaiseacht an scéil. I dtús an leabhair, tugtar sampla maith de stíl sin an údair, stíl a oireann do scéal bleachtairreachta.

---

<sup>631</sup> Denvir, Gearóid (2015) ‘Tuairisc an mholtóra’ le caoinchead an údair, Anna Heussaff, ar r-phost chuig scríbhneoir an tráchtais seo.

<sup>632</sup> Titley, Alan (1991) *An tÚrscéal Gaeilge*, 145.

<sup>633</sup> Ní Annracháin, Máire, (2015) ‘Tuairisc an mholtóra’ le caoinchead an údair, Anna Heussaff, ar r-phost chuig scríbhneoir an tráchtais seo.

Ar fheiceáil chorpán Shaoirse sa chillín d’Aoife, deirtear linn gur ‘tháinig boladh músacánach ar an aer, boladh a bhí milis agus lofa in aon turas.’<sup>634</sup> Cé go mbaineann an corpán geit as Aoife, is é rabhadh an bhleachtaire a thugann sí: ‘‘Bí cúramach gan aon rud a chorraí!’’<sup>635</sup> Cé go gcuireann an eachtra isteach ar Aoife, is é an scéal an ghné is tábhachtaí. Mar gheall air sin, seachnaítear trácht fada ar an eachtra agus ar an ngeit a baineadh as Aoife, ar mhaithe le bualadh ar aghaidh leis an scéal.

Mar a luann Denvir agus Ní Annracháin, tarraingítear pictiúr dílis de cheantar Chill Mhaighneann, áit chónaithe an údair. Díritear ar an meascán idir an sean agus an nua, saintréith thimpeallacht ailtireachta Chill Mhaighneann agus go leor de cheantair uirbeacha eile na cathrach:

Gloine agus adhmad snasta na n-árasán ag déanamh beag is fiú dá gcomharsana, gob triantánach ar gach bloc mar a bheadh srón in airde i measc na cosmhuintire. B’in mar a bhí ar fud an cheantair, dar le Réamonn: an nua is an sean ag sáraíocht ar a chéile [...] Árais úrnua i gcúinní ina mbíodh monarcha nó muileann nó gort glasraí ar feadh na gcianta, tithe breátha sócúla le cois lánaí cúnga ina mbíodh botháin na mbochtán tráth.<sup>636</sup>

Iarracht ar stair shóisialta an cheantair a ríomh é an cur síos céanna, agus bá pas beag maoithneach, b’fhéidir, le seanchosmhuintir an cheantair chéanna á nochtadh ann. Tugtar cur síos ina dhiaidh sin ar sheomra suí cheann d’árasáin na ‘nÁras úrnua’:

Seomra fairsing a bhí ann, troscán bog leathair ar dhath an uachtair agus tinteán tíleanna bána timpeall ar an tsornóg. Bhí pictiúr d’ealaín theibí ar na ballaí geala, ach níorbh iad siúd ba thúisce a mheall an tsúil. Bhí fuinneog ollmhór ag síneadh ó shíleáil go hurláir, agus glaise na gcrann i bPáirc an Fhionnuisce á líonadh.<sup>637</sup>

Luaitear Eastáit an Iarnróid, ceantar lucht oibre in Inse Chóir, lámh le Cill Mhaighneann agus teach tábhairne áitiúil: ‘Seantábhairne cáiliúil, The Patriots, ag crosbhóthar Chill Mhaighneann’,<sup>638</sup> áit ar seoladh úrscéal Heussaff ar 11 Samhain, 2015. Tuirlingíonn Réamonn den Luas ag stad Fatima, ‘a ainmníodh as eastát mór tithíochta in aice láimhe a mbíodh droch-chlú drugaí agus foréigin air.’<sup>639</sup> Tapaítear an deis, arís le stair shóisialta an cheantair a insint nuair a deirtear faoi mhuintir eastáit Fatima: ‘Bhí pobal diongbháilte lonnaithe ar an eastát freisin, agus d’eirigh leo tathant ar na húdaráis na seanbhlocanna árasán a leagan agus tosú as an nua.’<sup>640</sup> Deirtear linn gur: ‘Herberton an t-ainm a tugadh ar an scéim nua’<sup>641</sup>, a bhfuil meascán de mhuintir chomhaimseartha an cheantair ag cur fúthu ann. Is ann atá cónaí ar Réamonn a ndeirtear faoi:

<sup>634</sup> Heussaff, Anna *Scáil an Phríosúin*, 17.

<sup>635</sup> *Ibid.*, 18.

<sup>636</sup> *Ibid.*, 43.

<sup>637</sup> *Ibid.*, 46.

<sup>638</sup> *Ibid.*, 115.

<sup>639</sup> *Ibid.*, 67.

<sup>640</sup> *Ibid.*

<sup>641</sup> *Ibid.*

Thaitin an pobal measctha leis, idir aicmí agus chiní difriúla, idir úinéirí agus thionóntaí. Bhí Síngigh, Polannaigh agus Gearmánaigh mar chomharsana aige agus a dteanga féin san aer mar aon le blasanna dúchais na cathrach.<sup>642</sup>

Sa tslí sin, déantar cúram de go dtarraingítear pictiúr de shaol agus de shuíomh comhaimseartha cheantar an úrscéil, ar mhaithe le cuma an réalachais chomhaimseartha a chur ar an úrscéal féin, cur chuige a thugann ar Chathal Póirtéir a áitiú faoin leabhar: 'Tá saol na linne seo, agus cathair-dhreach an cheantair fite fuaite i scéal iontach láidir, scéal a bhaineann go cinnte leis an lá inniu.'<sup>643</sup>

Luann Ní Annracháin go bhfuil de bhua ag an leabhar go léirítear an saol comhaimseartha uirbeach ann agus na téamaí a théann leis an saol sin, sa chás seo, 'éagóir chomhaimseartha na sclábhaíochta gnéis.'<sup>644</sup> Sa léirmheas a rinne sé ar an úrscéal céanna, tagann Proinsias Ó Drisceoil le tuairim Ní Annracháin: 'Bíonn éispéiris na himirce mar chúlra leis an scéal tríd síos, tionscail an ghnéis agus gáinneáil ar mhná – é ar fad ar mhaithe le sásamh agus brabach na bhfear.'<sup>645</sup> Luann Heussaff go dtapaíonn sí an deis le téamaí, a bhfuil suim aici féin iontu, a tharraingt isteach san úrscéal, sa chás seo, 'dúshaothrú striapachais agus foréigean eile in aghaidh ban.'<sup>646</sup> Is teifeach ón Iaráic é 'Faisal al-Jamil'. Deir Gabriel Salgado, duine a bhíonn ag cuidiú le teifigh, le hAoire faoi Faisal gur 'céasadh ina thír féin é [...] gur chabhraigh Faisal le daoine eile a tháinig go hÉirinn ag lorg dídine.'<sup>647</sup> Albánach í Kim a d'inis do Shaoirse 'faoin drochíde a d'fhulaing sí féin agus bean eile a fuadaíodh isteach i ngnó luachmar an striapachais in Éirinn.'<sup>648</sup>

Creideann Ó Drisceoil gur 'cuid shonrach den Éirinn nua seo é an pobal Moslamach, pobal faoi léigear'<sup>649</sup>, mar a léirítear i *Scáil an Phríosúin* iad. In alt dá cuid, áfach, tá amhras ar Elizabeth Allen faoin léiriú a thugtar ar gháinneáil ar ghnéas i seánra an úrscéil bhleachtairachta.<sup>650</sup> Tagraíonn sí do thuairim atá sách coiteann, dar léi, faoi sheánra an úrscéil bhleachtairachta chomhaimseartha: 'The genre, it has been argued, is the novel form most appropriate to mediate the intricacies of contemporary life.'<sup>651</sup> Síleann Ó Drisceoil go bhfuil de bhua ag an úrscéal atá faoi chaibidil go n-éiríonn leis castacht an tsaoil chomhaimseartha a thabhairt leis, ní amháin i gcás na bpobal 'faoi léigear' ach i gcás 'na

---

<sup>642</sup> Heussaff, Anna *Scáil an Phríosúin*, 67.

<sup>643</sup> Póirteir, Cathal, 'Dúnmharú agus duais' *The Irish Times*.

<sup>644</sup> Ní Annrachán, Máire, 'Tuairisc an mholtóra'.

<sup>645</sup> Ó Drisceoil, Proinsias (2017) '*Scáil an Phríosúin* á mheas ag Proinsias Ó Drisceoil', *Feasta*, Márta, 16.

<sup>646</sup> Heussaff, Anna (2017) 'Ficsean bleachtairachta na Gaeilge', *Comhar*, Márta, 19.

<sup>647</sup> Heussaff, Anna, *Scáil an Phríosúin*, 293.

<sup>648</sup> *Ibid.*, 294.

<sup>649</sup> Ó Drisceoil, Proinsias, '*Scáil an Phríosúin* á mheas', 16.

<sup>650</sup> Allen, Elizabeth (2008) 'The silent woman, the representation of sex trafficking in the contemporary British detective novel', *Migration letters* 5(2), 166-76. [Ar líne ag [http:// search –proquest –com. Jproxy. Nuim.ie/docview/1268162736?accountid=12309](http://search.proquest.com), ceadaithe ar 23/3/2018].

<sup>651</sup> Allen, Elizabeth, 'The silent woman', 166.

[m]buanna móra a roinneann an saol nua seo orainn'.<sup>652</sup> Áitíonn Allen gur gné shuntasach den fhicsean bleachtaireachta comhaimseartha é an iarracht a dhéantar ann tabhairt faoi 'the current "big issues" including people smuggling and human trafficking.'<sup>653</sup> Sampla den gháinneáil ar dhaoine is ea Kim, mar a luadh. Dar le Allen, díríonn cuid mhaith den fhicsean bleachtaireachta comhaimseartha ar gháinneáil ar ghnéas i gcás na mban óg,<sup>654</sup> go háirithe, faoi mar a dhéantar in úrscéal Heussaff. Creideann Allen gur féidir, 'a predominantly liberal perspective'<sup>655</sup>, i leith an téama sin a aithint sa seánra. Mar gheall ar an bpeirspictíocht sin, dar léi, cuirtear chun cinn dearcadh i leith na mban, a ndéantar gáinneáil orthu, atá bunaithe ar thrua agus ar thaise, agus cé nach gcuirtear réiteach na faidhbe chun cinn, tairgeann an scéal bleachtaireachta 'consolation to the liberal Western reader who is part of the dominant cultural formation.'<sup>656</sup> Tá trua ag Aoife agus ag Saoirse, ar cuid de chultúr ceannasach na tíre iad, do Kim in úrscéal Heussaff. Tá de bhua ag *Scáil an Phríosúin*, dar le Ó Drisceoil, go bhfuil 'an glacadh leis an ilchultúrthacht [...] agus cearta dlíthiúla a bheith ag mionlaigh den uile shaghas'<sup>657</sup> ann. Ceapann Allen, áfach, gur tábhachtaí ná sin an dearcadh a thagann chun cinn sa léiriú a thugtar ar an 'nglacadh' céanna. Creideann Allen gur féidir dearcadh na meán coiteann a aithint ar an bhficsean bleachtaireachta, is é sin, 'ironing out political ambiguities and complexities, and crucially, functions to situate migration within a discourse of criminality'.<sup>658</sup> Dá réir sin, cé go bhfuil *Scáil an phríosúin* le moladh as téamaí comhaimseartha a chur chun cinn, ní mór an dearcadh a léirítear i leith na dtéamaí sin a chur san áireamh agus an léiriú a thugtar ar an saol réalaióch ann á mheas. Mar a deir Allen:

That, despite apparent fundamental changes in subject matter, detective novels continue to operate according to their generic conventions, and that this necessarily limits the claims made for them to be 'The New Realism' is not so surprising.<sup>659</sup>

Ar an mbonn sin, cé go ndéantar iarracht ar léiriú a thabhairt ar shaol uirbeach comhaimseartha chathair Bhaile Atha Cliath in úrscéal Heussaff, gné atá le moladh dar le léirmheastóirí éagsúla, d'fhéadfaí a mhaíomh go gcuireann stíl an úrscéil bhleachtaireachta, a chleachtann an t-údar, srian ar an léiriú céanna.

Tugann tuairisc mholtóra Denvir tuairim Uí Dhrisceoil faoi *Sionnach ar mo dhuán* chun cuimhne nuair a thagraíonn sé do 't[h]uairimí criticeoirí áirithe nach féidir léiriú fírinneach a thabhairt ar shaol na cathrach trí Ghaeilge.'<sup>660</sup> Cé gur i nGaeilge a labhraíonn carachtair uile *Scáil an Phríosúin*, níl 'ualach ar

---

<sup>652</sup> Ó Drisceoil, Proinsias, '*Scáil an Phríosúin* á mheas, 16.

<sup>653</sup> Allen, Elizabeth, 'The silent woman' 167.

<sup>654</sup> Ibid.

<sup>655</sup> Ibid.

<sup>656</sup> Ibid., 168.

<sup>657</sup> Ó Drisceoil, Proinsias, '*Scáil an Phríosúin* á mheas ag Proinsias Ó Drisceoil', 16.

<sup>658</sup> Allen, Elizabeth, 'The silent woman', 170.

<sup>659</sup> Ibid., 175.

<sup>660</sup> Denvir, Gearóid, 'Tuairisc an mholtóra'.

bith sa teanga a dhéanas an reacaireacht'<sup>661</sup>, dar le Denvir. Ar aon dul le Manuêlo Uí Mhuirthile, is i nGaeilge, leis, a labhraíonn Faisal agus Kim. Meashtar nathanna de chuid an Bhéarla le Gaeilge na gcarachtar mar a dhéantar i *Sceon na Mara*. Tuairimíonn Ó Drisceoil gur d'aon ghnó a dhéantar sin i gcás *Scáil an Phríosúin*: 'Baintear leas as an mBéarla chun fórsa agus barántúlacht áitiúil a bhronnadh ar an gcaint.'<sup>662</sup> Nochtann sé tuairim shochtheangeolaíoch faoi Ghaeilge charachtair an leabhair nuair a deir sé:

Is sa chaighdeán oifigiúil [...] a labhraíonn an mheánaicme, an mheánaicme scothaosta ach go háirithe, sa leabhar agus tá seo ag teacht leis an gclaonadh i measc lucht oideachais agus measúlachta i ngach aon sochaí canúint dá gcuid féin a dhéanamh den leagan caighdeánach.'<sup>663</sup>

Is fíor go bhfuil cruth níos caighdeanaí ar Ghaeilge Aoife ná mar atá ar Ghaeilge a hiníne, Sal, ach ní dócha gur mar gheall ar aicmeachas atá sí amhlaidh. Is den lucht oibre iad cuid de na carachtair sa leabhar agus luaitear 'canúint na cathrach' le carachtair eile, ach is ag Sal is mó a bhíonn an Béarla sa chaint, rud a léiríonn gur de réir glúine seachas aicme a dhéantar idirdhealú idir roghanna teanga na gcarachtar. Díol suime go bhfuil an Béarla sa Ghaeilge níos suntasaí in úrscéal Heussaff ná mar atá in úrscéal Uí Mhuirthile, agus gur i gcaint ghlúin óg an dá úrscéal, Anna agus Sal, is mó atá sé le tabhairt faoi deara. Glactar leis gur gné den Ghaeilge uirbeach chomhaimseartha é an claonadh céanna sa dá chás. Ach, ar ndóigh, ní rud nua ná uirbeach amháin é an claonadh sin, i measc lucht labhartha na Gaeilge. B'fhéidir go dtugann an Béarla 'barántúlacht' do charachtair an leabhair, mar a chreideann Ó Drisceoil, ach is gné shuntasach de shochtheangeolaíocht na Gaeilge i gcoitinne é an meascán teanga, mar a léiríonn Siobhán Ní Laoire.<sup>664</sup> Luann Ní Laoire na téarmaí sochtheangeolaíocha, códmheascadh, códmhalartú agus pidseaná. Is ionann códmheascadh agus 'malartú idir leaganacha nó teangacha taobh istigh de chlásal nó de fhrása'<sup>665</sup> agus cé go mbíonn an malartú céanna i gceist le códmalartú, is gnách go mbíonn 'an sliocht sa dara teanga [...] níos faide ná clásail nó abairt.'<sup>666</sup> Sa chomhrá seo a tharlaíonn idir Aoife agus a hiníne, Sal, faoi chás Shaoirse, is féidir an códmheascadh a aithint. Is i gcaint Shail amháin atá an códmheascadh le tabhairt faoi deara sa chomhrá. Deir Sal:

""So cad é do phlean, mar sin? An raibh tú ag labhairt le do chuid, *you know*, foinsí iontaofa sna nuachtáin agus mar sin de?""<sup>667</sup>

---

<sup>661</sup> Denvir, Gearóid 'Tuairisc an mholtóra'.

<sup>662</sup> Ó Drisceoil, Proinsias, 'Scáil an Phríosúin á mheas ag Proinsias Ó Drisceoil', 16.

<sup>663</sup> *Ibid.*, 16.

<sup>664</sup> Féach Siobhán Ní Laoire, (2012) 'Teangeacha i dTeagmháil: Códmhalartú. Pidseaná agus Criólú', Tadhg Ó hIfeárnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.), *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, Baile Átha Cliath: Cois Life, 49-66.

<sup>665</sup> *Ibid.*, 50.

<sup>666</sup> *Ibid.*

<sup>667</sup> Heussaff, Anna, *Scáil an Phríosúin*, 54.

Sampla í caint Shail den chódmheascadh nach bhfuil i gceist ach ‘sliocht an-ghearr nó focal [...] aonair á mheascadh isteach leis an mbuntheanga’.<sup>668</sup>Níos faide anonn, agus Sal ag caint le hAoife faoi Chormac Ó Néill, deir Sal: “...I mean, please, tá sé ag obair i gcúrsaí airgidis, so how boring is that, abair liom?”<sup>669</sup>, caint atá ag dul i dtreo an chódmhalartaithe, ‘malartú [...] thar theorainneacha an chlásail nó na habairte’.<sup>670</sup> Míniúnn Ní Laoire gurb ionann pidsean agus: ‘Córas cumarsáide atá tar éis teacht chun cinn i measc dreamanna nach bhfuil teanga chomónta eatarthu’.<sup>671</sup> I gcás na Gaeilge, luann Ní Laoire ‘na canúintí nua Gaeilge atá tagtha chun cinn le tamall anuas’<sup>672</sup> agus cuireann sí an cheist: ‘An bhfuil teanga nua á gineadh as an teagmháil idir Béarla agus Gaeilge?’<sup>673</sup> In *Scáil an Phríosúin*, is minic a úsáidtear Gaeilge a bhfuil cruth an Bhéarlachais air. Deirtear faoi Réamonn mar shampla: ‘Bhí Réamonn tosaithe ag cur spéise sa stair’.<sup>674</sup> I dtreo deireadh an úrscéil, deirtear gur ‘tháinig torann na habhann ina cluasa [Aoife] gan choinne. Bhí an Life ag rith’.<sup>675</sup> Luaitear faoi Tom, páirtí Réamoinn: ‘Ní raibh a fhios ag Tom cad a bhí tarlaithe’.<sup>676</sup> D’fhéadfaí a rá gur gné den ‘teanga nua’ é an Béarlachas céanna ach an oiread leis an gcódmhalartú. Is dócha go léiríonn na gnéithe nó claonta teanga sin in *Scáil an Phríosúin* an tionchar atá ag an saol comhaimseartha ar an nGaeilge, sa chás seo, sa suíomh sochtheangeolaíoch uirbeach.

Gné de chríoch shona *Scáil an Phríosúin* é an dea-chaidreamh idir Réamonn agus Tom. Dar le Proinsias Ó Drisceoil, ar cheann ‘de na buanna móra a roinneann an saol nua seo orainn sa scéal [...tá...] an glacadh leis [...] an homaighnéasacht i measc an mhóraithe’.<sup>677</sup> Deirtear linn go ndeachaigh Tom agus Réamonn ar ais go hárasán Réamoinn agus: ‘Nuair a dhúnadar doras an árasáin, ní fonn óil ná cainte ná codlata a bhí orthu.’<sup>678</sup> Cé go bhféadfaí a rá gur gné den ‘saol nua seo’ é caidreamh Tom agus Réamonn, is léiriú é an ráiteas thuas ar fhoirmle an úrscéil bhleachtairéachta, a mbíonn críoch shona leis, mar a luadh. Ina dhiaidh sin féin, tugtar léiriú áititheach ar an saol uirbeach i *Scáil an Phríosúin*, idir théamaí, teanga agus shuíomhanna. Tá an leabhar le moladh as pictiúr dílis de cheantar uirbeach Chill Mhaighneann a tharraingt agus as léiriú a thabhairt ar Ghaeilge bheo chomhaimseartha na cathrach. Sa tslí sin, cuirtear an saol uirbeach i láthair go hinchreidte réalaíoch. Is léiriú é *Scáil an Phríosúin* ar sheánra úrscéalaíochta sa Ghaeilge a bhfuil sé de bhuntáiste aige gur féidir an Ghaeilge agus saol na

<sup>668</sup> Ní Laoire, Siobhán, ‘Teangacha i dTeagmháil’, 50.

<sup>669</sup> Heussaff, Anna, *Scáil an Phríosúin*, 171.

<sup>670</sup> Ní Laoire, Siobhán, ‘Teangacha i dTeagmháil’, 50.

<sup>671</sup> *Ibid.*, 62.

<sup>672</sup> *Ibid.*, 63.

<sup>673</sup> *Ibid.*, 63.

<sup>674</sup> Heussaff, Anna, *Scáil an Phríosúin*, 35.

<sup>675</sup> Heussaff, Anna, *Scáil an Phríosúin*, 320.

<sup>676</sup> *Ibid.*, 372.

<sup>677</sup> Ó Drisceoil. Proinsias, ‘Scáil an Phríosúin á mheas ag Proinsias Ó Drisceoil,’ 16.

<sup>678</sup> Heussaff, Anna, *Scáil an Phríosúin*, 379.



Gaeilge a shuíomh go nádúrtha sa chathair. Chomh maith leis sin, is féidir téamaí uirbeacha comhaimseartha a chur i láthair trí mheán na Gaeilge sa seánra céanna, mar a dhéantar i gcás na gáinneála ar ghnéas, mar shampla, in *Scáil an Phríosúin*.

## **Conclúid**

Rinneadh anailís ar thrí úrscéal bleachtairachta sa chaibidil seo ar mhaithe leis an dearcadh a thagann chun cinn i leith an tsaoil uirbigh iontu a mheas. Áitíodh gur de réir shlata tomhais an úrscéil phobail a léirítear an saol uirbeach comhaimseartha in *Nead na gCreabhar*. Scéal eachtraíochta go bunúsach é an t-úrscéal céanna agus cé nár chuir an t-údar roimhe téamaí móra uirbeacha na linne a ionramháil faoi mar a rinne saothair uirbeacha eile de chuid na Gaeilge, bhí de bhua aige gur léirigh sé go raibh spás sa chomhthéacs liteartha d'fhicsean éadrom uirbeach ina gcuirtear saol na cathrach i láthair ar bhealach inchreidte réalaíoch. Rinne Liam Ó Muirthile a chuid féin den seánra céanna nuair a léirigh sé go bhféadfaí úrscéal cumasach uirbeach a shuíomh i seánra an úrscéil bhleachtairachta. Gné shuntasach de *Sceon na Mara* an nasc fileata a chothaítear ann idir an Ghaeilge agus cósta thoir na tíre seo agus fáiltítear roimhe seo. Tugtar suntas ann chomh maith do Ghaeilge bheo comhaimseartha an tsaoil uirbigh, gné d'fhicsean comhaimseartha na Gaeilge a ndéantar forbairt uirthi in úrscéal Heussaff. Léiriú é *Scáil an Phríosúin* ar úrscéal pobail comhaimseartha a bhfuil de bhua aige go gcuirtear an saol uirbeach ilchultúrtha os comhair an léitheora trí mheán na Gaeilge. Glactar leis an saol sin mar ghnáth-thimpeallacht fhicsean na Gaeilge agus sa tslí sin, is léir nach bhfuil aon amhras ach go bhfuil agus go mbeidh de chumas ag an úrscéal pobail sa Ghaeilge dul i ngleic go héifeachtach le téamaí uirbeacha 'shaol na linne seo.'

## Conclúid

Rinneadh anailís ar shamplaí d'úrscéalta uirbeacha na Gaeilge sa tráchtas seo. Díríodh ar na téamaí a tháinig chun cinn sna húrscéalta sin agus ar roinnt de na gnéithe stíle a úsáideadh leis na téamaí sin a chur abhaile ar an léitheoir. Díríodh ar thréimhsí áirithe ó 1910-2015 agus ar an bpointe féachana i leith an tsaoil uirbigh sna tréimhsí céanna sin. Tháinig cathair Londan, cathair Bhaile Átha Claith, cathair Bhéal Feirste agus cathair na Gaillimhe i gceist sa phlé sin. Áitíodh gur thug na húrscéalta a roghnaíodh léargas inspéise ar ghnéithe a bhain le saol na gcathracha sin ag am a scríofa. Ar ndóigh, is orgánach beo é an saol uirbeach a bhíonn de shíor ag athrú agus nach bhféadfadh úrscéal ar bith, dá fheabhas é, léargas iomlán a thabhairt air. Agus é ag trácht ar an téacs a chuireann údar i dtoll a chéile, seo mar a chuireann A.P. Foulkes síos ar an mbaint a cheaptar a bheith ag an téacs leis an saol:

Some texts are supposed to refer to the real world; all texts, runs the counter-argument, refer to a fictive world. A third view is that texts, because they consist of language, and because language merely seems to impose order on a continuum, can refer only to what we perceive to be the real world.<sup>679</sup>

Toisc gur i nGaeilge a cumadh na húrscéalta a bhí faoi chaibidil, is cuid thábhachtach den tionscnamh liteartha trí chéile é gur ó pheirspictíocht theanga na Gaeilge a cuireadh an saol uirbeach os comhair an léitheora. D'fhéadfaí a áitiú, leis, go raibh tionchar ag gnéithe den chultúr a samhlaíodh le saol na Gaeilge ar an tslí a cuireadh an saol uirbeach i láthair an léitheora. Tugadh faoi cheist chasta an réalachais sa litríocht agus sa chomhthéacs sin, i dtuairim scríbhneor an tráchtas seo, is deacair ráiteas Mháirtín Uí Chadhain nach í 'fírinne na cumadóireachta, na healaíne fírinne an tsaoil'<sup>680</sup> a shárú.

I gCaibidil 1, rinneadh anailís ar *Deoraíocht* (1910) le Pádraic Ó Conaire, *Mo Dhá Róisín* (1921) le Séamus Ó Grianna, agus *Lucht Ceoil* (1932) le Barra Ó Caochlaigh, aimn cleite Airt Uí Riain. Áitíodh gurbh é téama uilíoch na deoraíochta príomhfhócas úrscéal Uí Chonaire, agus gurbh ó pheirspictíocht an deoraí a cuireadh Londain i láthair an léitheora. Léiríodh gnéithe éagsúla de thaithí an deoraí ar an saol uirbeach. Feictear do scríbhneoir an tráchtas seo gurbh é an ghné shíceolaíoch de thaithí an deoraí, is é sin nach bhféadfadh sé an chathair a fhágáil, an ghné ba chriticiúla a léiríodh. Dá réir sin, ba i sáinn sa chathair a bhí an príomhcharachtar. Tagraíodh don phearsantú a rinneadh ar an gcathair chéanna, ar gheall le 'fathach amplach' í. Leagadh béim ar an gcóras caipitlíoch a tháinig i dtír ar bhochtáin na cathrach agus ba léir nárbh é cathair an rachmais é an Londain a cuireadh chun cinn, ach cathair an

<sup>679</sup> Foulkes, A.P. (1983) *Literature and Propaganda*, New York: Routledge, 21.

<sup>680</sup> Ó Cadhain, Máirtín (1969) *Páipeir bhána agus páipéir bhreaca*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 10.

bhochtanais. I ndeireadh na dála, is ‘gnáthdhuine’ é Micil Ó Maoláin, príomhcharachtar *Deoraíocht*, imirceach, Éireannach, deoraí atá ar a dhícheall ag iarraidh a bheith beo i gcathair ina bhfaigheann an córas caipitlíoch an ceann is fearr air ar deireadh. Faoi mar a dúirt Mícheál Mac Liammóir sa réamhrá a scríobh sé don úrscéal i 1973:

Is ar dhuine bocht a baineadh leathlámh agus leathchos de i sráid i Londain a thagrann *Deoraíocht* a bhfuil a aghaidh as a cuma agus créachtaí domhaine inti. ‘Sé féin a insíonn cé na heachtraí agus cén mí-ádh a bhain dó ó thearnaigh sé nó gur fritheadh a cholainn bhocht chnáite agus goin bhais inti i bpáirc phoiblí éigin i Londain.<sup>681</sup>

Ar aon dul le príomhcharachtar *Deoraíocht*, is strainséir sa chathair é príomhcharachtar *Mo Dhá Róisín*. Fear óg de chuid na Gaeltachta é, a bhfuil dlúthbhaint aige le cultúr na Gaeltachta faoi mar a bhí ag an údar féin. Pléadh an bhéim a leagadh ar thábhacht an chultúir agus na teanga i bpearsantacht an phríomhcharachtair sa nochtadh a rinneadh ar theanga shaibhir Ghaeltacht Thír Chonaill. Ceann de na ceisteanna a cuireadh ná arbh fhéidir leis an gcultúr sin an díláithriú uirbeach a sheasamh? Bhain tábhacht ar leith leis an gcomhthéacs staire, sóisialta agus staire inar scríobhadh an t-úrscéal.

Ins an am a bhfuil mé ag trácht air, bhí spiorad an tSasanaigh chomh fíchte fuaighte sin i gcroidhe na ndaoine agus gur chuma do dhuine, i dtaca le holc, ach Béarla a bheith aige. Níor mhiste, má rinn tú dún-mharbhadh ar an Ghaedhilg míle uair san lá, ní dheárn duine ar bith íontas duit. Ní bhfuair duine ar bith droch-mheas ort. Ach mur rabh teangaidh an tSasanaigh agat go deas réidh sleamhain slíocuighthe, bhí tú d’ola-mhagaidh ar fud na tíre.<sup>682</sup>

Tugadh suntas don choimhlint idir na cultúir dhifriúla a tugadh faoi deara i gcathair Bhaile Átha Cliath sa saothar. Chonacthas gurbh é cailliúint a phobail dhúchais sa chathair an ghné ba mhó a ghoin ar an bpríomhcharachtar agus pléadh an tslí inar sholáthair pobal samhlaíthe an náisiúnachais, de réir theoiric Benedict Anderson,<sup>683</sup> pobal úr don phríomhcharachtar sin.

Filleadh ar Londain arís in *Lucht Ceoil* agus an córas caipitlíoch faoi lán seoil ann fós. Tharraing an t-úrscéal sin conspóid i measc léitheoirí agus léirmheastóirí an Ghúim, a d’fhoilsigh é agus a bhronn duais air chomh maith. Maíodh nár ‘úrscéal dáiríre’ a bhí ann, ach go raibh de bhua aige gur ‘ficsean ginearálta’ a bhí ann. Ba shampla luath den úrscéal pobail é. Faoi mar a léiríonn an díol mór a bhí ar an saothar, bhí éileamh ar an gcineál sin ficin i measc lucht léitheoireachta na Gaeilge san am. Ó thaobh téama de, léiríodh arís an scrios a bhí á dhéanamh ag an gcóras caipitlíoch ar mhuintir chathair London

---

<sup>681</sup> Mac Liammóir, Liam (1973) ‘Réamhrá’ in Pádraic Ó Conaire *Deoraíocht*, Baile Átha Cliath: Cló Talbot.

<sup>682</sup> Ó Grianna, Séamus *Mo Dhá Róisín*, 43.

<sup>683</sup> Féach Benedict Anderson (1991) *Imagined Communities*, London New York: Verso, 6. [Foilsíodh den chéad uair 1983]

agus faoi mar a cuireadh freagra an údair ar an scrios sin, an Caitliceachas, chun cinn. Pléadh an chodarsnacht a rinneadh idir Londain agus Baile Átha Cliath san úrscéal céanna. Bhí íomhá an Chaitliceachais á bhualadh go láidir ar an tír seo nuair a foilsíodh *Lucht Ceoil*, mar a léiríonn an comhtharlú tráthúil gur foilsíodh *Lucht Ceoil* i 1932, an bhliain chéanna inar fhreastail suas le milliún duine ar Aifreann ar 26 Meitheamh i bPáirc an Fhionnuisce le linn Chomhdháil Eocairisteach 1932. Chonacthas go ndearna an príomhcharachtar, Barra Ó Caochlaigh, craobhscaoileadh ar thábhacht spioradáltacht Chaitliceach na tíre seo in éadan pháigántacht Londan, agus sa tslí sin, cuireadh íomhá de chathair Chaitliceach Bhaile Átha Cliath chun cinn a thaitin le muintir an Ghúim agus le lucht leitheidreachta na Gaeilge san am. Nuair a cuireadh na trí shaothar a ndearnadh anailís orthu i gCaibidil 1 le chéile, chonacthas gurbh áit aduain choimhthíoch é Londain, a raibh an córas caipitlíoch i ngreim air agus nárbh fhéidir le príomhcharachtair Uí Chonaire ná Uí Chaochlaigh an ceann is fearr a fháil air. Ina choinne sin, bhí slánú ardchathair na tíre seo le fáil sa náisiúnachas cultúrtha in *Mo Dhá Róisín* agus sa Chaitliceachas in *Lucht Ceoil*.

Pléadh léirithe eile ar chathair Bhaile Átha Cliath agus ar chathair Bhéal Feirste i gCaibidil 2. Ba é *Tonn Tuile*, an chéad leabhar a d'fhoilsigh Sáirséal agus Dill agus maíodh faoi gur dul chun cinn a bhí ann ó thaobh phrós-scríbhneoireacht na Gaeilge de, go háirithe toisc gur lonnaithe sa chathair a bhí sé. Pléadh an bhéim a leagadh ar institiúid an phósta i ngleic le fórsaí shochoaí na cathrach in *Tonn Tuile* agus *Máire Nic Artáin*. Sa chomhthéacs sin, áitíodh gurbh é an léiriú a tugadh ar thionchar diúltach shrathú sóisialta na cathrach ar mhianta pearsanta an duine an téama ab éifeachtaí in úrscéalta Uí Néill. Bhí de bhua ag *Tonn Tuile* gur nochtadh ann gnéithe den saol meánaicmeach a bhí ag teacht chun cinn i gcathair Bhaile Átha Cliath aimsir an Dara Cogadh Domhanda. Sonraíodh gurbh í an ghné ba shuimiúla den saothar sin ná an stíl ar baineadh leas aisti leis an bpríomhthéama sin a chur abhaile ar an léitheoir. Tagraíodh don tslí ar féidir tréithe éagsúla de chuid stíl na haoire a aithint ó thús deireadh an úrscéil agus Liam de Faoite, príomhcharachtar an úrscéil, ar a dhícheall ag iarraidh an cultúr a shamhlaíonn sé le meánaicme na cathrach a chur chun cinn sa saol pósta aige féin. Aithníodh bua grinn an údair ar an gcur síos a rinneadh ar shotal an phríomhcharachtair. Braitheadh gur baineadh leas fóna as teicníc chliste scríbhneoireachta nuair a cinneadh gurbh é Liam a bheadh ina reacaire scéil sa saothar, teicníc a d'fhág gur fhan an príomhcharachtar dall ar an dochar a bhí á dhéanamh ag a dhearcadh i leith na meánaicme dá chaidreamh lena bhean chéile. Is ait le scríbhneoir an tráchtais seo nár tugadh breis aitheantais d'éifeacht ghné na haoire sa saothar agus nár tugadh go leor airde ar pháirt Eibhlín san úrscéal ach an oiread. Ba í Eibhlín a léirigh dearcadh an údair i leith bhréagintleachtúlachas na meánaicme agus a thuig gur thábhachtaí an caidreamh pearsanta sa phósadh ná stádas an phósta féin. Chonacthas gur fhill Ó Néill ar an téama céanna in *Máire Nic Artáin* nuair a léirigh sé tionchar tubaisteach an tseicteachais ar an gcaidreamh pearsanta i gcás an phósta

measctha i gceantar de chuid lucht oibre Bhéal Feirste. Cé gur sonraíodh bua grinn Uí Néill go háirithe sna peannphictiúir a tarraingíodh de lucht siopadóireachta i lár na cathrach, b'fhollas gur ghné thromchúiseach é an seicteachas a chúisigh bás dheartháir óg Mháire. Bhí de bhua ag dara úrscéal Uí Néill gur nochtadh ann tionchar uafásach an tseicteachais ar lucht oibre Bhéal Feirste i ndiaidh dheireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda nuair a tharla ciréibeanna seicteacha sa chathair. Cumadh *Máire Nic Artáin* le linn na 'mblianta ciúine' nuair a bhí deis ag muintir Thuaisceart Éireann féachaint siar ar an dochar a rinne an seicteachas do shochaí na tíre sin. Gan amhras, ba thráthúil an t-úrscéal é sa tslí is gur chuir sé leis an dioscúrsa sin, agus go háirithe an tslí inar cuireadh an seicteachas céanna ar a súile do lucht léitheoireachta na Gaeilge ó thuaidh agus ó dheas. Iarracht eile cur leis an dioscúrsa sin ab ea *An Dá Thrá* le Tarlach Ó hUid. Chonacthas gur chreid príomhcharachtar an úrscéil sin go raibh fuascailt na faidhbe le fáil i dtuairimí Wolfe Tone agus na nÉireannach Aontaithe. Tapaíodh an deis le tuairimí Tone a chur abhaile ar an léitheoir i mbéal an phríomhcharachtair. Toisc gur cuireadh béim láidir ar an ngné sin den saothar, ardaíodh ceist an ghaoil idir an bholscaireacht agus an litríocht. Ba léir go rachadh sé dian ar an léitheoir a bheith foighdeach le Liam Seoghach, príomhcharachtar an tsaothair, toisc teachtaireacht pholaitiúil Tone a bheith de shíor á craobhscaoileadh aige i measc a lucht aitheantais. Tagraíodh don scil lenár léiríodh carachtracht Shíle agus chonacthas gur tugadh léiriú i bhfad ní ba ghéire ar thionchar an tseicteachais i gcás Shíle ná mar a tugadh i mbolscaireacht Liam. I gcás dhá úrscéal Uí Néill, ba í an bhean ba mhó a thuig gur thábhachtaí an caidreamh pearsanta ná stádas an phósta, agus ba í an bhean a thug ar Liam 'trá' an Phrotastúnachais a thréigean in *An Dá Thrá*.

Tháinig ceist an chaidrimh phearsanta in éadan institiúidí na cathrach i gceist arís in úrscéalaíocht Bhreandáin Uí Eithir a ndearnadh anailís uirthi i gCaibidil 3. Cé gur maíodh gur tugadh léiriú réalaíoch ar chathair na Gaillimhe agus an duine óg ag streachailt le fórsaí sochpholaitiúla na cathrach in *Lig sinn i gcathú*, tarraingíodh anuas ceist an réalachais nuair a filleadh ar an téama céanna in *Sionnach ar mo dhuán*. Ba é suíomh na teanga sa saol uirbeach ba chúis leis an gconspóid sin. Pléadh roimhe seo cumas scríbhneoirí cruthaitheacha na Gaeilge an saol uirbeach a chur ar pár, áit nárbh í an Ghaeilge gnáth-theanga pobail an tsaol uirbigh. Faoi mar a léiríonn cur síos Foulkes ar an téacs liteartha, a luadh thuas, is fíor go gcruthaíonn gach úrscéal a réaltacht féin. Feictear do scríbhneoir an trachtais seo gurb é an ghné is tábhachtaí de cheist an réalachais i gcás úrscéalaíocht uirbeach na Gaeilge ná ceist na teanga. Áitíodh go raibh réiteach na ceiste sin le fáil in *Sionnach ar mo dhuán*. D'éirigh le Ó hEithir an saol uirbeach, mar a chonacthas dó féin é, a chur chun cinn go héifeachtach sa saothar sin. Léiríodh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an saol uirbeach comhaimseartha ar an duine aonair, faoi mar a thug Éanna Mac Cába faoi deara nuair a chuir sé an cheist seo faoi ábhar *Sionnach ar mo dhuán*: 'Is it more concerned with dislocation of personality, with the schizophrenia inherent in our encounters

with reality nowadays?’<sup>684</sup> Tagraíodh roimhe seo don iniúchadh a rinneadh ar an gceist mhór sin i ndara úrscéal Uí Eithir agus ba chruthúnas ar cé chomh réalaíoch is a bhí an t-iniúchadh sin gur trí mheán a theanga dhúchais féin, teanga na farraige agus na hiascaireachta, a rinneadh é.

An t-úrscéal bleachtairachta mar shampla de sheánra an úrscéil phobail (nó úrscéal na coitiantachta) a bhí faoi chaibidil i gCaibidil 4. Pléadh *Nead na gCreabhar* le hAnnraoi Ó Liatháin, *Sceon na Mara* le Liam Ó Muirthile agus *Scáil an Phríosúin* le hAnna Heussaff. Rinneadh plé ar na comharthaí sóirt a bhaineann leis an úrscéal bleachtairachta agus léiríodh ról agus tionchar na gcomharthaí sóirt sin ar na húrscéalta sin. Ar ndóigh, ba é an chaoi a ndearna na húdair éagsúla a gcuid féin den seánra an ghné ba spéisiúla ar fad. D’éirigh le Ó Liatháin scéinséir taitneamhach a chur i dtoll a chéile, a raibh luas éifeachtach faoin insint ann. Cathair Bhaile Átha Cliath i seachtóidí na haoise seo caite a roghnaigh sé mar chúlra an scéil agus tugadh léiriú an-bharúil ar ghnéithe de shaol na cathrach comhaimseartha, go háirithe sna peannphictiúir a tharraingítear de ‘chultúr’ thithe tábhairne na cathrach. Chonacthas gur fáiltíodh roimh úrscéal Uí Liatháin agus go ndúradh faoi go raibh géarghá leis an gcineál sin scríbhneoireachta sa Ghaeilge ag an am. Léirigh foilsíú an úrscéil go raibh spás sa chomhthéacs liteartha don úrscéal pobail. Ó shin i leith, tháinig borradh faoi úrscéal pobail na Gaeilge agus maíodh gur léirigh an borradh céanna an tábhacht a bhaineann le húrscéal pobail uirbeach na Gaeilge i measc lucht léitheoireachta na Gaeilge. Léiríodh go raibh de bhua ag an seánra gur cuireadh an saol uirbeach os comhair an léitheora go nádúrtha, réalaíoch, agus nár cheistigh an léitheoir an réaltacht sin. Cé gur sampla den seánra é *Sceon na Mara*, sonraíodh gur díríodh ar ghnéithe den scéinséir síceolaíochta sa saothar úd sa chaoi is gur cuireadh ‘úrscéal a bhfuil bleachtairí ann seachas úrscéal bleachtairachta’<sup>685</sup> os comhair an léitheora. Pléadh cur síos fileata Uí Muirthile ar chósta oirdheisceart na tíre agus cuireadh in iúl gur thug an ghné sin den saothar mar aon leis an nochtadh a rinneadh ar aigne shíceapatach an dúnmharfóra cumhacht chruthaitheach ar leith don saothar seo, inar éirigh leis an údar seánra an úrscéil phobail a ardú go leibhéal an ‘úrscéil liteartha.’

Suite i lár na cathrach i gceantar Chill Mhaighneann a bhí an t-úrscéal bleachtairachta, *Scáil an Phríosúin*. Tugadh suntas don tslí ar cuireadh an ceantar céanna i láthair go nádúrtha réalaíoch agus don scil ar baineadh úsáid as le Gaeilge bheo na cathrach a chur i láthair, go háirithe i gcaint Shail, iníon an phríomhcharachtair. Pléadh an tslí a tarraingíodh téamaí ilchultúrtha an tsaoil uirbigh comhaimseartha isteach sa scéal sa chaoi is gur léiríodh gur ghné den úrscéal uirbeach sa Ghaeilge

---

<sup>684</sup> Mac Cába, Éanna, ‘Touching a raw nerve’, *The Sunday Press* 25/2/1989.

<sup>685</sup> Ó Muirthile, Liam *Sceon na Mara* [ar líne ag <http://www.cic.ie/en/books/published-books/sceon-na-mara>

an ilchultúrthacht sin. Tuar dóchais d'úrscéalaíocht na Gaeilge i gcoitinne é go nglactar leis anois gur timpeallacht nádúrtha réalaíoch é an saol uirbeach d'úrscéalaithe na Gaeilge, faoi mar a chruthaíonn saothar Heussaff.

Ag féachaint siar ar na húrscéalta a ndearnadh anailís orthu sa tráchtas seo, agus ag cur san áireamh an réimse fairsing bealaí – idir théamach agus stíleach – inar cuireadh an saol uirbeach i láthair léitheoirí na Gaeilge ó aimsir Phádraic Uí Chonaire i leith, is cinnte gur féidir a rá gur tugadh léargas cuimsitheach comhaimseartha ar ghnéithe ar leith de shaol na cathrach sna húrscéalta sin. Ag féachaint amach romhainn, níl aon cheist ach go leanfar de bheith ag forbairt na dtéamaí uirbeacha sa chaoi go mbeidh scéal na cathrach á ríomh go muiníneach, dúshlánach, cruthaitheach in úrscéalaíocht na Gaeilge.

## Bunfhoinsí

Heussaff, Anna (2015) *Scáil an Phríosúin*, Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Caochlaigh, Barra (1932) *Lucht Ceoil*, Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais.

Ó Conaire, Padraic (1973) *Deoraíocht*, Baile Átha Cliath: Cló Talbot. [Foilsíodh den chéad uair 1910].

Ó Grianna, Séamus (1942) *Mo Dhá Róisín*, Baile Átha Cliath: Faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal.

[Foilsíodh den chéad uair 1921].

Ó hEithir, Breandán (1976) *Lig sinn i gcathú*, Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill.

Ó hEithir, Breandán (1988) *Sionnach ar mo dhuán*, Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill.

Ó hUid, Tarlach (1952) *An Dá Thrá*, Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teo.

Ó Liatháin, Annraoi (1977) *Nead na gCreabhar*, Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill.

Ó Muirthile, Liam (2010) *Sceon na Mara*, Baile Átha Cliath: Cois Life.

Ó Néill, Séamus (1974) *Tonn Tuile*, Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill. [Foilsíodh den chéad uair 1947].

Ó Néill, Séamus (1995) *Máire Nic Artáin*, Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht. [Foilsíodh den chéad uair 1959].



## Leabharliosta

Ackroyd, Peter (2000) *London: the biography*, London: Chatto & Windus.

Allen, Elizabeth (2008) 'The silent woman, the representation of sex trafficking in the contemporary British detective novel', *Migration letters* 5(2), 166-76. [Ar line ag <http://search.proquest.com.jproxy.nuim.ie/docview/1268162736?accountid=12309>, ceadaithe ar 23/3/18].

Anderson, Benedict (1991) *Imagined Communities*, London New York: Verso. [Foilsíodh den chéad uair 1983].

Bardon, Jonathon (2001) *A history of Ulster*, Belfast: The Blackstaff Press.

Bourke, Angela (2003) 'Legless in London: Pádraic Ó Conaire and Éamonn a Búrc', *Éire-Ireland*, volume 38, number 3&4, fóimhar/geimhreadh/Fall/Winter 2003, 66. [Ar line ag <http://doi.org/oi.1353/eir.2003.003>, Ceadaithe ar 22/1/2019].

Breathnach, M., Tuairisc an mholtóra, GAEL/AN GÚM N299, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

De Botton, Alain (2005) *Status anxiety*, London: Penguin.

Denvir, Gearóid (1978) 'Bleachtaireacht: creabhar na ngoba fada', *Comhar*, Eanáir, 20.

Denvir, Gearóid (2015) 'Tuairisc an mholtóra' le caoinchead an údair, Anna Heussaff, ar r-phost chuig scríbhneoir an tráchtais seo.

Dunleavy, J. P. (1972) *The ginger man*, Middlesex: Penguin books. [Foilsíodh den chéad uair, 1955].

Foulkes, A.P. (1983) *Literature and Propaganda*, New York: Routledge.

Gothard, Andrew (2016) 'That Thing on the Shelf: The book as artifact in novels by Patrick MacGill and Pádraic Ó Conaire' *New Hibernia Review* vol. 20, no.1. 105 – 121, 110. [Ar líne ag <http://muse.jhu.edu.jproxy.nuim.ie/article/614306>, ceadaithe ar 9/1/2017.]

Heussaff, Anna (2016) 'Scéal scríbhneora: eachtraí, noda agus cruachás', *Léachtaí Cholm Cille XLVI*, Má Nuad: An Sagart, 130-146.

Heussaff, Anna (2017) 'Ficsean bleachtaireachta na Gaeilge', *Comhar*, Feabhra, 18-20.

Heussaff, Anna (2017) 'Ficsean bleachtaireachta na Gaeilge', *Comhar*, Márta, 17-20.

- Joyce, James (1962) *A portrait of the artist as a young man*, New York: The Viking Press. [Foilsíodh den chéad uair 1916].
- Kelly, Rita E. (1976) 'Lig sinn I gcathú, leabhar éadrom', *Feasta*, Iúil, 11-14.
- Kiberd, Declan (1993) *Idir dhá chultúr*, Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Kiberd, Declan (1996) *Inventing Ireland: the literature of the modern nation*, London: Vintage. [Foilsiú den chéad uair, 1995]
- London, Jack (2013) *The people of the abyss*, Cambridge: Cambridge University Press [e-leabhar ar líne ag <http://www.cambridge.org/core>. Ceadaithe ar 17/10/2018, foilsithe den chéad uair 1903]
- Lyons, F.S.L. (1989) *Ireland since the Famine*, London: Fontana Press. [Foilsíodh den chéad uair, 1971].
- Mac Aodha Bhuí, Iarla (1991) 'Tarlach Ó hUid 1917-1990 An Scríbhneoir', *an tUltach*, Bealtaine, 4-10.
- Mac Aonghusa, Proinsias, litir, *The Irish Times*, 19/1/1989.
- Mac Congáil, Nollaig (1983) *Scríbhneoirí Thír Chonaill*, Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta.
- Mac Conghail, Muiris, 'Can madness not be discussed in Irish?', *The Irish Times*, 11/2/1989.
- Mac Con Iomaire, Darach, Agallamh, *The Irish Times*, 27/9/2004.
- Mac Con Iomaire, Liam (2000) *Iomramh Aonair*, Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht.
- Mac Giolla Léith, Caoimhín (1991) 'Is cuma faoin scéal', *Léachtaí Cholm Cille XXI*, Má Nuad: An Sagart, 21-23.
- Mac Grianna, D. litir chuig Seán Mac Lellan, 29/11/1930. GAEL/AN GÚM N299, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.
- Mac Grianna, Seosamh (1969) *Pádraic Ó Conaire agus aistí eile*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Mac Liammóir, Mícheál (1973) 'Réamhrá' in Pádraic Ó Conaire *Deoraíocht*, Baile Átha Cliath: Cló Talbot.
- Mac Lellan, Seán, litir chuig an Rialtóir, Oifig an tSoláthair, 20/10/1931. GAEL/AN GÚM N299, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.
- Mac Réamoinn, Seán (1953) 'An dá thrá', *Comhar*, Aibreán, 4.
- Mac Réamoinn, Seán (1960) 'Saothraí leanúnach', *Comhar*, Iúil, 22-24.
- Mac Réamoinn, Seán, litir, *The Irish Times*, 6/2/1989.

- Martin, Theodore (2012) 'The long wait: timely secrets of the contemporary detective novel', *Novel: a forum on fiction*, Summer, vol.45 no.2, 165-83. [Ar line ag url:<http://www.jstor.org/stable/2325954>, ceadaithe ar 23/3/2018].
- Ní Annrachán, Máire (1994) 'An tSuibiacht Abú, an tSuibiacht Amú', *Oghma* 6, 11-22.
- Ní Annracháin, Máire, (2015) 'Tuairisc an mholtóra' le caointhead an údair, Anna Heussaff, ar r-phost chuig scríbhneoir an tráchtais seo.
- Ní Chionnaith, an tSr. Eibhlín (1995) *Pádraig Ó Conaire: scéal a bheatha*, Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht.
- Nic Congáil, Ríona, 'The changing face of Irish Ireland: Séamus Ó Grianna's and Éilís Ní Dhuibhne's fictions of the Donegal Gaeltacht', *Irish University Review*, vol. 44, issue 2, 357-380. [Ar líne ag <http://doi.org/10.3366/iur.2014.0129>, ceadaithe ar 5/1/2017].
- Ní Dhonnchadha, Aisling (1981) *An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898-1940*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teo.
- Nic Eoin, Máirín (1982) *An Litriocht Réigiúnach*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Nic Eoin, Máirín (1984) 'Úrscéalaíocht na Gaeilge 1974-1984', *Comhar*, Lúnasa, 15-21.
- Nic Eoin, Máirín (1991) 'An litriocht mar athscríobh na staire' *Léachtaí Cholm Chille XXI*, Má Nuad: An Sagart, 53-76.
- Nic Eoin, Máirín (2005) *Trén bhfearann breac*, Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Nic Mhathúna, Caitlín (1979) 'Lig sinn i gcathú', *Léachtaí Cholm Cille X*, Má Nuad: An Sagart, 21-33.
- Nic Pháidín, Caoilfhionn (1989) 'Sháraigh Ó hEithir na geasa', *Comhar*, Márta, 23-25.
- Ní Laoire, Siobhán, (2012) 'Teangeacha i dTeagmháil: Cód mhalartú. Pidseanú agus Criólú', Tadhg Ó hIfeárnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.), *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, Baile Átha Cliath: Cois Life, 49-66.
- Ní Shé, Mairéad (1987) 'Séamus Ó Néill, saol agus saothar', *Irisleabhar Mhá Nuad*, 62-101.
- Ó Broin, Tomás (1984) *Saoirse anama Uí Chonaire*, Gaillimh: Officina Typographica.
- Ó Cadhain, Máirtín (1969) *Páipéir bhána agus páipéir bhreaca*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ó Catháin, Brian (2012) 'Malartú agus Bás Teanga', Tadhg Ó hIfeárnáin agus Máire Ní Neachtain (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, Baile Átha Cliath, Cois Life, 67-82.
- Ó Cathasaigh, Aindreas (2002) 'Athmhachnamh ar Shóisialachas Uí Chonaire', *Bliainiris*, 44-61.

- Ó Cathasaigh, Eoghan (1978) 'Sárleabhar', *Feasta*, Eanáir, 21.
- Ó Caoimh, Ian, 'Comhluadar na leabhar' Raidió na Life, Aibreán 2016. Podchraoladh [Ar líne ag <http://clubleabhar.com/Leabhar.aspx?id=67&lang=ga>. Ceadaithe ar 22/3/2018].
- Ó Conaire, Pádraig (1984) *Scothscéalta*, Tomás de Bhaldraithe (eag.), Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh [Foilsíodh den chéad uair 1956]
- Ó Conaire, Pádraig (2010) *Seacht mBua an Éirí Amach*, Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht. [Foilsíodh den chéad uair 1918]
- Ó Conchubhair, Brian (1997) 'Lord Jim mar fhoinsé do *Deoraíocht* Phádraic Uí Chonaire', *Comhar*, Eanáir, 24-28.
- Ó Direáin, Máirtín (1960) 'Úrscéal nua', *Feasta*, Márta, 13-14.
- Ó Doibhlin, Breandán (1974) 'An Coimhthíos i nualitríocht na Gaeilge', *Aistí Critice agus Cultúir*, Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 178-99.
- Ó Drisceoil, Proinsias 'Lead us not into shenanigans' *The Irish Times*, 14/1/1989.
- Ó Drisceoil, Proinsias (2017) 'Scáil an Phríosúin á mheas ag Proinsias Ó Drisceoil', *Feasta*, Márta, 16.
- Ó Duibhir, Mícheál (1968) 'Lucht na cathrach', *Irisleabhar Mhá Nuad*, 25-37.
- Ó Dúshláine, Tadhg (1989) 'Sionnach ar mo dhuán, odaisé an charaiceálaí poitín', *Comhar*, Iúil, 41-46.
- Ó Floinn, Criostóir 'Bíodh saoirse ag an údar', *The Irish Times*, 27/2/1989.
- Ó Floinn, Tomás (1976) 'Ár nÓgfhear díbhirceach féin', *Comhar*, Aibreán, 9-11.
- O G, R 'An honest novel', *The Irish Times*, 21/1/1961.
- Ó Gadhra, Nollaig, 'An curadh Connachtach', *The Connaught Tribune*, 26/3/1976.
- Ó Giollagáin, Conchúr et al (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuairisc Chríochnúil: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2.* [Ar líne ag <http://www.chg.gov.ie/.../> ceadaithe ar 22/8/2018]
- O' Grady, Thomas B. (1990) 'The straying student' *Études Irlandaises*, Nollaig, 95-102.
- Ó hÁinle, Cathal (1978) *Promhadh Pinn*, Má Nuad: An Sagart..

- Ó hAlmhain, Aonghus, 'Cérinneachán cumhachtach comhaimseartha'. Féach an blog: *Smaointe Fánacha Aonghusa*. [Ar líne ag <http://aonghus.blogspot.ie/2015/11/cerinneachan-cumhachtach-comhaimseartha.html>. Ceadaithe ar 26/3/2018].
- Ó hAnluain, Eoghan (1976) 'Lig sinn i gcathú', *Comhar*, Bealtaine, 20-21.
- Ó hÉigeartaigh, Cian agus Aoileann Nic Gearailt (2014) *Sáirséal agus Dill 1947-1981*, Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó hEithir, Breandán, litir, *The Irish Times*, 15/8/1976.
- Ó hUid, Tarlach (1948) 'Cnoc na nUamhach agus na gcuimhní', *Feasta*, Meitheamh, 7.
- Ó hUid, Tarlach (1948) 'Garbh scrúdú ar ghalltacht Uladh', *Feasta*, Iúil. 9.
- O'Leary, Philip (1982) 'The two strands: cultural identity and alienation in the novels of Tarlach Ó hUid', *Proceedings of the Harvard celtic colloquium 1982*, vol.2, Harvard: Harvard University Press, 39-59.
- O'Leary, Philip (1994) *Prose literature of the Gaelic Revival, 1881-1921*, Pennsylvania: Pennsylvania The University Press.
- O'Leary, Philip (2004) *Gaelic Prose in the Irish Free State, 1922-1939*, Baile Átha Cliath, Preas Choláiste Bhaile Átha Cliath.
- O'Leary, Philip (2011) *Writing beyond the revival*, Dublin: University College Dublin Press.
- Ó Loingsigh, Seán (1999) 'Trí léirmheas, Ó hEithir, Ó Tuairisc, Ó Doibhlin', *Feasta*, Márta, 12.
- Ó Muircheartaigh, Tomás (1948) 'Léirmheas ar *Tonn Tuile*', *Feasta*, Aibreán, 5.
- Ó Muirthile, Liam 'Saol an Bhéarla trí Ghaeilge', *The Irish Times*, 15/10/1990.
- Ó Muirthile, Liam *Sceon na Mara* [ar líne ag <http://www.cic.ie/en/books/published-books/sceon-na-mara-leabhar-cliste>, ceadaithe ar 20/9/2018]
- Ó Pronntaigh, Ciarán, 'Léirmheas ar *Sceon na Mara*', *An tUltach*, Nollaig 2010 [ar líne ag <http://www.coislife.ie> > product > sceon na mara, ceadaithe ar 4/4/2018].
- Ó Siochfhradha, Pádraic (an Seabhac), litir chuig Seán Mac Lellan, 13/6/1931. GAEL/AN GÚM N299, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.
- Ó Tuairisc, Eoghan (1966) *Dé Luain*, Baile Átha Cliath; Allen Figgis & Co. Ltd.

Póirtéir, Cathal, 'Dúnmharú agus duais' *The Irish Times*, 11/11/2015.

Reyes, Alfonso (1994) 'About the detective novel', *Literary Review*, Fall 94, vol. 38, 62-65. [Foilsíodh den chéad uair Iúil 1959].

Riggs, Pdraigín (1994) *Pádraic Ó Conaire, Deoraí*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Sealy, Dubhghlas (1976) 'Léirmheas ar *Lig sinn i gcathú*', *Books Ireland*, issue 3, 5 Eanáir, 75-77.

Suplee, Curt 'The ginger man cometh', *The Washington post*. 13/11/1977.

Titley, Alan (1991) *An tÚrscéal Gaeilge*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Ua Concheanainn, Tomás (1922) 'Teagasg na Máthardha. Le Seumas Ua Créag, *Mo Dhá Róisin*. Máire a sgríobh', *Studies: An Irish quarterly Review*, Vol. 11, No. 43 (Sep. 1922).

Ua D. C. léirmheas ar *Lucht Ceoil, Scéala Éireann*, 13/2/1933.

Yuill, Chris (2011) 'Forgetting and remembering Alienation Theory', *History of the Human Sciences*, April, vol. 24 issue 2. 103-119. [Ar líne ag <https://doi.org/10.1177/0952695111400525>, ceadaithe ar 2/4/2017].



